

L. O. 3452

Vol. 1

**An Claidheamh
Soluis
(agus Fáinne an Lae)
1899-1932
Anailís agus Clárú
ar phríomhnuachtán Ré na
hAthbheochana**

Dhá Imleabhar – Imleabhar a hAon

Regina Uí Chollatáin B.Oid., M.A.

Stiúrthóir : An Dochtúir Aisling Ní

Dhonnchadha

Ceann na Roinne : An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

**Roinn na Nua-Ghaeilge
Dámh na nEalaíon
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad**

Deireadh Fómhair 2002

Clár

Nótaí Buíochais	vii
------------------------	------------

Noda	ix
-------------	-----------

Réamhrá	x
----------------	----------

Caibidil a hAon:

Cúlra agus Feidhm An Chlaidhimh Soluis – Nuachtán agus Cáipéis Staire	1
--	----------

1.1 Feidhm an <i>CS</i>	1
-------------------------	---

1.1.1 Stair na Nuachtán Éireannach	6
------------------------------------	---

1.1.2 Claonadh Náisiúnta agus Colúnaíocht na Gaeilge	9
--	---

1.1.3 Gluaiseachtaí mionteangacha agus forbairt nuachtán	14
--	----

1.2 Stair agus Bunú an <i>CS</i>	16
----------------------------------	----

1.2.1 Fáinne an Lae agus An Claidheamh Soluis – An Claidheamh Soluis	16
---	----

1.2.2 Teidil	18
--------------	----

Caibidil a Dó:

Forbairtí sa <i>CS</i> féin i dtréimhse thosaigh an nuachtáin agus cúrsaí teanga sa tréimhse 1899-1903	29
---	-----------

2.1 Forbairt	29
--------------	----

2.1.1 Clódóirí, Ciorcláiocht, Cúrsaí Airgeadais	29
---	----

2.1.2 Riaradh an <i>CS</i> : Bainisteoirí agus Eagarthóirí	34
2.1.3 Bainisteoir agus Eagarthóir nua	41
2.2 Cúrsaí Teanga agus Feidhm Bholscaireachta an <i>CS</i>	50
2.2.1 Staid na Gaeilge nuair a cuireadh an <i>CS</i> ar bun	50
2.2.2 An <i>CS</i> mar uirlis chumarsáide i measc nuachtán Éireannach eile	55
2.2.3 An Ghaeilge i gcomhthéacs teangacha eile	58
2.2.4 Léiriú ar Ghaeilge i gcúrsaí oideachais sa <i>CS</i>	61
Caibidil a Trí: An Léiriú ar chúrsaí Litríochta agus ar chúrsaí Tíre i dtréimhse thosaigh an <i>CS</i>, Márta 1899 – Márta 1903	76
3.1 Litríocht	77
3.1.1 Litríocht Angla-Éireannach agus an chonspóid leis an ‘Irish Literary Theatre’	78
3.1.2 Léirmheastóireacht	86
3.2 Cúrsaí Tíre	89
3.2.1 Cúrsaí Sóisialta	89
3.2.2 Cúrsaí Eacnamaíochta	100
3.2.3 Cúrsaí Polaitíochta	106
Caibidil a Ceathair: Nuachtán forbartha, comhaimseartha, conspóideach	110
4.1 Athruithe sa <i>CS</i> féin – Eagarthóireacht agus Bainisteoireacht	111
4.2 Polaitíocht	120
4.2.1 Cúrsaí Polaitíochta agus Conradh na Gaeilge	126

4.3	Cúrsaí Eacnamaíochta agus Sóisialta na hÉireann	135
4.4	Dul chun cinn cúrsaí Gaeilge mar a pléadh iad sa <i>CS</i>	140
4.4.1	An Ghaeilge i gcúrsaí oideachais	148
4.4.2	Ról na nuachtán i gcúrsaí Gaeilge	153
4.5	Litríocht	157
Caibidil a Cúig: Tréimhse Chorraitheach 1917-1921		166
5.1	Cúrsaí Clódóireachta agus Eagarthóireachta an <i>CS</i> féin	167
5.1.1	Cúlra na tréimhse ó thaobh na hiriseoireachta de	167
5.1.2	Cúrsaí Riártha an <i>CS</i>	169
5.2	Cúrsaí Teanga	180
5.2.1	Cur Síos ar dhul chun cinn na Gaeilge sa <i>CS</i>	180
5.2.2	Caighdeán, Lítriú, Cló	185
5.3	Litríocht	191
5.3.1.	Obair ar son na litríochta Gaelaí – ‘An Ridireacht Liteartha’ agus ‘Cumann na Sgríbhneoirí’	191
5.3.2.	Cúrsaí Aistriúcháin; Léirmheastóireacht; Drámaíocht	193
Caibidil a Sé: Bunú an Stáit – Ré bhisiúil, fhorásach i nuachtáin na Gaeilge 1922-Meitheamh 1926		205
6.1	Na hAthruithe i bpolasaithe eagarthóireachta sa <i>CS</i> agus forbairt ar choinníollacha iriseoireachta na Gaeilge	206
6.1.1	Forbairtí agus Fadhbanna i gcúrsaí riártha an <i>CS</i>	206
6.1.2	Forbairt ar iriseoireacht na Gaeilge mar aonad ann féin	212
6.1.3	Fadhbanna Eacnamaíochta	214

6.2 Cúrsaí Tíre	217
6.2.1 Cúrsaí Polaitíochta	217
6.2.2 Cúrsaí Eacnamaíochta agus Sóisialta	222
6.3 Oideachas	226
6.4 Cúrsaí Teanga	232
6.5 Litríocht	239
 Caibidil a Seacht:	
Tús achrannach, deonach agus críoch stuama, choimeádach	243
7.1 An <i>CS</i> mar nuachtán i measc nuachtán uile na hÉireann	244
7.1.1 Ré ‘Máire’ agus tú an deiridh	246
7.1.2 Ról an <i>CS</i> i bhforbairt iriseoireacht na Gaeilge	255
7.2 Cúrsaí Teanga	259
7.2.1 Troid na Gaeltachta	259
7.2.2 Ceist an chló Ghaelaigh	265
7.2.3 Oidhreacht na Teanga i gcúrsaí Litríochta	270
7.3 Cúrsaí Tíre	274
 Caibidil a hOcht:	
Conclúidí	283
8.1 Feidhm, Cúlra agus Forbairtí an <i>CS</i>	284
8.2 Dul chun cinn agus Athruithe na Gaeilge	293
8.3 Oideachas	302
8.4 Litríocht	304

8.5	Cúrsaí Tíre	308
8.5.1	Tionchar Pholaitíocht na hÉireann ar chúrsaí Gaeilge	311
8.5.2	Bunú Stát nua na hÉireann	313
8.6	Críoch	315
Nótaí		325
Aguisíní		
Aguisín a hAon	: Eagarthóirí an <i>CS</i> 1899-1932	524
Aguisín a Dó	: Nuachtáin na hÉireann ó 1795–1899	526
Leabharliosta		539
Clár an <i>CS</i> 1899-1932		
Cuid a hAon -Eagarfhocail		570
Cuid a Dó - Ailt		615
Cuid a Trí - Litríocht		841

Nótai Buiochais

Ba mhaith liom fíorbhuíochas a ghabháil le Roinn na Nua-Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad as an tacaíocht a tugadh dom le linn mo chuid taighde.

Gabhairim fíor buíochas ó chroí leis an Dochtúir Aisling Ní Dhonnchadha, Roinn na Nua - Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad a threoraigh mé agus a chuidigh liom i ngach gné den tráchtas seo. Ba mhór an misneach, tacaíocht, inspioráid agus spreagadh a thug Aisling dom i rith na hoibre. Nuair a bhí solas an Chlaidhimh ag lagú, d'éirigh léi an ghile a chur ar ais ann.

Gabhairim buíochas ar leith leis an Ollamh Ruairí Ó hUiginn, Ollamh le Nua - Gaeilge, Coláiste Phádraig, Má Nuad as an tacaíocht agus as an gcabhair leanúnach a thug sé dom i rith an ama.

Ba fhoinse spreagtha agus mhisnígh an Dochtúir Tadhg Ó Dúshláine agus táim fíor buíoch as na soilse inspioráide a las sé dom agus mé i mbun oibre.

Do Ghearóidín Ní Ruadhain, Rúnaí Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, gabhairim fíorbhuíochas as an bhfoighne a léirigh sí agus as an tacaíocht a thug sí dom i rith na tréimhse staidéir.

Do fhoireann na leabharlainne i gColáiste Phádraig, Má Nuad agus do fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta gabhaim fíor bhuíochas as an gcabhair a tugadh dom i rith na hoibre seo.

Gabhaim buíochas ar leith leis na daoine a chuidigh liom ábhar a bhailiú agus eagair a chur ar an tráchtas seo: An tAthair Cathal Ó Fearraigh; Paula Ní Chollatáin (a chabhraigh liom le clár na n-amhrán); Seán Mac Mathúna, Ard - Rúnaí, Conradh na Gaeilge, B.A.C. agus Tomás Mac Ruaidhrí, Uachtarán Chonradh na Gaeilge (a chuir tuairiscí, eagráin an CS agus ábhar breise ar fáil dom); Rosemary Mc Carthy, Oifigí an Choimisiúin Eorpaigh (a chabhraigh liom ábhar agus tuairiscí a aimsiú); Laurence Gannon, An Phríomh–Oifig Staidrimh (a chabhraigh liom staitisticí a aimsiú); Sara Smyth, *Newsplan*, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (a chabhraigh go mór liom ó thaobh stair na nuachtán); An tAthair Caoimhín Ó Néill, Uachtarán Choláiste Phádraig, Ceatharlach agus Bríde de Róiste, Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc a chuir deiseanna taighde ar fáil dom.

Do mo chlann agus do mo chairde, as an bhfoighne a léirigh siad agus as an tacaíocht a thug siad dom agus mé i mbun na hoibre seo, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl.

A bhuíochas do thacaíocht, fhoighne, spreagadh agus cúnamh mo chlainne, Declan, Donnchadh agus Máire, a d'éirigh liom an taighde agus an saothar seo a chríochnú agus tairbhe agus taitneamh a bhaint as an taighde agus as cur le chéile ábhar an tráchtais seo.

Noda

An Claidheamh Soluis

CS

Fainne an Lae

FL

Réamhrá

Cuireadh an *CS* i gcló in 1899 chun ábhar léitheoireachta a sholáthar do ghnáthphobal na Gaeilge. Thuig Conradh na Gaeilge an géarghá a bhain le huirlis chumarsáide dá gcuid féin a bheith acu a bheadh mar shuaitheantas na Gluaiseachta Gaeilge. B' éard a bhí sa nuachtán go bunúsach ná guth poiblí Chonradh na Gaeilge ó 1899–1932 ach toisc na tréimhse inar cuireadh i gcló é, fágadh cáipéis staire a bheadh mar fhoinsébhunaidh staire, litríochta agus teanga do léitheoirí an lae inniu. Is ag féachaint siar ar imeachtaí teanga, eachtraí staire agus ar ghlúaiseachtaí litríochta na tréimhse seo a fheicimid an tábhacht a bhain leis an nuachtán sa tstí gur fágadh i bhfad níos mó ná uirlis chumarsáide Chonradh na Gaeilge do léitheoir an lae inniu.

Mar sin déantar iarracht sa tráchtas seo an *CS* a mheas in dhá tréimhse a)an tréimhse inar cuireadh i gcló é agus b) sa lá atá inniu ann a bhfeictear torthaí na tréimhse inar cuireadh i gcló é.

Maraon le cuid mhaith irisí agus nuachtáin na linne, is *genre* scríbhneoireachta dá cuid féin é a bhfaightear mintuairisci agus mionsonraí beo, fuinniúla, cuimsitheacha ann agus dá bharr, go bhfaightear breis léargas ar chúrsaí litríochta, chúrsaí teanga, chúrsaí oideachais agus chúrsaí thíre na tréimhse 1899–1932. Lón nuachtáin ar

nós an **CS** an bhearna a bhí ann chun ábhar léitheoireachta Gaeilge a

sholáthar do ghnáthmhuintir na hÉireann.

I gcoitinne, is féidir léitheoirí an **CS** a roinnt suas i dtrí ghrúpa. Sa chéad

áit, bhí na comhfhereagróirí ach spreag cuspóirí difriúla an dá ghrúpa

comhfhereagróirí. Bhí deighilt mhór idir cumas Gaeilge na léitheoirí ach

d'ainneoin na constaice sin, bhí ról ag an dá ghrúpa i gcur chun cinn na

Gaeilge agus d'fhreagair an **CS** éilimh an phobail léitheoireachta trí ábhar

agus stíl na scríbhneoireachta a cuireadh i gcló ann. Don ghrúpa

comhfhereagróirí a raibh neart Gaeilge acu agus a raibh an cumas iontu le

cur le hábhar an nuachtáin, tugadh seans dóibh páirt ghníomhach a

ghlacadh i bpriomhdhíospóireachtaí an **CS** agus ailt a sholáthar don

nuachtán féin. Dóibh siúd a bhí ar bheagán Gaeilge ach a raibh suim acu

in athbheochan na Gaeilge, sholáthair an nuachtán ábhar léitheoireachta

agus ábhar foghlama Gaeilge dóibh. Thug an nuachtán ardán, spreagadh,

misneach agus mórtas don dá ghrúpa seo ach d'eagarthóirí agus do

phríomhscríbhneoirí an **CS**, ba é an **CS** an príomhbhealach cumarsáide a

bhí acu le gnáthphobal na hÉireann agus tugadh deis dóibh dearcadh

Gaelach amháin a chur in iúl agus polasaithe Gaeilge a chur chun cinn.

Nuair a churtear na grúpaí seo san áireamh, is léir gur chomhlíon an **CS**

bunriachtanas uirlis chumarsáide phoiblí, 'sé sin gur leis an bpobal féin

an nuachtán. Tuairimí mhuintir na hÉireann a nochtadh ann, tuairisci

eachtraí na hÉireann a scríobhadh ann ach i rith an ama ní dearnadh faillí

i bpriomhobair na gluaiseachta Gaeilge i gcur chun cinn agus in

athbheochan na Gaeilge trí phobal léitheoireachta Gaeilge a chothú.

Toisc chaighdeán na hiriseoireachta sa **CS** faightear scáthántacht chuimsitheach, chruinn ar shaol na hÉireann ó 1899–1932 agus thar aon rud eile is é sin an bua agus an luach atá fágtha do léitheoirí an lae inniu.

Bhí cúig phríomhchuspóir ag an tráchtas seo:

1. *Cuspóir Staire a bhí dírithe ar chúrsaí teanga do léitheoir an lae inniu:*

Ról an **CS** mar fhoinse staire ar chéimeanna forbartha athbheochan na Gaeilge, na litríochta Gaeilge agus ar ról na Gaeilge sa chóras oideachais a léiriú.

2. *Cuspóir Tuairisceoirreachta ar chúrsaí thíre don ré inar cuireadh an CS i gcló agus don lá atá inniu ann:* Iniúchadh a dhéanamh ar an léargas breise a fhaightear ar cheann de na tréimhsí ba ghníomhaí agus ba chorraithí i gcúrsaí staire na hÉireann trí bhuntuairimíocht agus bhunfhealsúnacht na tréimhse, mar a léirítear sa pháipéar í, a scrúdú.

3. *Cuspóir Iriseoireachta:* Líne forbartha na hiriseoireachta Gaeilge chomh fada le bunú an **CS** a rianú agus tábhacht an pháipéir a mheas mar chuid d'iriseoireacht na Gaeilge mar nuachtán mionteangach. An pháirt ghníomhach a ghlac an **CS** i dtuairisceoirreacht agus i gcaomhnú chuntais bhunaidh eachtraí stáiriúla na hÉireann, mar aonad ann féin de phreas na hÉireann, sna blianta inar cuireadh i gcló é 1899-1932, a scrúdú.

4. *Cuspóir Teanga*: Ról an *CS* a mheas i gcur chun cinn na Gaeilge mar theanga oifigiúil na hÉireann ina lán gnéithe de chruthú an náisiúin – i gcúrsaí polaitíochta, i gcúrsaí Gaeilge féin, i gcúrsaí gnó, i gcúrsaí litríochta, i gcúrsaí oideachais agus i gcúrsaí litearthachta sa tstí gur líon sé an bhearna idir bunábhar léitheoireachta a sholáthar do fhoghlaimeoirí na Gaeilge agus litríocht fhiúntach a mbeadh tóir uirthi ag daoine a raibh ardchaighdeán Gaeilge acu. Léargas a fháil ar na príomhghhnéithe d'athbheochan na Gaeilge a raibh tionchar an *CS* orthu trí iniúchadh a dhéanamh ar ábhar an pháipéir idir thuairisci ar chúrsaí tíre, ar ailt ar chúrsaí na Gaeilge féin agus ar na hathruithe a cuireadh i gcrích agus ar cuireadh túis leo ina lán gnéithe de chur chun cinn na Gaeilge sa tréimhse a cuireadh an *CS* i gcló 1899–1932.

5. *Cláriú* : Clárú a dhéanamh ar ailt, eagарfhocail agus litríocht a cuireadh i gcló sa *CS* ó 1899–1932. (Tá an tréimhse 1903–1909 déanta cheana féin ag an údar seo in *Eagarthóireacht Phádraig Mhic Phiarais ar an gClaidheamh Soluis*. (Tráchtas neamhfhoilsithe M.A. 1998).

Ba shuimiúil an tstí inar roinneadh suas na tréimhsí eagarthóireachta agus bhí tábhacht ar leith ag baint le gach tréimhse, ní hamháin ó thaobh dhul chun cinn an nuachtáin féin ach fostá ó thaobh staire agus ó thaobh clocha míle litríochta, teanga agus tíre. Sa *CS*, faightear léargas leathan ar chúlra na gcloch míle seo agus ar na céimeanna a glacadh chun iad a chur i bhfeidhm ach chomh maith leis sin, is féidir ról eagarthóirí, bainisteoirí agus scríbhneoirí an nuachtáin in

athbheochan na Gaeilge, i gcruthú na nualitriúchta agus in eachtraí staire na hÉireann a rianú go soiléir trí cholúin an nuachtáin. Toisc an cheangail idir na spriocanna staire, litríochta agus teanga seo agus fad na dtréimhsí eagarthóireachta, socraíodh ar chaibidlí an trachtáis a eagrú de réir tréimhsí eagarthóireachta. Fo-thréimhsí na tréimhse athbheochana a bhí sna tréimhsí eagarthóireachta gur fiú aird ar leith a dhíriú orthu mar réanna forbartha iontu féin inar cuireadh cuspóirí fiúntacha, ceannródacha i gcrích ina lán gnéithe de shaol na hÉireann.

Pléitear cúlra iriseoireachta agus feidhm an **CS** i gCaibidil a hAon agus scrúdaítear bunfhadhbanna tosaigh an nuachtáin i gcomhthéacs fhorbairtí an nuachtáin féin agus dhul chun cinn na Gaeilge i gCaibidil a Dó. Sa triú caibidil, leantar ar aghaidh le forbairtí na chéad fho-thréimhse, Eanair 1899–Márta 1903 agus díritear ábhar na caibidle ar chúrsaí litríochta agus tíre na tréimhse úd. Ba thréimhse ghníomhach, chonspóideach i stair na hÉireann i gcoitinne í 1909–1917 agus pléitear tionchar imeachtaí polaitíochta na hÉireann agus an domhain ar an **CS** i gCaibidil a Ceathair. Thar aon tréimhse eile, braitear fuinneamh, inniúlacht agus spreagadh scríbhneoirí, eagarthóirí agus comhfhereagróirí an nuachtáin i gcolúin an pháipéir i rith na mblianta seo. A mhalairt atá fíor i gcás na tréimhse 1917–1921, agus d’fhág corraíl na tíre a rian ar an nuachtán agus, ar ndóigh, ar nuachtáin uile na tíre. Piaras Béasláí agus Colm Ó Murchú a bhí i mbun eagarthóireachta i rith na mblianta seo, áfach, agus d’ainneoin na gconstaici a bhí os a gcomhair, d’éisigh leo sár-obair a dhéanamh ó thaobh

chaighdeán tuairisceoirreachta na n-alt sa pháipéar agus ó thaobh chur chun cinn na litríochta Gaeilge agus na scríbhneoirreachta Gaeilge sa tstí gur fágadh cáipéis staire chuimsitheach ar imeachtaí na mblianta 1909-1917 i gcolúin an *CS* do léitheoirí an lae inniu. Déantar scagadh ar na cuntas agus ar an dúthracht a chaith an bheirt acu le litríocht na Gaeilge i gCaibidil a Cúig.

Le bunú an Stáit i 1922, cuireadh tús le ceann de na tréimhsí a ba chorraithí i stair inmheánach na hÉireann. Pléitear tionchar an chlampaír seo ar chúrsaí polaitíóchta, ar chúrsaí teanga, ar chúrsaí oideachais agus ar chúrsaí litríochta na hÉireann i gCaibidil a Sé. Feictear drochthionchar staid eacnamaíochta na hÉireann ar gach gné den saol agus scrúdaítear na coinníollacha eacnamaíochta a chabhraigh le deireadh ré seachtainiúil an *CS*.

Ré chorrach de chineál éigin eile a bhí i gceist ó 1926 – 1932 ach corraíl inmheánach Chonradh na Gaeilge féin a ba chuíos le heaspa dhul chun cinn an pháipéir. ‘Máire’ a bhí mar eagarthóir deonach ar an nuachtán ó 1927 go deireadh 1929 agus cé go ndearna sé sárobair ar son Ghaeltachtaí na hÉireann i rith na tréimhse seo, rinne sé neamhaird den tsáriarracht a bhí á déanamh ag Gaeilgeoirí uile na tíre chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Ó thaobh ábhair de, níl aon amhras ach gur imigh an *CS* ar bhóthar a aimhleasa le linn na mblianta seo cé gur tháinig feabhas mór ar chúrsaí airgeadais toisc dea-thoil chonraitheoirí áirithe i gcás na heagarthóireachta deonaí. Faoi dheireadh na tréimhse seo, cé gur shoileir i gcolúin an *CS* an t-aighneas idir Conradh na Gaeilge agus an Rialtas, tháinig claonadh coimeádach ar an bpáipéar. Bhí sé in am don nuachtán bogadh isteach i saol nua-aimseartha na fichiú haoise agus dá

bharr socraíodh ar iris amháin a sholáthar don dá ghluaiseacht a ba Ghaelaí sa tír ag an am – An Cumann Lúthchleas Gael agus Conradh na Gaeilge. Pléitear an tréimhse 1926–1932 i gCaibidil a Seacht.

Gheofar clár an *CS* sa dara imleabhar. Roinneadh suas ábhar an nuachtáin i dtrí chuid :

Cuid a hAon : Eagarfhocail

Cuid a Dó : Ailt

Cuid a Trí : Litríocht

Tugann an clár seo léargas breise ar chaighdeán an nuachtáin féin ach chomh maith leis sin, léiríonn sé ról tábhachtach an *CS* i gcur chun cinn na litríochta Gaeilge; i ndíospóireachtaí bunaidh na teanga ar cheisteanna a mhúnlaigh dearcadh mhuintir na hÉireann ar chúrsaí Gaeilge agus ar chaighdeán na Gaeilge; in iriseoireacht na linne mar nuachtán a raibh a stádas féin aige i bpreas na hÉireann; agus mar chápéis staire do léitheoirí an lae inniu ar cheann de na tréimhsí a ba bhríomhaire ina lán gnéithe de stair na tíre, na litríochta agus na Gaeilge.

Tá ról ar leith ag irisí agus nuachtáin Ghaeilge i gcaomhnú chultúr, teanga agus stair na hÉireann. Trí iniúchadh a dhéanamh ar an *CS* faightear breis tuisceana ar ré chorraitheach, fhorásach a ndearnadh an dul chun cinn inti i gcomhthéacs na Gaeilge, an chultúir agus na staire. Is í bunchloch na hiriseoireachta Gaeilge í a bhfaightear grinneolas substaintiúil a bhfuil seasamh ar leith aige sa lá atá inniu ann céad bliain ar aghaidh ó bhunú chlocha míle teanga, litríochta, polaitíochta,

eacnamaíochta, sóisialta agus oideachais. Is fiú stáidéar a dhéanamh ar ábhar an *CS* mar ghné lárnach de léirmheas na tréimhse 1899–1932.

Caiibidil a hAon : Cúlra agus Feidhm An Chlaidhimh Soluis –Nuachtán agus cáipéis staire

Sa chaibidil seo,

- (1) pléifear an fheidhm a bhí ag an *CS* chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus an fheidhm a bhí aige mar nuachtán Gaeilge. Pléifear ról eagarthóirí agus scríbhneoirí an *CS* sa chomhtháacs seo.
- (2) Ba nuachtán Gaeilge mionteangach an *CS* agus pléifear an nuachtán mar cheann de nuachtáin na hÉireann, mar chuid de thréimhse iriseoireachta na Gaeilge agus mar nuachtán i ré fhorbartha na hiriseoireachta mionteangaí in Albain, sa Bhreatain Bheag agus sa Bheilg.
- (3) I rith na mblianta 1899–1932 rinneadh a lán forbairtí agus athruithe ar an *CS*. Beidh an ghné seo den nuachtán á plé faoi ‘Stair agus Bunú an *CS*’.

1.1 Feidhm an *CS*

Ba í an phríomhfheidhm a bhí ag an *CS* ná an Ghaeilge a chur chun cinn. Bhí ré nua na Gaeilge tagtha agus bhí uirlis chumarsáide riachtanach ag Conradh na Gaeilge chun tuairimíocht, fealsúnacht agus polasaithe na heagraíochta a chur os comhair an phobail. Thuig ceannairí an Chonartha nach mairfeadh an Ghaeilge muna ndéanfaí iarracht í a fhí isteach i ngnáthshaol na ndaoine ionas go mbeadh seans acu úsáid a bhaint aisti ar bhonn réadúil:

One of the greatest facts we have to face is that Irish has absolutely no chance to hold its own as a spoken language unless it also holds its own and makes good its position as a cultivated, that is, a read and written

language. One of the chief objects in view in establishing a weekly paper in Irish was this – the creation of an Irish reading public, which is an absolute necessity if the League is to be maintained. ('Strengthen the Weak Points', Eagarfhocal, *CS*, 11 Lúnasa 1900, 8 (344)).

Tugann an *CS* léargas ar leith dúinn ar mheon mhuintir na Gaeilge i ré na hAthbheochana. Pléadh an-chuid gnéithe de shaol na hÉireann ag an am agus cé go bhfaightear léargas ar leith ar chúrsaí teanga, ar chúrsaí litríochta agus ar chúrsaí oideachais, is cáipéis staire chuimsitheach é chomh maith ar stair na tréimhse inar cuireadh i gcló é.¹ Is fuinneog ar mheon gaelach na linne é, a osclaíonn agus a noctann tréithe de chuid ré na hAthbheochana sa dóigh go méadaítear ar an tuiscint atá againn ar ré bhríomhar, fhuinniúil i stair na Gaeilge.

Bhí ról ar leith ag eagarthóirí agus ag scríbhneoirí an *CS* de bhrí gur ghlaic siad páirt ghníomhach i mbunú an chéad nuachtáin Ghaeilge ach chomh maith leis sin tá tábhacht ag baint leo mar phríomhcheannairí i stair na hÉireann ag túis na fichiú haoise.²

Rinne Eoin Mac Néill an eagarthóireacht ar bhonn deonach ó mhí an Mhárta 1899 go mí Mheán Fómhair 1901. Tar éis a thréimhse eagarthóireachta mhol sé don Choiste Gnó gur ghá post tuarastail a dhéanamh den eagarthóireacht agus fostaíodh eagarthóirí lán-aimseartha ó 1901 go mí an Mheithimh 1926:

Mr Mac Neill stated that he had long felt it impossible to give full attention to the interests of the paper and that circumstances alone had prevented his earlier retirement. He believed that the paper would need a paid editor, that a salary of £100 yearly would be a fair remuneration and that Mr O Naughton of Galway would fill the position admirably. He also stated that he had always considered *An Claidheamh* to be intended

primarily as a newspaper in Irish and that the conducting of the Irish portion would be the principal duty of the Editor.

After much discussion during which a proposal to advertise for an Editor was lost by 5 votes to 3 and Father Dinneen's name was also suggested as Editor, it was resolved to appoint a paid Editor at the next meeting of the Committee, all members of the Executive being informed fully in the meantime as to the circumstances and proposals.

(NLI 9,800 CG 17.9.1901)

Ghlac Eoghan Ó Neachtain cúram na heagarthóireachta go mí an Mhárta 1903, nuair a toghadh Pádraig Mac Piarsais mar eagarthóir. B' é an Piarsach comharba Eoghain Uí Neachtain agus cé go ndearna sé iarracht éirí as an eagarthóireacht i mí an Mheithimh 1908, iarradh air an fhreagracht a ghlacadh ar feadh tamaill eile, socrú a léiríonn an tionchar a bhí aige ar an bpáipéar agus feabhas a scileanna iriseoireachta. Pléifear an socrú seo i gCaibidil a Ceathair. Ar deireadh, chríochnaigh sé i mí na Samhna 1909 toisc freagrachtaí breise, ar nós Scoil Éanna, a bheith faoina chúram. Rinne sé a lán athruithe ar an *CS* agus ba mhór an dul chun cinn a rinneadh ar an gcaighdeán iriseoireachta agus é ina bhun.³

Ba í an tréimhse eagarthóireachta ab' fhaide ar an *CS* ná tréimhse Sheáin Mhic Giollárnatha. D'fhorbair an nuachtán i rith na mblianta 1909 go 1917 ach ní féidir gan tionchar pholaitíocht inmheánach Chonradh na Gaeilge féin a chur san áireamh sa tréimhse seo, gné de ghníomhaíochtaí na gluaiseachta a chuir isteach go mór ar bhainisteoireacht agus ar eagarthóireacht an pháipéir.

Piaras Béasláí (1917–1919) agus Colm Ó Murchú (1919–1921) a bhí i mbun eagarthóireachta i rith blianta chogaidh na hÉireann. Bhí rian na trioblóide le

sonrú ar an bpáipéar ag an am de bharr an méid ama a chaith Piaras Béaslaí i bpríosún agus é ag obair mar eagarthóir.⁴

B'iad Pádraic Ó Domhnallán (1921–1925) agus Shan Ó Cuív (- Meitheamh 1926) na heagarthóirí deireanacha a raibh post tuarastail acu sular tosaíodh ar an tréimhse dheonach nuair a fágadh cúram na heagarthóireachta faoi Roinn C – Propaganda (Iúil 1926–Iúil 1930). Chaith ‘Máire’ (Séamas Ó Grianna) seal ag obair air i rith an ama seo.

Ar deireadh, cé nach féidir a shéanadh gur lean ‘Máire’ a bhealach féin (i bhfocail a dheartha –Sheosaimh Mhic Ghrianna), luigh sé isteach ar an obair agus d’éirigh leis aird phobal na Gaeilge a dhíriú ar staid na nGaeltachtaí thar aon rud eile. B’fhiú go mór an tairbhe a baineadh amach don *CS* i rith na mblianta deonacha agus ba shuntasach an feabhas a bhí tagtha ar chúrsaí airgeadais. Toghadh Maoghnas Ó Dómhnaill mar eagarthóir ar tuarastal ar an *CS* ó mhí Iúil 1930 go mí na Bealtaine 1932 ach bhí claoadh iriseoireachta agus nósanna mhuintir na hÉireann ag athrú agus thuig conraitheoirí gur ghá bogadh ar aghaidh leis na hathruithe seo ionas go gcinnteofaí ról na Gaeilge i sochaí nua-aimseartha na dtríochaidí.

Toisc gur nuachtán Gaeilge a bhí ann, ba bhealach cumarsáide é ar shlí nach bhféadfadh na nuachtáin Bhéarla cumarsáid a dhéanamh. Bhí toise sa bhreis ag baint leis siocair go raibh an meán cumarsáide seo ag baint úsáide as teanga dhúchais mhuintir na hÉireann chun a chuid nuachta, fealsúnachta agus tuairimíochta a chur os comhair na tire. D’fhéadfaí a rá fostá go raibh áit ar leith ag an *CS* toisc gur uirlis bholscaireachta a bhí ann do ghlúaiseacht

mhionteangach agus sa tslí sin gur baineadh úsáid as chun muintir na hÉireann a chur ar an eolas ar chúrsaí teanga i dtíortha eile a raibh athbheochan ar siúl iontu.

Mar sin tá fiúntas agus luach leis an *CS* mar fhoinse Ghaeilge bhunaidh d'imeachtaí thús an chéid seo caite. Sa chomhthéacs seo, caithfear ról agus tábhacht an *CS* a mheas in dhá thréimhse

- 1) an tréimhse inar cuireadh i gcló é agus
- 2) an tréimhse nua-aimseartha, `sé sin an lá atá inniu ann a bhfeictear torthaí na ré inar cuireadh i gcló é.

Tá dhá fheidhm ag an *CS* sa dá chomhthéacs seo

- a) feidhm *nuachtán* i ré thosaigh Iriseoireacht na Gaeilge agus i suíomh nuachtán agus irisí i gcoitinne agus
- b) feidhm staire mar *cháipéis staire* dúinn, léitheoirí an *CS* san am i láthair.

Is caipéis staire é ar imeachtaí na hÉireann céad bliain ó shin i ré a raibh cosúlachtaí suimiúla ag baint leis i gcomhthéacs chasadh an chéid seo festa. Tá tuiscint domhain le fáil ar mheon Gaelach Ré na hAthbheochana ann. B'uirlis oifigiúil Chonradh na Gaeilge é ach is mar cháipéis staire a thugann an *CS* léargas leathan, cuimsitheach, stairiúil dúinn ar chúrsaí litríochta, chúrsaí teanga, chúrsaí tíre agus chúrsaí oideachais ó 1899 – 1932.

Ar an gcéad dul síos, pléifear an *CS* mar nuachtán. I gcomhthéacs fhorbairt nuachtán ina ionmláine, chabhraigh an *CS* le gné thábhachtach d'iriseoireacht na

hÉireann ar leibhéal mionteangach, ‘sé sin, an ról a bhí aige mar

phríomhnuachtán Gaeilge ré na hAthbheochana Gaeilge.

Deir Robert Munter linn agus é ag plé nuachtán i gcomhthéacs stair na nuachtán,

gurb ionann nuachtán agus foillseachán a cuireadh i gcló uair sa tseachtain ar a

laghad agus a chuidigh le forbairt nuachtán i gcoitinne:

Basically it is here employed for any publication which appeared at least once a week and included news as part of its regular content (though one or two exceptions have been made where it was felt that the journal in question directly and materially contributed to newspaper development)' (Munter, R., 1967, Ich. (xi) Preface).

Cé go ndeir Rosemary Webber linn gurb iad na príomheilimintí a bhaineann le

nuachtán de réir UNESCO ná gur bhunfhoinse nuachta reatha atá ann, is

foillseachán é chomh maith a dhíoltar leis an ngnáthphobal, faoi mar a rinneadh

leis an *CS*.³

Pléifear an *CS* i gcomhthéacs fhorbairt na nuachtán Éireannach ar dtús.

1.1.1 *Stair na Nuachtán Éireannach*

Deir Caoilfhionn Nic Pháidín nach bhfuil an deighilt idir aicmí irisí na Gaeilge

‘chomh cinnte ná chomh righin’ is a bhíonn siad i dteangacha eile ach mar sin

féin gur féidir iad a roinnt suas mar seo a leanas:

- (i) Na hirisí scolártha ar nós *Ériú*, *Béaloideas*, *Éigse*, *Studia Hibernica* agus *Celtica*.

- (ii) Irisí liteartha, léirmheastóireachta agus cultúrtha ar nós *Comhar, Feasta, Scriobh, Léachtaí Cholm Cille* agus
- (iii) Nuachtáin ar nós, *An Claidheamh Soluis, Ar Aghaidh, Inniu agus Anois*

(Nic Pháidín, 1987, 70-71)

Faoi roinn na ‘Nuachtán’ a phléifear an *CS* sa chás seo. I gcomhthéacs stair fhorbairt na nuachtán Éireannach ina ionláine a thuigtear ról an *CS* mar nuachtán Gaeilge. Tá sé soiléir go raibh Éire beagánín chun deiridh i gcomparáid le tíortha eile. Bhí na Sínigh i bhfad chun tosaigh ar thíortha eile an domhain, le foilsíú nuachtán oifigiúil chomh fada siar le 618–907 i Ríora Tang. Éilíonn na hUngáirigh go raibh siad freagrach as an bhfoilseachán nuachta is sine sa domhan sa bhliain 1485. *Dracula Waida* nó an ‘Devil Prince’ a bhí mar ainm air.⁶

Cé go raibh sé seo fada siar i stair an domhain, is fiú é a lua i gcás iriseoireacht na Gaeilge de bhrí go luaitear an Ungáir mar shampla do thír na hÉireann ó thaobh teanga de sa *CS*.⁷ Tuigtear ó na tagairtí don Ungáir sa *CS* go raibh suim ag conraitheoirí in athbheochan na teanga agus i litríocht na hUngáire. Tá tagairtí don Ísiltír fostá sa *CS* mar thír a bhí chun tosaigh ó thaobh cúrsaí teanga de agus arís bhí an Ísiltír chun tosaigh i ndomhan na clódóireachta le tuilleadh agus aon chéad agus daichead de fhoilseacháin nuachta i gcló roimh 1626.⁸

Bhí Bíobla *Gutenberg* breis agus céad bliain d’aois agus bhí clóphreas Caxton tuilleadh agus cúig is seachtó bliain d’aois sular chuir Humphrey Powell an chéad leabhar i gcló óna chlóphreas i mBaile Átha Cliath.⁹ *The Book of Common Prayer* a bhí mar ainm ar an leabhar agus cuireadh i gcló é sa bhliain 1551.¹⁰

Ba í an deacracht a ba mhó a bhí le sarú ag túis na seachtú haoise déag ná na monaplachtaí cló agus sa bhliain 1638, cheannaigh fear darbh ainm William Bladen an mhonaplacht.¹¹ Monaplacht Rialtais ab ea an preasnuachtán seo agus de bhrí gurbh é Bladen an clódóir oifigiúil i rith an Chogaidh Chathartha sa tréimhse seo, ba é an chéad chlódóir–fhoilsitheoir ar nuachtán Éireannach. Chuir sé dhá iris i gcló thart fá 1641 ach roghnaigh sé clódóir i Londain chun an nuacht a sholathródh sé ó Éirinn a chur i gcló.¹²

Rinneadh iarracht ar irisí Éireannacha a fhoiliú ina dhiaidh sin ach cuireadh i gcló i Londain iad go dtí 1659 (1660 san fhéilire nua) nuair a roghnaigh Sir Charles Coote, William Bladen mar chlódóir ar *An Account of the Chief Occurrences of Ireland together with some particulars from England.*¹³ Nuachtán seachtainiúil a bhí ann ach de réir an eolais atá ar fáil faoi, níor tháinig ach cúig eagráin de amach:

At least five numbers were printed, and, although it was similar to the quarto pamphlets of the time, the regularity of its appearance, its presentation under a constant heading, its news content, and the fact that it was published for circulation in Ireland, qualify it as the first of all Irish newspapers. (Munter, 1967, 7).

Thart fá ceithre bliana níos moille tháinig an dara nuachtán Éireannach amach – *Mercurius Hibernicus*; nó *The Irish Intelligencer*. Cé gur dhóichí gurb é an pobal léitheoireachta a ba mhó a bhí aige ná Protastúnaigh a raibh talamh acu, deir Robert Munter gur fioriarracht ar nuachtán Éireannach a bhí ann. ‘This venture, however, represents a further development in the history of Irish Periodicals, for it seems to be the first attempt to meet a genuine public demand for printed news.’ (ibid., 7).

Ba é an chéad nuachtán a cuireadh i gcló taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath ná an *Cork Idler* i gCorcaigh i 1715.¹⁴ Ghluais gnó na nuachtán Éireannach ar aghaidh i rith an seachtú agus an ochtú haois déag ach ní dearnadh mórán dul chun cinn taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Chuir an rialtas srianta áirithe ar fhoilsitheoiréacht fosta.¹⁵ Choinnigh na hachtanna nuachtán (Press Acts) i 1784, 1785, agus 1798 na nuachtáin faoi chois. De réir na n-achtanna seo bhí na clódóirí agus na foilsitheoirí freagrach as ábhar na nuachtán, cuireadh stampa diúité ar nuachtáin agus cuireadh cain ar na fógraí. Cuireadh na rialacha seo i bhfeidhm chun nuachtáin a raibh polasaithe i gcoinne an Chaisleáin acu a choinneáil faoi smacht.

Ag túis na naoú haoise déag bhí tromlach na nuachtán Éireannach i lámha na bProtastúnach agus i gcásanna áirithe bhí cabhair airgeadais á fháil acu ó Chaisleán Bhaile Átha Cliath. Bhí staid na nuachtán Éireannach ar aon chéim le nuachtáin na hEorpa agus Napoleon ag bailiú tacaíochta ar fud na hEorpa. Meán cumarsáide cloíte, srianta, faoi chois a bhí ann. Pléann Richard Robert Madden (1867), Robert Munter (1967) agus Hugh Oram(1983) stair na tréimhse seo i nuachtáin na hÉireann go mion.

1.1.2 Claonadh náisiúnta agus colúnaiocht na Gaeilge

Taréis 1850 tháinig laghdú ar phraghas na nuachtán

- a) toisc gur cuireadh an cháin agus an stampa diúité ar ceal agus

- b) toisc go raibh modhanna níos fearr aimsithe ag lucht gnó faoin am seo, chun páipéar ar bhonn níos saoire a sholáthar do nuachtáin.

De réir a chéile tháinig fás agus forbairt ar na nuachtáin chuígeacha. Sa tréimhse seo a fheictear na chéad cholúin Ghaeilge ag borradh sna nuachtáin. Deir Marie Louise Legg go raibh thart fá dhá chéad is a hocht déag de nuachtáin chuígeacha i gcló idir 1850 agus 1892:

The seeds planted in the decade after the Famine brought changes which influenced Ireland for the next forty years. In political debate, the need to modernise the nation took a higher place than considerations of constitutional reform, and many provincial newspapers put ideas on religion, education and communications foremost.

(Legg, 1999, 21).

Ar deireadh, bhí muintir na hÉireann agus is dócha, na daoine a raibh an tionchar is mó ag an ngorta orthu – muintir na nGaeltachtaí – ag druidim i dtreo na meán cumarsáide. Thuig an pobal léitheoireachta an tábhacht a bhain le huirlis phoiblí a bheith acu chun teagmháil indíreach a dhéanamh leis na húdarais agus lena gcomhÉireannaigh ionas go dtabharfaí ardán poiblí dá dtuairimí ar chúrsaí na hÉireann. Bhí feabhas ag teacht fosta ar mhodhanna taistil agus chabhraigh sé sin le caighdeán na nuachta sna nuachtáin. Roimhe seo bhí na nuachtáin ag brath ar fhoinsí thar lear chun an nuacht a fháil achanois, le dul chun cinn na modhanna taistil agus na modhanna cumarsáide, bhí siad in ann an nuacht bhunaidh a fháil dóibh féin.¹⁶

Cé go raibh saol anróiteach in Éirinn i rith na tréimhse sin, bhí ceacht foghlamtha ag muintir na hÉireann tar éis chruatan an ghorta mhóir agus dá bharr thuig siad an tábhacht a bhain leis na modhanna nua taistil agus cumarsáide mar ghléas chun iad féin a chosaint óna naimhde agus chun fothain a thabhairt dóibh a nguthanna a ardú os comhair an domhain uile.

Níorbh ionann an ceacht a d'fhoghlaím muintir na Gaeltachta agus lucht na gcathracha agus na mbailte móra, áfach. Cé nach féidir a mhaíomh go ndeachaigh an tuairimíocht nua seo chun tairbhe na Gaeilge sna Gaeltachtaí iad féin (a mhalaírt ar fad a bhí fíor i ndairíre de bhrí gur chuir sé le tábhacht an Bhéarla mar theanga chumarsáide ar leibhéal domhanda sna Gaeltachtaí), ghlac daoine áirithe an seans chun bunchloch na hIriseoireachta Gaeilge a bhunú agus ba dhiongabháltí ná riamh, na daoine a raibh suim acu sa Ghaeilge, ar chás agus ar staid na Gaeilge a fheabhsú.

An tstí gur chuir siad a gcuid fealsúnachta i dtaoibh chumarsáid na Gaeilge i bhfeidhm ná colunaíocht na Gaeilge sna nuachtáin chuígeacha.

Feictear treoir agus ról na Gaeilge ó 1795 go túis an CS sna gnáthnuachtáin in Éirinn agus in irisí agus nuachtáin na Gaeilge in Éirinn, in Aguisín a Dó. Fosta, feictear na háiteanna a raibh an Ghaeilge chun tosaigh iontu mar chuid de fhorbairt na meán.¹⁷

Bhí colúnaíocht na Gaeilge, Irisí Gaeilge agus Irisí Ceilteacha tagtha chun cinn i Meiriceá, sa Ghearmáin, i bPáras agus sa Bhreatain Bheag faoin am seo chomh maith.¹⁸

Cé go raibh cosúlachtaí idir an preas Éireannach-Meiriceánach agus preasnuachtán na Gaeilge in Éirinn féin, bhí cúrsaí teanga chun tosaigh in iriseoireacht na hAthbheochana in Éirinn:

Is léir arís, mar sin, gur chaidreamh simbeoitic a bhí idir Gaeilgeoirí agus foilseacháin Ghaeilge in Éirinn agus i Meiriceá le linn na hAthbheochana. Ach ní cóir an **iomarca** a chur ar an bpóinte seo, nó ar thionchar na bhfoilseachán Meiriceánach ar fhoilseacháin Éireannacha, nó ar an nGaeilge féin in Éirinn le linn na hAthbheochana. Bhí tionchar áirithe ag na páipéis Mheiriceánacha ar chúrsaí sa tír seo – mar atá léirithe i gcás *An Gaodhal* ach go háirithe, agus i bpearasa Thomáis Bháin ach bhí níos mó tábhactha leis an tionchar polaitiúil a bhí ag na foilseacháin seo sna Stáit Aontaithe féin, ná leis an tionchar a bhí acu ar chúrsaí teanga sna Stáit, ná in Éirinn. (Ní Uigín, 1998)

Is follus gur ghlac colúnaíocht na Gaeilge agus an tsuim i gcúrsaí Gaeilge a léiríodh sna nuachtáin, páirt mhór i bhforbairt na nuachtán agus na n-Irisí Gaeilge maroan le forbairt ghnáthnuachtáin Éireannacha na linne. As an réamhobair seo a d'eascair *An Claidheamh Soluis*.

Is léir nach coincheap nua bhí i dtuairisceoireacht na Gaeilge nuair a bunaíodh an *CS* mar bhí bunchloch daingean curtha ag iriseoirí na naoú haoise déag agus iad ag plé le Gaeilge le breis is céad bliain anuas. As an bhfianaise in Aguisín a Dó amháin, feictear go raibh cúig nuachtán a raibh colún i nGaeilge acu –*The Nation* (c.1860), *An Fíor Eirionnach* (Márta 1862 – Bealtaine 1862), *Cashel Gazette* (1864-1893), *Tuam News* (1871–1904) agus *The Celt* (Port Láirge, Deireadh

Fómhair 1876–Iúil 1877) agus le cur leis sin, b'iomaí páipéar gur pléadh cúrsaí Gaeilge agus litríochta iontu.

Tugtar faoi deara an t-athrú agus an claonadh nua a tháinig ar iriseoireacht na hÉireann i gcoitinne, go háirithe ag deireadh an naoú haois déag.¹⁹ Deir Marie Louise Legg: ‘An important feature of the 1880s was not just the increase in numbers of provincial newspapers, but the increase in the number of newspapers which claimed to have national politics’. (Legg, 1999, 120).

D'fhás coincheap na Gaeilge mar mheán cumarsáide agus roimh dheireadh na naoú haoise déag, bhí dhá íris gur féidir iris Ghaeilge a chur orthu roimh bhunú an *CS – Irisleabhar na Gaedhilge* (1882) agus *Fáinne an Lae*(1898). Ach níor bhí ionann an fheidhm a bhí ag *Irisleabhar na Gaedhilge* agus *Fáinne an Lae*:

Níl éan pháipéar ná irisleabhar eile aguinn anois i n-a ionad i gcóir na ndaoine a chuireann suim i gcúrsaibh sgoláireachta na Gaedhilge; agus is minic a mhothuighimí uainn go géar é. B’fhiú airgead do chailleamhaint ar a leithéid d’irisleabhar. Ní féidir leis an bpáipéar so an obair chéadna dhéanamh. Páipéar iseadh ‘Fáinne an Lae’ i gcóir an tsluaign i gConnradh na Gaedhilge, agus tá gádh mór le n-a leithéid. Páipéar ab eadh Irisleabhar na Gaedhilge’ i gcóir na sgoláirí agus na ndaoine chuireann spéis i gcúrsaibh sgoláireachta agus ní lá ó cuireadh ar ceal é, ná go raibh gádh mór le n-a leithéid’
('Fáinne an Lae', Eagarfhocal, *CS*, 12 Eanair 1918, 4)

Faoin am seo, faoi mar a léireofar i gCaibidil a Dó, bhí an-iarracht á déanamh ag Conradh na Gaeilge chun litearthacht na Gaeilge a thabhairt chun cinn, ach fós, thuig gnáthmhuintir na hÉireann gurb é an Béarla teanga na todhchaí agus ní raibh a gcroí i bhforbairt na Gaeilge mar mheán cumarsáide sna nuachtáin.²⁰

Mar sin cé go raibh colúnaiocht na Gaeilge ag líonadh bearna a bhí ann le fada agus go raibh irisí Gaeilge ag teacht chun cinn, ní hiad gnáthmhuintir na hÉireann ná fiú na cainteoirí dúchais a léigh na colúin seo ach mionlach a raibh suim acu sa Ghaeilge. Níor leor é sin chun an Ghaeilge a athbheochaint mar theanga sna meáin. ‘But there is no evidence that the main readers of Irish-language columns were the Gaelic-speaking peasantry. The readers of such texts were Irish and English revivalists, some of whom tended to be obsessive and pressing.’ (Legg, 1999, Ich. 101).

1.1.3 Gluaiseachtaí Mionteangacha agus forbairt nuachtán

Cé go raibh borradh mór ar líon na nuachtán Éireannach a raibh an Ghaeilge mar ábhar acu, níorbh ionann sin agus nuachtán iomlán i mionteanga. Le bunú Chonradh na Gaeilge, tháinig méadú ar thuiscint an phobail Ghaeilge ar an riachtanas a bhí ann ábhar a sholáthar as Gaeilge, chun fiúntas na Gaeilge a chur ina luí ar na cainteoirí Gaeilge agus chun litearthacht na Gaeilge a chothú. Níorbh fhiú eagraíocht mhionteangach na linne sin gan uirlis chumarsáide dá gcuid féin acu. Ar ndóigh, bhí tionchar na nuachtán mionteangach ar ghluaiseachtaí mionteangacha le feiceáil i dtíortha eile san Eoraip a raibh dul chun cinn déanta acu i gcúrsaí teanga de bharr fhás agus fhorbairt na meán sna gluaiseachtaí liteartha.

Deir Meic Stephens (1978) linn gurb é bunú ‘The Gaelic Society of London’ i 1777 a chabhraigh le slánú Ghaeilge na hAlban agus gur chabhraigh foilsíú ábhar

i nGaeilge na hAlban go mór le caomhnú na teanga. Fianaise í seo a thugann le fios dúinn go raibh tábhacht agus ról ar leith ag na meáin chumarsáide clóite i bhforbairt agus i gcur chun cinn mionteangacha i rith an naoú haois déag:

A second factor in the preservation of Gaelic during the nineteenth century was the growth of a secular, commercial press. Between 1830 and 1900 about 900 new Gaelic titles were published by firms based in Edinburgh, Stirling and Glasgow, while weekly newspapers such as *An Gaidheal* (The Gael), were established' (Stephens, M., 1978, Ich. 62-3).

B'amhlaidh an scéal i gcás na bPléimeannach. Chabhraigh bunú na gluaiseachta liteartha go mór le hathbheochan na Pléimeannaise agus nuair a bhunaigh an għluaiseachta seo a hIris féin – *Van Nu en Straks (Of Today and Tomorrow)*, bhí uirlis ag ceannairi agus fealsúnaithe na gluaiseachta chun a gcuid oibre a chur i għol-ġo agus a gcuid tuairimóchta a nochtadh.²¹

Maidir leis an mBreatain Bheag, ba léir go raibh réabhlóid dá gcuid féin ag dul ar aghaidh acu i rith na tréimhse seo fosta:

Economic growth was matched by the equally rapid advance, in town and country, of Nonconformity which was expressed almost wholly in Welsh. The number of books published in the language increased and Welsh journals and newspapers appeared for the first time. Among the vigorous aspirations of political and social consciousness in Wales at this time there was a growing awareness of national identity and of the fortunes of the language and culture which were its principal tokens' (ibid., Ich. 157 –8).

Ní hamháin go raibh ábhar foilsithe ar fáil sa Bhreatnais ag deireadh an naoú haois déag ach bhí nuachtáin náisiúnta seachtainiúla ann chomh maith.²²

I gcomhthéacs na nuachtán mionteangach tuigtear go raibh beocht agus fuinneamh sna gluaiseachtaí mionteangacha agus gur thuig lucht a riarthá an ról a bhí ag an bhfocal clóite i gcur chun cinn na teanga. Bhí Gaeil na hÉireann páirteach sa réabhlóid teanga seo agus ba chloch mhíle í in iriseoireacht na Gaeilge.

1.2 Stair agus Bunú an CS

1.2.1 Fáinne an Lae agus an Claidheamh Soluis – An Claidheamh Soluis

Ag cruinniú an Choiste Gnó ar an séú lá de mhí Dheireadh Fómhair 1897, chuir Eoin Mac Néill plean Bernard Doyle isteach i gcomhair nuachtáin seachtainiúil Ghaeilge.²³ Cuireadh tús le *FL* ar an ochtú lá de mhí Eanair 1898. Cé gurb é nuachtán an Chonartha é, ba le Bernard Doyle é agus ba léir ón tús nár réitigh an dá thaobh go ró-mhaith lena chéile. Tá caidreamh agus aighneas an dá pháirtí pléite go mion ag Caoilfhionn Nic Pháidín (1998).²⁴

I ndeireadh na dála tharla scoilt idir Conradh na Gaeilge agus Bernard Doyle agus socraíodh ag cruinniú speisialta an Choiste Gnó ar an seachtú lá déag de mhí na Nollag 1898 go scarfadh Conradh na Gaeilge leis:

The resolution to withdraw from Mr Doyle's paper was carried unanimously. The secretary was directed to notify Mr. Doyle that the connection of the Gaelic League with Fáinne an Lae had ceased on the ground (1) of his refusal to agree to the proposals of the sub- committee to enlarge the paper and (2) of his having

issued a circular as an inset in the paper against the terms of his agreement not to interfere with the editorial management. The Editors of Fáinne an Lae resolve that they refuse to allow matter to be published now which they had sent in when Fáinne an Lae was under their control. The secretary was directed to send a circular to the Branches at once, stating that Fáinne an Lae was no longer the organ of the Gaelic League and to add a report of this special meeting to the usual weekly report in the papers. Also to write to Mr. Charles Mac Neill informing him of the proceedings. It was agreed that the secretary and Mr Charles Mac Neill should see Mr. Bryers on Monday, December 19, to arrange terms for the publication of a new paper. (NLI, 9,799 CG 17.12.1898).

Lean Bernard Doyle ar aghaidh le *FL* agus ó dheireadh na bliana 1898 go mí an Mhárta 1899 ní raibh uirlis oifigiúil ag Conradh na Gaeilge. Pléadh an nuachtán nua ag cruinnithe an Choiste Gnó agus rinneadh iarracht meastúcháin a fháil ó chlódóirí éagsúla – Sealy, Bryers and Walker, Browne and Nolan, Falconer and Co., Wheelman Co., ina measc, chun nuachtán nua a chur ar bun.²⁵ Socraíodh go ndéanfadh John Falconer clódóireacht an *CS*, go mbeadh *An Claidheamh Soluis* mar ainm air agus go dtiocfadh an chéad eagrán amach ar an ochtú lá déag de mhí an Mhárta 1899:

Upon a discussion of estimates from the Wheelman Co. and from Mr. Falconer for printing a weekly paper, it passed on the motion of Mr. J Mc Neill, seconded by Mr O Donoghue that the two estimates before the Committee afford a satisfactory basis to enable the Sub-Committee to conclude a contract.

Dr. Hickey proposed and Mr O Donoghue seconded that the title of the paper be *An Claidheamh Soluis*; Mr. Lloyd proposed and Mr Casey seconded that it be *Geal Gréine*. Upon a division six voted for each name and the Chairman voting once, voted for the first proposal, which was carried by seven votes to six. The preparation of a prospectus was entrusted to Messrs. Keawell and J Mac Neill, and the 18th of March was fixed as a date of issue.

(NLI 9,800 CG 14.2.1899)

1.2.2 Teidil

Ba é an chéad rud a bhí le socrú ó thaobh an CS ná an t-ainm. Bhí tábhacht ar leith ag baint le nuachtáin ag an am sin nuair a chuirtear san áireamh gurbh ionann, ar bhealach, ré na teicneolaíochta sa lá atá inniu ann agus ré na hiriseoireachta ag deireadh an naoú haois déag agus ag túis na fichiú haoise.

Léirigh ainm an nuachtáin an staid a ghlac an nuachtán ar ábhair éagsúla. Mar a deir Marie Louise Legg:

But the names of newspapers were also statements of their stance. [...] Freedom of the press to survive without government subvention, and to speak in the face of Government repression is asserted in many titles of liberal newspapers. (Legg, 1999, Ich. 18)

Cuireann sí in iúl dúinn gur cuireadh ‘Independent’ i dteidil nuachtán a raibh saorirse cainte in aghaidh an rialtais de dhith orthu agus gur cuireadh focail ar nós ‘Courier’, ‘Mercury’, ‘Express’ agus a leithéid ar nuachtáin le cur in iúl go mbeadh luas i gceist i scaipeadh na nuachtán. Tharla sé seo de bharr na bhforbairtí ar mhodhanna taistil agus cumarsáide.²⁶

‘*An Claidheamh Soluis*’ – an chéad teideal a bhí ar phríomhnuachtán an Chonartha i ré na hAthbheochana ó mhí an Mhárta 1899 go mí an Mheithimh 1932. Bheadh feidhm ar leith ag ainm an pháipéir ionas go meallfaí an pobal chun uirlis oifigiúil na gluaiseachta a cheannach. Chabhródh ceannach an nuachtáin go mór, le comhlíonadh cuspóirí Chonradh na Gaeilge i dtaoibh Gaeilge scríofa agus léite a chothú i measc pobal na Gaeilge. Ar ndóigh, léiríonn

an díospóireacht a pléadh ar an teideal ag cruinniú an Choiste Gnó ar an gceathrú lá déag de mhí Feabhra 1899, tábhacht agus ról an ainm de bhrí nach raibh an Coiste ar aon intinn faoin teideal seo agus gurbh éigean vóta a chaitheamh ina thaobh. Ar deireadh socraíodh ceist an teidil agus d'oir sé go maith d'obair an nuachtáin. B'íad an dá rud a ba ghá le lucht stiúrtha an nuachtáin ná 'faobhar' chun soiléireacht agus géire a n-aidhmeanna a chur in iúl, agus 'solas' chun an dóchas a bhí ag lucht an Chonartha go gcuirfí an Ghaeilge chun cinn mar theanga bheo chumarsáideach, a chur in iúl do mhuintir na Gaeilge sna cathracha, sna Gaeltachtaí agus ar fud na hÉireann. Le bunú an nuachtáin seo motháítéar 'gile' agus 'géire' lucht bhunaidh an *CS* sa chéad phíosa a scríobh an tAthair Peadar Ó Laoghaire ann:

Is mór an obair atá roimis an gClaidheamh. Ní mór dó faobhar maith do bheith air. Ní dhéanfadh claidheamh maol an gnó go deo. Ní foláir dó i dteannta an fhaoíbhír, an béul do bheith cruaidh aige. Is iomdha gad righin agus fadharcán daingin a bheidh le gearadh aige agus muna mbeidh an béul cruaidh aige is géar go mbeidh sé meanntach. Is beag an tairbhe claidheamh manntach, acht ní baoghal do'n chlaindheamh so.[...] Tabharfidh sé solus uaidh féin do'n té a bheidh 'gá ramsáil [...]Tabharfidh [sic] sé solus do shúil an t-é a bheidh 'gá úsáid, eolus d'á aigne, agus neart d'á chuislinn. [...] 'Siniad, ámh, an dá bhuadh is mó ag an g-claidheamh so, .i. Faobhar agus solus. Faobhar chum na coíle do ghearadh agus solus chum an fhaoíbhír do chur i bhfeidhm. ('An claidheamh soluis', *CS*, 18 Márta 1899, 3).

Cé nach féidir a mhaíomh go cinnte go raibh baint ag an teideal *An Claidheamh Soluis* le cúrsái diagachta, ní féidir gan blas litreacha Póil chuirg na Rómhánaigh agus chuirg na hEifeisigh a fháil ar an bpíosa seo a scríobh an tAthair Peadar Ó Laoghaire, áiteanna a bpléitear cumhacht, neart agus tairbhe solas agus arm Dé

iontu. Deirtear gur chóir arm Dé a thógáil chun dul i dtreo an tsolais agus cún a thabhairt don dorchadas.²⁷ Tá seans maith ann gur bunaíodh an teideal *An Claidheamh Soluis* ar fhealsúnacht mar seo, go háirithe nuair a chuirtear an pháirt ghníomhach a ghlac an chléir i gcur chun cinn na Gaeilge san áireamh. Níl aon amhras ach go raibh Conradh na Gaeilge ag iarraidh ré dhorcha na naoú haoise déag a fhágáil ina ndiaidh agus bogadh ar aghaidh go ré gheal, nua na fichiú haoise. Bhí sé tábhachtach go léireodh teideal pháipéar oifigiúil an Chonartha gur eagraíocht dearfach, fhorásach, fhadbhreathnaitheach, a raibh polasaithe agus cuspóirí fiúntacha aici, a bhí inti. Léireodh an teideal go dtabharfadh an ghluaiseacht seo muintir na hÉireann isteach i ré a raibh dóchas, oscailteacht agus neamhchlaontacht mar bhunús aici. Nuair a scríobh Peadar Ua Laoghaire na focail seo, ba bheag eolas a bhí aige ar an dushlán a bhí roimh Choiste an Chonartha le huirlis nua Conradh na Gaeilge – *An CS*. Bhí tasc mór le comhlíonadh ag an uirlis - rud a thuig leithéidí Pheadair Uí Laoghaire go maith agus iad i mbun oibre ar chur chun cinn na Gaeilge. Cé gur nuachtán a bhí ann, ba í ceann de phríomhfheidhmeanna an *CS* ná feidhm bholscaireachta. I rith na mblianta inar cuireadh i gcló é, ba mhór an fhoinsí soluis é do lucht na Gaeilge i mBaile Átha Cliath, do mhuintir na Gaeltachta agus do phobal Gaeilge Éireann.

D'athraigh teideal an *CS* ó am go chéile.²⁸ Le gach athrú ar theideal an *CS* feictear forbairtí agus céimeanna tosaigh an nuachtáin féin.

Rinneadh iarracht ó mhí an Mhárta 1900 ar aghaidh an **CS** a chlárú mar nuachtán.²⁹ Gan trácht ar bhrí an teidil féin, bhí deacrachartaí leis an gclárú de bharr an cló a bhí á úsáid acu don teideal:

A letter was received from the General Post Office declining to register *An Claidheamh Soluis* unless the name and date were printed at the head of each page in ordinary type. The manager was instructed to reply that the type used is ordinary Irish type and that the letters in the name are such as to be recognised as easily as the corresponding Roman characters. The date will be put on in English also if necessary. (NLI 9,800 CG 8.5.1900).

Ach ní raibh Ard-Oifig an Phoist sásta leis an socrú seo agus nuair a chuir Mr. Archer in iúl dóibh cad a bhí ag teastaíl ón gConradh, níor ghéill siad:

Mr Archer informed the meeting that he had a communication from the Postmaster General declining to register *An Claidheamh Soluis* unless the name was printed in ordinary characters on each page. He was directed to ask under what regulation the registration had been refused so that if necessary, the question might be revised in Parliament.(NLI 9,800 CG 17.5.1900)

Lean an chonspóid faoi chlárú an **CS** mar nuachtán ar aghaidh d'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh chun an cló a athrú.³⁰ Níl cuntas oifigiúla ar fáil a dhearbhaíonn gur cláraíodh ina dhaidh sin é.

An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae

I mí Lúnasa 1900, tháinig **FL** (a bhí faoi chúram Bernard Doyle go dtí seo), agus an **CS** le chéile mar aon nuachtán amháin. Socraíodh go gcuirfí an dá nuachtán amach faoin teideal *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae*. Foilsíodh an nuachtán faoin teideal nua don chéad uair ar an gceathrú lá de mhí Lúnasa 1900.³¹

Last week the publication Committee of the Gaelic League, after consideration of a communication from Mr. Bernard Doyle, publisher of 'Fáinne an Lae' decided to recommend to the Executive the adoption of the title 'Fáinne an Lae' in addition to that of the League organ 'An Claidheamh Soluis'. This decision has since been adopted and ratified by the Executive. Last week's Fáinne an Lae accordingly announced that the paper would no longer appear as a separate publication. This is a concentration which the needs and circumstances of the movement render absolutely imperative' ('Concentration', Eagarfhocal, *CS*, 4 Lúnasa 1900, 328 (8)).

Lean an *CS* ar aghaidh agus cé go raibh deacrachartaí le sarú, b'iad na deacrachartaí a ba mhó a bhí aige na fadhbanna clódóireachta, airgeadais agus ciorcláiochta.³² Sampla maith de na deacrachartaí eile a bhí le sarú aige ó thaobh cúrsaí staire de ná an tstí gur cuireadh cúig eagrán in aon eagrán amháin ón naoú lá is fichead de mhí Aibreáin go dtí an seachtú lá is fichead de mhí na Bealtaine 1916 toisc Éiri Amach na Cásca 1916.

Fáinne an Lae agus An Claidheamh Soluis

Ar an dara lá déag de mhí Eanair 1918, cuireadh *Fáinne an Lae agus An Claidheamh Soluis* mar theideal ar an nuachtán. Ba é Piaras Béasláí an t-eagarthóir nua ar an *CS* faoin am seo. San eagarfhocal a scríobh sé sa *CS* ar an dara lá déag de mhí Eanair rinne sé cur síos cuimsitheach ar stair an nuachtáin go dtí sin agus phléigh sé an méadú ar dhíol an nuachtáin ón am ar cuireadh breis Gaeilge ann.³³ Insíonn Piaras Béasláí dúinn fath athrú an teidil i mí na Nollag 1917:

Tiocfaidh an páipéar nuadh amach fé cheann coicíse eile. An tarna teideal a bhí ar an gClaidheamh Soluis .i. ‘Fáinne an Lae’ tabharfar mar phrímhtheidiol air as son amach. Is fearr de theidiol ‘Fáinne an Lae’ nó ‘An Claidheamh Soluis’ dar linn. Is fusa cuimhneamh air; is fusa do dhuine ná fuil an Ghaedhilg go ró-mhaith aige é rádh nó é sgríobhadh. Rud eile, ní mar a chéile an fhuaim a chuirtear ar an bhfocal ‘Claidheamh’sna Deiseachaibh i nIarthar Chúige Mumhan agus i nGaillimh. Ní bhíonn fhios age lucht foghluma na Gaedhilge cad ba cheart dóibh a rádh. Cuireann dealramh an fhocail eagla orthu.

‘Fáinne an Lae’

Maidir le ‘Fáinne an Lae’ is dóich linn go bhfuil sé an-oireamhnach mar theidiol fé láthair. Baineann an focal úd le teacht an tsoluis. Baineann sé le dóchus. Baineann sé le hóige, le fás is dul chun cinn. Baineann sé le breághthacht is le gliondar croidhe. Baineann sé leis an aimsir seo, aimsir go bhfuil dóchas is glionndar i gcroidhe na n-aos óg atá ar thaobh na Gaedhilge agus iad ag súil le ‘teacht an tsoluis’. (‘Seachtmhain na Nodlag – An Páipéar Nuadh’, *CS*, 29 Nollaig 1917, 1).

Ba thréimhse chorraitheach i stair na hÉireann í agus bhí brú mór ar nuachtáin ó Éirí Amach 1916 ar aghaidh go dtí bunú an Stáit i 1922. Cuireadh na nuachtáin Ghaelacha a raibh polasaithe i gcoinne rialtas an Chaisleáin acu as cló ag amanna áirithe i rith Chogadh na Saoirse. Ba thréimhse dheacair í fosta d’iriseoirí a bhí ag bailiú na nuachta.³⁴

Misneach

Tríd is tríd, bhí an iomarca constaí le sarú ag *FL agus CS* agus ar deireadh, cuireadh as cló é ar feadh tamaill bhig chomh maith lena lán nuachtán eile ar fud na tíre nár ghéill do thuairimíocht Chaisleán Bhaile Átha Cliath.

Ón bhfichiú lá de mhí Mheán Fómhair 1919 go dtí an dara lá is fichead de mhí na Samhna 1919, níor cuireadh *Fáinne an Lae agus An Claidheamh Soluis* i gcló agus nuair a foilsíodh arís é, bhí teideal nua ar an nuachtán. *Misneach* a bhí mar

theideal ar an bpáipéar nua agus mhair an teideal seo go dtí an chéad lá de mhí

Iúil 1922:

Ó chuir an leath-sgéal riaghaltais atá sa tír seo deire leis na páipéirí Gaedhealacha tá dhá mhí ó shin ann anois tá cús na teangan gan aon pháipéar nuachta. Do mhair *An Stoc* agus *An Lóchrann* agus *An Branar* tríd an anaithe i dtreo is nár fágadh an Ghaedhilg balbh ar fad ach tá a gcúram féin ar gach ceann acu – san ní áirmhímid gan iad a theacht amach ach uair sa mhí nó uair sa ráithe. Do mothuigheadh an t-easnamh, agus dá bhrí sin táimid ceapaithe ar pháipéar nua, MISNEACH, a thabhairt amach in aghaidh na seachtaíne agus gan a bheith de chúram air ach cús na Gaedhilge. ('Misneach', Eagarfhocal, *CS*, 22 Samhain 1922, 2).

D'éirigh go maith le *Misneach* nuair a chuirtear san áireamh gurbh í ceann de na tréimhsí ba chorraithí agus ba réabhlódí i stair na hÉireann í nuair a cuireadh i gcló é.

Fáinne an Lae agus An Claidheamh Soluis

Socraiodh ar an ainm a athrú go *Fáinne an Lae agus an Claidheamh Soluis* ar an ochtú lá de mhí Iúil 1922. Níl fáth ar leith leis an athrú an iarraighe seo ach tuigtear ó thuairisc bhliantíúil an pháipéir ag 'Coiste an Fhoillsighthe 1922' go raibh an páipéar i gcrúachas.³⁵ B'amhlaidh a bhí an scéal do nuachtáin na hÉireann i gcoitinne i 1922:

Trade was so bad the following year, 1922, that Irish printers agreed to a five shilling weekly reduction in their wages, which ranged as high as £4 7s 6d a week. (Oram, 1983, 148).

Ba léir gur ghoill staid na tíre go mór ar an *CS* i rith Chogadh na Saoirse agus tá tuairisci ar ruaigeanna creiche ar oifigí an *CS*, sa nuachtán féin ag deireadh na bliana 1920 agus ag túis na bliana 1921. Ar ndóigh, ba rud coitianta é tuairisci ar bhriseadh suas measíní clódóireachta sna nuachtáin Éireannacha sna blianta 1920 go 1922.³⁶ Tháinig buaic na ndeacrachtaí agus na gconstaicí a bhí le sárú i dtús mhí Lúnasa nuair a thit díolachán an *CS* ó dhá mhíle go míle cóip:

4. Thuit díol an pháipéir ó 2000 go dtí 1,000 i dtosach mí Lughnasa. An cogadh fé ndear é sin. Tá cuid mhaith de na fógróirí agus de na síntiúsaidhthe fé ghlasaibh. Tá tuairim is 1,300 cóip sa tseachtmhain fé láthair á ndíol.
5. Is deacair fógraí d'fhagháil d'aon pháipéar le leath – bhliain anuas. (NLI 9,811, CG, Coiste an Fhoillsighthe – Tuairisc ar *Fáinne an Lae*, 29.1.1923)

Le cur leis na fadhbanna a bhí acu ó thaobh riadaradh an pháipéir, bhí conspóid pholaitíochta ar siúl i measc na gConraitheoirí féin de bhrí go raibh cuid acu páirteach i gcúrsaí polaitíochta agus gur theastaigh ón gCoiste Gnó go dtuigfeadh an pobal nach ar son an Chonartha a bhí siad ag labhairt ach ar son a gcreidimh polaitíochta féin.³⁷ Ar deireadh, toisc na bhfadhbanna polaitíochta agus na ndeacrachtaí clódóireachta, socraíodh go bhfágfaí foilsíú an *CS* ar lár go dtí go dtiocfad feabhas ar chúrsaí polaitíochta na hÉireann. Siocair na tuairimíochta seo, níor cuireadh an *CS* i gcló ón séú lá is fíchead de mhí Lúnasa 1922 go dtí an ceathrú lá de mhí na Samhna:

Atáimuid ar fáil arís. Bhíomar inár dtost le tamall mar is eol d'ár lucht leichte. 'Sé an t-údar a bhí leis sin nach raibh an crónaire sásta le ball bán ar bith 'fhagháil a bhéarfadh le tuigsint d'fheara Fáil gur sgriosadh faice

dá raibh i ‘bhFáinne an Lae’ le linn an ama a raibh orainn an méid a sgríobhfaí fá’n gcoga a chur os a chomhair – agus nuair nach mhol furmhór a raibh ag cruinniú an Bhuan–Choiste 28.8.’22 gan an páipéar ‘fhoillsiú go mbeadh ‘aiteall’ann. Bhí fúinn é fhoillsiú arís gach seachtain le mí anuas ach bhí clódóirí agus máistrí ag fuagairt chatha ar a chéile fá chúrsaí páighe agus bhí eagla orainn go n-obfai do chló–bhuala ar bith a dhéana go ndéantai socrú eatorra. Ach cheana bhris ar an bhfoighid – bhíothas ag cur an sgéil ar an méir is fuide ó ló go ló – agus bhuaileamar faoi an tseachtain seo; agus leanfaimid orainn ag coimhlíona dualgas an Chonnartha, i.e. ag Gaedhlú agus ag saora na hÉireann ó ghalldachas agus Gall–smacht.

(‘Sinn Féin’, Eagarfhocal, *CS*, 4 Samhain 1922, 2).

Níor athraíodh teideal an *CS* arís go dtí an bhliain 1930, ach idir an dá linn tháinig athruithe tábhachtacha eile air. Seachtanán a bhí sa *CS* ón am inar thosaigh sé ar an ochtú lá déag de mhí Mhárta 1899 ach i rith na mblianta 1923 go 1926 ba mhó an cailteanas ná an brabús ar an bpáipéar seachtainiúil.³⁸

Pléadh ceist an *CS* mar mhíosachán ag cruinniú an Choiste Gnó ar an séú lá déag de mhí Iúil 1924 ach níor cuireadh an rún i gcrích go dtí mí an Mheithimh 1926. Ag cruinniú an Choiste Gnó ar an aonú lá déag de mhí Bealtaine 1926 rinneadh na socruite i gcomhair nuachtáin mhíosúil:

Do mhol Cú Uladh agus chuidigh an t-Athair Ó Muireadhaigh leis deire a chur le *Fáinne an Lae* gan mhoill.

Do thairg Leon Ó Broin (Cathal Ó Tuathail) leas – rún:

“Coiste a chur i mbun an pháipéir agus gan bainisteoir ná eagarthóir a bheith ann”

D’éisigh leis an leas–rún (14 – 8).

Do cureadh aguisín leis an leas–rún san:

‘ “*Fáinne an Lae*” a chur amach uair sa mhí’ agus do glacadh leis an aguisín – lámha ceithre duine déag i náirde, acht bhí daoine i láthair nár thug aon ghuth.

Do fágadh an scéal fé Róin C (Propaganda) agus do socruigheadh fógra miosa (.i. go deire an Mheithimh) a thabhairt do Sheán Ó Cuív Eagarthóir agus do Shéamas Ó Suíldubháin, Bainisteoir. Ar thairiscint Máire Ní Raghallaigh, Seán Ó hUadhaigh ag cuidiú léi, do socruigheadh Ísadóir Ó Dorchaidhe a bheith i mbun na leabhar cúntaisí (Clódhanna agus *Fáinne an Lae*). Duine den Choiste is eadh a bheidh ina Bhainisteoir ar *Fáinne an Lae*. (NLI 9,772, CG 11.5.1926).

Tháinig an *CS* amach mar mhíosachán ó mhí an Mheithimh 1926 go mí na Nollag 1930. Ba é seo an chéad uair go raibh ar an gCoiste Gnó eagarthóireacht agus bainisteoireacht an *CS* a dhéanamh ar bhonn deonach ó cuireadh túis le heagarthóirí le post tuarastail sa bhliain 1901 nuair a ceapadh Eoghan Ó Neachtain mar eagarthóir ar an *CS*. Bhí an fhianaise os a gcomhair go raibh an cath ba dheacra riamh le troid acu chun an *CS* a choinneáil i gcló.

An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae

Athraíodh an t-ainm uair amháin eile nuair a foilsíodh é faoin teideal *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae* i mí an Mheitheamh 1930. Níl móran fianaise a léiríonn go raibh bunús ar bith leis an athrú seo seachas go raibh eagarthóir nua (Maoghnas Ó Domhnaill) ceaptha ar tuarastal agus é ag tosú i mí Iúil 1930. An t-aon tagairt atá don athrú seo sa *CS* féin ná ‘Do socruigheadh go mbeadh *An Claidheamh Soluis* mar ainm ar pháipéar an Chonnartha feasta in ionad *Fáinne an Lae*’ (‘Comhdháil Chonnradh na Gaedhilge 22 adh agus 23adh Aibreán 1930’, *CS*, Bealtaine 1930, 2).

De réir tuairisce ó Aindrias Ó Muimhneacháin, ba í eagarthóireacht Shéamais Uí Ghrianna a ba chúis leis an athrú deireanach seo:³⁹

An Claidheamh Solais a bhí mar ainm ar pháipéar oifigiúil Chonradh na Gaeilge ó Mheitheamh 1930 amach – an t-ainm céanna úd a bhí ar an bpáipéar ar feadh sealaid i dtús na haoise – mar gur socraíodh ag Comhdháil 1930 gur mar sin a bheadh, d'aonghnó, de réir dealraimh, chun cibé olc a bhí curtha ar dhaoine ag *Fáinne an Lae*, faoi eagarthóireacht Mháire, a chur i ndearmad.

(Ó Muimhneacháin, 1974, 126).

Ón gcéad lá de mhí Eanair 1931 go dtí an t-ochtú lá is fichead de mhí Bealtaine 1932, cuireadh an *CS* i gcló mar sheachtanán. Ar an eagrán deireanach faoi scáth Chonradh na Gaeilge amháin, cuireadh fógra leath – leathanaih ar leathanach a dó sa pháipéar ag fogaírt dá phobal léitheoireachta go mbeadh iris nua á fhoillsiú i mí an Mheithimh darbh ainm *An Camán* :

An Camán
A foillseochtar i n-aghaidh na Seachtmhaine.
An chéad uimhir, Meitheamh a 16
Gach Diardaoin as san amach. Luach 6d.

An Camán
The Organ of Irish Ireland.
The official publication of a Joint Committee of Connradh
na Gaedhilge and Cumann Lúth-chleas Gaedheal.
You'll be surprised to hear who our new General Editor is!
and our G.A.A. Sub – Editor !
and you'll be delighted!
Full particulars will be published in the next and
last monthly issue of *An Camán*
Order your copy immediately.
(‘An Camán’, fógra, *CS*, 28.5.1932, Ich. 2)

Ní bheadh an iris nua faoi choimirce an Chonartha amháin – bheadh an Cumann Lúthchleas Gael agus Conradh na Gaeilge ag obair le chéile air as seo amach. Bhí ré nua ag teacht ach ní hionann sin agus a rá go mbeadh an fhorbairt nua seo ar leas iriseoireacht na Gaeilge.

*Caibidil a Dó :Forbairtí sa CS féin i dtréimhse
thosaigh an nuachtáin agus cúrsaí teanga sa
tréimhse Eanair 1899 – Márta 1903*

Sa chaibidil seo pléifear

1. na forbairtí a tháinig chun cinn i rith thréimhse thosaigh an *CS*.

Léireofar na deacrachartaí a bhí le sárú ag eagarthóirí agus bainisteoirí an *CS* – conspóid na bPan–Cheilteach agus conspóid oiléain Árann ina measc. Feicfear na ceachtanna a bhí le foghlaim ag an gCoiste Gnó ó thaobh cúrsaí airgid, clódóireachta, ciorcláiochta agus bolscaireachta de,
2. an ról a bhí ag an *CS* ag an am chun cúrsaí teanga a chur chun cinn, an dóigh ar pléadh staid na Gaeilge sa tsochaí ag túis na fichiú haoise, staid na Gaeilge i gcúrsaí oideachais, ról an *CS* i measc na nuachtán Éireannach agus an léargas a fhaightear ar theangacha eile sa *CS*.

2.1 Forbairt

2.1.1 Clódóirí, ciorcláiocht, cúrsai airgeadais

Ó mhí na Nollag 1898 ar aghaidh, ní raibh uirlis oifigiúil ag Conradh na Gaeilge. agus socraíodh go gcuirfí tuairisci sna nuachtáin *The Weekly Freeman*, *The*

Weekly Independent agus *The Weekly Nation*.¹ Ba léir gur shocrú sealadach a bhí i gceist leis seo mar uirlis bholscaireachta don Chonradh agus tosaíodh ar luacha a fháil ó chlódóirí éagsúla chun nuachtán na heagraiochta a bhunú. Glacadh le luach ón gcomhlacht ‘Messrs Falconer and Co.’ le John Falconer agus lean siad ar aghaidh mar chlódóirí d’uirlis oifigiúil an Chonartha i rith na mblianta tosaigh.²

B’iad na colúin rialta a bhí sa *CS* sna blianta tosaigh ná ‘Cúrsaidhe an tSaoghal : Éire; Thar Lear’ ar pléadh nuacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ann; ‘Oideachas’ ar cuireadh ceachtanna Gaeilge ar fáil ann; ‘Notes’ ‘Connradh na Gaedhilge’ ‘Items of News’ ar pléadh cursaí Chonradh na Gaeilge iontu; ‘Comhairle’ colún comhfhereagrais agus ‘Litriocht’ ar cuireadh dáonta, amhráin, scéalta agus léirmheasanna i gcló.³

Sula raibh leathbhliain curtha isteach ag an *CS*, ba léir go raibh caillteanas mór air:

It cost about £15 a week to produce and the weekly loss was from £8 to £10. The charges for printing in Dublin were notoriously excessive and, considering the amount of printing the League had to do, he would be inclined to advocate the forming of a limited company to start a small printing office. (NLI 9799, CG 8.6.1899)

Faoi dheireadh na bliana 1899, bhí an Coiste Gnó ag lorg clódóirí nua ach cé go bhfuair eadar luach níos lú ón ‘Wheelman Publishing Co.’, mhéadófaí an praghas do bheiris cóipeanna dá rachaidís leis an gcomhlacht seo agus mar sin socraíodh

ag an deireadh go bhfiafrófaí de John Falconer an laghdódh sé a phraghas.⁴ Ghlac

Falconers leis an laghdú:

Mr Archer reported that Mr Falconer had consented to reductions in his charge for An Claidheamh Soluis amounting to from 25/- to 30/- a week. It was ordered that the changes should be shown in a revised estimate. (NLI 9799, CG 12.12.1899)

Rinneadh dul chun cinn ar chúrsaí airgeadais i rith na bliana 1900 agus i dtuairisc Chonradh na Gaeilge 1899–1900, ba léir go raibh an Coiste Gnó sásta le ciorcláocht agus fógraíocht an CS.⁵ D’fhás ciorcláocht an CS ó thart fā 1,900 chóip go 2,700 chóip idir mí an Mheithimh 1900 go mí na Samhna 1900.⁶ Ach fós bhí caillteanas ar an bpáipéar agus ag túis na bliana 1901 tháinig ceist na clódóireachta aníos arís. Pléadh luach a fuarthas ón *Irish Catholic* ach ar deireadh d’han siad leis an bpraghais laghdaithe a thug Falconers dóibh. Cláraíodh ciorcláocht an CS mar thrí mhíle, dhá chéad cóip i mí Aibreáin na bliana 1901.⁷ Faoin am seo, bhí Eoin Mac Néill ag suíl le méadú ar an nuachtán ach de bhrí go raibh siad ag brath ar thuilleadh fógraíochta chun é seo a chur i bhfeidhm, socraíodh go méadófaí an páipéar de cheithre leathanach nuair a gheobhfaí dhá leathanach d’fhógraí.⁸ Cuireadh an méadú seo i bhfeidhm i mí Aibreáin agus i mí Iúil 1901:

At the date of the last report *An Claidheamh Soluis* consisted of sixteen pages, but owing to the increasing demands on its columns, it was found impossible in so limited a space to give satisfaction to all readers. Accordingly on the 27th of April, and again on the 23rd of July, the paper was enlarged by four pages on each occasion. (Annual Report of the Gaelic League, 1901 – 2,

and Proceedings of Ard-Fheis, 1902 with Summary of Accounts, Lists of Branches &c.).

B'fhadhb leanúnach í fadhb na clódóireachta agus is léir ó thuairisc an Bhainisteora i dTuairisc Bhliantúil Chonradh na Gaeilge 1901-2 go raibh géarghá le réiteach na faidhbe seo chun todhchai an *CS* a chinntiú.⁹ Dá leanfadh an costas ag an leibhéal seo, bheadh ar an gCoiste socruithe eile a dhéanamh faoi chlódóireacht an nuachtáin.

Ag túis na bliana 1902 rinneadh comparáid idir Falconers agus an *Irish Catholic* arís ach shíl Mr. Shanley, bainisteoir an *CS* go raibh an iomarca fiacha ar an *CS* le Falconers, chun plé ceart a dhéanamh ar an gceist. Socraíodh go gcuirfí £100 ar fáil do Shanley chun íoc as na fiacha i Falconers. Tugadh cead don bhainisteoir athrú ó Falconers i mí Márta 1902:

On the motion of Mr O' Neill seconded by Mr Mac Neill it was agreed that Mr Shanley be given permission to arrange for change from Falconers and that the printing of the Gaelic Journal be also taken from them. (NLI 9778, CG 4.3.1902).

D'aithin an Coiste Gnó le fada gur ghá dóibh comhlacht fhoilseacháin a bhunú a mbeadh curáram na nIrisí uirthi ach níor cuireadh an plean seo i gcrích go 1902.¹⁰ Rinne Uilliam Ua Seanlaoich (Bainisteoir an *CS*), cur síos ar staid na clódóireachta i rith na tréimhse 1902-tús 1903:

Owing to circumstances over which we had no control, the contract with our printers was likely to fall through. This would entail the necessity of approaching those who had on a previous

occasion quoted very high rates for printing ‘An Claidheamh’, which would add considerably to the expenses of the League. The difficulty was obviated by various members of the Organisation providing the necessary capital to start a printing works that would be in touch with the League; hence the formation of An Cló – Chumann, Ltd., who are now printing the journals. (Manager’s Report re ‘An Claidheamh Soluis’ agus ‘Irisleabhar na Gaedhilge’, Annual Report of the Gaelic League, 1902-3, Ich. 97)

Tháinig feabhas ar chiorcláiocht an *CS* ag túis na bliana 1903 agus méadaíodh ar ordúithe don chlódóir faoi fiche fán gcéad. Chomh maith leis sin, méadaíodh ar ioncam na bhfógraí ach ar deireadh níor leor an teacht isteach chun an *CS* a chur ar a bhoinn féin. Shocraigh a lán ball de Chonradh na Gaeilge ar a gcuid airgid féin a shuncáil san fheachtas seo, leithéidí Una Ní Fhaircheallaigh, Thomáis Bháin Uí Choncheanainn, Eoin Mhic Néill agus Dhubhglas de hÍde ina measc ach d’ainneoin na n-iarrachtaí seo, briseadh an chomhlacht ar an naoú lá de mhí na Bealtaine 1910.¹¹ Bhí an oiread sin deacrachtaí le sarú ag clódóireacht na Gaeilge i mBaile Átha Cliath gur chuir Eoin Mac Néill ceist na clódóireachta Gaeilge i dtithe clódóireachta i mBaile Átha Cliath i gcomparáid le clódóireacht na Gréigise. Ar ndóigh b’éigean d’Eoin Mac Néill ualach na bhfiach a iompar leis féin ar feadh sé bliana ar a laghad nuair a cuireadh iachall air freagrácht phearsanta rótharraingt an Chumainn a thabhairt air féin i 1908.¹² Níorbh eisean an t-aon duine amháin a chaill airgead air seo:

Badh í sin fréamh agus tosach an Chló-chumainn, agus cíd go ndearnamar ár ndíthcheall ní dóigh liom gur íoc an Claidheamh riamh as féin, ná Irisleabhar na Gaedhilge acht oiread. Bhímís i gcomhnuidhe ag cailleamhaint airgid orra. Agus maidir leis an gCló-chumann do chaill mé féin agus gach duine eile ‘ch uile phinginn do chuireamar ann! (De hÍde, 1938, (Dara cló), 124)

Ba é bunús na faidhbe i ndáiríre ná nár íoc an *CS* as féin riamh agus cé go raibh a lán fadhbanna le sárú go fóill agus go ndearnadh an-dul chun cinn i bhfoilsíú an *CS* i ré na hAthbheochana, ba nuachtán mionteangach é. Sa tuairisc ‘Linguistic Minorities in Countries belonging to the European Community’ a cuireadh i gcló sa Bheilg i 1986 moladh gur chóir ‘...financial and other assistance for the survival of locally distributed newspapers and periodicals using a minority language’ a sholáthar. Is léir ón bhfianaise os ár gcomhair i dtaobh an *CS* gurbh amhlaidh a bhí an scéal i gcás an *CS*. Bhí tacaíocht an Stáit riachtanach chun nuachtán mar seo a sholáthar do phobal na Gaeilge.

2.1.2 Riaradh an CS : Bainisteoirí agus Eagarthóirí

Ag cruinniú an Choiste Gnó ar an gceathrú lá is fiche de mhí Feabhra 1899 pléadh na socrutithe i gcomhair riaradh an pháipéir:

Mr Barrett moved, Mr O Donoghue seconded and it passed that Mr Keawell be appointed Manager of *An Claidheamh Soluis*. Mr Keawell moved, Mr Hayes seconded and it passed that Messrs. Casey, Archer and Moonan be appointed to assist in the management.

Mr Hogan moved, Mr Hayes seconded and it passed that Mr John Mc Neill be appointed editor of *An Claidheamh Soluis* and that Miss Borthwick and Mr O Donoghue be appointed to assist in the editing. [...] Mr Casey moved, Mr Hayes seconded and it passed that Mr Lloyd be added to the editorial Committee of *An Claidheamh Soluis*. (NLI 9800, CG 24.2.1899)

Ar mholadh Miss Borthwick agus Mr Lloyd, cuireadh Mr Keawell agus Miss O'Reilly ar choiste eagarthóireachta an *CS* ag deireadh mhí Feabhra.¹³ I mí an Mhárta socraíodh go gceapfaí cúntóir don bhainisteoireacht. Bheadh freagrácht na fógraíochta ar an gcúntóir seo.¹⁴ Is léir ó chruinnithe an Choiste Gnó ag an am seo go raibh an Coiste ar aon tuairim faoi na socrúithe ach gur chuir easpa cumarsáide isteach ar bhainisteoireacht an *CS* ó am go chéile.¹⁵

Faoi mar a luadh cheana, ba í an deacrácht a ba mhó a bhí le sarú acu ná costas na clódóireachta. Ach i mí Lúnasa 1899, bhí fadhb eile le réiteach nuair a d'éisigh P. J. Keawell as an gCoiste Gnó agus as a phost mar bhainisteoir ar an *CS*. Tá sé intuigthe ó nótaí an Choiste Gnó nár aontaigh sé leis an seasamh a ghlac Conradh na Gaeilge ar an gCumann Pan–Cheilteach, cé nach luitear go díreach gurbh í an chonspóid seo faoi deara dó fágáil.¹⁶

Conspóid na bPan–Cheilteach:

Cuireadh an Cumann Pan–Cheilteach ar bun ar an chéad lá de mhí an Mhárta 1888. Ainneoin na gcosúlachtaí idir fealsúnacht na bPan–Cheilteach agus Conradh na Gaeilge ar shlí amháin, ba léir ón túis gur chothaigh sé aighneas idir baill an Chonartha agus ba é príomhthoradh na conspóide ná gur tháinig ceist an tseicteachais chun cinn. Bhí baill an Chonartha scoilte in dhá leath ar cheist an phan-cheilteachais agus ba é P.J. Keawell – bainisteoir an *CS* an príomhghhníomhaí i gcoinne an chumainn:

The reasons for their lack of sympathy with the Pan – Celts were deep-rooted. The Pan–Celts were socially identified, in Ireland at least, with the aristocracy and the Dublin Castle circle: Lord Castletown was the main target for abuse in this respect. Besides their more cosmopolitan attitudes were seen as a threat to a purely Irish political stance. Keawell had, in O’Hickey’s words, an ‘unreasoning antipathy’ towards Fournier.

The Hyde – MacNeill position, on the other hand was conciliatory for largely diplomatic reasons. The Pan–Celts were by and large Protestant, and the leaders of the League were anxious to keep the movement apolitical and non–sectarian. (Edwards, 1990, 32)

Sa bhliain 1899 rinneadh iarracht ceangal a dhéanamh idir an Cumann agus Conradh na Gaeilge.¹⁷ Tugadh cuireadh do Dhubhglas de hÍde freastal ar choiste an chumainn Pan–Cheitigh nuair a thiocfadh an cumann go Baile Átha Cliath i 1900, ach tar éis dó comhairle a fháil ón gCoiste Gnó shocraigh sé go bhfanfadh sé taobh amuigh d’údarás an Chumainn cé go raibh sé ina bhall de.¹⁸ Thosaigh an chonspóid faoin gCumann Pan–Cheilteach sa CS leis an eagарfhocal ar an seachtú lá is fiche de mhí na Bealtaine 1899. Dúradh gurbh é Fournier d’Albe faoi deara a bhunú agus gurbh é Lord Castletown uachtarán an Chumainn. Tá blas searbhasach ar an bpíosa ach braitear méid na deistine agus na feirge a bhí ar údar an eagарfhocail féin faoin gceangal a rinne an Cumann Pan–Cheilteach le Conradh na Gaeilge, ann. Luaitear reiligiún agus teanga mar chúiseanna na ndifríochtaí idir an dá chumann. Ag an deireadh cuirtear drochmheas an scríbhneora ar an gCumann mar eagraíocht ar son na Gaeilge in iúl, nuair a luaitear ceithre dháinséar a bhaineann leis an eagraíocht seo ó thaobh athbheochan na Gaeilge de:

But apart from the humorous aspect of the Pan–Celtic Congress, the project has its serious dangers. [...] Its aims, insofar as they can be ascertained, are impracticable. It is absurd to talk of the “reunion of the Celtic nations”. There was no historical union between this country and Wales or between this country and Brittany. Welsh is not intelligible to Irish people. Wales and Ireland have developed on entirely divergent lines. For instance no two countries could well be farther apart in the matter of religion. Without community of religion or language there exists no such thing as innate racial sympathy. Of course there is sympathy because of their language question with both Wales and Brittany – so there is with the Provencals, the Flemings, the Finns, the Poles and the Czechs. [...] With the highlands, the case is different. There, the people speak our language. But there is already a great and growing intimacy between ourselves and the Highlands and this will develop naturally as the Irish Movement develops. [...] The Pan–Celtic Congress diverts attention from the real serious issue – the life or death of our own language and this at a most crucial time. It seeks moreover, to divert Irish money and Irish resources from this main issue, to be frittered in masquerading and banqueting and processioning. [...] Mr Fournier says this Congress proposal brings “vast and powerful forces to aid the struggling Gaelic language”. What are those forces? What aid do they bring? The Irish Language Movement has already the Catholic hierarchy and the Clergy, the colleges, the press, the parliamentary representation, the people’s councils, all the popular forces and the entire population in the Irish-speaking districts. [...] This Pan–Celtic Congress idea is a reversion to the Old bad tradition of seeking foreign aid instead of relying upon our own good selves. [...] The Gaelic League inculcates self-reliance and self-help. It teaches the Irish people that the future of the Irish language is in their own hands, that the language cannot be saved or destroyed by foreign influences. So far this teaching has been successful. (‘The Pan–Celtic Congress’, Eagarfhocal, **CS**, 27 Bealtaine 1899, 8 – 9, (168-169)).

Chríochnaigh an t-eagarfhocal a rá gurbh é an masla ba mheasa faoi, ná gur fáiltíodh roimh an gCumann san Acadamh Ríoga agus gurbh é an Dr. Atkinson, Ollamh le Sanskrit i gColáiste na Tríonóide a bhí go hiomlán i gcoinne ‘Celtic’ (Gaeilge) mar ábhar ar liosta na n-ábhar sa chóras Meánoideachais, a chuir fáilte rompu.

B'eagarfhocal an-ghéar é agus chuir sé isteach go mór ar Choiste an Chonartha agus ar ndóigh ar na tíortha a luadh san eagarfhocal.¹⁹

I mí Iúil socraíodh go rachadh Pádraig Mac Piarais chuig Eisteddfod na Breataine Bige mar theachta Chonradh na Gaeilge.²⁰ Bhí an Piarsach an-tógha leis an gCumann Pan-Cheilteach. Cuireadh fáilte mhór roimhe agus tugadh ardán cainte dó go minic i rith na Féile. Choinnigh agus chothaigh sé an tsuim a bhí aige ann ar feadh i bhfad ina dhiaidh sin cé gur tháinig conclúid leis an gconspóid go gearr tar éis a thurais go Eisteddfod.²¹

Tháinig buaic na conspóide i mí Lúnasa nuair a mhol an Piarsach go gceanglófaí Conradh na Gaeilge leis an gCumann Pan-Cheilteach. San Eagarfhocal ar an dara lá déag de mhí Lúnasa 1899 – ‘Irish Hospitality’, cáineadh go mór an smaoineamh gur chóir Gorsedd na mBard Breatnaise a thabhairt go hÉirinn. Ba léir as ar scríobhadh ann go raibh an scríbhneoir go hiomlán i gcoinne baint ar bith a bheith ag Conradh na Gaeilge leis an gCumann Pan-Cheilteach. Ba mhaslach agus ba bhinibeach an t-eagarfhocal é:

It is humorous to find Highlanders and Manx helping to invite the Gorsedd to Dublin. [...] How reckless those Pan-Celts show themselves of the National honour of Ireland and of her ancient repute for hospitality! [...] We have been fighting against anglicisation, we should fight as determinedly against institutions unsuited to the conditions and temperament and the needs of the Irish people. (‘Irish Hospitality’, Eagarfhocal, CS 12 Lúnasa 1899, lch. 8 (344)).

Foilsíodh litir ó Mr W. J. Balfé, rúnaí Chraobh an Chonartha i Nua Eabhrac ag tacú le dearcadh scríbhneoir an Eagarfhocail agus dúirt sé nach raibh sé i gcoinne an Chumainn, ach go raibh sé amhrasach faoi ‘Athbheochan Cheilteach’:

The issue must not be clouded; this is an Irish National Movement, whose sole object is that the past shall not all be lost, and that an Irish Nation be recreated on the soil of Ireland, and as such it has nothing to do with the somewhat vague and shadowy thing called the ‘Celtic Revival’. We here rightly object to this new fangled thing of ‘race patriotism’ which has sprung up in America, which seeks to obliterate national lines and take in its scope all ‘Anglo-Saxons’ – all the “English-speaking peoples” – and this kind of patriotism is no more logical among the Celts than among the so-called Anglo-Saxons, if as much so at all.
('The Pan-Celtic Congress. What Irish America thinks of it' – ón *Irish World* i Nua Eabhrac, *CS* 12 Lúnasa 1899, 12 (348)).

San eagrán céanna, cuireadh “The Pan-Celtic Congress and the Welsh Gorsedd – Pan – Celtic Jottings” i gcló. Cáineadh go mór imeachtaí na Comhdhála agus críochnáiodh le tuairisc ar cholún san *Irish Times* a rinne gearán ar dhearcadh an Chonartha ar an bPan-Cheilteachas.²²

Ba ag an gcruiinniú den Choiste Gnó tar éis an eagráin seo a d'éirigh P.J. Keawell as a phost. Sa chéad eagrán eile den *CS* ar an naoú lá déag de mhí Lúnasa 1899 foilsíodh leithscéal faoi mheon agus ábhar an eagарfhocail agus na n-alt eile:

That this Committee, having considered the Leading Article and “Notes” in last week’s issue of An Claidheamh Soluis on the question of Pan-Celticism, desire to express regret at their publication while the question was under the consideration of the Committee. ('The Pan-Celtic Congress', *CS* 19 Lúnasa 1899, 8 (360)).

Ag cruinniú an Choiste Gnó ar an ochtú lá is fiche de mhí Lúnasa 1899, socraíodh go bhfanfadh Conradh na Gaeilge taobh amuigh den Chumann Pan-Cheilteach ach go mbeadh baill an Chonartha saor páirt a ghlaacadh ann mura gcuirfeadh a mballraíocht isteach ar obair na gluaiseachta Gaeilge.²³ Cuireadh moltaí an Choiste Gnó i gcló mar Eagarfhocal sa *CS* sa chéad eagrán eile. Bhí sé phointe ann agus chríochnaigh sé mar seo:

5. We consider that the agitation of this question, favourably or unfavourably, within the League is hurtful to the progress and solidarity of the Language Movement, and destructive of the concentration necessary to attain the objects of the Movement.
 6. We desire to maintain the fullest and most cordial friendship between the language movements in Ireland and in other countries that have retained their Celtic speech.
- (‘The Gaelic League and the Pan–Celtic Movement’ *CS* 2 Meán Fómhair 1899, Ich. 8 (392)).

Pléadh toradh na conspóide uair amháin eile sa bhliain 1899 i ‘Notes’ agus i ‘gConradh na Gaedhilge’ agus in eagarfhocal agus ‘Notes’ i 1901 ach ní dearnadh tagairtí diúltacha arís don Chumann Pan–Cheilteach i rith tréimhse eagarthóireachta Eoin Mhic Néill.²⁴ Sna tuairisci i 1901 braitear malairt tuairime ar fad. Admhaítéar fiúntas an Chumainn agus an dul chun cinn atá déanta acu ó thaobh iriseoireachta agus litríochta de. Tá dearcadh difriúil ar fad ann agus léitear tuairisci fabhracha, moltacha ann.

Ní raibh an chonspóid seo gan taismigh áfach agus dá barr b’éigean don Choiste Gnó bainisteoir nua agus ball nua do choiste eagarthóireachta an *CS* a thoghadh. Ba í Miss O'Reilly an duine eile a d'éirigh as an gcoiste eagarthóireachta de

bharr na conspóide seo. Ba scoilt í a léirigh an fiorghá le polasaí aontaithe, cothrom, comhionann i gcúrsaí riarthá agus i bhfealsúnacht eagarthóireachta an pháipéir. Ba é seo an chéad uair a tháinig ceist an tseicteachais chun cinn sa *CS* ach níorbh í an ócáid deireanach a chloisfí an téarma seo sa nuachtán. Déanann Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú tagairt don ‘eite’ seo den Chonradh i m*Beatháisnéis a Cúig* (1997) i gcomhthéacs bheatháisnéis Mháiréad Uí Raghallaigh:

Tá sé intuigthe b`fhéidir óna cairdeas le P.J.Keawell [q.v.] agus Norma Borthwick gur bhain sí leis an eite bheag nár ghlac go hiomlán le polasaí neamhsheicteach an Chonartha. Nuair a fuair *An Claidheamh Soluis* mar locht ar thréadlitir an Chairdinéil Ó Maolmhaodhóg gur mó a bhí le rá aige i dtaobh tíortha thar lear ná i dtaobh na hÉireann theastaigh uaithi go ngabhfaidís a leithscéal leis. (lch. 223).

2.1.3 Bainisteoir agus Eagarthóir nua:

Toghadh bainisteoir nua ag Cruinniú an Choiste Gnó ar an gceathrú lá is fiche de mhí Dheireadh Fómhair 1899.²⁵ Ba é Mr Archer an bainisteoir nua agus bhí sé i mbun an *CS* go dtí mí Iúil 1901 nuair a d’imigh sé go Gloucester.²⁶

Ceapadh bainisteoir sealadach i mí Iúil 1901 go dtí go gceapfaí bainisteoir buan.²⁷ Chuir thart fá seacht nduine dhéag isteach ar an bpost agus socraíodh go dtabharfaí túsaíte d’iarrthóir a raibh eolas aige ar an nGaeilge dá mbeadh gach cáilíocht eile ar chomhchéim.²⁸ Ar deireadh ceapadh Uilliam Ua Seanlaoich mar bhainisteoir ar an bpáipéar don chéad lá de mhí na Samhna:

After some discussion it was resolved and unanimously on the motion of Rev. Dr. Hickey seconded by Mr. Moonan “to appoint Mr Shanley from 1ST Novr. till 1st June when the question of permanent engagement would be considered. Salary £50 yearly and 10 per cent on gross receipts for adverts a minimum of £100 yearly being guaranteed. Mr Shanley to devote all his time to the interests of the journals. (NLI 9799 –9800, CG, 29.10.1901)

Ba é Uilliam Ua Seanlaoich a bhí i mbun an *CS* i rith tréimhse eagarthóireachta Eoghan Uí Neachtain mar d’éirigh Eoin Mac Néill as an eagarthóireacht i mí Mheán Fómhair 1901 de bharr éilimh eile ama. Chlis sláinte Eoin Mhic Néill air ag túis na bliana 1899 nuair a thosaigh sé ar a thréimhse eagarthóireachta agus is dócha faoin am seo gur thuig sé go raibh sé in am dó aire a thabhairt dó féin agus cúram na heagarthóireachta a fhágáil faoi dhuine eile.²⁹

Ba léir faoin am seo go raibh sé ró-dheacair an páipéar a chur chun cinn gan eagarthóir lán-aimseartha le tuarastal agus mhol Eoin Mac Neill go bhfostófaí eagarthóir lánaimseartha ar tuarastal ar an *CS* as seo amach.³⁰ Thosaigh Eoghan Ó Neachtain i mí Dheireadh Fómhair 1901.³¹

Léirigh sé ina thuairisc eagarthóra ag an Ard-Fheis i 1902 gurbh é a phíomhaidhm mar eagarthóir ar uirlis oifigiúil an Chonartha ná cur chun cinn na Gaeilge agus go gcuirfeadh sé in iúl do na daoine a bhí faillitheach sa ghné seo dár n-oidhreacht go raibh éagóir á dhéanamh acu ar an tís féin:

Sí an tslighe imtheachta do leanas insan mBéarla, chomh maith agus d’fhéad mé, do réir an dearbhughadh do chuir an Coisde

Gnótha amach fā Shamhain seo chuaidh tharainn. Níor leanas i gcomhnuidhe é, ámh, acht rinneas iarracht ar a chur i n-umhail do dhaoinibh do bhí déanamh na héagcórá ar an tir. Dá n-innseochaidhe dhóibh go ciúin macánta é, ní bheadh éan áird ar ghlór an Chlaidhimh, acht nuair cuireadh an faillighe i gcionn, níor bh'fhéidir le daoinibh a gcuirfidhe cionnta ina leith gan áird do tabhairt air, & seasamh ar a gcoimeád. Gach is ar cuireadh do chionntaibh i leith dhaoine ó am go ham thuilleadar é do réir mo bharamhala-sa, agus munar thuill níor heiteadh éinneach fós fā áit le teasbáint go ndearna éagcóir air, nuair do bhí a chuid cainnte ráidhte gan masladh. ('Reports re *An Claidheamh Soluis agus Irisleabhar na Gaedhilge*, Annual Report of the Gaelic League, 1901 –2, Ich. 53).

Bhí impleachtaí na haidhme seo i bhfad níos dáinséaraí agus níos doimhne ná mar a thuig Eoghan Ó Neachtain agus é ag tosú ar a ré eagarthóireachta. Cé go ndearna sé a dhícheall mar eagarthóir, ní raibh baill an Choiste Gnó sásta le caighdeán iriseoireachta ná eagarthóireachta an CS agus é ina bhun:

Ní mó ná sásta a bhíothas le hEoghan Ó Neachtain, cainteoir dúchais ón bPáirc gar don Spidéal a bhí ina aithriseoir cumasach mar is léir in *Únága le Ridgewell Cullum agus Irisleabhar Príosúin Sheáin Mhistéil*. Bhíothas á cháineadh go géar agus bhí an tAthair Peadar Ua Laoghaire go nimhneach ar fad ina aghaidh. Chonacthas do lucht a cháinte é a bheith lag mar Eagarthóir. Arsa Mícheál Ó hIceadha i litir chuig Eoin Mac Néill:

*What on earth is to be done with Ó Neachtáin?
Such an awful exhibition of vacillation, of
alternative strength and weakness, finally ending in
utter imbecility and making the League a laughing
- stock before all men, has never before been seen.
[...] I am in utter despair about the Claidheamh[...]*

(Mac Aonghusa, 69 – 70).

Tháinig míshástacht an Choiste chun cinn ag deireadh mhí na Samhna 1902 nuair a rinne Ó Neachtain an botún polaitíochta a ba thábhachtaí dó agus é ina eagarthóir ar uirlis oifigiúil an Chonartha.

Conspóid Oileáin Árann

Sa bhliain 1901, pléadh cur chun cinn na Gaeilge ar Oileáin Árann i gcolúin an *CS* agus chuir Eoghan Ó Neachtain in iúl go raibh sé míshásta leis an obair a bhí á déanamh ag sagairt na n-oileán ar son na Gaeilge. Ar an gceathrú lá déag de mhí na Nollag 1901, cuireadh litir i gcló a scríobh Father White ó Oileán Arainn chuig craobh an Chonartha in Acaill ag iarraidh a dhearcadh ar son na teanga a chosaint. Léirigh sé doimhne a mhíshástachta le huirlis oifigiúil an Chonartha agus d'fhreagair Eoghan Ó Neachtain an litir mar seo:

If the only price to be paid for ending an unhappy situation in the Aran Islands is a couple of abusive adjectives flung at the *CS*, we may all rest satisfied. Our columns are open to Father White to point out any inaccuracy in our statements. We do not think Father White is a hypocrite. Therefore when he accepts the tribute of an expression of faith in his devotion to the Irish Language from a Gaelic League Branch, when he resents an article accusing him of shortcomings towards his language, when he endorses the thoroughly national programme of the *Leader*, when he says that the interests of our mother tongue should be dear to all Irishmen – we do not doubt his sincerity, and we expect to see the proof of that sincerity manifested not on paper alone but in word and deed. His letter to the Monastery Branch is best taken as a pledge and test of his future intentions. Personal quarrel with him we have none. Such action as we have taken is the bitterest part of our duty. If Father White acts up to his principles, we shall gladly record his action to his credit. ('Letter from Father White', *CS*, 14.12.1901, Ich. 4).

Sa chéad eagrán eile, foilsíodh litir ó Father Farragher ó Oileán Arainn ag tacú le Father White agus a rá gur chreid sé go mór i gcur chun cinn na Gaeilge ach nár bhí ionann sin is a rá nár chóir do chainteoirí Gaeilge Béarla a fhoghlaim fostá. D'admhaigh Ó Neachtain gur thuig sé go ndearna an sagart a dhícheall ar son

oideachais dátheangaigh ach nár bhí fhiú oideachas a chur ar dhaoine óga agus cainteoirí dúchais a ligint thar sáile.³² Pléadh ábhar an *CS* i gcomhthéacs na conspóide an tseachtain dár gcionn agus fágadh mar sin é go ceann bliana.³³

Tuigeadh as a raibh scríofa sa *CS* go raibh deireadh leis ach ní raibh ann ach tú an deiridh d'Eoghan Ó Neachtain. Scríobh Father Farragher litir fhreagartha chuig an *CS* i mí na Nollag 1901 agus nuair nár cuireadh i gcló í, thug Father Farragher cuairt ar oifigí an Chonartha i mí Feabhra agus é i mBaile Átha Cliath. Samhlaíodh dó nach raibh an t-eagarthóir sásta labhairt leis agus thug sé an litir chuig an *Freeman*, áit a raibh siad sásta an comhfhereagras a fhoilsiú.³⁴ Nuair a thosaigh an chonspóid arís i mí Dheireadh Fómhair 1902, sheol Father Farragher litir chuig an *CS* ag insint a thaoibhе den scéal. Chríochnaigh sé a litir mar seo:

In the concluding sentence of your article you say I knew Father White was ‘justifiably’ charged. I fling the insult back with scorn, and tell you it is false – absolutely and entirely – nor do I know or believe it now. Your readers can now see for themselves the genuineness or otherwise of the avowed displeasure with which you have ‘to contradict or criticise him.’ I claim no immunity from just and honest criticism; but I do protest against gross misrepresentation, and false and unfounded statements, couched in such language as has been indulged in in the columns of ‘An Claidheamh Soluis’.

Yours etc.,
Murtagh Farragher, P.P.
St Enda's, Aran Isles, Galway, 18th October 1902.
(‘Comhairle’, *CS*, 25.10.1902, lch. 554)

Dá dhonacht an chonspóid ag deireadh 1901, ba ghéire ar fad anois é de bhrí go raibh imeachtaí an tSamhraíd faoi aeríocht an oileáin fite fuaite leis an bpriomhchonspóid.

I mí Lúnasa 1902, socraíodh go gcuirfí ‘aeridheacht’ ar siúl ar oileáin Árann chun spreagadh a thabhairt do Ghluaiseacht na Teanga ar an oileán. Thug Father Farragher cead go rachadh an ‘aeridheacht’ ar aghaidh ach níor tugadh cead do mhúinteoirí an oileáin a dhul ann.

Ba chomhtharlú é go raibh an tAthair Mícheál Ó hIceadha ag teacht ar cuairt chuig an oileán ag an am céanna. Mar a ba ghnách do shagart ar cuairt chuig na hoileáin, scríobh an Dochtúir Ó hIceadha chuig Father Farragher nuair a shroich sé Inis Meáin, ag iarraidh cead uaidh aifreann a léamh ar an oileán fhad is a bheadh sé ann. Níl sé soiléir an bhfuair an sagart an t-iarratas ach ní raibh teagmháil eatarthu agus b’eilgean don Athair Ó hIceadha freastal ar aifreann mar ghnáthdhuine agus é ag stopadh ar Inis Meáin. Ar ndóigh b’ábhar eaglasta é seo agus ní raibh baint ar bith aige le Conradh na Gaeilge. D’admhaigh eagarthóir an CS gurbh amhlaidh a bhí an cás ach tuigeadh do lucht na conspóide go ndearnadh an gníomh fealltach seo mar mhasla i gcoinne an Chonartha:

Again and again, Dr O’ Hickey, according to our information, was heard at the time to state that he knew of no reason Father Farragher could have had for his action except the articles criticising Father White, which appeared in our columns, and Father Farragher’s general antipathy to the Gaelic League. He stated that he had never had any personal difference with Fr. Farragher, and that, since his previous visit to Aran two years before, no communication had passed between them, and that furthermore, he believed Father Farragher’s action, from an ecclesiastical point of view, to be wholly indefensible.

We are informed also that during his previous lengthy visits to Aran Dr O’ Hickey, not merely said mass, but at the request of the parish priest and in virtue of authority received from the Arch bishop of Tuam, performed all the other functions of the ministry; that , in fact, he, for several weeks, relieved the local clergy of all duty in Inishmaan. This makes Father Farragher’s treatment of

him all the more incomprehensible – in view, especially of the fact that he was, we understand, quite aware before his arrival that Dr O' Hickey had never seen our articles until their publication. ('Father Farragher, The Gaelic League and Ourselves', *CS*, 1.11.1902, Ich. 566).

Scriobh Agnes O' Farrelly agus Edith Drury, an bheirt a lorg cead don aeridheacht, tuairisc ar ar tharla in Inis Meáin san eagrán seo fosta. Is léir ón bpíosa gur chreid siad gur imigh Father Farragher thar fóir leis an drochíd a tugadh don Athair Ó hIceadha.³⁵ Chuir sé seo go mór le géire an aighnis sa *CS*. D'fhreagair Father Farragher an píosa an tseachtain dár gcionn ach ba nimhní ar fad an freagra a fuair sé ón eagarthóir.³⁶

Níor aontaigh an t-Athair Mícheál Ó hIceadha leis an tuairmíocht a léiríodh sa nuachtán ar chor ar bith.³⁷ Ar deireadh, socraíodh go n-iarrfaí ar Ard -Easpag na Gaillimhe – an Dochtúir Mac Cormaic, a bheith mar idirghabhálaí idir an dá pháirtí. Is léir nár thuig Eoghan Ó Neachtain doimhneacht feirge Uí hIceadha, áfach, mar, ar an gcuígiú lá déag de mhí na Samhna, cé gur foilsíodh litir ó Father Farragher ag tacú le socrú an Choiste Gnó agus ag moladh go mbeadh Dubhglas de híde páirteach san idirghabháil fosta, cuireadh alt i gcló san eagrán céanna ag cur le cáineadh Father Farragher. Chríochnaigh an t-alt a rá nár chuir an *CS* i leith Father Farragher gur 'shoneen priest' a bhí ann ach 'A shoneen is a shoneen, be he what he may.' ('The Aran Controversy', *CS*, 15.11.1902, Ich. 600). Cé nach féidir a rá gur tháinig an scribhneoir amach lom díreach le 'shoneen' a chur ar Father Farragher, is cinnte go mbraitear an fo-shruth ar an bpíosa. Ba é buille na tubaiste ó thoabh míshástacht Uí hIceadha le

heagarthóireacht Uí Neachtain ná foilsíú an ailt seo ‘The Aran Controversy’ sa

CS ar an gcúigiú lá déag de mhí na Samhna 1902:

Father Farragher resents our statement that he and not we are responsible for the renewal of the controversy. His attempt to get rid of this responsibility is a mere quibble. The controversy was re-opened, not when our contributor ‘Ua’, referred in our columns to Father Farragher’s prohibition to his teachers to attend the Connaught Feis, and to his treatment of Dr O’Hickey, but when Father Farragher, in Aran, declared war on the Gaelic League in the person of its Vice-President. Last week we said that, as far as could be ascertained, Father Farragher’s action was inspired solely by his antipathy to the Gaelic League. He has not denied this; and, until it is shown that he had some other reason or reasons for acting as he did, it is but bare justice to assume that no other existed.

(‘The Aran Controversy’, *CS*, 15.11.1902, 599)

San eagrán céanna, ag bun na litreach a scriobh Father Farragher, bhí fo-nóta scríofa ag an eagarthóir a rá go raibh sé socraitheanois gur chóir deireadh a chur leis an gconspóid de bhrí go raibh sé curtha in iúl ag Father Farragher anois go raibh sé sásta le socrú na headrána:

[In view of Father Farragher’s letter this controversy must for the present cease. The Coisde Gnótha must consider his letter and decide whether, on behalf of the Gaelic League, they are to accept the principle of arbitration or not, and in case they do accept it, consider what exactly should be referred to arbitration – Fear an Chlaidhimh] (‘Comhairle’, *CS*, 15 Samhain 1902, Ich. 603).

Ba chóir go mbeadh an chonspóid réitithe faoin am seo ach toisc gur cuireadh an t-alt ‘The Aran Controversy’ i gcló d’ainneoin dea-thoil Father Farragher comhoibriú le coiste eadrána, ba léir go ndeachaigh Eoghan Ó Neachtain thar fóir

lena pholasáí ar dhaoine a cheap sé go raibh fáillí á déanamh acu i gcur chun cinn na Gaeilge. Bhí náire ar Ó hIceadha faoi chlaonadh an ailt tar éis do Father Farragher iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach agus ar an dara lá is fiche de mhí na Samhna 1902 foilsíodh leithscéal ina thaobh. B’shin deireadh na conspóide i gcolúin an CS ach bheadh a torthaí fós le feiceáil i gcás eagarthóireacht Eoghain Uí Neachtain.³⁸

Socraíodh ag cruiniú an Choiste Gnó go gcuirfí Eoghan Ó Neachtain ar thriail dhá mhí ach thuig sé féin cad a bhí i ndán dó agus sular cuireadh as a phost é d’éirigh sé as.³⁹

Cé gurbh é buille na tubaiste a bhí san eachtra seo d’Ó Neachtain, léiríonn an fhianaise atá ar fáil ar a chumas eagarthóireachta nach ró-shásta a bhí an Coiste Gnó ná conraitheoirí áirithe eile leis an gcaighdeán eagarthóireachta a bhí aige:⁴⁰

A Galway man and a fine native speaker of Irish, Ó Neachtain had been active in the League’s work in the West since 1893. Unfortunately he did not possess the rather special qualities required of the editor of such a journal, and in 1903 he had to resign. (Tierney, 1980, 73).

Ba é Pádraig Mac Piarais an t-eagarthóir a tháinig ina dhiaidh:

Mr Eoghan Ó Neachtain, having in February 1903, given notice of his intention to resign his position as Editor of ‘An Claidheamh Soluis’, it became the duty of An Coisde to proceed to the appointment of a new Editor. Applications were invited, and four candidates came forward for the position. The responsible task of selecting the most suitable candidate was carried out by the Coisde with the greatest possible care and with the best judgement at their command. After the most exhaustive investigation and the fullest consideration, the choice of an Coisde fell on Mr P.H.Pearse, B.A., B.L., who had for three years acted as Hon. Sec. to the Publication Committee, and who took up his duty as Editor of An

Claidheamh on the 10th March 1903. (Annual Report of the Gaelic League 1902 –3 and Proceedings of Ard-Fheis 1903, Ich. 12).

D'fhan Pádraig Mac Piarais mar eagarthóir ar an CS ar feadh breis agus sé bliana agus rinneadh an-dul chun cinn le linn a thréimhse eagarthóireachta.⁴¹

2.2. Cúrsaí Teanga agus feidhm bholscaireachta an CS

2.2.1 Staid na Gaeilge nuair a cuireadh an CS ar bun:

Feidhm scolártha a samhlaíodh leis an nGaeilge ag deireadh an ochtú haois déag agus ag túis an naoú haois déag. Roimhe sin, sa seachtú haois déag, le teacht Chromaill, le cur i bhfeidhm na bpéindlithe (1685-1760c.) agus le tionchar chogadh Napoleon ar an Mór-Roinn, ar Shasana agus ar Éirinn, ba thruamhéileach í staid na hÉireann ag túis an ochtú haois déag.⁴² Sa bhliain 1787, bhí díospóireacht mhór idir Caitlicigh, Preispitéirigh, Protastúnaigh ar úsáid na Gaeilge, tar éis do Richard Woodward, Déan Protastúnach Chluain, an cheist a ardú i bpaimfléad. Níor baineadh mórán úsáide as an nGaeilge i réabhlóid 1798 agus ghlac a lán ceannairí polaitíochta leis, Domhnall Ó Conaill ina measc, go raibh todhchaí na hÉireann ag brath ar an mBéalra. Ar ndóigh cuirtear i leith Uí Chonaill go ndearna sé an–dochar don Ghaeilge lena dhearcadh ar an mBéalra mar uirlis saoirse do mhuintir na hÉireann. Ba mhór a thionchar ar thiontóntaí na tíre nár leo an talamh agus ba í an aicme seo go príomha a raibh an Ghaeilge mar theanga chumarsáide aici.⁴³

Is dócha gur mhó an tionchar a bhí ag an nGorta agus ag an gcóras oideachais ar chúrsaí teanga sa naoú haois déag ná mar a bhí ag Ó Conaill ach tríd is tríd, mar

atá léirithe ag staraithe, níor tugadh seans dearfach, réadúil don Ghaeilge a theacht chuici fén go deireadh an naoú haois déag agus go túis na fichiú haoise.⁴⁴

Ní fios cathain go díreach a shocraigh formhór mhuintir oirtheann gur mhó an tairbhe dóibh an Béarla a bheith acu ná an Ghaeilge ach ag túis an naoú haois déag ba é an Béarla príomhtheanga Laighean. Faoi 1850, ní raibh mórán áiteanna in oirtheann na hÉireann a raibh Gaeilge á labhairt iontu agus na háiteanna ar mhair an Ghaeilge iontu, mhair sí go dtí 1940 agus níos faide.⁴⁵

Cé gurb é daonáireamh 1851, an chéad daonáireamh a ndearnadh iarracht líon na gcainteoirí Gaeilge a ríomh ann, ní féidir glacadh leis na huimhreacha mar fhíricí ionlána ar labhairt na teanga. Roimh 1881 cuireadh ceisteanna faoi labhairt na Gaeilge i bhfoirm fho-nóta agus tuigtear gur thug daoine neamháird air ach ó 1881 ar aghaidh ba chuid ann fén den fhoirm é. Sa daonáireamh deireanach (1891) sular bunaíodh Conradh na Gaedhilge i 1893, ní raibh ach 0.8% (20,953) de dhaonra na hÉireann ag labhairt na Gaeilge mar phríomhtheanga agus ní raibh ach 14.5% (680,174) den daonra in ann Gaeilge a labhairt:⁴⁶

The general and overwhelmingly downward trend of the statistics of the Irish Language was manifest and unquestionable. Any idea of a major revival in its fortunes can have seemed only a little more fanciful than a suggestion that it might outlive the coming century. The writer of the 1871 census report (part 3: 190) was sure about this:

The disappearance of this ancient member of the Celtic family of tongues from living speech may be somewhat delayed or somewhat accelerated by circumstances beyond calculation or conjecture, but there can be no error in the belief that within

relatively a few years [sic] Irish will have taken its place among the languages that have ceased to exist. [...]

The caveat was wise and allowed for the advent of the Gaelic League as a major retarding and reviving force.
(Hindley, 1990, 20).

Ó 1851 go 1901 laghdaíodh ar líon na gcainteoirí a raibh Gaeilge acu agus ar líon na gcainteoirí nár labhair ach an Ghaeilge ó 23.3% go 14.4% (1,524,286 i 1851 go 641,142 i 1901). Laghdaíodh ar líon na gcainteoirí Gaeilge nár labhair ach an Ghaeilge ó 4.9 % i 1851 go 0.5% i 1901. (319,602 i 1851 go 20,953 i 1901). Ba ríleáir do Chonradh na Gaeilge an cath a bhí le troid acu ionas go n-athbheoidís an Ghaeilge. I mí an Mhárta 1901 pléadh an daonáireamh sa *CS* agus iarradh ar Ghaeilgeoirí na tíre agus ar éinne a bhí ag foghlaim na Gaeilge an fhoirm a líonadh isteach i gceart agus a ceart a thabhairt don Ghaeilge.⁴⁷ Pléadh torthaí an daonáirimh i ‘Notes’ sa *CS* ar an dara lá de mhí Lúnasa 1902 agus braitear an diomá i dtaobh na dtorthaí agus easpa muiníne an scríbhneora as an gcóras ar an sliocht:

The Census figures, so far as they relate to the language are not very interesting. Figures, in the hands of a skilful manipulator, can be made to prove almost anything. The number of those who speak Irish only is returned as 20,953 and the number of those who speak English and Irish is 620,189. In Munster and Connacht, the decrease on the number of those who know Irish and English is 45,927; and the increase in Leinster and Ulster of the number of those who know both languages is 21,764. The total number of emigrants during the period tots up to 430,993 and what with the immigration of Anglo-Germans and Anglo-Scotch men, Irish society is becoming so complex that the mere native has to fight a hard battle in order to establish his individuality. (‘Notes’, *CS*, 2.8.1902, Ich. 359).

Ó 1926 ar aghaidh cuireadh sé chontae is fiche san áireamh sa daonáireamh, roimhe sin bhí dhá chontae is tríocha i gceist. I 1926 feictear méadú mór ar líon na gcainteoirí Gaeilge. I 1926 bhí 19.3% (540,802 as 2,802,452) de dhaonra na hÉireann ag labhairt Gaeilge (cé nach ndéantar idirdhealú idir cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí) agus i 1936 bhí 23.7% (666,601 as 2,806,925) á labhairt.⁴⁸ Feictear go soiléir tionchar ré na hAthbheochana ar dhul chun cinn na Gaeilge cé go raibh amhras mór faoin teanga ag deireadh an naoú haois déag.

Ba i gcomhthéacs na hAthbheochana seo a cuireadh an *CS* ar bun. Bheadh ar scribhneoirí, eagarthóirí agus bainisteoirí an *CS* géarchéim labhairt na teanga a chur ina luí ar a léitheoirí. Rinneadh an-iarracht daoine a raibh Gaeilge acu a mhealladh chun Gaeilge a mhúineadh do dhaoine eile agus luach na Gaeilge a roinnt leis an nglúin a bhí le teacht. Cuireadh béis ar leith ar luach Ghaeilge bheo na seandaoine, mar shampla:⁴⁹

Do not let the Irish of the old folks die with them. [...] These old people possess priceless jewels of language that will not be found in any book, and the value of which, if only found in books or writings, can never be rightly understood. Moreover the language that is learned by the eye is never living. A living language is learned by ear alone. What we want to preserve is not a mere vocabulary of Irish to be put together anyhow, such Irish will always be more English than Irish. We want to preserve the speech and mode of thought of our forefathers and to understand it as they understood it, and this can only be done by making the old Irish – speaking men and women hand over to us their beautiful, expressive and dignified modes of speech. ('A Few words in season', Eagarfhocal, *CS*, 18.11.1899, Ich.7(567).

Ag túis ré eagarthóireachta Eoin Mhic Néill, ba léir gur tuigeadh go hiomlán príomhfheidhm uirlis oifigiúil Chonradh na Gaeilge. Ba í eochair na

hAthbheochana Gaeilge labhairt na Gaeilge. Tuigeadh do lucht an Chonartha gur beatha teanga í a labhairt agus rinneadh an-iarracht é seo a chur ina luí ar léitheoirí an **CS** i mblianta tosaigh an pháipéir.⁵⁰

San eagарfhocal ar an gcúigiú lá is fiche de mhí Mhárta 1899 dúradh go raibh ceithre ghné ag baint le hathbheochan na Gaeilge ach gurbh í an ceann a ba thábhachtaí ná í a labhairt: ‘Tá aon tslighe amháin chum na Gaedhilge do choimeád ar bun, í labhairt, agus go mór mór í labhairt sa bhaile’ (‘An rud is riachtanaighe’, Eagарfhocal, **CS**, 25.3.1899, Ich. 6).

Sa chéad eagrán eile liostáiltear dhá chúis déag do gach Éireannach le meas a bheith acu ar an nGaeilge agus ag bun an liosta tá litir ó easpag Meiriceánach ar náisiúntacht na hÉireann. Ar ndóigh, pléadh ról na cléire i gcúrsaí teanga go rialta i gcolúin an **CS**.⁵¹ Rinneadh iarracht chomh maith leis sin a chur in iúl do chlanna na hÉireann an ról a bhí acu i gcur chun cinn na Gaeilge sa sochaí i mblianta tosaigh an **CS**.⁵² Ba é fealsúnacht an Chonartha ná go ndéanfaí an Ghaeilge a athbheouí arís agus b’shin an tuairimíocht a cuireadh chun cinn sa **CS**. B'eard a theastaigh uathu ná teanga bheo bhriomhar, teanga na ngnáthdhaoine agus cé go raibh cathanna le troid acu – cathanna faoi litríocht na Gaeilge, faoi theagasc na Gaeilge, faoi chúrsaí eacnamaíochta, faoi chúrsaí polaitíochta, faoi chúrsaí sóisialta na tíre i gcomhthéacs na Gaeilge, ba í an teanga bheo i saol na ndaoine a bhí uathu agus cuireadh é seo i bhfeidhm i gcolúin an **CS**:

While the numbers of the Gaelic League keep up without slackening or giving up at any point, their efforts to obtain for Irish the place in education that the National interests demand, they ought never to forget that their main object is not the

teaching but the life of the language – the life of the Nation in the language and the language in the Nation. [...] The Chinese have a kind of English called ‘pidgin English’ – that is, Business English – by means of which they can amass wealth and crush all competition. [...] What we want is not ‘pidgin Irish’ nor mere school-taught Irish but living Irish that will make us live a natural Irish life – the Irish that absorbed the Danes, the Normans, the English of Queen Elizabeth’s time and even many of the Cromwellians. (‘The Test of Success’, Eagarfhocal, *CS*, 13.10.1900, Ich. 8(488)).

2.2.2 An CS mar uirlis chumarsáide i measc nuachtán Éireannach eile:

Bhí feidhm ar leith ag an *CS* féin mar uirlis chumarsáide i ré na hAthbheochana ag túis na fichiú haoise ach thuig an coiste eagarthóireachta agus an coiste bainisteoireachta go rí-mhaith an ról a bhí ag na Meáin Chumarsáide i mblianta tosaigh an Chonartha, go háirithe ó 1880 ar aghaidh nuair a bhí borradh mór ar mhéid na tuairisceoireachta náisiúnaí.

Bhí an-fhorbairt ar ghnó na ngnáthnuachtán in Éirinn idir 1850 agus 1900 agus tosaíodh ar ré nua i nuachtáin na hÉireann thart fá 1880 nuair a tháinig athrú ar chlaonadh polaitíochta na nuachtán.⁵³ Bhí cuid mhaith nuachtán in Éirinn ag gluaiseacht i dtreo an náisiúnachais:

The growth of the Nationalist Party at Westminster also helped create a new public opinion. So the establishment of Nationalist newspapers, often with the help of the Catholic Clergy, starting around 1880, in opposition to the well entrenched Unionist Publications, marked a major watershed in the history of Irish newspaper publishing.(Oram, 1983, 78).

Ba sa chúlra seo a cuireadh an *IG* i gcló. Nuair a cuireadh amach í i 1882, mhínigh Dubhglas de hÍde an tábhacht a bhain léi i gcaomhnú na Gaeilge: ‘Fá Shamhain san mbliadhain 1882 do cuireadh amach an chéad uimhir d’Irisleabhar na Gaedhilge agus is leis do thosnuigh áth-bheodhughadh agus saothrughadh na nua-theangan’ (De hÍde, 1938, 25).

Ba choincheap nua cumarsáide an nuachtánanois de bhrí go raibh saoirse tuairisceoireachta ann agus ba bhealach é le tuaimíocht na gluaiseachta Gaeilge a nochtadh agus a chur os comhair an phobail. Ní hamháin go raibh sé tábhachtach úsáid a bhaint as an *CS* chun an Ghaeilge a chur chun cinn ach thuig conraitheoirí an buntáiste a thabharfadhl na meáin i gcoitinne dóibh dá mbainfidís úsáid cheart astu:

Let us continue reporting to our own paper. We should take trouble to send reports too to the Dublin as well as to the local newspapers. It is not easy to win against the officialism of this country and we dare not lose, and as we have said often enough before, to succeed there must be at our backs an intense and widespread public opinion. The metropolitan press is the great channel of communication and should be used as far as possible by the League. (‘The Rising Tide’, Eagarfhocal, *CS*, 5.8.1899, Ich. 8 (328).

Cé go ndearna an *CS* an-iarracht an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide, bhí an nuachtán in iomaíocht le nuachtáin Bhéarla. Bhí dhá príomhchonstaic le sárú acu, uimhir a haon - nach raibh caighdeán litearthachta na Gaeilge ar chomhchéim le litearthacht an Bhéarla agus uimhir a dó – gurb é an Béarla príomhtheanga na ndaoine. Chun úsáid cheart a bhaint as na meáin agus de bharr

na gconstaicí litearthachta seo ba ghá leis an *CS* cuid mhaith den tuairisceoiréacht agus de na haitl a fhoilsiú i mBéarla mar ba trí mheán an Bhéarla a thuigfeadh lín áirithe de lucht léite an pháipéir an teachtaireacht a bhí le scaipeadh ag an nuachtán mar uirlis oifigiúil Chonradh na Gaeilge. Ag an am céanna, d'éirigh leo feidhm bholscaireachta an Chonartha a chomhlíonadh mar bhí uirlis acuanois chun a gcuid oibre a fhógaírt agus a chur os comhair muintir na hÉireann. Cuireadh méid áirithe Gaeilge i gcló i gcolúin an *CS* agus diaidh ar ndiaidh méadaíodh ar mhéid na Gaeilge sa pháipéar, rud a phléifear sna caibidlí atá le teacht. Ar ndóigh, bhí sé de nós ag bainisteoireacht an *CS* úsáid a bhaint as an mBéarla arís nuair a bhí gá leis ionas go gcinnteofaí go scaipfí an teachtaireacht a bhí ag baill Chonradh na Gaeilge gurb í an Ghaeilge príomhtheanga náisiúnta mhuintir na hÉireann.⁵⁴

Rinneadh tagairtí go minic do nuachtáin agus d'irisí eile agus rinneadh iarracht iad a choinneáil ar bhóthar na Gaeilge. I mí Iúil 1900 cáineadh go mór an *Independent*, an *Nation* agus an *Evening Telegraph* toisc an tseasaimh a ghlac siad ar rialacha nua an bhunoideachais i dtaoibh na Gaeilge.⁵⁵ Baineadh úsáid as uirlis an Chonartha le cur in iúl do nuachtáin eile nach raibh siad ar aon tuairim leo ó thaobh cúrsaí Gaeilge. Pléadh ábhair chonspóideacha ar nós easpa oibre ar son na Gaeilge i dTiobrad Árainn, easpa tacaíochta an *Leader* i gcath an oideachais, easpa tuairiscií ar an Oireachtas agus an iomarca Béarla sna nuachtáin i gcoitinne, easpa Gaeilge san *Examiner*, tuairimíocht ghallda an *Irish Times*, easpa tacaíochta na nuachtán i dTír Chonaill do ghlúaiseacht na Gaeilge

agus an t-aighneas idir Craobh an Chéitinnigh agus Coiste an Chonartha san iris

*Banba.*⁵⁶

I mí Dheireadh Fómhair 1899 agus i mí na Samhna tugadh ard – mholadh don

Independent de bharr colún nua Gaeilge:⁵⁷

For some weeks past an Irish Language section has been appearing once a week in the *Irish Daily Independent*. Not only matter in English dealing with the movement in a highly appreciative spirit, but also short Irish articles are printed in this section. We congratulate the *Independent* on its enterprise which will certainly not make the paper less popular with a vast number of its readers. ('Notes', *CS*, 21.10.1899, Ich.10(506))

Sa *CS*, luadh agus tugadh tacaíocht do na nuachtáin a léirigh go raibh siad ar son athbheochan agus chur chun cinn na Gaeilge.⁵⁸ Tugadh aitheantas oifigiúil d'obair na nuachtán seo i dtuairisc an Chonartha 1899–1900.⁵⁹

2.2.3 *An Ghaeilge i gcomhthéacs teangacha eile:*

Sa chéad eagrán den *CS* pléadh an ceangal idir mórtas cine, dul chun cinn tíre agus teanga náisiúnta. Usáideann an scríbhneoir samplaí de thíortha eile chun an ceangal atá idir athbheochan teanga dhúchais mhuintir na tíre agus feabhas eacnamaíocht tíre a léiriú. Luadh an Ghréig, an Fhionlainn, an Bhóihéim, an Ungáir agus Oirthear Prúise mar shamplaí de thíortha a raibh fás eacnamaíochta sa tír de bharr athbheochan teanga:

The people of a country are its wealth. [...] Enquire into the history of other nations under the rule of a people of another race and another language. One law will be found exemplified throughout, except in one or two cases. The decay of the native language is everywhere accompanied by industrial and general decadence. The converse holds equally true. Whenever a language

revival has taken place material prosperity also has been restored. ('Irish Industries', Eagarfhocal, *CS*, 18.3.1899, Ich. 8).

I mblianta tosaigh an *CS* tagraíodh do thíortha eile a raibh athbheochan teanga ar siúl iontu. Is léir ó ábhar an nuachtáin gur chreid coiste eagarthóireachta an *CS* go raibh ceachtanna le foghlaim ó ghníomhaíochtaí na dtíortha eile. Pléadh cursaí oideachais, litríochta agus polaitíochta i gcomhthéacs athbheochan teanga agus rinneadh iarracht staid na teanga a shuíomh i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge. B'íad na tíortha a pléadh ann ná an Pholainn, an Bheilg, an Ungáir, an Bhreatain Bheag, Málta, Manainn, an Corn, an tSeicslávácas agus Meicsiceo.⁶⁰ Tuigtear an géarghá a bhí le huirlis chumarsáide do gluaiseacht mar seo ag an am inar cuireadh i gcló é, de bhrí gur dhóiche gurbh é seo an t-aon dóigh a bhí ag gluaiseachtaí dá leithéid teagháil a dhéanamh le gluaiseachtaí ar fud an domhain. Uirlis teanga a bhí sa nuachtán sa chéad áit agus chuir sé sin le tábhacht an nuachtáin féin mar ghléas chun an teanga a chur chun cinn. Bhí fiúntas agus luach ag baint le hábhar an nuachtáin ann féin mar uirlis teagaisc do theanga gan tagairt don fheidhm chumarsáide a bhí ann. Nuair a chuirtear na tíortha a luadh agus na hábhair atá pléite sa *CS* san áireamh is léir go raibh eolas fiúntach le scaipeadh ó thaobh athbheochan na Teanga de. Ba choincheap nua é d'Éirinn agus bhí sé riachtanach go bhfaigheadh conraitheoirí eolas ar imeachtaí tíortha eile i gcomhthéacs na teanga. Níos tábhachtaí ná sin, agus iad ag tosú ar ré nua don Ghaeilge, bhí sé tábhachtach go mbeadh an *CS* mar fhoinse eolais, fhoinse spreagtha do phobal na Gaeilge. Dá gcloisfidís tuairisci ó thíortha eile a raibh cosúlachtaí idir a gcás siúd agus cás na hÉireann, bheadh seans ann go

meallfaí breis daoine isteach chun obair a dhéanamh ar son athbheochan na teanga. D'fheicfidís go raibh tacaíocht ar fáil ní hamháin óna gcomhghleacaithe ach ó thíortha eile a raibh taithí acu ar na fadhbanna agus ar na constaicí a bhí le sarú acu mar chine ag déanamh a ndíchill ar son dúchas agus oidhreacht a dtíre. Pléadh sliocht as an leabhar ‘A Book from the West’ le S. Baring-Gould ag túis na bliana 1900. Phléigh an scríbhneoir an buntáiste a bhain le dátheangachas (i gcomhthéacs na Coirnise agus na Breatnaise), agus léirígh sé nach ar son na teanga amháin a mhúintear an dara teanga ach chun an aigne a oscailt agus doimhneacht na hintinne a chothú. Tuairimítear san alt go bhfuil i bhfad níos mó le fáil as an dátheangachas ná foghlaim teanga:

It may seem paradoxical, but I contend that for intellectual culture it is a great loss to the Cornish to have abandoned their native tongue. To be bi-lingual is educative to the intellect in a very marked degree. In their determination not to abandon their tongue, the Welsh show great prudence. I have no hesitation in saying that a Welsh peasant is much ahead, intellectually, of the English peasant of the same social position and I attribute this mainly to the fact of the greater agility given to his brain in having to think and speak in two languages. When he gives up one of these tongues he abandons mental gymnastics as well as the exercise of the vocal organs in two different modes of speech. (‘A too late regret for Cornish’, *CS*, 6.1.1900, Ich. 7 (679)).

Léiríonn na haitl seo an gá a bhí le nuachtán dátheangach ag an am seo ag tosú ar athbheochan na Gaeilge. Bhí ról ar leith ag uirlis mar an *CS* ionas go dtuigfeadh gach léitheoir agus gach éisteoir prionsabail arda agus cuspóirí na gluaiseachta. Níor leor dóibh nuachtán Gaeilge a sholáthar faoin am seo mar bhí siad ag iarraidh aird an phobail uile a dhíriú ar athbheochan na Gaeilge agus bhí

caighdeán na litearthachta Gaeilge íseal ag an am. Bhí siad ag brath ar mhuintir Bhaile Átha Cliath a raibh áiseanna ar fáil dóibh chun caighdeán litearthacht na Gaeilge a fheabhsú.

2.2.4 Léiriú ar Ghaeilge i gcúrsai oideachais sa CS

Insíonn staitisticí na ndaonáireamh dúinn go raibh méadú ar líon na gcainteoirí Gaeilge ó 1851 go 1926 ach ní hionann sin is a rá go raibh litearthacht na Gaeilge ar aonchéim le labhairt na Gaeilge nuair a chuimhnímid ar an gcosc a bhí ar theagasc na Gaeilge sna scoileanna ó 1831 ar aghaidh. De réir staitisticí teanga, creideadh gur comhartha neamhlitearthachta í labhairt na Gaeilge ag deireadh an naoú haois déag sular bunaíodh an *CS*.⁶¹

Tuigeadh do cheannairí an Chonartha gurbh éigean dóibh scéimeanna a chur i bhfeidhm chun labhairt na teanga agus litearthacht na Gaeilge a chur chun cinn. Socraíodh ag Ard–Fheis Chonradh na Gaeilge 1898 go gcuirfí scéim Timirí agus Múinteoirí Taistil ar bun. Bhí ról difriúil ag an mbeirt acu. Bhíodh an timire ag taisteal ar fud na tíre ach de bhrí gur ceapadh na múinteoirí taistil chun litearthacht na Gaeilge a mhúineadh do mhuintir na Gaeltachta, bhídís ionnaithe sna Gaeltachtaí.⁶² Ba smaoineamh maith é ach ní bhfuair na timirí nó na múinteoirí taistil a raibh tuillte acu de bharr na hoibre a rinne siad:

Is gá a ráanois nach raibh pá Timirí agus Múinteoirí Taistil riagh go maith agus gur suarach na costais a focadh leo: ní raibh airgead ann chun beart níos fearr a dhéanamh. Saol crua a bhí ag Timirí agus Múinteoirí Taistil agus theip ar shláinte cuid diobh de bharr chruatan na hoibre. Bhíodh ceantair fhairsinge faoina gcúram go hiondúil agus is ar rothair is mó a dhéantaí taisteal, go fiú sna caogaídí. (Mac Aonghusa, 1993, 113).

Rinne an **CS** iarracht obair na dtimirí a chur chun cinn agus ba rud rialta colún a fheiceáil ar obair na dtimirí agus ar choinníollacha oibre na múinteoirí taistil.⁶³ I 1901 tosaíodh ar na coláistí Samhraidh chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí Gaeilge ar na modhanna teagaisc ab'fhearr agus chun seans a thabhairt dóibh an Ghaeilge a fhoghlaím. Idir na blianta 1904 go 1912 bunaíodh na coláistí Gaeilge faoi choimirce Chonradh na Gaeilge agus rinne siad an-dul chun cinn ó thaobh chaighdeán labhartha agus chaighdeán litearthachta na Gaeilge.⁶⁴

Bhí ról ag an **CS** ó thaobh litearthacht na Gaeilge agus sna blianta tosaigh cuireadh colún ar oideachas i gcló d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge. Seo mar a cuireadh síos ar an gcéad cholún oideachais ar an ochtú lá déag de mhí na Márta 1899:

The lessons which will appear in this column from time to time will aim at teaching learners how to change the ordinary English turn of expression so as to make good Irish. The better to do this, we take a sentence of plain narrative Irish, written two hundred years ago, giving first a free translation in English. ('Oideachas', **CS**, 18.3.1899, lch. 13).

In 1899, baineadh úsáid as drámaí beaga agus aistriúcháin orthu chun an teanga a mhúineadh.⁶⁵ Ó mhí Lúnasa go mí Mheán Fómhair foilsíodh seanfhocail, beannachtaí agus comhairlí beaga in éineacht leis na ceachtanna tríd an nuachtán. Ó mhí Eanair 1900 go dtí an t-aonú lá déag de mhí Lúnasa 1900, cuireadh sraith d'agallaimh beirte dar teideal 'Beirt Fhear ó'n dtuaith (Aodh agus Diarmuid) mar cheacht teanga agus foilsíodh folclóir ar na baill bheatha ó mhí Lúnasa ar aghaidh go mí Mheán Fómhair. Bhí ceachtanna difriúla ann ó am go ham fosta.⁶⁶

Ó thús na bliana 1901 go mí Márta 1903 cuireadh an chuid is mó de na ceachtanna faoin gcolún ‘Do’n Aos Foghluma’ ach leanadh leis na hagallaimh bheirte ar nós ‘Beirt Fhear ó’n dtuaith’ fostá. Ba é an cleachtadh a bhíodh ann ná sliocht Gaeilge a chur i gcló sa dóigh gurbh fhéidir le foghlaimeoirí aistriúchán a dhéanamh air don tseachtain ina dhiaidh agus scríobhadh an t-aistriúchán an tseachtain dár gcionn.⁶⁷ Ag túis mhí na Samhna 1901 athraíodh an córas agus cuireadh an leagan Gaeilge i gcló an chéad tseachtain ionas gurbh fhéidir Béarla a chur air don tseachtain dár gcionn. I dtuairisc bhliantíúil an Chonartha 1901 –2 moladh go gcuirfí colún nó leathanach d’fhoghlaimeoírí na Gaeilge sa *CS* gach seachtain agus go gcuirfí colún nó leath-cholún ann mar ábhar cúnta do mhúinteoirí.⁶⁸ Cé gur cuireadh ‘An Modh Réidh’ sa cholún oideachais sa *CS* roimh 1902, ba ghné rialta den cholún é ó mhí na Márta 1902 go deireadh na bliana ansin.

Ba ríleir do chonraitheoirí nár leor an iarracht a bhí á déanamh acu i scéim na timireachta, na múinteoirí taistil agus sa *CS*. B’éigean dóibh páirt ghníomhach a ghlacadh in oideachas foirmiúil na hÉireann. Tosaíodh ar an obair sular bunaíodh an *CS* ach bhí a lán oibre le déanamh fós ar gach leibhéal den chóras.

Bunoideachas

Sa bhliain 1897 rinne na múinteoirí náisiúnta iarracht túis a chur le múineadh na Gaeilge i rang a ceathair in áit rang a cúig ach theip orthu aon dul chun cinn a dhéanamh.⁶⁹ Chabhraigh ceapachán Eoin Mhic Néill mar ollamh le Gaeilge i

gColáiste Oiliúna Naomh Pádraig i nDroim Conrach le cur chun na Gaeilge i gcúrsaí oideachais ach de bhrí nár tugadh aitheantas don Ghaeilge mar ábhar ar scrúdú iontrála na gcoláistí油iliúna ní dearnadh móran forbartha.⁷⁰ Seo mar a bhí staid na Gaeilge sna scoileanna náisiúnta sa bláthain inar cuireadh an CS i gcló:

Céadaonadh Gaeilge a mhúineadh mar ábhar breise taobh amuigh de ghnátham scoile, 1879, agus bheadh táillí ar fáil ar aon chéim leis na taillí a bhí ar fáil as Laidin agus Fraincis a mhúineadh. [...] Aithníodh an scéim mar Scéim na dTorthaí. Níor bhac ach fiorbheagán scoileanna leis an nGaeilge mar ní raibh fáil ar mhúineoirí cáilithe ná ar leabhair oiriúnacha teagaisc. Fadhb mhór eile ab ea gan cigirí le Gaeilge a bheith ar fáil chun an obair a mheas. [...] Múineadh Gaeilge i 105 scoil sa bláthain 1889 agus chuaigh 1,825 dalta faoi scrúdú agus d'éirigh le 1,443 díobh sa Ghaeilge. Ag deireadh na bliana 1899 bhí Gaeilge á teagasc i 139 scoil náisiúnta as breis agus naoi míle scoil agus íocadh táille deich scillinge mar mheán i gcás gach scoláire a fuair pas sa Ghaeilge ón gcigire. (Ó Suilleabháin, 1998, 2).

Bhí feabhas ag teacht ar chúrsaí bunoideachais ach thuig muintir an Chonartha an gá le tuilleadh agóide i gcomhair athruithe sa chóras. Baineadh úsáid as an CS mar uirlis oifigiúil Chonradh na Gaeilge chun an teachtaireacht a scaipeadh. San eagarrfocal ‘A Superior English Education’ ar an gcúigiú lá de mhí Iúil 1899, cuireadh in iúl do léitheoirí an CS gur luigh freagracht an oideachais Ghaelaigh ar na daoine féin.⁷¹ Bheadh an teachtaireacht seo le feiceáil go minic i leathanaigh an CS i rith na mblianta tosaigh.

I mí na Samhna 1899, thug an Dochtúir Ó hIceadha léacht in Iúr Cinn Tráchta agus chuir sé éilimh an Chonartha os comhair an lucht éisteachta. Sa léacht

mhínigh sé an dochar a rinneadh toisc córas oideachais gallda a bheith i

bhfeidhm roimhe sin:

- I. We demand that wherever Irish is the home language, it shall be taught in the schools from the first day of the pupil's entrance, and that it shall be the medium through which a knowledge of English and other useful subjects shall be conveyed.
- II. Where Irish is not the Home language we demand that all restrictions on the teaching of it shall be removed, that teachers shall be free to teach Irish as a part of the ordinary programme and not as an "extra subject" to teach it within ordinary school hours, to teach it as a living language, and to teach it to pupils at the earliest stage at which they are capable of learning it.

[...] One reason covers the demand under both aspects – namely, that the Irish language is the Irish language, that it is a real substantial element, and the most real and substantial element left us of our nationality and that we deny and oppose the claim of any system of education to rob us of it or to ignore it. [...] There is another reason underlying this first great and main reason. The whole tendency of Irish education for the past sixty years, has been to undermine and destroy the self reliance and self respect of the Irish Nation. At the end of sixty years of English education, the nation lies bloodless, waste and helpless, almost powerless to resist patent wrongs or to rebuild the patent wreck of her prosperity. English education has brought us to this. We trust to Irish education to bring us out of it. ('Irish in the Schools', Eagarfhocal, *CS*, 11.11.1899, Ich. 7(551).

Cuireadh feachtas neamhfhoirmiúil ar bun chun tacaíocht an phobail a fháil do mhúineadh na Gaeilge sna bunscoileanna. Rinneadh iarracht, trí cholúin an *CS*, a chur ina luí ar mhuintir na hÉireann an ról a bhí acu i gcur i bhfeidhm an chórais nua. I mí Eanair 1900, foilsíodh éilimh an Chonartha arís agus dúradh go raibh an Ghaeilge ag titim siar i rith an ama de bhrí gur fhág formhór na ndaltaí scoile an scoil sular shroich siad rang a cúig (an chéad rang ar ceadaíodh an Ghaeilge a

mhúineadh ann) de bharr fadhbanna eacnamaíochta. Cuireadh staid na Gaeilge i scoileanna na hÉireann i gcomparáid le staid na Breatnaise a raibh na coinníollacha seo i bhfeidhm acu cheana agus baineadh úsáid as sampla na scoileanna Giúdacha in Éirinn ar tugadh céad dóibh an Eabhras a mhúineadh iontu.⁷² Ghlac na Boird Phoiblí, bainistoirí na scoileanna agus na múinteoirí páirt ghníomhach san fheachtas.⁷³

Fógraíodh tuairisc ar an bplean nua oideachais sa *CS* ar an gceathrú lá déag de mhí Aibreáin 1900 á rá go raibh an baol ann gur cuireadh níos mó béime ar chuaireann na banríona Victoria go hÉireann ná mar a cuireadh ar an gclár nua. Rinneadh tagairt d'óráid Starkie ar thagair sé ann don ‘disastrous blunder’ a rinne an Bord Náisiúnta “in thrusting upon a Gaelic speaking race a system of education produced after a foreign model and utterly alien to their sympathies and antecedents” (‘Irish in the Schools’, *CS*, 24.2.1900, Ich. 5(789)).⁷⁴

Rinneadh an – iarracht córas dátheangach a chur chun cinn agus arís léirigh na heaspaig méid a dtacaíochta ar an ábhar seo.⁷⁵ Faoi mhí Iúil 1900, ba léir nach rabhthas chun a ceart a thabhairt don Ghaeilge sna Gaeltachtaí.⁷⁶ Foilsíodh alt le John O’Keane ar cheist na teanga i Westminister ar an ochtú lá is fiche de mhí Iúil 1900:

The attitude of the Irish Party was all that could be desired. Sixteen of its members spoke in favour of bilingual education and the speeches generally were able and eloquent and showed a good grasp of the subject. [...] Mr Rentoul, the member for East Down, who according to Mr Healy, was the tool of the Government, was the only bitter opponent, and like all opponents of the Gaelic League, betrayed an amazing ignorance of the whole case. [...] Mr Balfour’s attitude was rather peculiar and inexplicable. Divested of Parliamentary formula and of euphemistic officialism, it seemed to be – “as Mr Gerald Balfour I am strongly in favour of

bi-lingual education for districts where the children know Irish better than they know English. As Chief Secretary for Ireland, I see that there are innumerable difficulties in the way, that the Gaelic League wants to have Irish taught in every school in Ireland and that the whole matter rests with the Education Board". [...] At a quarter past twelve on Saturday morning – exactly eight hours after the discussion was opened, the vote was taken. [...] By 104 votes against 70 the Government gave a new lease of life to the Education Board. The struggle has now resolved itself into one between Irish Nationality and the National Board. Which shall win? ('The Language Question at Westminster', *CS*, 28.7.1900, Ich. 4(308).

Bhí cruinniú sa Rotunda i mí Iúil 1900 agus cuireadh in iúl méid na tacaíochta don chóras dátheangach.⁷⁷ I mí Mheán Fómhair 1900 fógraíodh sa *CS* gur eisíodh an 'Revised Programme for Instruction in National Schools' ach ba léir nár bh éigean do bhainisteoirí glacadh leis an gclár ina ionmláine go fóill. Scríobh an t-Ardeaspag Breathnach chuig an *CS* ag míniú do léitheoirí an pháipéir go raibh sé ceadaitheanois an Ghaeilge a mhúineadh sna scoileanna i ngnátham na scoile agus ag gach léibhéal.⁷⁸

Faoi mhí na Nollag 1900, ba léir go raibh an fócas ar chur i bhfeidhm na scéime dátheangaí ag athrú. Luigh freagracht oideachais Ghaelaigh anois ar stiúrthóirí agus ar mhúinteoirí scoile:

Tá cead ag gach Stiúrthóir Scoile an Ghaedhilg do chur dá muineadh ins na sgolaibh fá n-a chúram pé uair de'n ló is maith leis féin agus tá cead ag an Maighistir a muineadh do'n pháiste is lugha san sgoil. Íocfar an Maighistir aisti chomh maith agus íocfar é as sgríobhnóireacht nó as léightheoireacht do mhúineadh. Ní bhfuighe sé luach saothair fá leith acht ar pháistibh de'n chuígeadh agus de'n séamhadh chéim gur mhúin sé Gaedhilg dóibh taobh amuigh d'aimsir oibre na sgoile. Tá leathnughadh na Gaedhilge i láimhaibh na Stiúrthóirí Sgoile agus na Maighistri

Sgoile. ('Anois an t-am' , Eagarfhocal, *CS*, 1.12.1900, Ich. 8(600)).

Bhí an chéad chath den chogadh buaite ag an gConradh ach bhí a lán oibre le déanamh fós. Ionas go gceadófaí an clár teagaisc solathraíodh cláracha samplacha do mhúineadh na Gaeilge. Chuir Ard easpag Bhaile Átha Cliath, an Dr. Breathnach duais £25 ar fáil don chlár dhátheangach ab'fhearr.⁷⁹

I 1901, cuireadh an-bhrú ar bhainisteoirí agus ar oidí na scoileanna an córas dátheangach a chur i bhfeidhm. Ba mhinic a cáineadh iad de bharr easpa dúthrachta ó thaobh chur i bhfeidhm an chórais.⁸⁰ San eagарfhocal 'The Education Question' ar an ochtú lá de mhí Mheithimh 1901, leagadh amach go soiléir na coinníollacha a ghabh leis an gclár nua agus cuireadh in iúl do léitheoirí an *CS* an tsaoirse a bhí ag bainisteoirí na scoileanna. Chríochnaigh an t-eagarfhocal le rabhadh:

Most of our school managers are also our priests [...] We do not want to see John of Tuam's saying that "the National Schools are the graves of the Irish Language", supplemented by the sadder saying that the school managers are the grave diggers. We were all delighted beyond measure last year at the evidences of good will towards the teaching of Irish shown by hundreds of managers, especially those in the Irish – speaking districts. But the will is nothing without the deed – worse than nothing, for it is a terrible reproach – Video Meliora proboque
Deteriora sequor.
(‘The Education Question’, Eagarfhocal, *CS*, 8.6.1901, Ich. 8).

Soiléiriódh i gcolún an *CS* fosta an tábhacht a bhain le háiseanna agus fearas a sholáthar don chóras nua agus an difríocht idir cead a thabhairt d'oidí an

Ghaeilge a mhúineadh agus oiliúint a chur orthu chun an t-oideachas a chur ar fáil do na daltaí.⁸¹

Chloígh Conradh na Gaeilge leis an bpolasaí a bhí acu i dtaobh an dátheangachais agus cuireadh rúin ina thaobh ar chláracha na hArd-fheise 1901 agus 1902. Socraíodh ar Choiste Oideachais a chur ar bun ag an Ardfheis i 1902.⁸² Cé go raibh constaicí le sarú acu – easpa tacaíochta na mbainisteoirí agus easpa múinteoirí cáilithe sa Ghaeilge ina measc, rinneadh an – dul chun cinn ó thus na bliana 1900, nuair nach raibh an Ghaeilge á mhúineadh ach i 139 scoil go mí na Mártá 1902 nuair a mhúineadh an Ghaeilge in 1,300 scoil.⁸³ Faoin am seo, tuigeadh go raibh siad ag brath ar dheathoil na n-oidí, na mbainisteoirí agus ar ghnáthmhuintir na hÉireann i gcoitinne chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa chóras oideachais ach b' éachtach í an obair a bhí curtha i gcrích cheana:

Bhí folántais do 514 oide scoile sa bhliain 1902 agus níor cáilíodh ach 451 agus ní raibh ach 76 acu cáilithe chun Gaeilge a mhúineadh. In ainneoin na ndeacrachtaí go léir bhí 92,619 dalta as 726,414 ag foghlaim Gaeilge sna scoileanna náisiúnta lasmuigh agus laistigh de na gnáthuaireanta teagaisc. Má chuirtear leis sin na daoine i scoileanna na mBráithre, daoine i ranganna oíche agus i ranganna an Chonartha féin, d'fhéadfadh suas le 200,000 duine bheith ag foghlaim Gaeilge ag túis na bliana 1904. (Ó Súilleabáin, 1988, 7).

Meánoideachas

Trí thimpiste, i ndáiríre a fágadh an t-ábhar Gaeilge ar chlár an mheánoideachais de bhrí gur ainmníodh é mar ‘Cheiltis’ nuair a bhí an Bord Idirmheánach ag teacht ar réiteach i dtaobh na dteangacha a chuirfí ar an gclár. Insíonn Dubhglas

de hÍde scéal na ‘Ceiltise’ dúinn mar chleas a imríodh ar an mBord.⁸⁴ Ag túis na bliana 1899 a fheictear na hathruithe tosaigh ar chúrsaí meánoideachais.

Bunaíodh coimisiún chun fiosrúcháin a dhéanamh faoi thábhacht na Gaeilge mar ábhar ar an gclár meánoideachais agus toghadh Dubhglas de hÍde mar ionadaí an Chonartha chun cás na Gaeilge a phlé. Chuaigh de hÍde os comhair an Choimisiúin ar an gceathrú lá de mhí Feabhra 1899. Mar a insíonn de hÍde dúinn, scríobh sé chuig scoláirí móra na Mór-roinne chun tacaíocht a thabhairt dá chuid fianaise agus chuir an comhfhereagras seo go mór leis an sár-chás a rinne sé ar son na Gaeilge.⁸⁵

Tuigtear an tábhacht a bhain leis an gCoimisiún seo as an gcéad eagarrhocal ar an CS ar an ochtú lá de mhí na Mártá 1899:

The Trinity case rests on Dr. Atkinson. Two cases are made. One is that literature is lacking in idealism and imagination and is indecent. The second is that Irish is a formless, fluid, indefinite state – is, in fact, a ‘dismal swamp’. A little reflection will show how deadly is this onslaught. It is the worst attack ever made on the whole Irish race, on all Irish thought, on the genius of the people. It stamps the race as gross and lacking in creative and imaginative power. It deprives us of our inheritance, our past. It says, in effect, the thoughts and deeds of the Irish people for over a thousand years are not worth the reading. How they sang or lived, or loved or warred, or worked has no interest. They were a coarse, material tribe or tribes, whose written records are valueless. Their writings are ‘low’ ‘near the sod’ and lacking in idealism and imagination. Today they have not an imagination at all.

Now a little of the debt which the continent owes to this columniated Ireland has been paid. The most eminent foreign scholars have rallied to the defence of our literature and language. All the Irish and foreign authorities are against Dr. Atkinson in maintaining the educational value of the language and the worth of the literature. Dr Hyde, Dr. Hickey, Father O’Leary, Zimmer Windisch, Stern, Pederson, Dotting, Kuno Meyer and Alfred Nutt

traverse the Trinity statement. ('A Pitched Battle', Eagarfhocal, *CS*, 18.3.1899, Ich. 8).

Ó am go ham i rith na bliana 1899 agus ag túis na bliana 1900, foilsíodh sleachta as tuairisc an Choimisiúin agus pléadh cás na Gaeilge. Pléadh torthaí an Choimisiúin seo i mí Lúnasa 1899 sa *CS*. Sa cholún 'Éire' ar an séú lá is fiche de mhí Lúnasa 1899, mhínigh 'Feargus Finnbehéil' fealsúnacht an mheánoideachais do léitheoirí an pháipéir. Pléadh ábhar agus struchtúr an chláir nua san eagарfhocal san eagrán céanna.⁸⁶

Tugadh ardmholadh do Dhubhglas de hÍde san eagарfhocal ar an bhfichiú lá de mhí Dheireadh Fómhair 1900:

Who is there in all Ireland that has not a good word for Douglas Hyde? He has hardly begun to speak when the hearers realise, if they have not known it before, that he is neither politician nor professional pleader, but one who speaks to us as a friend and acquaintance, with rare eloquence and charm, yet with plain, sincere and familiar words as might escape his lips between the whiffs of a pipe at a friendly fireside?

('Dr Hyde's Lecture', Eagarfhocal, *CS*, 20.10.1899, Ich. 8(504)).

Cuireadh an Dr. Mahaffy agus an Dr. Fitzgerald (as Coláiste na Tríonóide) ar an mBord Meánoideachais sa bhliain 1900 agus tuigeadh go raibh bunús polaitíochta leis an ngníomh seo, 'sé sin go ndearnadh an socrú de bhrí go bhfuair Conradh na Gaeilge an lámh in uachtar ar choláiste na Tríonóide ag an gcoimisiún meánoideachais.⁸⁷ Arís san Acht nua Oideachais i 1900, fágadh an Ghaeilge mar ábhar roghnach:

Thug an clár so príomh-áit do'n Ghearmainis, os cionn na Fraincise, agus fíor dhroch-áit do'n Ghaedhilg, óir do rinne sé teangthacha "Éiginteacha" de'n Ladin, de'n Ghréigis, de'n Ghearmainis agus de'n Fhraincis. Chaithfeadh an dalta cheann aca do ghlacadh. Is é sin go mb'éigin do'n dalta eolas bheith aige ar cheann éigin de na ceithre teangthachaibh sin, agus do fágadh an Ghaedhilg amach ar fad, acht go mb'éidir le dalta í do bheith aige mar fó-ádhbhar eile – dá mba mhaith leis é; acht ní raibh sé riachtanach, mar bhí na teangthacha eile. (de hÍde, 1938, 110)

D'fhoilsigh Conradh na Gaeilge ocht bpaimfléad ar an stádas a bhí tuillte ag an nGaeilge ar chlár an meánoideachais agus pléadh an díospóireacht go rialta sa *CS*.⁸⁸ Bhí ollchruinniú sa Rotunda ar an séú lá is fiche de mhí an Mheithimh 1901 agus b'ócáid í a thaispeáin diongbháilteacht an Chonartha don Bhord:⁸⁹

Wednesday's meeting of protest against the position of Irish under the new Intermediate regulations was one of the finest ever assembled in the Rotunda. [...] The meeting was a splendid display of intelligent public opinion on a question of the utmost importance. ('Irish in the Intermediate', *CS*, 6.7.1901, Ich. 8).

Ar deireadh, de bharr dhrochstádas na Gaeilge ar an gclár meánoideachais d'éirigh an tArdeaspag Breathnach as an mBord Náisiúnta Oideachais.⁹⁰ Sa bhliain 1902, scríobhadh alt sa *CS* a rá go raibh an Bord tar éis géilleadh beagainín agus go raibh an Ghaeilge ar chomhchéim le teangacha eile. Tugadh gearrchuntas ar choinníollacha nua an chláir san alt. Ag an léibhéal Ullmhaitheach, tugadh rogha idir Gaeilge, Fraincis, Gearmáinis agus Ladin do na daltaí. agus ag an léibhéal Sóisearach agus Sinsearach bhí rogha idir Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis agus Gaeilge. B'fhiú, ar deireadh, an tréaniarracht a cuireadh isteach sa chath sna blianta tosaigh.⁹¹

Ag túis na bliana 1902, cuireadh tús le conspóid eile sa chóras meánoideachais.

Na scrúdaitheoirí a bhí faoi bhrú an iarraidh seo. Cuireadh i leith scrúdaitheoirí Meánoideachais –Rev. J.E.H. Murphy, Rev. Dr. Hogan, S.J., Mr. Thomas Flannery, Dr Douglas Hyde, Mr. John Mac Neill agus Rev. Dr. Hickey - go raibh na scrúduithe a leag siad amach agus an córas marcála a bhí in úsáid acu ar léibhéal níos éasca ná na páipéir agus an córas marcála a bhí in úsáid acu d'ábhair eile.⁹² Ar ndóigh dúradh nach raibh bunús leis na hélimh seo seachas an comhrá a rinneadh idir ollúna áirithe i gColáiste na Tríonóide ach ar deireadh ceapadh scrúdaitheoir seachtrach ar an gClár Meánoideachais. B' é Kuno Meyer an scrúdaitheoir nua seo. Bhí conraitheoirí ar buile faoin socrú nua seo agus cuireadh an déistin agus an fhearg a bhí orthu in iúl trí cholún an CS:

The Board of Intermediate Education seems to delight in crossing the path of the Irish people and in outraging their feelings on every possible occasion. When there is question of the Irish Language it seems to be quite beyond the power of its members to be, we shall say not generous or gracious, but even just or fair. Their recent action in reference to the National Language has, however, out Heroded all their previous performances. They have actually appointed a foreigner to examine Irish boys and girls in their own language and rumour asserts that they have decided that the Irish examiner is , in the future, to be invariably a foreigner. ('A National Insult', Eagarfhocal, CS, 22.2.1902, Ich. 10(838)).

Ag deireadh an eagарfhocail scriobhadh liosta fear agus ban agus a gcáilíochtaí, arbh fhéidir leo an obair seo a dhéanamh – Dr. Hogan, Dr. Hyde, John Mac Neill, J L Ahearne, Miss O Farrelly, Rev. P Dinneen, John Hogan, P.H. Pearse, Rev. John Mac Erlean ina measc. Pléadh an socrú seo ó mhí Eanair go mí an Mhárta

1902 agus thug na Boird Phoiblí a gcuid tacaíochta don Chonradh ag aontú leo nár chóir scrúdaitheoir ‘gallda’ a fhostú. Léirigh siad i rith na conspóide nach rud pearsanta i gcoinne Kuno Meyer a bhí ann agus go raibh an- obair déanta aige ar son na Gaeilge ach in ainneoin sin, go raibh scrúdaitheoirí Éireannacha ar fáil agus nár chóir a dhul tharstu.⁹³

Ní dearnadh mórán dul chun cinn ó thaobh an chláir mheánoideachais féin i mblianta tosaigh an *CS* ach tugadh an-fhógraíocht do Chonradh na Gaeilge toisc na bolscaireachta a rinneadh ar chás na Gaeilge:

De réir a chéile agus in ainneoin Bhord an Mheánoideachais, bhí teagasc na Gaeilge sna meánscoileanna ag dul chun cinn. Sa bhliain 1903, chuaigh 7,909 ndalta ar fad faoi scrúdú poiblí idirmheánaigh agus díobh siúd chuaigh 2,259 faoi scrúdú Gaeilge. Chlis ar 426 díobh.
(Mac Aonghusa, 1993, 81-2).

Cé gur cuireadh túis le cath na hollscoile i mblianta tosaigh an *CS* ba i ré eagarthóireachta an Phiarsaigh a troideadh príomhimeachtaí an chatha.⁹⁴ Pléadh diúltú an Diúic Devonshire agus Mr Chamberlain d’Ollscoil Chaitliceach na hÉireann i mí na Márt agus i mí Dheireadh Fómhair 1899.⁹⁵ Foilsíodh an fhianaise a tugadh os comhair choimisiún ollscoile Iarla Robertson ag deireadh na bliana 1902.⁹⁶ Ba é an Dochtúir Dubhglas de hÍde a thug an fhianaise do Chonradh na Gaeilge de réir mar a socraíodh ag Ard Fheis 1902. Fiú chomh luath seo i gceath na hOllscoile Gaelaí, de réir ar scríobhadh i gcolúin an *CS* ní raibh amhras ar bith faoi cad a bhí riachtanach:

We have enough of so-called Universities with ‘Celtic’ Chairs.
What we want is a National University in the best and fullest
sense – as Dr. Hyde neatly put it – “an intellectual headquarters
for Irish Ireland” (*‘Notes’, CS*, 4.10.1902, Ich. 9(501).

Tá cath na hollscoile mar a léiríodh é sa *CS* pléite go mion ag an scríbhneoir seo
cheana.⁹⁷

Caibidil a Trí : An Léiriú ar chúrsaí Litríochta agus

ar chúrsaí Tíre i dtréimhse thosaigh an CS

Márta 1899 – Márta 1903

Sa chaibidil seo

1. Pléifear an chonspóid ar litríocht Angla-Éireannach, an chonspóid leis an ‘Irish Literary Society’, an Amharclann Ghaelach, léirmheastóireacht agus an iarracht a rinneadh sa *CS* litríocht Ghaeilge na hÉireann a chur chun cinn.
2. Pléifear fadhbanna socheolaíocha na tíre a pléadh sa tréimhse seo sa nuachtán – ólachán, imirce agus cúrsaí leighis. Léireofar an seasamh a ghlac an *CS*, ar úsáid na Gaeilge in Oifig an Phoist, i gcúrsaí dlí agus ar obair na mban ar son na gluaiseachta.
3. Déanfar plé ar an mbéim a cuireadh ar cheannach na n-earraí Gaelacha sa nuachtán agus ar úsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide i gcúrsaí gnó. Léireofar an ról a bhí ag an *CS* mar nuachtán Éireannach i gcúrsaí talmhaíochta na hÉireann agus úsáid na Gaeilge ag comhlachtaí na mBóithre Iarainn.
4. Léireofar feaslúnacht pholaitíochta Chonradh na Gaeilge agus an dóigh ar úsáideadh colúin an *CS* chun í a chur i bhfeidhm agus chun úsáid na Gaeilge ar ardáin pholaitíochta na hÉireann a phoiblíú.

3.1 Litríocht:

Ba í príomhfhadhb na litríochta Gaeilge i mblianta tosaigh an *CS* ná easpa ábhar agus foilseachán Gaeilge. Murach an iarracht a rinneadh chun seanlitríocht na nGael a chaomhnú agus an iarracht a rinne leithéidí Dhubhglais de hÍde, Fhionáin Mhic Choluim, Phádraig Uí Shiochfhradha, Phádraig Uí Dhálaigh agus Sheáin Mhic Ghiollarnátha scéalta an bhéaloidis a chaomhnú ní móran a bheadh fágtha de litríocht bhéil dheireadh an naoú haois déag agus thús na fichiú haoise.¹ Rinne Conradh na Gaeilge an-iarracht litríocht na Gaeilge a chur chun cinn:

In its early years, the League published scores of volumes representing every branch of the literature, save, perhaps the ancient. Most of the Munster poets, the Red Branch and Fenian tales, and collection of songs and of folk-lore from all corners of the land, now appeared. Later, however, this fine burst of scholarly energy yielded place to preserve the spoken language, and the literary aspect suffered some neglect. The Irish Texts Society, in turn, founded in 1900, has issued, year by year, learned redactions of such texts as Keating's History, the Poem –Book of Fionn, and the contention of the Bards. (De Blacam, 1973, 376).

Tugadh fógraíocht sa *CS* do ghluaiseachtaí eile a raibh obair ar siúl acu ar son litríocht na Gaeilge. Tagraíodh do chéad eagrán an ‘Irish Texts Society’ sa *CS* a rá go raibh dhá scéal ann – ‘Eachtra Giolla an Fhiugha (The Adventures of the Lad of the Ferule)’ agus ‘Eachtra cloinne Riogh na hIoruaidhe (The Adventures of the Sons of the King of Norway)’. Dúradh gurbh é Dubhglas de hÍde a rinne an eagarthóireacht agus an t-aistriúchán orthu agus go raibh ard-mholadh tuillte aige dá mbarr.²

3.1.1 Litríocht Angla-Éireannach agus an chonspóid leis an ‘Irish Literary Theatre’

Bhí aird mhuintir na hÉireann dírithe ar an litríocht Bhéarla agus ar an litríocht Angla-Éireannach agus bhí an-iarracht á déanamh ag scríbhneoirí Éireannacha litríochta Éireannach a sholáthar.³

Rinneadh iarracht sa CS a chur ina luí ar phobal Gaeilge na hÉireann an drochthionchar a bhí ag an litríocht Angla-Éireannach ar phobal léitheoireachta na Gaeilge. In alt a scríobh D.P. Moran chuig an CS i mí Aibreáin 1899, dúirt sé gur idirchréimhse litríochta a bhí ann ó thaobh na litríochta Éireannaí faoi láthair:

What is Irish Literature and if we are prepared to pay for it where are we to get it? We are in a period of rapid transition in regard to this matter; and those who think and say that anything artistic in the Irish language – whether it treats about Ireland or about Hong Kong – is Irish Literature and that everything in the English language is English literature are still a small minority. [...] To sum up the position – the pride of English periodical literature, the lack of Anglo-Irish reading matter to counteract the wholesale consumption of the former, the absence of a healthy or defined Irish taste – the consequence of our upbringing – and the fog that exists with regard to what Irish literature really is, doesn't leave one much to learn as to the why and wherefore of the state of things complained of. We are simply drifting aimlessly along the line of least resistance. ('English Literature and Irish Humbug' CS, 29.4.1899, Ich. 9(105)).

Sa bhliain 1892, bhunaigh W.B. Yeats, T.W. Rolleston agus Charles Gavan Duffy an ‘Irish Literary Society’ i Londain. I mí Aibreáin 1899, tagraíodh don dea – obair a bhí ar siúl ag an gcumann seo. San *Irish Literary Society Gazette*

foilsíodh tuairisc ó Miss Eleanor Hull ar an Irish Texts Committee a bhí mar

chuid den chumann seo sa *CS*:

The Texts Committee will publish almost immediately a volume of tales of the sixteenth and seventeenth centuries, edited by Dr. Hyde; Tomas Ó Flannghaile is at work on Manus O'Donnell's life of St. Columbkille; and Mr David Comyn is preparing a complete edition of Keating's *History of Ireland*. The committee also promises further volumes, as well as a 'cheap and handy English-Irish, Irish-English pocket dictionary for the use of students of the living language'. It is evident that the work of the Irish Texts Committee is of great national importance and alone would constitute a claim for support for the Irish Literary Society. ('Notes', *CS*, 15.4.1899, Ich. 8(73)).

Sa bhliain chéanna, chuir Yeats an 'National Literary Society' ar bun i mBaile

Átha Cliath. Ba é Dubhglas De hÍde an chéad uachtarán ar an gcumann nua seo.

Ba ar dhrámaíocht a raibh a n-aird sírithe thar aon rud eile cé gur coincheap nua ab ea drámaíocht na Gaeilge.⁴

As an 'National Literary Society' a d'eascair an 'Irish Literary Theatre' a

cuireadh ar bun in 1899 ag Edward Martyn, Lady Gregory agus W.B.Yeats.⁵

Chlóscríobh Lady Gregory aidhmeanna an chumainn nua agus ar na haidhmeanna seo scríobhadh: 'New Irish plays would be staged and the hope was expressed that the Irish audience would be receptive.' (Welch, 1996, 1). Ní go ró-mhaith a d'aontaigh scríbhneoirí an *CS* le tuairmíocht an dráma angla-Éireannaigh agus baineadh úsáid as colúin an pháipeír chun a dtuairimí a nochtadh :

We are to have an *Irish* Literary Theatre in this capital of Ireland. The first performances will take place on Monday next. The first play is Mr. Yeats “Countess Cathleen” of course written in English and to be acted in English. The subject matter is based upon a German legend discovered by John Augustus O’ Shea, transferred by him to the *Shamrock* whence the story found its way to English-reading, English-speaking people in the West of Ireland. There Mr. Yeats re-discovered it, and here it is – the foundation of what is to be our national theatre. The management of the theatre is English, and the cast is English – the actors hailing from London theatres. One of the guarantors in this genuine Irish undertaking is Professor Mahaffy. The general theme of the play shows how the famishing peasantry of an Irish district sell their souls to the devil for food. (We hardly did this in ’47 or at any earlier period). The Countess Cathleen, in her great generosity sells her own priceless soul to save those of the people. It has been objected that this tale is pagan. It is enough for us that it is un-Irish. (‘Notes’, *CS*, 6.5.1899, Ich. 9(121)).

Sa chéad eagrán eile pléadh an dráma arís. Admhaíodh go raibh ard chuspóirí ag bunaitheoirí an ‘Irish Literary Theatre’ ach nár chóir ‘Irish’ nó ‘National’ a chur air.⁶ Níor aontaigh scríbhneoirí sa *United Irishman* leis an bhfealsúnacht a léiríodh sa *CS* ar an ‘Irish Literary Theatre’ agus míniódh sa chéad eagrán eile den *CS* nach raibh gluaiseacht na hAthbheochana i gcoinne an ‘Irish Literary Theatre’ ach gur uirlis liteartha a bhí sa ghluaiseacht nua seo agus marsin gur chóir go gcothódh sí litríocht na tíre i dteanga dhúchais na tíre féin.⁷

Ba léir faoin am seo go raibh an chonspóid ar an ‘Irish Literary Theatre’ ag borradh agus d’fhreagair na heagarfhocail ar an gcéad lá agus ar an ochtú lá de mhí Iúil 1899, litir a scriobh Thomas C. Murray chuig an *CS* ag cosaint na gluaiseachta nua. Pléadh ceist na litríochta náisiúnta Éireannaí iontu. Cháin na heagarfhocail scoil na litríochta Angla-Éireannaí agus pléadh ról an aistriúcháin mar uirlis chun litríocht na Gaeilge a chur chun cinn:

What are the requirements of a national literature? We do not profess to be able to state them all, but two of them stand out clear – freedom of choice of subject and freedom of mode. [...] Now let us apply these two *criteria* to the work of the Anglo-Irish school. Suppose one of these able writers to turn for the time from ‘Celtic Renaissance’ work and to write in the finest form a treatise on German metaphysics, or on Japanese pottery, or on the history of Egypt, or on a novel dealing with life in Whitechapel – will his work be part of the National literature of Ireland? We are prepared for a faint reply to the effect that it will provided that the treatment be characteristically Irish. [...] How different is the case with the native literature of Ireland. It is absolutely free in its choice of theme or scene. A writer of Irish may deal with the tale of Troy devine, the life of Alexander the Great, or of Gregory the Great, the travels of Sir John Mandeville or of Marco Polo or the Three Stings of Death – none of them Irish subjects – yet if he treats them in good literary style, his work is beyond all question part of the National Literature of Ireland. He may write, as Keating did, under the influence of Latin models; [...] but, provided his work is good enough to be called literature, and is in true idiomatic Irish, it is beyond all cavil “Irish National Literature”. (‘What is Irish National Literature II’, *CS*, 8.7.1899, lch. 8(264)).

Scríobh D.P.Moran alt ar an aighneas idir an dá ghluaiseacht san eagrán céanna.

D’admhaigh sé go raibh aighneas idir an dá ghrúpa ach gur samhlaíodh dó go raibh an dá ghluaiseacht ag obair don chúis chéanna. B’ é an tuairim a léirigh sé ná gurbh é ‘The “Irish” Literary Theatre [is] the flower of one movement and the Oireachtas that of the other’. Lean sé ar aghaidh a rá go raibh an dá ghluaiseacht go hiomlán difriúil óna chéile, gur bhain an ‘Irish Literary Theatre’ le daoine cultúrtha ach gur ghluaiseacht liteartha Bhéarla í go bunúsach agus gur ghluaiseacht náisiúnta í Conradh na Gaeilge:

The Gaelic League, I take it, is only in a small degree a literary movement. It is a national affair – a movement absolutely necessary if anything like an Irish Nation is to be preserved. In one sense, however, the League is altogether a literary movement; it is so inasmuch as Gaelic, as spoken by the uneducated in Ireland, is literature in itself compared with the lingo – for one can't call it a language – that is spoken over the greater part of the country at the present time. ('The Gaelic and the Other Movement', *CS*, 8.7.1899, Ich. 4(260)).

Leanadh ar aghaidh leis an gconspóid go deireadh mhí Lúnasa. Foilsíodh litir ó Thomas C. Murray ar an gcúigiú lá déag de mhí Iúil ag cosaint an 'Irish Literary Theatre' agus ag rá go raibh fiúntas sa ghluaiseacht nua de bhrí gur scríobhadh an litríocht i dteanga a labhair formhór mhuintir na hÉireann agus go raibh daoine a bhí gníomhach in athbheochan na Gaeilge páirteach sa ghluaiseacht nua. D'fhreagair an t-eagarthóir a rá gur fhreagair sé na ceisteanna seo an tseachtain roimhe sin san eagarrfocal 'What is Irish National Literature? II'.⁸ Thug Mr C.J.Murphy tacáiocht do thuairimíocht Thomas Murray in alt a scríobh sé sa *CS* ar an dara lá déag de mhí Lúnasa ach chríochnaigh sé a rá nach raibh a leithéid agus litríocht Ghaelach ann:

But instead of taking a rough definition of literature, let us consult a dictionary. Taking the first one to hand, I read as follows, "Literature is recorded thought or knowledge; the aggregate of books or other publications in either an unlimited or a limited sense; the collective body of literary productions in general or *within a particular sphere, period, country or language.*" [...] It can be easily seen that the first three divisions of literature are artificial, are not founded on essential differences and are only made when an exceedingly narrow and unlimited end is being aimed at, being about as valuable as a classification of animals according to the initial letters of their names. [...] The last division alone is founded on the nature of things and is the only natural and real classification

[..]There is according no American (United States), no Australian, no Chilian, no Peruvian literature being produced at present; the people living in the first two countries produce English, those in the last two Spanish literature. It is clear, therefore, that the productions of the Anglo-Irish school cannot be Irish national literature – since they are not Irish literature at all. ('The Irish (?) Literary Movement', *CS*, 12.8.1899, Ich. 8(344)).

Nuair a scriobhadh alt san *Weekly Independent* ar na drámaí san 'Irish Literary Theatre' don mhí ina dhiaidh sin – 'Máire' le Edward Martyn, 'selections from "Ossian" le Alice Milligan agus 'The name of a town' le George Moore, rinneadh cáineadh ar dhráma George Moore de bhri gur scriobhadh é i mBéarla: "At this time of day, few intelligent people will be found to hold that works written in the English language are Irish Literature". ('Notes', *CS*, 10.2.1900, Ich. 8(760).

Ar deireadh, d'admhaigh George Moore agus W.B.Yeats ag béile an 'Irish Literary Theatre' ar an dara lá is fiche de mhí Feabhra 1900 go raibh tábhacht ag baint le litríocht Ghaelach as Gaeilge:

George Moore's speech, like his play, was a revelation. As the mouthpiece of the Literary Theatre, he told us that that body after two years have discovered the anomaly and inconsistency of their position in endeavouring to create a National Theatre in the language which contains all the evil elements which they desired to avoid. They have discovered that they were erecting their fabric on shifting sands and have therefore determined to place its foundations on the bed-rock of the language. Mr Moore and Mr Yeats have publicly given their adhesion to the movement. Both spoke strongly, fearlessly and sympathetically in favour of the language. ('Glimmerings of the Dawn', *Eagarfhocal*, *CS*, 3.3.1900, Ich. 8(808)).

Rinneadh corrthagairt don ghluaiseacht i rith 1900 agus 1901 ach cuireadh an bhéim ar an tábhacht a bhain le drámaí agus litríocht Ghaeilge a sholáthar.⁹ Nuair a léiríodh an chéad dráma Gaeilge - ‘Casadh an tSúgáin’ leis ‘An Craoibhín’ in Amharclann an tSuaircis ar an aonú lá is fiche de mhí Dheireadh Fómhair 1901, léirigh an fógra san eagarrfocal sa **CS** an t-amhras agus éiginnteacht a bhain leis an léiriú:

On Monday the 21st ‘Casadh an tSúgáin’ will be produced at the Gaiety. An American, on seeing the announcement on the press, asked a man, who happened to be a Commissioner of Education how many of the audience would understand the play in Irish. The Commissioner said that about half a dozen would. (‘Casadh an tSúgáin’, **CS**, 19.10.1901, lch. 8).

Ag an deireadh, dúradh gur choir do mhuintir na hÉireann a theacht amach agus a gcuid tacaíochta don dráma a chur in iúl le cruthú go raibh an Coimisinéir mícheart. Ar an dara lá de mhí na Samhna, scríobhadh sa **CS** gur ‘delightful piece’ a bhí ‘beautifully acted’ é.¹⁰

Rinneadh iarracht drámaí a léiriú i rith na mblianta tosaigh ach bhí fás na drámaíochta mall i rith na tréimhse seo. Is fianaise mhaith iad na haitl a scríobhadh ar dhrámaíocht na Gaeilge sa **CS** ar an easpa dul chun cinn a rinneadh ar chúrsaí drámaíochta i mblianta tosaigh na fichiú haoise. Tugtar le fios iontu nach raibh caighdeán na haisteoireachta, an léirithe ná caighdeán cumadóireachta na ndrámaí féin ar chomhchéim leis an drámaíocht Bhéarla. Mar a deir Williams, Ní Mhuiríosa :

Tríd is tríd, afách, is beag dul chun cinn a rinneadh sna deich mbliana tosaigh den aois, agus is follas óna raibh le rá acu faoin gceist gur thuig scríbhneoirí na linne laige na gluaiseachta; ní raibh siad dall ar aon chor ar na lochtanna a bhí ar a lán drámaí. (Williams, Ní Mhuiriosa, 1985, 376).

Pléadh ceist na litríochta Angla-Éireannai arís ag deireadh na bliana 1902 agus ag túis na bliana 1903. Ar dtús, cáineadh an réamhrá a scríobh Mr T.P.O'Connor sa leabhar ‘A Cabinet of Irish Literature’ de bhrí gur ceanglaíodh na scríbhneoirí Éireannacha a scríobh i mBéarla le scríbhneoirí na hÉireann agus nach raibh litríocht Ghaeilge ar bith sa leabhar. Ar an deichiú lá de mhí Eanáir 1903, scríobh George Moore litir chuig an CS ag insint dóibh go ndearna sé iarracht scéal Gaeilge a chur sa leabhar agus nach raibh fhios aige go dtí gur foilsíodh an leabhar nár cuireadh i gcló é.¹¹

An dara rud a tharla ná an tuairisc ar léacht a thug Eleanor Hull don ‘Irish Literary Theatre’ ar fhoilseacháin Ghaeilge. Cé go ndúirt an scríbhneoir go raibh ardmholadh tuillte ag Miss Hull, cáineadh an léacht go mór de bhrí go ndúirt sí go raibh sé in am do Ghluaiseacht na hAthbheochana athdhearcadh a dhéanamh ar luach litríocht na hÉireann. D’admhaigh scríbhneoir an phíosa nach raibh sé i láthair ag an léacht agus nuair a d’fhreagair Eleanor Hull an t-alt an tseachtain dár gcionn dúirt sí gurbh fhearr freastal ar léacht sula ndéanfaí tuairisc uirthi.

Chláraigh sí an mhíthuiscent trí fhocail na léachta a chur os comhair léitheoirí an CS.¹² Ní raibh an scríbhneoir críochnaithe fós áfach, b’é seo an focal scoir:

We had before us the apparently careful report in the *Weekly Freeman*; we had also an interesting summary of the points of the

lecture sent out from the Irish Literary Society itself; we had other things already mentioned. In the circumstances, it did not seem absolutely criminal to make a few comments; we were as much within our right in doing so as is a leader-writer on a morning paper in basing an article on a press agency summary of a speech delivered hundreds of miles away. ('London Notes', *CS*, 17.1.1903, Ich. 759).

Nuair a scríobh Séamus Mac Manus alt sa *CS* a rá nár chóir an téarma 'Anglo-Irish' a úsáid do litríocht Éireannach scríofa i mbÉarla cuireadh túis le conspóid bheag eile.¹³ D'fhreagair an t-eagarthóir é ag cur in iúl dó gur pléadh an t-ábhar seo i leabhar a haon, uimhir 13-28 den *CS*. Críochnaíonn Eoghan Ó Neachtain mar seo :

What underlies our contention is the fact that language and thought are inseparably connected, and exert such powerful mutual influence on each other, that it is impossible to represent the Irish spirit and the Irish mind in anything but the Irish language. ('Irish or Anglo-Irish', Eagarfhocal, *CS*, 10.1.1903, Ich.8(740)).

Scríobh 'Mo Chreach Chraihthe' agus 'Fios Fátha' litreacha ag tabhairt tacáiochta do thuairimíocht an *CS* ag deireadh na míosa agus níor tagraíodh don cheist arís i rith na mblianta tosaigh.¹⁴

3.1.2 *Léirmheastóireacht*

Pléadh léirmheastóireacht na Gaeilge ag deireadh na bliana 1902. Scríobh údar an 'London Notes' ar ar scríobhadh faoi thuairimíocht an Athar Uí Dhuinnín ar riachtanais agus nua-aimsearthacht na léirmheastóireachta Gaeilge. San alt 'A Vernacular' ar an ochtú lá déag de mhí Dheireadh Fómhair 1902, mhínigh an t-Athair Ó Duinnín go raibh gá le téarmaíocht a chur ar fáil chun ceird na

léirmheastóireachta a chur chun cinn. Chreid scríbhneoir an ‘London Notes’ áfach, nach raibh aon rud le foghlaim as léirmheastóireacht na Gaeilge de bhrí go raibh an iomarca le déanamh chun an tseanlitríocht a chaomhnú agus nualitríocht a chruthú.¹⁵ D’fhreagair an t-Athair Ó Duinnín é ar an aonú lá déag de mhí na Samhna:

Literary Criticism in Irish is no less a science than is medicine or geology and to write the most rudimentary treatise on such a science, without a certain amount of technical language, would be as cumbrous and difficult a performance as if my friend wrote his column of “London Notes” without pronouns. The Irish language, as far as I know is entirely barren in the field of critical literature. Certainly modern Irish is. The literature of criticism is a growth the result of generations, of centuries of workers, the accumulated product of the brooding of many minds on a people’s literary self-expression. (‘Literary Criticism in Irish’, *CS*, 1.11.1902, Ich. 5(561)).

Chríochnaigh sé a rá go ndúirt sé nach raibh foclóir na Gaeilge forbartha go leor chun dul i mbun na hoibre seo go fóill ach gurbh fhéidir í a phorbairt sa treo seo.

An tseachtain dár gcionn, scríobh ‘The Writer of ‘London Notes’’ gur ar mhuintir na hÉireann féin agus ar staid na tíre in áit na teanga a bhí an milleán nach raibh foclóir critice ar fáil sa Ghaeilge.¹⁶

Ba léir go raibh an Duinníneach ar buile faoi chomhfhreagras ‘The Writer of London Notes’ agus ar an gcúigiú lá déag de mhí na Samhna léirigh sé méid a fheirge sa litir seo a scriobh sé chuig an bpáipéar:

As regards the matter a few months old to which my friend referred, what I had in my mind was a statement made by him in ‘London Notes’ sometime before the last Oireachtas, to this

effect: Father Dineen in his latest discourse to the Keating Branch declares that those writers who are paying diligent attention to the study of Irish literature are corrupting the language. The only report of my remarks on the occasion in question was the one admirably summarized in the *Freeman's Journal*, which represents my views with perfect accuracy, but which, if I understand language, was something altogether different from the statement 'fathered on me' by my friend. I remember, in speaking to you, sir, a few days after his 'Notes' appeared that I remarked that the statement that he attributed to me did not even rise to the level of a distortion of my views, as in a distortion there remains some resemblance, but in the statement in question, there was no resemblance whatever to the published summary of my remarks. ('Literary Criticism in Irish', 'Comhairle', *CS*, 15.11.1902, Ich. 603).

Mar is eol dúinn, bhí an t-Athair Ó Duinnín ina bhall de Chraobh an Chéitinnigh ag an am seo agus bhí sé cleachtaithe le bheith conspóideach ar ábhair a raibh baint acu le Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge.¹⁷ Is léir go raibh i bhfad níos mó i gceist ná léirmheastóireacht na Gaeilge as an litir seo ach b'shin deireadh leis an gconspóid sa *CS* don tréimhse seo.

Rinneadh an-chuid oibre i dtréimhse thosaigh an *CS* chun litríocht na Gaeilge a chothú agus pléadh na hábhair a ba thábhachtaí ó thaobh litríochta i gcolúin an pháipéir. Foilsíodh amhráin, scéalta, drámaí, agallaimh bheirte agus ceol Gaeilge sa *CS* chun litríocht na Gaeilge a chur chun cinn. Gheofar clár na litríochta i gClár an *CS* 1899-1932 : Cuid a Trí - Litríocht.

3.2 Cúrsaí Tíre:

3.2.1 Cúrsaí Sóisialta:

Ba ar Rialtas Dúchais agus ar chearta talún thar aon rud eile a raibh aird mhuintir na hÉireann dírithe ag deireadh an naoú haois déag.¹⁸ Cé gur chuir ráta báis agus imirce an Ghorta Mhór isteach go mór ar shaol na hÉireann, fós cláraíodh daonra na hÉireann mar 6.6 mhilliún sa bhliain 1851 – ceann de na daonraí ab airde a cláraíodh riamh sa tír. Idir 1851 go 1911 a thit an daonra ó 6.6 mhilliún go 4.4 mhilliún. Tharla athruithe móra ar luacha na sochaí, ar dhearcadh agus ar mheon na ngnáthdhaoine agus ar nósanna maireachtála na ndaoine i rith na tréimhse seo:

What was peculiar, therefore, was not the famine, but the long-term response of Irish society to this short-term calamity. Six main factors influenced post-famine demographic development: the changing rural class structure, rising age at marriage, declining marriage and birth rates, a static death rate and emigration. (Lee, 1973, 1).

Ba i dtreo dheireadh na tréimhse seo a cuireadh an CS i gcló don chéad uair. Cé nár bhí príomhaidhm an pháipéir fadhbanna socheolaíocha na tíre a réiteach, thuig an Coiste Gnó an ról a bhí ag Conradh na Gaeilge in athógáil na hÉireann mar náisiún a raibh a cultúr, a teanga agus a nósanna féin aici. Cuireadh an-bhéim ar choincheap na náisiúntachta sa nuachtán. San eagarrfocal ar an aonú lá is tríocha de mhí Mhárta 1900, pléadh an cheist ‘What is Nationality?’:

One of the main roots of half the bickerings, disunity, nonsense and all entanglements that for so long have characterised Ireland is the fact that the people don't know, never ask themselves, are never asked to ask themselves – What is Nationality?

The briefest definition of Nationality that I could attempt is, that a nation is composed of a body and soul, and that all efforts to nourish and develop one or the other along natural and traditional lines make up the sum total of national endeavour.

All the eloquence that Ireland ever produced will not restrain an unfortunate hungry beggar from bending the knee for a copper and no sensible man will pour much wrath on the poor beggar for his lack of spirit. If the beggar swaggers about talking finely of independence and ideals, and airs his contempt for those for whose money he is willing to bow, he is indeed pitiful and ridiculous as well as poor.

The League, unlike other organisations has never claimed for itself that it is the sole depository of 'Nationality'; its position is that it is a big and necessary cog wheel in the great machine. No people are more conscious than we that when all of us speak Irish, bread will still remain in the staff of life and that the Irish speaking children of the future will be born in original sin. ('The Blind pelting the Blind', Eagarfhocal, *CS*, 31.3.1900, Ich. 8).

I rith na mblianta tosaigh sa *CS*, pléadh an ceangal idir athbheochan na Gaeilge agus athbheochan na tíre. Ba mhinic a cuireadh i leith mhuintir na hÉireann gur easpa mortais cine a ba chúis le drochstaid na gcoinníollacha oibre agus na bhfadhbanna socheolaíocha.¹⁹ B' iad príomhfadhbanna na sochaí, a cuireadh os comhair an phobail léitheoirreachta ar leathanaigh an *CS* sna blianta tosaigh ná, an t-ólachán, cúrsaí sláinte agus an imirce.

Nuair a cuireadh rún i bhfeidhm i mí Aibreáin 1899 fá dhúnadh na dtithe osta oíche Shathairn agus ar an Domhnach, dúradh sa *CS* nach móran briseadh croí a bheadh ar mhuintir na hÉireann dá bharr.²⁰ Dúradh sa mhí chéanna gur cheann de phriomhoilc na sochaí tuaithe an t-ólachán:

Two great evils in country places at present are stagnation and drink. The sociability of the people is disappearing. Some years ago, there were in every small town some houses where anecdote, story and good talk were everlasting as the welcome, and where the neighbours constantly foregathered. Now when the young men do not mope their evenings away, they go to the hotel or to the public house bar – of other social recreation there is almost none! ('Up with the Town Halls', *Eagarfhocal*, *CS*, 15.4.1899, Ich. 8(72)).

Níor tháinig móran athraithe ar dhearcadh an pháipéir i leith an ólacháin i 1901 nuair a pléadh an cruinniú a bhí ag an 'gConnradh i n-aghaidh Olthacháin'. Is léir ó na haitl gur ábhar síomáiche dóibh easpa tacaíochta na bhFeisirí Gaelacha don chumann. Ba í príomhtheachtaireacht an *CS* ná gur dhrochrud a bhí san ólachán ó thaobh cúrsaí sóisialta de.²¹

Ní raibh áiseanna na gcúrsaí sláinte go ró-mhaith i mblianta tosaigh na fichiú haoise agus rinneadh tagairt do na fadhbanna a cruthaíodh de bharr aicídí nach dtabharfaí móran airde orthu sa lá atá inniu ann.²² Ar ndóigh pléadh go minic an gá a bhí le húsáid na Gaeilge ag dochtúirí agus banaltraí sna Gaeltachtaí. Nuair a thug an Dochtúir More Madden léacht ag oscailt seisiún leighis an Ospídeil Mater Misericordia, pléadh an úsáid a bhain sé as an nGaeilge ina óráid.²³ Creideadh go réiteofaí cuid mhaith fadhbanna sláinte sna Gaeltachtaí dá gcuirfí oifigigh le Gaeilge i mbun riarachán na háite ionas go dtuigfeadh muintir na Gaeltachta iad. Chuideodh sé seo leo a gcuid fadhbanna sláinte a mhíniú i gceart agus a gcearta de réir an Stáit a éileamh.²⁴

Ag túis na bliana 1901, rinneadh tagairt do staitisticí na himirce. Dúradh gur easpa tacaíocht eacnamaíochta faoi deara na huimhreacha arda:

The emigration statistics are, as usual, sad reading. For the three months ending December 1900, 7,218 young men and women left the shores of Ireland. This frightful exodus of all that is best and most Irish in the country is in great measure caused by the dull and hopeless outlook in Irish rural life, and the cowardice of people in not supporting industries sufficient to keep our people at home. ('Notes', *CS*, 23.2.1901, Ich. 9(793)).

Dúradh go raibh an-obair ar siúl ag 'Comann Litiordha na Gaedhilge' i nDoire i mí Mheithimh 1901, nuair a scaip siad paimfléidí ar mhíbhuntaistí agus ar dheacrachtaí shaol na n-imirceach i Meiriceá.²⁵ Bhí an imirce go dona ar fud na tíre sa dara leath den naoú haois déag ach cé gur ardaíodh tuarastal talmhaíochta, méadaíodh ar imirce chósta an Iarthair ó 1877 ar aghaidh. Ba mhinic a cuireadh an milleán ar dhrochstaid eacnamaíochta na tíre sa *CS*, ach ní féidir a shéanadh gur fheiniméan nua-aimsearthachta agus forchéimnithe a bhí inti sa tréimhse seo fosta:

Average weekly agricultural wages rose from 5/- in 1845 to 7/- in 1870 and 11/- in 1914. The crux of the matter was that the rise in the labourers standard of living lagged behind the rise in his aspirations. [...] That the emigration of small farmers was also as much a psychological as an economic phenomenon, that it constituted an aspect of the modernisation of Irish mentalities, can be seen from the persistence into the post – famine period of pre-famine patterns of regional population movements. Emigration was lowest in Connacht, where the survivors, still too poor and backward to contemplate alternatives to traditional existence, lacking both the means and the will to leave, clung tenaciously to their holdings or eked out new ones from waste lands. Connacht emigration rates gradually caught up with the national average by 1870, but not until the agricultural depression after 1877 did the heavy emigration, which has since characterised the province, begin. Between 1871 and 1881 the population of Connacht fell only three per cent, two thirds the national average, whereas

between 1881 and 1891 it fell twelve per cent, one and a half the national average. (Lee, 1973, 8-9).

Seachas na fadhbanna sóisialta a pléadh sa *CS*, faightear léargas ar leith ar ról na Gaeilge sa sochaí i mblianta tosaigh an pháipéir. Ag túis 1900, bhí Bardas Bhaile Átha Cliath ag iarraidh ainmchláir na sráideanna a athrú agus moladh go nglacfaí an seans chun iad a chur suas i mBéal agus i nGaeilge. Ní dearnadh socrú ar an gceist áfach go dtí túis na bliana 1901. Ní dheachaigh an socrú chun tairbhe na Gaeilge mar dúradh go gcosnódh ainmchláir dhátheangacha do cheantar na cathrach uile £3,400 agus nár cuireadh an tsuim seo san áireamh nuair a pléadh caiteachas na bliana. Leanadh ar aghaidh a rá gur baineadh úsáid as toghadh na n-ionadaithe nua chun geallúintí a fháil do pholasaithe Chonradh na Gaeilge i leith obair an Bhardais.²⁶ Ar deireadh, ag cruinniú an Bhardais ar an seachtú lá de mhí na Nollag glacadh le moltaí an Chonartha. Cuireadh an socrú i gcrích i mí Lúnasa 1901 nuair a cuireadh Sráid Enrí ar ainmchlár do Henry Street.²⁷ Ar ndóigh, lean contaethe eile sampla Bhaile Átha Cliath agus cuireadh é seo in iúl do léitheoirí an *CS*.²⁸

Pléadh úsáid na Gaeilge i gcúrsaí dlí sa *CS* chomh maith. I mí Dheireadh Fómhair 1899, nuair a dhiúltaigh an Breitheamh Dane i mBaile an Róba cás ‘Michael Connors’ a chloisteáil i nGaeilge, bhí conraitheoirí ar buile. Cuireadh rún i bhfeidhm ag cruinniú an Choiste Gnó ar an gceathrú lá is fiche den mhí go ndéanfadh Conradh na Gaeilge a dhícheall cearta mhuintir na Gaeltachta ar chúrsaí dlí a chosaint.²⁹ Shéan an Breitheamh Dane go ndearna sé éagóir ar ‘Michael Connors’ a rá gur léirigh Connors gur thuig sé Béal. Pléadh an cás i

gcolúin sa pháipéir ag deireadh na bliana 1899 agus ag túis 1900.³⁰ Chualathas an cás arís i mí an Mhárta 1900 agus pléadh toradh na conspóide i gcolúin an *CS*:

The case came on again for hearing last Saturday before the Lord Chief Justice at the Castlebar Assizes. The evidence of the plaintiff, Michael Connors, was taken entirely in Irish without any attempt to force him to speak English. The Lord Chief Justice reversed the decision of the County Court Judge, and gave a decree in favour of the plaintiff with costs. It still remains for Judge Dane to do the honourable thing, admit his error, withdraw his confession of prejudice against suitors and witnesses who give evidence in Irish, and restore confidence in his administration of justice to all citizens, even to those who speak the language of their forefathers and of their nation. ('Notes', *CS*, 24.3.1900, Ich. 8(24)).

Nuair a tharla an rud céanna i dTuaim agus sa Chlochan sa bhliain chéanna tuairiscíodh air sa *CS* festa.³¹ Cé go ndearnadh iarracht an Ghaeilge a chur faoi chois i gcúrsaí dlí ina dhiaidh sin chomh maith, b'íad na póilíní a rinne an iarracht an Ghaeilge a choinneáil faoi smacht agus níor tugadh móran airde orthu sa chúirt.³² D'athraigh an bhéimanois ó labhairt na teanga go húsáid phoiblí na Gaeilge mar fhoirm aitheantaí.

I mí Lúnasa 1901, pléadh cás faoi 'Phartholan Ó hEidhin' i gCill Énda. Ba mar sin a scríobh sé a ainm ar a chairt agus dúradh go raibh ainm na cairte doléite de bharr na scríbhneoireachta a bhí sa seanchló Gaelach.³³ Pléadh breith na cúirte i mí Mheán Fómhair 1901:³⁴

Ar áirigh éinne riamh a leithéid d'éagóir is do rinneadh ar Phartholán Ó hEidhin an lá fá dheireadh, i dtaobh a ainmne bheith i nGaedhilg ar a thrucaill aige? Tallaire díomhaoin constábla atá thiar annsoin aca do leag a shúil ar ainm Phartholáin agus ó ná raibh d'eolas aige an t-ainm do léigheamh ná múineadh aige a

leigean thairis, thug sé Partholán láithreach do'n chúirt. Saoradh Partholán an chéad turus, acht bhí gleóicín Chigire láithreach ann agus dubhaint ná stadfadh an chúis mar sin. Cuireadh mitimus eile chum Partholán agus b'éigin dó dul an ath-uair go dtí an Chúirt. Cuireadh fineáil phigne air agus cosdas an dlighe do dhíol, nó dul i bpriosún go ceann seachtmhaine. Ní dhearnaidh Partholán faic as an tslighe. Cad chuige gur cuireadh fineáil air? [...] Is é an dlighe go gcaithfear ainm an té gur leis é bheith ‘sgrióbhtha go soiléir ar gach trucaill’. (‘Sgéalta thairis’, *CS*, 14.9.1901, lch. 5(422)).

Bhí clú agus cáil ar an gcás seo ar fud na tíre agus nuair a pléadh é sa *Coleraine Chronicle* cuireadh an milleán ar oideachas na bpóilíní in áit ar an duine ar leis an chairt mura raibh siad in ann an t-ainm a léamh. Sa *Tuam Herald* scríobhadh gur shocraigh Edward Martyn agus Lady Gregory go gcuirfidís a n-ainmneacha i nGaeilge ar a gcairteacha toisc na héagóra a rinneadh ar Phartolán Ó hEidhin.

Shocraigh Coiste áitiúil Chraobh Bhaile Átha Cliath agus ‘Bantry Guardians’ go ndéanfaidís amhlaidh – go n-iarrfaidís ar eagraíochtaí agus ar chomhlachtaí áirithe a n-ainmneacha a chur ar a gcairteacha i nGaeilge. Chuir W.B. Yeats in iúl go raibh ainmneacha chairteacha ‘Sir Thomas Esmonde’ uilig i nGaeilge agus nár cuireadh an dlí air riamh.³⁵ Níor reitíodh an fhadhb seo i rith na tréimhse seo cé gur baineadh úsáid as colúin an *CS* chun méid na tacaíochta d'ainmneacha Gaeilge ar chairteacha a léiriú. Sa bhliain 1905, ba léir do chonraitheoirí go raibh an dlí i gcoinne na Gaeilge agus cuireadh feachtas ar son ainmneacha Gaeilge ar bun:

Ba léir do Chonraitheoirí go raibh an dlí in aghaidh na Gaeilge agus tuigeadh dóibh nach mbeadh de leigheas air sin ach an leagan Gaeilge dá ainm a bheith in úsáid ag gach Gael. Dhein go leor daoine é sin, go háirithe daoine a bhí ag obair do Bhardas Átha Cliath. Chuir siad a n-ainmneacha i nGaeilge ar a dtrucailí. Bhí an dlí á chur ar an oiread sin daoine agus gan aon duine sásta

fíneáil a íoc gur comhairlíodh do na péas éiri as mar obair. Bua eile é sin a baineadh amach do Ghaeilge sa bhliain 1905. (Ó Súilleabháin, 1998, 28).

I mí Feabhra 1900, rinneadh tagairt don chéad uair sa *CS* d'uimhir na litreacha le seoltaí Gaeilge a bhí ag dul ar strae, de bharr easpa Gaeilge i Roinn an Phoist. Cuireadh in iúl i gcomhfheagras chuig an nuachtán i mí Aibreáin go ndéanfaí iarracht as sin amach go seolfaí litreacha le seoltaí Gaeilge ach is léir ó cholúin an pháipéir nár comhlíonadh an gheallúint.³⁶ Nuair a ba léir do Chonradh na Gaeilge go raibh easpa tuisceana ar phráinn an cháis cuireadh in iúl trí cholúin an pháipéir gur chóir Gaeilge amháin a úsáid ar litreacha:

Captain Donellan asked in the House of Commons not long ago, whether postmasers, postmen, clerks &c., in the Post-Office in Ireland would now be required to possess a knowledge of Irish; or whether, at least, in each rural district where Irish letters were increasing, the postmaster or one of his employees should not possess a knowledge of Irish. We believe that Mr Wyndham's reply took the form of a suggestion that the addresses of letters should be given in both Irish and English. Our suggestion is that every Gaelic Leaguer when sending letters through the post, should, in all cases where the missives are not of a very urgent nature, address them in Irish only. ('Notes', *CS*, 28.9.1901, lch. 458).

Níor cuireadh cosc le litreacha a raibh seoltaí Gaeilge orthu ag dul tríd Oifig an Phoist ach is léir ón *CS* na deacrachtaí a bhí le sarú. Ba í an phríomhdheacraí a bhain le cúrsaí poist ná an mhoill a cuireadh ar na litreacha nuair a scríobhadh an seoladh i nGaeilge.³⁷ In Oifig an Phoist san Uaimh, rinne Mr Mac Namee, iarracht cás na Gaeilge a thabhairt chun cinn. I 1901, rinne sé iarracht ordú poist a bhriseadh ach níor glacadh leis de bhrí gur shínigh sé a ainm i nGaeilge, rud a

ba ghnách leis a dhéanamh i gcónaí. Bhí aithne ag na cléirigh air ach fós níor briseadh an t-ordú dó. Scríobh sé chuig Ard -Mháistír an Phoist a tháinig agus a chuir agallamh air agus a thóg na horduithe leis, le hiad a bhriseadh. Ar deireadh bhí an bua ag Conradh na Gaeilge. Ní hamháin go raibh impleachtaí do chúrsaí poist sa chás seo ach chomh maith leis sin, ba é seo an chéad uair a tugadh aitheantas don Ghaeilge mar theanga ar theideal an *CS* festa mar ba í oifig an phoist a bhí freagrach as clárú nuachtán ag an am:

Mr Mac Namee fought out the case with vigour and pluck, bringing it before the Secretary of the General Post Office. He has won his fight and established a precedent which should be known and followed. After three months deliberation, official instructions have been sent to the Postmaster at Navan to cash all orders, whether signed in Irish or English, when the cashier is assured that the signature is genuine. This includes orders that have been made payable to an English name. Mr Mac Namee has also proved, after an amusing incident, that receipts for registered letters may also be signed in Irish. Two years ago the General Post Office would not register this paper under its Irish name, but recently it has done so. It is not only Government Department that has been forced to recognise the language of Ireland. ('Notes', *CS*, 25.1.1902, Ich. 762).

Ba é seo an chéad chás le Mr Mac Namee a foilsíodh sa *CS*.³⁸ Bliain ina dhiaidh sin rinne sé gearán arís gur léir go raibh duine a raibh Gaeilge aige in Oifig an Phoist san Uaimh ach fós gur cuireadh na litreacha chuig Baile Átha Cliath le haistriúchán a dhéanamh orthu sula seolfaí iad. Chomh maith leis sin níor reitíodh fadhb na n-orduithe poist go fóill. Tuigeadh, de réir na fianaise a thug an t-Ard-Mháistir air seo, nach raibh cléirigh san Uaimh ag obair faoina threoir.³⁹

Ach is léir ón tuairisc sa *CS* ar an dearcadh a bhí ag an Ard-Mháistir nach gcabhródh sé choíche le staid na seoltaí Gaeilge in Oifig an Phoist:

Mr Carew, M.P., asked the Postmaster General whether he was aware that complaints had been made in Navan as to the non-delivery of letters addressed in Irish; and also whether he will arrange that Post – Office officials in Ireland shall acquire a knowledge of Irish so as to prevent a repetition of the complaints. The red-tape reply was that the complaints had not reached the Postmaster General and the stereotyped reply to the second part of the question was that nothing could be officially added to the answers previously given on the same subject. If Gaelic Leaguers make letters addressed in Irish “block the way” for some time to come, the Postmaster General may be induced to change his opinion as to the advisability of enforcing a knowledge of Irish on country Post Office officials. (‘Notes’, *CS*, 22.11.1902, Ich. 613).

Tháinig buaic na conspóide sa bhliain 1905 nuair a dhiúltaigh Oifig an Phoist glan do litreacha a raibh seoltaí i nGaeilge orthu. Seo mar a reitíodh an fhadhb ar deireadh:

Cuireadh gairmscoile amach agus tionóladh cruinniú de Ghaeilgeoirí óga Bhaile Átha Cliath. Tháinig dhá chéad duine. Tugadh beart an duine dóibh agus thug siad aghaidh ar Oifig an Phoist agus ghabhadar seilbh na háite. Thairg gach duine acu a bheart féin don oifigeach. Dhein gach duine é sin, i ndiaidh a chéile, go ciúin socair as Gaeilge. Cuireadh stad leis an obair ag an am ba ghnótháí den lá. Nuair a dúnadh an oifig sin, dhein siad an cleas céanna in oifig na litreacha. Lorgaigh siad stampaí agus chuir siad a gcuid beart i mbosca na litreacha gan na seoltaí a aistriú go Béarla. Dhein siad de réir na comhairle a thug Rúnaí an Phoist do thoscaireacht ó Chonradh na Gaeilge i Londain, a chuaigh ag plé na ceiste leis. Baineadh bua amach; seachadadh iad in am agus i dtráth. (Ó Súilleabháin, 1998, 27).

I rith blianta tosaigh an *CS*, is léir nach raibh móran measa ar ról na mban in athbheochan na Gaeilge. Go luath sa tréimhse tagraíodh do nósanna Sasanacha na mban agus an easpa oibre a bhí á déanamh acu i gcúrsaí teanga.⁴⁰ Ba í Máire de Buitléir a throid ar son na mban agus a rinne sár-iarracht iad a threorú i dtreo leas na Gaeilge. Thosaigh sí le paimfléid i 1900 agus as sin go deireadh na tréimhse seo thug sí cuairteanna ar scoileanna chun mná rialta na tíre a ghríosadh i dtreo na Gaeilge.⁴¹ Sa léirmheas a scríobhadh ar a paimfléid i 1900, pléadh neamhshuim na mban sa ghluaiseacht:

One result of the fatal doctrine that nationality is an affair of politics only has been the denationalisation, in a large measure, of the women of Ireland. There is no good in mincing the fact that the women of Ireland are at present the greatest enemies of everything distinctive in Irish nationality. Even the gentle cloistered nun, is often a leading agent in the work of Anglicisation. Irishwomen, as a rule, don't want to go into politics, and Irishmen, as a rule, don't want them there. Thus, by mutual agreement, women have been excluded from the only sphere in which the bulk of our political men and political papers imagine nationality to exist. The only thing left to our women and girls was to sing Moore's melodies and the best of people get tired of the best of melodies. But as the doctrine of the identity of nationality and politics held good negatively as well as positively, there was nothing to prevent the patriot's wife bringing up his family as un-Irish as she could make them, even to the extent of labelling them Norbert, Marmaduke, Gladys and Gwendoline. There was nothing to prevent the girls' school, even the convent school from giving them an exclusive "superior English education", just what they would get in an English school. Miss Butler points out the falsity and evil of this unfortunate principle, and calls her countrywomen back to the clear line of duty to their country. ('New Publications – Women in the Gaelic League', *CS*, 24.11.1900, Ich.582).

Ar ndóigh, pléadh mná na hÉireann ar leibhéal níos éadroime forta - cás mná a bhí ag teacht abhaile ó Mheiriceá agus í in aois a cúig bliana is céad di, mar shampla. Chaith sí cúig bliana is seachtó ann agus luadh go raibh sí ag teacht abhaile chun an chuid eile dá saol a chaitheamh in Éirinn! Pléadh bean láidir eile ar briseadh geallúint phósta uirthi tar éis dhá bhliaín agus a fuair seacht gcéad go leith punt de dheasca briseadh na geallúna. Cé go ndearnadh iarracht gan an iomarca airde a dhíriú ar chuairt na Bainríona go hÉireann, rinneadh tuairisc ar an ócáid seo i gcolúin an *CS* chomh maith.⁴²

Cuidíonn na scéalta beaga seo le bearnaí na bpríomhscéalta a líonadh isteach ionas go bhfaightear léargas iomlán, cumhsitheach ar chúrsaí sóisialta in Éirinn ag an am. Tuigtear as an bhfianaise atá ar fáil gur athraigh saol maireachtála mhuintir na hÉireann go mór tar éis an Ghorta mhóir agus i gcomhthéacs na scéalta thuas, níl amhras ach gur fhág patrúin nua an phósta a rian ar an sochaí.⁴³ Faoin am seo i dtréimhse thosaigh an *CS*, faightear léargas ar leith ar shochaí a bhí ag forbairt go tapaidh, a raibh a constaicí féin le sarú aici, ní hamháin ó thaobh na Gaeilge de ach ó thaobh gach gné de thairseach an tsaoil nua-ré na fichiú haoise agus ré na hathbheochana.

3.2.2 Cúrsaí Eacnamaíochta:

Ba mhór an tionchar a bhí ag Cogadh na Talún ar mhuintir na hÉireann nuair a cuireadh an *CS* i gcló. Gan amhras, ba rud tábhachtach í an Ghaeilge i bhforbairt

an naisiúin ach chaithfí an téar féin a fhorbairt ar dtús sula gcuirfí béisim ar chúrsaí teanga:

Bhí mise im' ógánach nuair tháinig sórt gorta ar an Iarthar san mbliadhain 1877. Theip na prátaí orrainn. Bhí Gaedhilg ag gach duine im thimcheall-sa do bhí os cionn triochad nó dachad bliadhan. Bhí gleo agus fothram mór dhá dhéanamh ins an téar an uair chéadna. Bhí "Éire 'na Naisiún", "Féin-riaghail" agus "Na Feisirí" i mbéal gach éinne. Acht badh í ceist na talmhan, ar ndóigh, an cheist ba mhó do bhí ag cur buaidhearthá orrainn. Do bhíodh a lán cainte san am céadna i dtaoibh náisiúntachta na hÉireann agus a leithéid. Má bhí, ní raibh aon fhocal ag na feisiribh nó ag na daoinibh do bhí ár dtreorughadh i dtaoibh aon rud do bhain leis an spioraid nó leis an intleacht. Ní raibh aon fhocal asta i dtaoibh na teangan ná i dtaoibh na rudaí eile sin a raibh fíor-phréamha na náisiúntachta ionnta, mar atá ceól, cluithchí, sean-nósanna agus go mór-mhór an teanga. (De hÍde, 1938, 7).

I ndáiríre, ba é an gorta i 1877 i gConnachta atá luaite thuas, a spreag an túis a cuireadh le cogadh na talún. Mar a léiríonn Joseph Lee dúinn, ba thréimhse éigeandála i stair na tíre í.⁴⁴ Pléadh na socruithe idir tionsontáí agus Tiarnaí talún go minic sa CS sna blianta tosaigh agus scríobhadh tuariscí rialta ar chruinnithe.⁴⁵ Ag túis na bliana 1903 foilsíodh socruithe Choiste na Talún agus is léir ó alt le 'Torna' agus ó litir ó Ardeaspag Bhaile Átha Cliath gur thuigeadar gur luigh reiteach na ceiste le Rialtas Sasanaanois.⁴⁶

Rinneadh iarracht trí cholúin an CS comhairle a thabhairt do na feirmeoirí agus iad a chur ar an eolas ó thaobh forbairtí, socruithe agus deontais an Rialtais.⁴⁷ I mí Lúnasa 1900, fógraíodh paimfléid darbh ainm 'Airgead Saor' a d'fhoilsigh an 'Irish Agricultural Organisation Society' ach a cuireadh i gcló i gcolúin an CS ar

dtús, chun cabhrú le daoine a raibh baint acu le cúrsaí talmhaíochta sna bancanna.⁴⁸ Gach bliain i rith na tréimhse seo foilsíodh tortaí na curadóireachta. Is léir ó na tuairisci an feabhas a bhí ag teacht ar chúrsaí talamhaíochta de réir mar a bhí an tir ag forbairt. Feictear an clonadh i dtreo beithíoch in áit curadóireachta sna tuairisci seo.⁴⁹

Gné eile de shaol na hÉireann a bhí ag dul i bhfeabhas faoin am seo ná cúrsaí taistil. I rith na tréimhse seo a rinne na cumainn phoiblí iarracht na Bóithre Iarainn a thógáil faoina gcúram féin. Níor éirigh leis an mBille sa phairlimint agus nuair a caitheadh amach í, cuireadh cás na mBóithre Iarainn i gcomparáid le leathnú amach theorainn na cathrach, athrú eile a bhí á phlé ag an am.⁵⁰ Sa bhliain 1901, pléadh an cheist ar fheabhas a chur ar thaisteal ó Éirinn go hAlbain. B'éard a bhí i gceist ná bóthar–iarainn a dhéanamh faoin bhfarraige idir an dá thír – coincheap ar éirigh go maith leis san Aifric Theas cheana!⁵¹

Ní go ró–mhaith a réitigh Conradh na Gaeilge le comhlacthaí na mBóithre Iarainn i gcónaí:

The Railway Companies have so persistently ignored and tabooed Irish as a factor in present-day requirements that the regard docility to their stone-age habits a matter of course. ('Notes', CS, 14.2.1903, Ich.821).

Ag túis na bliana 1903, cuireadh túis le conspóid faoi bhearta nach nglacfaí leo de bhrí gur scríobhadh a seoltaí i nGaeilge. B'íad na comhlacthaí a dhiúltaigh an beart a ghlacadh ná an 'Great Northern Railway' agus an 'Great Southern and

Western Railway'.⁵² Spreag an gníomh seo an Coiste Gnó le hiarracht a dhéanamh chun Gaeilge a chur ar an scrúdú do chléirigh na mBóithre Iarainn. Cuireadh na socruithe i gcló sa *CS* ach ag an deireadh tuigeadh do stiúrthóirí na comhlachta ‘Great Southern and Western Railway’ gur cheist don Bhord Oideachais a bhí inti agus go bpléifi í dá ndéanfaí ábhar éigeantach den Ghaeilge sna scoileanna ar dtús.⁵³

Cuireadh an-bhéim ar thábhacht cheannach na n-earraí Éireannacha i gcolúin an *CS*. Creideadh gurbh é seo an eochair a mhusclódh suim mhuintir na tíre féin i gcur chun cinn eacnamaíocht na tíre. Seo mar a cuireadh síos ar dhearcadh na nGael ar eacnamaíocht na hÉireann sa chéad eagrán den *CS*:

Le bliadhantaibh do réir mar d'éug ár meas ar ár nGaedhilg agus ar ár sean nósáibh, d'éirigh mór-mheas againn ar theangthaibh agus ar nósáibh tirtheadh coigrígheach agus fá dheireadh, le claonadh seanspioraid na nÉireannach, bhual baramhail isteach in ár n-inntinnibh nach raibh aon nídh do righneadh in Éirinn nó atá d'á dheunadh in Éirinn, chomh maith nó chomh measamhail agus a tá na neithe a thig as Sacsain ná as tírthibh eile na hEorpa. Chailleamar ár n-urraim ar ár dteanga ar dtús; ansin d'eug ár ngrádh ar ár gceol i riocht nach gcluintear inár measg go ró-mhinic anois acht rámais gránda craosacha ár namhad; righneamar faillighe i gcluichthibh fearamhla ár sinnsear ar son cluichthibh mnámuil fallsa na n-allmhurach; ‘na dhiaigh sin a's uile, d'fheuchmar le droch-mheas ar láimhdheuntas na hÉireann agus na fir agus na mná a chaith éadach tíre in a n-óige, b'fhéidir, ní'l siad cóirighthe le dul go h-aonach ná go margadh anois in a meadhon-aois, muna raibh culaidh d'éadach Sacsanach teannta suas ar a n-dromaibh; agus níl a dtíghthe gleusta amach go ceart muna dtainic gach ball de'n truscain atá ionnta as áit éigin taobh amuigh de chuíg cúigibh a dtíre féin. An ionantas ar bith é, agus an spiorad sin in ár measg go bhfuil Éire agus fir céirde na hÉireann bocht? (‘Earraidhe na hÉireann’, *CS*, 18.3.1899, Ich. 2).

Ba mhinic a cuireadh síos ar dhrochmheas na n-Éireannach ar a gcuid earraí féin agus rinneadh an-iarracht trí cholúin an pháipéir a chur ina luí ar mhuintir na tíre fiúntas na n-earraí agus na ceardaíochta Éireannaí.⁵⁴ Thuig an Coiste Gnó gurbh fhéidir leo earraí Gaelacha a chur chun cinn agus rinneadh iarracht rial a thabhairt isteach do na feiseanna go gcaithfí éadaí Éireannacha amháin.⁵⁵ Chomh maith leis sin, ag deireadh na bliana 1901 tagraíodh don iarracht a rinne craobhacha Chorcaigh ar Roinn Gaeilge a chur isteach sa Taispeántas Tionsclaíochta:

A deputation from the Cork Branches waited on the Committee of the exhibition to ask that a section of the exhibition be set apart for the language, literature, art, music and pastimes of Ireland. This section would be Irish-speaking, but there would be no objection to bi-lingual speakers and the industries that are practised or might be practised would be put into operation. Application was to be made to the National Museum authorities for permission to display some of the illuminated manuscripts, gold ornaments and other Irish art treasures; and in the way of amusement, simple entertainments, not large enough to obtain the Concert Hall for would be carried out. The Exhibition Committee heartily consented to the request, one member drawing attention to the fact that on a previous occasion, he pointed out that they should have a section entirely Irish. We are glad the Cork Branches have taken that step. ('Notes', *CS*, 14.12.1901, Ich. 633).

Ag túis na bliana 1902, pléadh Taispeántas Corcaigh ag cruinnithe an Choiste Gnó agus cuireadh rún i bhfeidhm nach mbeadh Conradh na Gaeilge ar léibhéal náisiúnta freagrach as Roinn na Teanga agus tionscal Gaeilge ag an Taispeántas.⁵⁶ Go luath ina dhiaidh sin, thit Roinn na Gaeilge sa Taispeántas go hiomlán as a cheile. Tugadh easpa airgid mar cheann de na fáthanna gur theip ar

an smaoineamh agus cáineadh an Taispeántas go mór sa *CS* toisc nár díoladh earraí Éireannacha ann.⁵⁷

Pléadh tábhacht na Gaeilge mar theanga náisiúnta na hÉireann i gcúrsaí gnó go minic sa *CS* agus nascadh an teanga le dul chun cinn na heacnamaíochta:⁵⁸

Anoisní hé amháin go mbaineann gnó na hÉireann leis an nGaedhilg, ach gan an Ghaedhilg, níl sé i ndán d'obair na tíre dul chum cinn. Má bhítear gan Teanga na tíre seo do chur ar bun acht go failligheach neamhshuimeamhail, is failligheach neamhshuimeamhail a rachas obair na tíre ar aghaidh agus dhá luaithe dhá dtuigidh lucht ceirde agus lucht gnó na tíre é sin is amhlaidh is goirre dhóibh an chabhair! (Gnó agus Teanga na hÉireann, Eagarfhocal, *CS*, 11.1.1902, lch. 10).

Thuig conraitheoirí muna leathnófaí an Ghaeilge sna hinstiúidí airgeadais ar fud na tíre nach n-éireodh le húsáid na teanga i gcúrsaí gnó. Pléadh an ról a bhí ag bancanna na hÉireann i gcraobhscaoileadh na teachtaireachta Gaeilge. Dhiúltaigh craobhacha bancanna áirithe seiceanna a bhriseadh ó am go ham dá scriobhfaí an síniú i nGaeilge. B' é an leithscéal a tugadh i dtaobh na gcásanna seo ná go raibh sé níos fusa caimiléireacht a chur i bhfeidhm i nGaeilge ná mar a bhí i mBéarla! Foilsíodh na cásanna seo i gcolúin an *CS* le poiblíocht a thabhairt don phráinn a bhain le cur i bhfeidhm na Gaeilge i gcúrsaí gnó.⁵⁹

Sna blianta tosaigh, léiríodh an ceangal idir cur chun na teanga agus eacnamaíocht na hÉireann. Tuigeadh do lucht an Chonartha nach ndéanfadh lucht gnó dul chun cinn mura ligfí do mhuintir na hÉireann iad féin a chur in iúl ina dteanga dhúchais féin:

Cia nidh Teanga? Tá, slighe nádúrtha do thug Dia do dhream daoine le n-a smuainte d'fhoillsiughadh d'á chéile. Tá sé do réir nadúir mar soin, ag cineadh daoine teanga áirithe do bheith aca; agus is fearr thiocfas smuainte agus inntinn na ndaoine sin amach. ('Gnó agus Teanga na hÉireann', Eagarfhocal, *CS*, 11.1.1902, lch. 10).

3.2.3 *Cúrsaí Polaitíochta:*

Nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge ba cheann de na rialacha dochta a bhí ann ná nach mbeadh baint ag an eagraíocht le polaitíocht de chineál ar bith.⁶⁰ Pléadh fealsúnacht an Chonartha i leith na polaitíochta sa *CS* san eagарfhocal ar an aonú lá is fiche de mhí Dheireadh Fómhair 1899 agus dúradh gur athbheoigh an Ghaeilge náisiúntacht na hÉireann ach nach eagraíocht pholaitíochta a bhí inti.

Taobh amuigh de sin, admhaíodh go raibh ról ag polaiteoirí agus ag Boird Phoiblí na tíre in athbheochan na Gaeilge.⁶¹ Nuair a dhiúltaigh Mr. William O'Brien ón 'United Irish League' tacaíocht a thabhairt do ghnéithe áirithe de pholasáí an Chonartha, pléadh dearcadh an Chonartha i gcomhthéacs na fealsúnachta polaitíochta a bhí aige mar eagraíocht náisiúnta:

The League is wedded to one wife – the cause of the Irish language – and being faithful to its bond indulges in no flirtations. It holds that all who aid in carrying out its aims, be they Orangemen on one side of Mr. O' Brien or Irish Republicans on the other, are helping the cause of Irish Nationality. [...] The Gaelic League is a free democratic institution and has no machinery for holding star –chamber inquiries into the views of those who wish to join it, but it does not conceal from them that when they do join it, they join in a work for the re-establishment of an Irish Ireland. ('Mr William O'Brien's Criticisms', *CS*, 24.11.1900, lch. 5(581)).

I gcás Chonradh na Gaeilge, deir Donnchadh Ó Súilleabháin go raibh “dhá shaghas polaitíochta i gceist – an pholaitíocht inmheánach agus an pholaitíocht le ‘P’mór”” (Ó Súilleabháin, 1998, 245). Cé gur tharla conspóidí inmheánacha áirithe i gConradh na Gaeilge i mblianta tosaigh an *CS*, chloígh an páipéar le polaitíocht i saol an ghnáthdhuine i rith na tréimhse seo. Ba ar úsáid na Gaeilge i measc polaiteoirí na hÉireann a dhírigh an *CS* a aird ag an am seo. Rinneadh iarracht i gcolúin an pháipéir obair na gComhairlí Condae agus na bhFeisirí a chur os comhair na léitheoirí.⁶²

Sa bhliain 1900, nuair a bhí Seán Mac Réamoinn i gCluain Tairbh ag leagadh bunchloiche do na Braithre Críostaí, léirigh sé gur thuig sé an dochar a rinneadh le sacsanú na hÉireann:

“The process of Anglicising Ireland was an unmixed evil (applause). It was bad for religion, for the moral, for the material and for the national well – being of the nation” [...] The statement which Mr John Redmond thus took the occasion to make shows that the Chairman of the Irish Parliamentary Party has a clear grasp of the national issues that are bound up with the fortunes of national speech. (‘Notes’, *CS*, 16.6.1900, Ich. 8(216)).

Ní raibh Conraitheoirí sásta leis an bhfeachtas toghcháin a reachtáladh do thoghchán 1900 agus rinneadh tagairtí d’eascaí úsáid na Gaeilge san fheachtas i rith mí Dheireadh Fómhair.⁶³

Ba sa bhliain 1901 a tháinig easpa úsáid na Gaeilge i gcúrsaí polaitíochta chun cinn sa *CS* nuair a tharla conspóid idir an Irish Parliamentary Party agus Conradh na Gaeilge ar an ábhar seo. Thosaigh an chonspóid le hóráid a tugadh i Lios Mór, Co. Phort Láirge ag cruinniú an Pháirtí agus inar cuireadh rún i bhfeidhm go raibh an Páirtí taobh thiar den ghluaiseacht d’athbheochan na Gaeilge. Níor

labhraíodh focal Gaeilge ag an gcruiinniú áfach cé gur dúiche ar labhraíodh an

Ghaeilge inti a bhí i gceist:

At this meeting, no Irish was spoken, and so the meeting was a living lie to the resolution; it was a powerful factor making for Anglicisation in that district. This meeting tended to make men forget and be ashamed of Irish by banning it from official part in the proceedings. This meeting was absolutely false to the resolutions it passed, false to its principles and false to Irish Ireland. [...] Again Bangor Erris, Belmullet and Balla are in a district where happily Irish is still generally spoken. Meetings were held in these places in the last fortnight and according to the reports, only one Irish speech was delivered in all. [...] We say deliberately that in thus boycotting Irish, the Parliamentary Party is nothing less than a huge Anglicising agency, that it tramples and despises Irish, in fact, and that it is in a large measure responsible for the contempt with which Irish is regarded by thousands of those whom it addresses. ('The Campaign of the Irish Parliamentary Party against the Irish Language', Eagarfhocal, *CS*, 28.9.1901, lch. 8)

Chríochnaigh an t-eagarfhocal a rá go raibh a fhios acu go raibh Seán Mac

Réamoinn agus a Pháirtí ag déanamh sár-iarrachta chun fadhbanna

eacnamaíochta na hÉireann a réiteach ach nár bhí fhiú an iarracht gan an Ghaeilge.

Ar an gcúigiú lá de mhí Dheireadh Fómhair 1901, cuireadh rún i gcló ó chraobh

'Glenmalure' a rá gur chóir tacaíocht a thabhairt don 'Irish Parliamentary Party'

de dheasca na hoibre a bhí á déanamh acu ar son talamh na hÉireann. Léiríodh

fós i gcolúin an *CS* míshástacht an Chonartha ó thaobh úsáid na Gaeilge ar na

hardáin pholaitíochta sna háiteanna ar labhraíodh Gaeilge iontu agus ainmníodh

áiteanna eile fosta san eagairfhocal seo agus in eagrán eile ag deireadh na bliana

1901, ar labhraíodh an Ghaeilge iontu ach nár úsáideadh an Ghaeilge ag

cruinnithe an 'Irish Parliamentary Party'.⁶⁴ Níor ghéill an Conradh agus ar an

naoú lá déag de mhí Dheireadh Fómhair 1901, foilsíodh alt sa *CS* ag cur in iúl

méid a chreidiúna in úsáid na Gaeilge ar bhonn polaitiúil chun an tír a ghaelú arís:

It is evident that in Glenmalure the language movement is regarded as a feeble little dwarf, and the United Irish League as a powerful giant who is unscrupulous enough to do irreparable damage to the dwarf, if it dares to utter any reproach, right or wrong. We tell these timid descendants of brave forefathers that the Language Movement fears no hostility and that it will not lower its flag nor be intimidated into silence until every body, party and organisation in Ireland claiming to be national and patriotic adopts to the full, not only in programmes and sympathies, but in actual and consistent practice, the principle and the policy of an Irish Ireland' ("Glenmalure", Eagarfhocal, *CS*, 19.10.1901, Ich. 8).

Ó 1899 go túis na bliana 1903, cuireadh polasaí an Chonartha i leith úsáid na Gaeilge i gcúrsaí polaitíochta i bhfeidhm trí cholúin an *CS*. Tógadh céim níos faide ar aghaidh é nuair a foilsíodh polasaí poiblí Chonradh na Gaeilge i mí na Samhna 1901. B' é bunús an pholasaí ná gur chóir an stádas ab uaisle a thabhairt don Ghaeilge i ngní poiblí na hÉireann agus gur mhasla don náisiún é muna ndéanfaí amhlaidh. Chríochnaigh an píosa le ráiteas ó Thomas Davis a rá gur luachmhaire agus gur láidre an teanga ná dún ná coimirce ar bith eile i gcomhthéacs chosaint na tíre. Ní hamháin go gcabhródh an Ghaeilge le slánú náisiúntacht na hÉireann ach dúradh gur chuid lárnach de náisiúntacht na hÉireann a bhí inti agus sa tslí sin go raibh géarghá léí ionas go bhfásfadh Éire mar náisiún inti féin arís.⁶⁵ De réir na bhfocal seo a cuireadh ról na Gaeilge i sochaí na hÉireann os comhair léitheoirí an *CS* i rith na mblianta tosaigh.

*Caibidil a Ceathair : Nuachtán forbortha,
comhaimseartha, conspóideach : Samhain 1909 –
Meán Fómhair 1917*

Sa chaibidil seo pléifear

1. na hathruithe agus na forbairtí a fheictear sa *CS* féin i rith na tréimhse 1909 - 1917, go háirithe an t-athrú mór a rinneadh ar chruth an pháipéir i 1913
2. an léargas a fhaightear sa nuachtán ar phríomhimeachtaí polaitíochta na tréimhse ar leibhéal náisiúnta agus idirmáisiúnta :
 - a. an pháirt a ghlac an *CS* sa choimhlint i gcomhair Rialtas Dúchais agus i gcur chun cinn na nÓglach agus na tuairimíochta náisiúnaí.
 - b. an dóigh a ndeachaigh an tuairimíocht seo i bhfeidhm ar thuairimíocht pholaitíochta Chonradh na Gaeilge agus an léargas a fhaightear ar éirí as ‘An Craoibhín’, i gcolúin an *CS*
 - c. an tionchar a bhí ag an gCéad Chogadh Domhanda ar Éirinn
3. An tionchar a bhí ag eachtraí staire an domhain ar chúrsaí eacnamaíochta agus ar chúrsaí sóisialta na hÉireann mar a léirítear sa *CS* iad i rith na tréimhse seo; tionchar na stailce i 1913; léiriú ar an troid ar son chearta na mban; coinníollacha maireachtála na ngnáthdhaoine in Éirinn ag an am seo.

4. an t-eolas a fhaightear sa **CS** ar an mbéim a cuireadh ar fhorbairt na Gaeilge sna Gaeltachtaí sa tréimhse seo den pháipéar agus tionchar na himirce ar staid na teanga sa Ghaeltacht; úsáid na Gaeilge ar bhonn poiblí – in eagraíochtaí poiblí, ag Cléir uile na tíre, sna nuachtáin agus an obair a rinneadh i dtíortha eile chun teanga náisiúnta a chur chun cinn
5. an tslí ar baineadh úsáid as an nuachtán chun an seasamh a ghlac Conradh na Gaeilge ar Ghaeilge sna Coláistí Traenála agus san ollscoil a léiriú ; an díospóireacht sa **CS** ar éagothromaíocht stádas na Gaeilge i gcomparáid leis an nGearmainis agus leis an bhFraincis sa chóras Meánoideachais.
6. an ról a bhí ag an nuachtán i bhforbairt na nualtríochta i rith na tréimhse; an t-aitheantas a léiríodh i rith na tréimhse seo do mhórscríbhneoirí na hAthbheochana; an chonspóid ar fhorbairt na nualtríochta i dteanga na ndaoine nó i nGaeilge chaighdeánach; na díospóireachtaí ar fhás na filíochta idir ‘Torna’ agus ‘Cara na nUghdar’; drochcháil Dhrámaí Synge agus easpa dhul chun cinn na drámaíochta Gaeilge san Amharclann Náisiúnta.

4.1 Athruithe sa CS féin - Eagarthóireacht agus Bainisteoireacht:

Rinne Pádraig Mac Piarais iarracht éirí as an eagarthóireacht ar an **CS** i mí an Mheithimh 1908 ach d'iarr an Coiste Gnó air sé mhí eile a chaitheamh leis an eagarthóireacht de bharr throid Chonradh na Gaeilge ar son na Gaeilge mar ábhar maithreánach éigeantach san ollscoil.¹ Ar feadh tréimhse gearr ansin (Samhradh /

cuid d'Fhómhar na bliana 1908), rinne Seán Mac Éinrigh, timire i gConnachta, eagarthóireacht ar an CS chun deis a thabhairt don Phiarsach a chuid dúthrachta a chaithreamh le bunú Scoil Éanna.² D'imigh Seán Mac Éinrigh ar ais chuig a chuid oibre féin agus i mí na Samhna 1908 toghadh Seán Mac Giollarnáth mar eagarthóir cúnta don CS. Roimhe seo, bhí Seán Mac Giollarnáth ina eagarthóir ar *An Connachtach*.³ Tuigeadh ag Ard- Fheis Chonradh na Gaeilge 1909 áfach, go raibh Pádraig Mac Piarsais ag éirí as eagarthóireacht an CS agus mhol Craobh na Gaillimhe go ndéanfaí socruite dár réir gan mhoill.⁴ I mí na Samhna 1909, fógraíodh sa CS gur ceapadh Seán Mac Giollarnáth mar eagarthóir nua lánaimseartha ar fhoilseachán oifigiúil Chonradh na Gaeilge.⁵ B'eisean eagarthóir an CS go dtí Meán Fómhair 1917.

Bhí stiúrthóir nua -Tomás Ó Míodhcháin -i bhfeighil ar an nuachtán faoin am seo tar éis do Sheán Ó Ceallaigh éirí as an stiúrthóireacht i mí Aibreáin na bliana céanna.⁶ Is léir ón tuairisc a thug Ó Míodhcháin ag Ard–Fheis 1909 gur chreid sé go raibh a lán oibre le déanamh aige chun an CS chur ar ‘shlighe a leasa’ ach go raibh muinín aige as féin go rachadh sé i ngleic leis an dúshlán a bhí os a chomhair amach:

Ghlac as cúram stiúrthóireacht an “Claidheamh Soluis” agus “Irisleabhar na Gaedhilge” an naomhadh lá déag de Aibreán seo chuadh tharainn agus ó shoin is féidir liom a rádh go bhfuaireas mo dhoithín oibre le déanamh.

Tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil breis feabhuis tagtha ar an gClaidheamh le goirid agus tá baramhail agam dá mbh’feidir congnamh agus co-oibriúghadh fhághail ó chonnradhóirí ann seo agus ann siúd thríd an tir go mbeadh an bhreis feabhuis sin a meadúghadh feasda. [...] Tá áthas orm é bheith agam le rádh tar éis mo shaothar ráithche leis an “gClaidheamh” go bhfuil teacht

isteach idir fuagraí agus eile seacht bpunt san tseachtmhain níos mó ná mar bhí sé an lá fuaireas cúram na bpáipéar.

(‘An Claidheamh Soluis’ agus ‘Irisleabhar na Gaedhilge’, Ard–Fheis 1909, 45–46).

B’inmholta na cuspóirí a bhí ag Ó Míodhcháin ach níor mhair a thréimhse stiúrthóireachta i bhfad agus i mí na Nollag 1909 toghadh Liam Ó Mongáin mar stiúrthóir nua. Thosaigh sé go foirmiúil i mí Eanair 1910 agus chríochnaigh a thréimhse ag deireadh na bliana 1912. Ní raibh an CS ag íoc as féin go dtí seo agus is léir óna thuairisc don Ard–Fheis i 1910 nach raibh mórán feabhaí tagtha ar an scéal agus nach raibh mórán muiníne aige as an gCoiste Gnó go reiteofaí an scéal go luath:

Mar atá fhios ag gach duine bhí caillteanas mór ar an ‘gClaidheamh’ gach bliadhain darab críoch Feabhra 28adh, 1910. Ní féidir liom tada a rádh ‘na taobh seo, acht is féidir liom an méid seo a rádh nach mbeidh an sgéal céadna le cur ós comhair na hArd–Fheise mí Lúghnasa, 1911. Tá an “Claidheamh” ag íoc as féin ó fuair mé greim air. [...] Chuir mé litir chuig gach ball de’n Choisde Gnótha acht má chuir féin ní fhuair mé fiú na freagra uatha. Cheap mé go mbeadh cabhair le fagháil, agus cognamh freisin, go háirithe ó bhaill na tuaithe, acht ní fhuaireas, gí go raibh cuid aca i gcomhnuidhe ag clamhsán ar an “gClaidheamh” agus ag rádh go má cheart deireadh a chur leis. [...] Tá súil agam go mbeidh an “Ard–Fheis” sásta le mo chuid oibre ó Eanair seo thart agus go mbeidh siad gach bliadhain feasda ag moladh i leabadh a bheith ag cáineadh An “Claidheamh Soluis” bocht. (‘An “Claidheamh Soluis”’, Ard–Fheis 1910, 29 – 30).

In ainneoin a chuid oibre, b’ionann an scéal do Liam Ó Mongáin i dtuairisci na mblianta 1911 agus 1912. Cuireann sé in iúl iontu go ndearna sé an-iarracht dea-

cháil an **CS** a scaipeadh ach gur theip air aon dul chun cinn a dhéanamh sa deireadh.⁷

Rinneadh iarrachtaí éagsúla idir 1909 go 1912 an páipéar a dhéanamh níos suimiúla ach ar an ionlán bhain na hathruithe seo le hócáidí áirithe ar nós an Oireachtas agus fhéilte na bliana.⁸

Feictear an dúthracht a caitheadh le feabhas a chur ar an **CS** i dtuairisc na hArd–Fheise sa bhliain 1912 nuair a rinne Seosamh Laoide cur síos ar an iarracht a rinne seisean chun feabhas a chur ar ábhar an nuachtáin. Is fiú an píosa a léamh chun tuiscint a fháil ar an diágrais a chaith scríbhneoirí agus eagarthóirí an **CS** ar a gcuid alt agus an iarracht a rinne siad chun an páipéar a chur chun cinn in ainneoin na gconstaící a bhí le sarú acu ar leibhéal gairmiúil agus ar leibhéal pearsanta agus in ainneoin choinníollacha agus mhíshuaimhneas na tíre i rith na tréimhse seo. Pléifear an ghné seo d'obair an pháipéir forsta i gCaibidil a Cúig.

D'inis Seosamh Laoide don Choiste Gnó gur scríobh sé fiche aiste ar ábhair éagsúla don **CS**. B'iad na príomhábhair ar scríobh sé futhu ná léirmheasanna, píosaí próis, dánta agus aistí ginearálta. Mhol sé don Choiste go n-íocfaí as scríbhneoirí an **CS** nó gur fearr a rá leo go hosailte nach n-íocfaí as a gcuid oibre mar bhí ceist tuarastal na scríbhneoirí á plé ag an am seo. Phléigh sé an tréimhse a chaith sé i mbun eagarthóireachta forsta – seachtain i mí na Nollag 1911 agus trí seachtaine i mí Eanáir 1912. Is léir ón tuairisc gur oibrigh sé go dian dícheallach ar son chur chun cinn an pháipéir agus gur mhothaigh sé go raibh, ar a laghad, luach a chuid oibre tuillte aige de bhrí gur chaith sé an méid

sin ama i mbun scríbhneoirreachta ar na haistí. Luann sé gur chaith sé seachtaí iomlán ar cheann díobh.:⁹

Is minic do chaitheas seachtmhain le ceann amháin aca .i. ceann achrannach go bhfuaras mórán dá dhuadh suí a rabhas réidh leis. Do chomhairigheas é sin i dtaobh “Fraoch Mac Fiodhaigh” – bhíos ag gabháil dó soin ar feadh seachtmhaine dhá sgríobhadh agus dhá aithsgríobhadh agus dhá cheartughadh istoidhche gach lá i ndiaidh a chéile.

(“Obair do rinneas chum cabhrúighthe leis an “gClaidheamh Soluis”, Cuntas Sheosaimh Laoide, M.R.I.A., Ard – Fheis 1912, 44).

Sa tuairisc ar imeachtaí na hArd–Fheise, pléadh dáileadh agus cailleanas airgid an CS. Cé gur laghdaíodh ar chailleanas an pháipéir ó £492 19 1 i 1910 go £129 12.4 i 1912, laghdaíodh ar an dáileadh forsta ó 130,936 cóip i 1908 go 104,809 cóip i 1912.¹⁰

Ní hamháin go raibh míshástacht le sonrú ó thaobh dháileadh agus chailleanas an CS ach chomh maith leis sin, ba léir nár aontaigh a lán toscairí le polasaí eagarthóireachta an pháipéir.

Tuigeadh faoin am seo gur rud práinneach é gníomh áirithe a dhéanamh chun uirlis oifigiúil an Chonartha a shábháil agus toghadh fo–choiste ag an Ard–Fheis seo chun ceist agus cúram an CS a iniúchadh.¹¹

Tháinig míshástacht bhaill Chonradh na Gaeilge le polasaí eagarthóireachta an CS chun cinn arís ag Ard–Fheis 1913 ach socraíodh go nglacfaí le plean Uí Rathghaille chun an páipéar a fheabhsú.¹² Ceapadh Pádraic Ó Riain mar stiúrthóir ar an bpáipéar ag deireadh na bliana 1912 agus tuigtear as an gcuntas a thug sé ar

an *CS* ag an Ard–Fheis i 1913 go raibh caillteanas mór ar an bpáipéar go fóill ach go raibh sé ag súil go gcabhródh plean nua Uí Rathghaille go mór le cur chun cinn uirlis oifigiúil an Chonartha.¹³

Ar an triú lá déag de mhí Mheán Fómhair 1913, in eagарfhocal a scriobh ‘Ua Rathghaille’, rinneadh cur síos ionlán ar shonraí an *CS* nua. Ba í príomhghhné na forbartha nua ná gur ‘Gaelic Weekly Illustrated NEWSPAPER’ a bheadh ann.

Bheadh blas ilchríochach ar an nuachtán nua le colún nua ar chúrsaí faisin agus síniú le gach eagарfhocal agus alt. Ní bheadh ardú praghais i gceist agus dúradh san eagарfhocal go rabhthas ag brath go mór ar thacaíocht an phobail chun dul chun cinn an pháipéir a chinntiú.¹⁴ Tugadh le fios ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair go mbeadh cruth nua an *CS* i gcló d’eagrán na Samhna agus ba é Dubhglas De híde a scriobh céad eagарfhocal an pháipéir nua:¹⁵

Is páipéar nuaidheachta agus ní páipéar léighinn agus foghluma an Claidheamh Soluis acht tá na Gaedhil atá ‘ghá stiúradh agus ‘ghá thabhairt amach tá siad féin lán de mheanmain a sinsear agus ní thiubhraidh siad cùl go deo do’n sean–stair ná do’n sean–eolas. Nuaidheacht dá úire bhéas le fagháil in ár nduilleógaibh béidh blas breágh Gaedhealach uirri le congnamh Dé agus iarraimd ar ár gcuid sgríobhnóirí crut agus foirm do chur ar na rudaibh nuadha amhail agus dá mbudh Gaedhil na h-aoise chuaidh tharrainn do bhí ag cur síos orra.
(Eagarfhocal, *CS*, 1.11.1913, Ich. 3).

Ar ndóigh, scriobh Eoin Mac Néill alt tábhachtach mar cheann de phríomhaitl an nuachtáin san eagrán seo chomh maith. ‘The North Began’ – an t-ainm a bhí ar

an alt agus bheadh tionchar an ailt chéanna ar stair na hÉireann le feiceáil go

láidir sna blianta le teacht.¹⁶

Ba léir gur thaitin an *CS* nua go mór le léitheoirí an pháipéir agus san eagarrfocal

ar an séú lá de mhí na Nollag 1913, phléigh Pádraig Ó Riain, Stiúrthóir an *CS*,

an comhfhereagras fabhrach a fuarthas faoin gcruth nua agus an dóigh go raibh

ciorcláiocht an nuachtáin ag méadú faoi dhó in aghaidh na míosa.¹⁷

Cé go raibh an - tacaíocht don *CS* nua, ag túis na bliana 1914, seoladh beart

nuachtán ó chraobh Dhroichead Átha ar ais chuig nuachtánaí de bhrí gur chreid

baill na Craobhe nach raibh dóthain Gaeilge acu chun an *CS* nua a léamh as a

stuaim féin. Pléadh an eachtra sa *Drogheda Independent* a rá go raibh

conraitheoirí míshásta leis an bpáipéar nua de bhrí go raibh an iomarca Gaeilge

ann. Nuair a pléadh an t-alt sa *CS* féin tugadh le fios nach amháin gur shíl

scríbhneoir an ailt sa *Drogheda Independent* go raibh an iomarca Gaeilge sa *CS*

nua ach chomh maith leis sin go raibh amhras ar an scríbhneoir faoi impleachtaí

na n-alt síntíte sa nuachtán nua. Nuair a rinneadh tuilleadh plé ar an ábhar an

tseachtain dár gcionn cuireadh in iúl gur scríbhneoir as Contae na Mí a scríobh

an chéad alt agus nár thug sé léargas ceart ar thuairimíocht Dhroichead Átha ar

an *CS* nua ar chor ar bith.¹⁸ Cé gur féidir a mhaíomh gur eachtra aonarach in aon

áit amháin in Éirinn a bhí san eachtra seo, is dócha gurbh amhlaidh a bhí an scéal

in a lán áiteanna ar fud na tíre ag an am. Cláraíodh an mhíthuisceint ar deireadh

ach chruthaigh sé go raibh a lán oibre le déanamh fós ó thaobh chaighdeán

litearthachta na Gaeilge agus gan pobal léitheoireachta, conas a mhairfeadh

nuachtán Gaeilge?

Níorbh fhada a mhair an dea-cháil agus an diolachán mór áfach agus cé go ndearna an bainisteoir agus an t-eagarthóir a ndícheall, níor éirigh leo an **CS** a chur ag obair as a stuaim féin:

Ar dtúis do dhíolaimís 7,000 cóip sa tseachtmhain acht níor lean san acht ar feadh beagán seachtmhainí. Do bhí súil againn go mbeadh an díol ag dul i méid i gcomhnuidhe do réir mar do bheadh daoine ag cur aithne ar an bpáipéar tríd na fógraí do bhí ins na páipeuraibh tuatha againn agus tríd na leitreacha agus na hathchuingeacha go léir do chuireamar go dtí na craobhacha &c. Acht in aimhdheoin na hoibre go léir is amhlaidh do – chuaidh an díol i luighead, in ionad dul i méid, i gcionn beagán seachtmhainí taréis tosnaighthe dhúinn. Bhí an díol ag síor – laghdughadh go dtí ná raibh acht 3,000 cóip sa tseachtmhain dhá dhíol.

(‘Cuntas Bainisteora an “Chlaidhimh Soluis”, Ard-Fheis 1914,

25).

Cé go raibh costais arda le bunú an **CS** nua, bhí cúrsaí airgid an **CS** go maith i 1914 agus ní raibh ach thart fá £150 de chaillteanas ar an bpáipéar.¹⁹ Rinne Pádraig Ó Riain éacht mar bhainisteoir ar an **CS** ach i mí an Mheithimh 1915 fógraíodh sa pháipéar go raibh sé ag éirí as an mbainisteoireacht:

Tá ár mbainisteoir Pádraig Ó Riain ag imtheacht uainn. Fear óg ‘seadh é agus is maith linn daoine óga a fheiceáil ag dul ar aghaidh sa saoghal. Tá beart níos fearr ná mar a bhí aige faighte ag Pádraig agus cé nach maith linn é bheith ag imtheacht uainn, guidhimid rath is sonas air. Is mór le rádh go ndearnadh sé An Claidheamh a stiúradh le trí ráithe anuas gan aon chongnamh airgid d’fhághail ó’n gCoiste Gnótha. Rinne sé sin.

(‘Pádraig Ó Riain’, **CS** 5.6.1915, Ich. 8).

D’éirigh sé as an mbainisteoireacht i mí na Bealtaine 1915 agus b’é Seán Ó Conchubhair a lean é mar bhainisteoir ar an **CS**. Feictear ó thuairisci an

bhainisteora do na blianta 1915 agus 1916 gurb' amhlaidh a bhí an scéal do Sheán Ó Conchubhair mar bhainisteoir. An seanscéal i rith an ama, ‘sé sin go ndíolfadh an páipéar as féin dá gceannófaí é.²⁰

Chríochnaigh an tréimhse seo ar nota dóchasach maidir le cúrsaí airgid áfach agus de réir thuairisc an bhainisteora ag an Ard–Fheis i 1917, ní raibh mórán caillteanais ar an bpáipéar don bhliain dár chríoch 28ú Feabhra 1917. Lean an feabhas seo ar aghaidh go deireadh na bliana 1917.²¹

Ar ndóigh, le linn deireadh na tréimhse seo bhí cúramí eile ar mhuintir na hÉireann agus níor tháinig an *CS* slán ó thionchar chúrsaí polaitíochta na tíre ach oiread. Maidir le cúrsaí clódóireachta an nuachtáin féin, níor cuireadh an *CS* i gcló ón naoú lá is fiche de mhí Aibreáin go dtí an seachtú lá is fiche de mhí na Bealtaine 1916 mar gheall ar an Éirí Amach.

Bhí sé deacair ag an am seo a bheith neamhchlaonta i dtaobh chúrsaí polaitíochta na tíre agus bhí anáil na polaitíochta le sonrú ar eagarthóireacht Sheán Mhic Giollárnatha. Ceistíodh é i dtaobh na gclaontaí polaitíochta a léiríodh sa nuachtán ach ba léir go raibh an Coiste Gnó sásta leis an bhfreagra a thug sé dóibh.²² Chuir Craobh Uí Ghramhna i gCorcaigh rún isteach ag an Ard–Fheis i 1916 ag cáineadh chaighdeán eagarthóireachta an *CS* agus ag moladh don Choiste Gnó gur chóir eagarthóir nua a thoghadh. Socraíodh go bhfágfaí an cheist faoi chúram an Choiste Gnó.²³

I ndáiríre, b' é seo túis an deiridh d'eagarthóireacht Sheán Mhic Giollarnáth. Bhí trí rún istigh ag Ard–Fheis 1917 ag iarraidh athruithe i bpolasaithe

eagarthóireachta an *CS*.²⁴ D'éirigh sé as an eagarthóireacht i mí Lúnasa agus ar an gcúigiú lá déag de mhí Mheán Fómhair 1917, fógraíodh gur toghadh Piaras Béaslaí mar eagarthóir nua ar an *CS*.²⁵

4.2 Polaitíocht:

Deir an tAthair Tomás Ó Fiach ina alt *The Language and Political History* gurb é *Barr Buadh* an Phiarsaigh (1912) an chéad pháipéar polaitiúil a foilsíodh i nGaeilge ach is ríléir as iniúchadh a dhéanamh ar cholúin an *CS* go raibh ról gníomhach fosta aige i gcur i láthair chúrsaí thíre sa tréimhse inar cuireadh i gcló é.²⁶ Cé nach dtugtar na tuairisci go léir i nGaeilge sa *CS*, tuigtear astu gurb é meon Gaelach na linne a léirítear iontu agus faightear léargas cuimsitheach ar chúrsaí polaitíochta agus ar chúrsaí staire na hÉireann iontu dá bharr. Ní hé gnó an tráchtas seo cúrsaí staire na tréimhse seo a phlé go mion ach is foinse staire suimiúil é an *CS* dúinn sa lá atá inniu ann chun léargas ar dhearcadh phobal Gaeilge na hÉireann ar eachtraí stáiriúla agus polaitíochta na tréimhse a scrúdú.

Ba thréimhse bhríomhar, fhuinniúil, réabhlóideach í 1909 go 1917 i stair na hÉireann. Bhí cúrsaí náisiúnachais ag teacht chun cinn agus b'íad na focail a ba thráthúla i mbéal an phobail ná ‘Rialtas Dúchais’. Rinneadh iarracht i gcolúin an *CS* a chur ina luí ar Éireannaigh an tábhacht a bhain le cur chun cinn na thíre mar náisiún neamhspleách inti féin a raibh a teanga agus a cultúr féin aici.²⁷ Ba

mhinic a rinneadh tagairtí géara, oscailte don deighilt idir naisiúntacht na

hÉireann agus cultúr Sacsanach agus Impriúlachas na Breataine Móire:²⁸

Wherever Nationality has been scrapped, in history, decay has followed. Wherever an empire has burst, nations have sprung up. Nationality is one of the permanent things of civilisation.

Imperialism is a system under which all the duties of patriotism are delegated to mercenaries and whose bonds are anything but ties of brotherhood. Imperialism it is that ages, but Nationality has the power of renewing its youth.

(‘Ancestor Worship’, Eagarfhocal, *CS*, 18.4.1914, Ich. 6).

Ag túis na bliana 1910 pléadh ról Rialtais Dúchais i gcur chun na Gaeilge agus is léir ón alt nár glacadh go ró-dhairíre leis an gcoincheap de bhrí go raibh cosc ar pholaitíocht i gcúrsaí an Chonartha:

Tá an-chuid cainnte ar siubhal le déanaighe fá Riaghaltas Dúthchais do bheith ag muinntir na hÉireann; acht is ar éigin a chuirid Gaedhil an Chonartha aon tsuim sa chainnt. “Neamh-bhaint leis an bpolaitidheacht” is fath leis an neamhshuim sin. Ní eile: adéarfadh Gaedheal leat ná Gaedhealóchadh Riaghaltas Duthchais muinntear na hÉireann. Is fiú dó. [...] Ní hiad na Sasanaigh atá ag gallughadh na tíre seo fá láthair acht muinntear na hÉireann iad féin; agus is é an Gall-oideachas atá ag gallughadh muinntire na hÉireann.

(‘Riaghaltas Dúthchais’, Cúrsaí an tSaoghail, *CS*, 19.2.1910, Ich. 3).

Pléadh Rialtas Dúchais sa *CS* go rialta ó 1909 go 1910 ach is sa bhliain 1911 a fheictear an t-athrú meoin.²⁹ Chabhraigh an ‘Léasú ar an mBunreacht’ i 1911 go mór le hardú dóchais na nÉireannach i leith chur i bhfeidhm Rialtais Dúchais.³⁰

Bhí an bóthar á úllmhú i gcomhair Rialtais Dúchais.

Ó mhí Eanair go mí an Mhárta 1912, pléadh impleachtaí Rialtais Dúchais ar shaol na hÉireann sa *CS*. Sonraítear an mhíshástacht leis na socruithe a bhí á ndéanamh ag an bPairlimint ar na sleachte.³¹ Feictear malairt tuairime ag ‘Cú Uladh’ agus scríbhneoir an eagарfhocail sa *CS* ar an bhfichiú lá de mhí Aibreáin 1912.³² Ceistíonn ‘Cú Uladh’ fiúntas agus tairbhe an Bhille Nua i ngnáthshaol na ngnáthdhaoine in ailt sa *CS* ó mhí Eanair go mí na Bealtaine ach san eagарfhocal deirtear go bhfuil Conradh na Gaeilge i bhfabhar an Bhille nua:

An Irish Government would find means of effecting great economic improvements. Re-afforestation, arterial drainage, the nationalisation of Irish coal mines and their development, the building of harbours and the development of Irish fisheries would give employment on a scale that would check emigration in the first year of home government. Radical improvements in national education and in industrial training would soon place Ireland abreast of small resurgent European nations. For these reasons we believe that the Home Rule proposals now before the English Parliament will meet with no opposition from the Gaelic League. (‘Home Rule and Nationality’, Eagарfhocal, *CS*, 20.4.1912, lch.

7).

Bhí cuid mhaith de Phrotastúnaigh Uladh go láidir i gcoinne Rialtais Dúchais ag an am seo agus leis na forbairtí nua seo ba ríleir dóibh go raibh sé thar am a dtuairimí a nochtadh os comhair an tsaoil. Shínigh thart fá 100,000 de Phrotastúnaigh Uladh an ‘Solemn League and Covenant’ i mí Mheán Fómhair 1912 agus roimh dheireadh na bliana bunaíodh Óglaigh Uladh.³³ Bhí cruinniú mór ag Protastúnaigh an Deiscirt i mBaile Átha Cliath ag túis 1913 ag iaraidh a gcuid tacáiochta do Rialtas Dúchais a chur in iúl do Chaitlicigh na tíre. Léirigh

‘An Craoibhín’ ina óráid gur chreid sé nach raibh sé de dhúchas in Éireannaigh drochíde a thabhairt dá gcomhdhaoine.³⁴ Sa tuairisc a rinneadh ar an gcruiinniú sa *CS*, dúradh gur rud maith é an cruiinniú ar bhealach ach ar shlí eile gur mhór an trua go raibh gá lena leithéid de bhrí nach raibh an t-easaontas le feiceáil i measc conraitheoirí: ‘Sinne i gConnradh na Gaedhilge, idir Chaitliocaidhe agus Protastúnach, is eol dúinn an deighmhéin atá eadrainn’ (‘Fada Fánach’, Sgéala na Seachtmhaine, *CS*, 1.2.1913, lch. 2).

Cé gur pléadh Rialtas Dúchais sa *CS* i rith na bliana 1913, ba ar chás Uladh a raibh aird an pháipéir dírithe.³⁵ Tar éis na hóráide a thug Churchill i nDundee ar an ochtú lá de mhí Dheireadh Fómhair 1913, a thug le fios do cheannairí Uladh go láimhseofaí go speisialta iad dá rachaidís i ngleic leis an gcás ar leibhéal níos réidhe, d’éisigh an eaglais Chaitliceach imníoch.³⁶ Ba léir anois do Ghaeil na tíre an chumhacht a bheadh ag Protastúnaigh na hÉireann dá gcuirfí an socrú ar Ulaidh Thoir i bhfeidhm agus an tionchar a bheadh ag an scoilt idir Ulaidh agus an chuid eile den tír, ar Éirinn mar náisiún. Scríobh ‘Caor’ alt cuimsitheach sa *CS* ar an ochtú lá déag de mhí Dheireadh Fómhair ag cur síos ar dhearcadh Churchill, ar chúrsaí na pairliminte agus ar na heachtraí déanacha:

Anois nuair atá Pairliméid ghá tabhairt ar ais dúinn tá Protastúin ghá tabhairt ina haghaidh agus tá ball amháin de’n Riaghaltas i. Churchill, réidh le Uladh Thoir do sgaoileadh ó Éirinn. Níor labhair fós acht é féin acht is cinnte nár labhair sé gan comhairle agus cead d’fhaghail ó Choiste Gnótha an Riaghaltais.
[...] Tá i gCúige Uladh féin na Gaedhil is dílse dá bhfuil le fagháil.
[...] Bhí, le cúpla céad bliadhain, agus tá fós, dream láidir de’n chreideamh Albanach i gCúige Uladh. Bhíodar go tréan ar thaobh

saoirse i mbliadhain na bhFrannach. Cuireadh amudha iad ó shoin acht tá Liberálaigh Uladh go dian i n-aghaidh dá leith do dhéanamh do Chúige Uladh agus leath di do bheith saor ó'n Riaghaltas Gaedhealach.

[...] Tá an Réamonnach tar éis a rádh i Luimneach go leigfear dóibh cúrsaí dlighe agus cúrsaí riaghaltais do stiúradh i nUlaidh Thoir, acht nach nglacfar le aon socrughadh a d'fhágfadh mant i nUlaidh. Ní fhéadfadh sé aon rud eile do rádh.

(Éire gan roinnt', *CS*, 18.10.1913, Ich. 1).

Bhí foighne na nGael ag briseadh agus ar an aonú lá de mhí na Samhna sa chéad eagráin den *CS* nua a socraíodh ag Ard – Fheis 1912, ar mholadh Uí Rathghaille, (a bhí i mbun bainisteoireachta ar an *CS*), scríobh Eoin Mac Néill alt ar chúrsaí thíre mar cheann de na príomhailt mar cheann de ghnéithe nua an *CS*. ‘The North Began’ an t-ainm a bhí ar an bpriomhailt. Chuaigh an t-alt i bhfeidhm go mór ar Ghaeil na hÉireann agus roimh dheireadh na míosa bunaíodh Óglaigh na hÉireann. Seo mar a fógraíodh bunú na nÓglach sa *CS*:

Cuireadh Óglaigh na hÉireann ar bun i mBaile Átha Cliath oídhche Dia Máirt. Ba é Eoin Mac Néill do chomhairligh an obair sa gClaidheamh i dtosach agus ‘sé a bhí i gceannus ar chruinnighthe Dia Máirt.
(‘Na hÓglaigh’, *CS*, 29.11.1913, Ich. 1.).

Níorbh fheidir ról an Chonartha i gcúrsaí polaitíochta a shéanadh as seo amach, go háirithe má fhéachtar ar bhallaíocht agus ar cheannairí na gluaiseachta nua.³⁷

Ní hamháin go raibh ceist mhór faoi ról na polaitíochta i gConradh na Gaeilge anois ach chomh maith leis sin, ní feidir a shéanadh ón spás a tugadh do chúrsaí thíre sa *CS* féin go raibh polaitíocht na hÉireann ag fáil túsaite ar athbheochan na

Gaeilge i measc phríomhchonraitheoirí na linne ar deireadh. D'úsáid an Piarsach an nuachtán chun ceann de na haitl a ba réabhlóidí agus a ba dhainséaraí dar scríobh sé riamh, ar a thuairimí ar ghéarghá arm Éireann, a scríobh, nuair a scríobh sé príomhadtáirteal ‘The Coming Revolution’ an tseachtain i ndiaidh ailt Eoin Mhic Néill.³⁸

Ó bhunú na nÓglach go síniú Bhille an Rialtais Dúchais i mí Mheán Fómhair 1914, pléadh Óglaigh na hÉireann, cás Uladh, agus Rialtas Dúchais go rialta sa *CS*. Is scáthán soiléir iad na haitl seo ar chúrsaí staire agus polaitíochta na tíre nuair a chuirtear san áireamh an pháirt a ghlac cuid mhaith de na scríbhneoirí i stair agus i bpolaitíocht na hÉireann as sin amach.³⁹ Bhí polaitíocht na hÉireann ar cheann de phríomhábhair an *CS* anois agus ní raibh aon amhras faoin taobh a bhí á glacadh ag an bpáipéar.

Cé go raibh an chuid is mó de na haitl bunaithe ar dhul chun cinn agus ar eachtraíocht na nÓglach agus ar chlaonadh polaitíochta Rialtais Dúchais, cuireadh béim ar leith ar thionchar Rialtas Dúchais ar an nGaeilge:

Níl aon fear polaitidheachta i nÉirinn anois go mbeadh aon bhrón mór air dá mbeadh an Ghaedhilg chomh marbh le hArt; agus is deimhin ná fuil aoinne aca ann atá ceapaithe ar sgéal na Gaedhilge a ghlacadh chuige agus ceist poiblíche a dhéanamh di agus troid pholaiticeach a dhéanamh ar a son. [...] Caithfear an sgéal a bhrughadh ortha marsin agus annsan déanfar sgéal polaitidheachta de'n Ghaedhilg.
(Féachaint amach romhainn’, Eagarfhocal, *CS*, 8.11.1913, lch. 3 (‘An Seabhadh’)).

Nuair a chuir ‘Mughdhorn’ i leith an Phiarsaigh go raibh a chuid tuairimíochta ar na hÓglaigh ‘un- Irish’, chosain sé a chuid fealsúnachta ag léiriú an cheangail idir teanga agus náisiún:

I do not know who among the Gaelic Leaguers that have joined the Volunteers has been foolish enough to suggest that he ‘cares for the language merely as a sort of stimulant in the fight for nationhood’. Certainly not I: I have spent the best fifteen years of my life teaching and working for the idea that the language is an essential part of the nation. I have not modified my attitude in anything that I have recently said or written; I have only confessed (and not for the first time) that in the Gaelic League I have all along been working not for the language merely but for the nation. I now go further and say that anyone who has been working for the language merely (if there be any such) has never had the true Gaelic League spirit at all and though in the Gaelic League, has never really been it. I here protest that it was not philology, not folk lore, not literature, we went into the Gaelic League to serve but : Ireland a Nation.

(‘The Psychhology of a Volunteer’, Eagarfhocal, *CS*, 3.1.1914,

lch. 6).

Is léir ón alt seo thus an t-athrú meoin agus an choimhlint a bhí ag teacht chun cinn i measc bhaill Chonradh na Gaeilge. Bheadh tábhacht ar leith ag baint leis na heachtraí seo i gcomhthéacs ceann de na coimhlintí a ba mhó a tharla sa Chonradh.

4.2.1 Cúrsaí Polaitíochta agus Conradh na Gaeilge:

Bhí polaitíocht na hÉireann ag cur isteach ar imeachtaí Chonradh na Gaeilge ach bhí i bhfad níos mó le teacht agus bheadh a lán constaicí le sarú go fóill i rith na tréimhse seo. Bheadh ról ag cúrsaí domhanda i gcruthú na ndeacrachtaí seo.

Tháinig buaic le míshuaimhneas an domhain nuair a thosaigh an Chéad Chogadh

Domhanda ar an gceathrú lá de mhí Lúnasa 1914. Bhí na heachtraí inmheánacha, na heachtraí náisiúnta agus na heachtraí idirmáisiúnta seo uilig fite fuaite san athrú treorach ar fhealsúnacht pholaitíochta Chonradh na Gaeilge. B' éigean do cheannairí an Chonartha coinniollacha i bhfad níos leithne a chur san áireamhanois – coinniollacha nach raibh an oiread céanna smachta acu orthu. Ba ghéarchéim idirmáisiúnta anois í agus thuig ceannairí an Chonartha an éifeacht a bheadh ag an ngéarchéim seo ar athbheochan na teanga agus ar an tír i gcoitinne.

Pléadh cursaí an Chogaidh go rialta i gcolúin an *CS* i rith na tréimhse seo agus tugadh léargas ar na heachtraí agus ar na cathanna a bhí ag tarlú thar sáile.⁴⁰ Ba ar ghanntanas bia, ar dhrochstaid eacnamaíocht na tíre agus ar thionchar na presála ar pholaitíocht inmheánach náisiúnta na hÉireann a pléadh an cogadh i gcomhthéacs na hÉireann.⁴¹ Ach ba é an dearcadh ba thréine a léiríodh sa pháipéar ná gur deis dúinn féin mar náisiún a bhí sa Chogadh seo agus go raibh sé níos práinní anois ná riagh gan faillí a dhéanamh sa teanga:⁴²

The need of an informed public opinion was never so painfully evident as it is just now. We see a slavish press stampeding the crowd into support of a war that can only injure Ireland, unless Ireland seizes the opportunity it offers her. We see the Dublin mob, incited by the pro-British newspapers, wrecking shops owned by Germans, forgetful that it was not Germans who a few weeks ago committed the massacre in Dublin streets and it that it is not Germany's army, but England's that will commandeer all food supplies in this country when the need arrives.

(‘To fight our corner’, Eagarfhocal, *CS*, 22.8.1914, Ich. 6).

Díreach roimh bhriseadh amach an Chogaidh a cuireadh túis leis an gconspóid ar pholaitíocht i gConradh na Gaeilge féin. Ní féidir a shéanadh gur chuir briseadh amach an Chogaidh le míshuaimhneas na gluaiseachta. I gcás roinnt

conraitheoirí, ba chomhartha cumhachta na gluaiseachtaí polaitíochta do Shasana, de bhrí go raibh Sasana ag súil le tacaíocht ó mhuintir na hÉireann satroid:

Ireland is our first, our last and our only concern. [...] This is our opportunity, not necessarily an opportunity to create trouble for England but to get rid of the tyranny of English control of our internal affairs. The English want our help just now. If they cannot bargain for that, they must try to purchase our neutrality. It is because of our Volunteers that they consider us at all for a nation without arms does not count. [...] The English domination is as hateful to us as Russian control would be, and now that the time has come to end it, we must relieve Ireland of its ugly and pernicious influence.

(‘Irish Ireland and the Crisis’, Gleo na gCath, *CS*, 15.8.1914, Ich. 7).

I rith an ama seo bhí a lán éiginnteachta agus uisce faoi thalamh ar siúl i measc conraitheoirí. Ní raibh an oiread céanna muiníne acu as na ceannairí agus bhí siad in amhras faoi ionraiceas dhaoine ar leith. Theastaigh ó ‘Conán Maol’ go dtógfáí cumhacht Chonradh na Gaedhilge amach as Baile Átha Cliath agus cuireadh an-chuid tuairimí in iúl trí cholúin an *CS* ar an ábhar :⁴³

Féach cad tá dhá bharr againn. Chongaibh dream annso greim an duine bháidte ar an gConnradh ó shoin. Chailleadar dhá chéad punt sa mbliadhain d’airgead na hÉireann ar an Oireachtas, cé go ndíolann gach Feis ar faid na dúithche a cosdas féin; chailleadar céad go leith gach bliadhain ar an gClaidheamh Soluis agus díolann an ‘Lóchrann’ sa taobh theas d’Éire as féin: chailleadar an Irisleabhar, chailleadar ar an leabhraibh agus ar gach nidh eile, chuireadar Cló Chumann ar bun, bhris sé tá ceithre bliadhna ó shoin, d’imthigh an t-airgead leis an dtuile acht níor bh’ é sin airgead an Chonnartha é acht beagánín uaimse agus uaitse leis, agus a chéad reamhar ‘Cú Uladh’ agus daoine dhá shaghas. Bheinnse ar buile dhearg le lucht stiúrtha na Gaedhilge annso muna mbeadh go bhfuil fhios agam go dian mhaith gur daoine

macánta iad. Ní fhuil aon eolas ar ghnó aca agus ní raibh riamh, acht mar sin féin measaидh bheith i gcomhnuidhe ar ceann an Chonartha.

(‘Teacht nó Meath’, *CS*, 31.5.1913, Ich. 4. (Conán Maol)).

Níorbh é seo an chéad uair ar ndóigh gur tharla go raibh a leithéid de chonspóid ar siúl i gConradh na Gaeilge ach ba láidre ná riamhanois é de bharr staid na tíre.⁴⁴ Ba é an duine a ba mhó fulangthe de bharr na n-athruithe agus na bhforbairtí nua seo ná uachtaráin Chonradh na Gaeilge - Dubhglas De hÍde.

Thosaigh an t-aighneas le Dubhglas de hÍde ag teacht chun cinn leis na haitl a cuireadh i gcló i *Sinn Féin* ag túis go lár na bliana 1913. Tugadh le fios sna haitl go raibh ‘An Craobhín’ ag baint úsáide as an stádas a bhí aige mar uachtaráin an Chonartha chun poist arda a fháil. Cuireadh na haitl seo i gcló tar éis dó a bheith ceapaithe ina ollamh i gColáiste na hOllscoile.⁴⁵ Ag cruinniú an Choiste Gnó ar an seachtú lá de mhí an Mheithimh 1913 labhair de hÍde amach faoi na raflaí a bhí ag dul thart agus bhagair sé go n-éireodh sé as an Uachtaráncacht. Pléadh an t-ionsaí go cruinn agus is léir ó na haitl, na tuairisci sa cholún ‘Gleo na gCath’, agus ó na heagarfhocail sa *CS* go raibh formhór na gcraobhacha ag tacú leis an gCraobhín :⁴⁶

The Craobhacha are firmly with An Craobhín in his fight for fair play and commonsense in the Gaelic League. The splendid efforts on behalf of his country by the man who has led the League for twenty years shall not be frustrated by a few anonymous slanderers or by any section that does not accept the elected leader of this organisation. The anonymous critics who have abused their

position on the Coiste Gnótha by vilification of the Executive and of the League president have been true to their kind – they remain in the dark. They still employ the anonymous letter and the communication signed with a plausible but bogus or unknown name to keep suspicion in the air. Mr Arthur Griffith, we regret to see, champions all the anonymous tribe and makes a regular muddle of charges on his own behalf, from which a little acquaintance with the Gaelic League would have saved him. ('An Craoibhín and his Critics', Gleo na gCath, **CS**, 19.7.1913,

lch. 7.).

Roimh an Ard-Fheis d'fhoilsigh 'An Craoibhín' litir ag freagairt lucht a cháinte i *Sinn Féin* agus phléigh sé na hábhair uilig a bhí i gceist acu agus an ról a bhí aige i gcur i gcrích chuspóirí Chonradh na Gaeilge – an troid a rinne sé ar son taillí do mhúineadh na Gaeilge, an troid ar son na Gaeilge éigeantaí san Ollscoil agus a thuras go Meiriceá ina measc. Chríochnaigh sé a rá go bhfaca sé fás na gluaiseachta ó thús agus gur mhothaigh sé go raibh sí níos láidre anois ná mar a bhí riamh.⁴⁷

Ba mhaith ab eol do chonraitheoirí an tábhacht a bhain leis mar uachtarán agus ag Ard-Fheis 1913, socraíodh go gcuirfí an obair ar ceal go dtiocfadh sé. Tamall gearr roimh an Ard-Fheis, ainmníodh daoine áirithe as a bheith páirteach i gcáineadh An Chraoibhín. Níor toghadh ach duine amháin acu siúd ar Choiste Gnó na hArd-Fheise 1913.⁴⁸ Tar éis na hArd-Fheise, lean an Craoibhín ar aghaidh mar uachtarán agus scríobhadh faoin meas a bhí ag lucht an Chonartha air mar uachtarán sa **CS**.⁴⁹

Ar ndóigh níor aontaigh gach craobh le socruithe na hArd-Fheise agus foilsíodh litir ó Magdalen Bean Uí Eigeartaigh ó Chraobh Chorcaigh ar an dara lá de mhí Lúnasa 1913:

The decision to forward the resolution embodied in the report was not, as would appear from the report a unanimous one. [...] I emphatically disagreed with that portion of it which calls for the expulsion from the Coiste Gnótha of certain members unnamed and therefore unheard, about whose alleged misdeeds we, in Cork, have no evidence.

(‘Dr Hyde’s letter’, *CS*, 2.8.1913, Ich. 5).

Bhí an síol curtha agus thiocfadh na taibhsí ar ais gan mhoill.

Ríomhann Proinsias Mac Aonghusa (‘Coimhlint, Conspóid agus Cogadh’ (136-150) 1993) agus Donnchadh Ó Súilleabháin (‘Conradh na Gaeilge agus an Pholaitíocht’ (245-265) 1998) sonraí agus cúlra na coimhlinne seo go mion. Is dócha gurbh é bunús na faidhbe ná an dearcadh a bhí ag de híde féin ar an bpolaitíocht, ‘sé sin go ndearna sé iarracht an rud ceart, coinsiasach a dhéanamh i gcónaí agus an iarraidh seo bhí sé go hiomlán cinnte gur sheas sé ar son na teanga thar aon rud eile:

An rud san Ídeach is deacra a mhíniú, cad é an leagan amach a bhí aige ar an pholaitíocht. Sílim gurb é an fath atá leis sin, go n-athraíodh sé de réir mar a d’oirfeadh do leas na tíre agus na teanga, dar leis.
(Ó Glaisne, 1990, 329).

Cé nár shéan sé roimhe seo an tacaíocht a thug sé d’Óglaigh na hÉireann ná an ceart a bhí ag baill den Chonradh a bheith páirteach i gcúrsaí polaitíochta na tíre,

thug sé le fios go luath nach bhfanfadh sé mar uachtaráin ar Chonradh na Gaedhilge dá n-athródh fealsúnacht na gluaiseachta go fealsúnacht pholaitíochta.⁵⁰ Bunaíodh an għluaiseachta do mhuintir na hÉireann uile agus ba chuma cén creideamh nó polaitíocht a chleacht siad :

It is plain that the President is of opinion that he would be betraying the confidence placed in him by the country for over twenty years, were he to favour or connive at the introduction of politics into the League. It is his aim, as it is the hope and aim of all our workers, to make the Irish language the language of all the Irish people, of town and country, of simple and cultured, of every creed and class both north and south of the Boyne. To adopt the policy of any party would be to set every party against us.

(‘The open door in the League’, Eagarfhocal, *CS*, 28.11.1914, Ich.

4).

Bhí ceist ról na polaitíochta i gcúrsaí an Chonartha níos láidre ná mar a bhí riamh agus fáth maith leis. Ag Ard-Fheis 1914 i gCill Áirne bhí ceist na polaitíochta ag teacht chun tosaigh agus cé gur cuireadh rún i bhfeidhm ag moladh na nÓglach, fós níor tugadh áit do pholaitíocht i mBunreacht an Chonartha.⁵¹ Ar an gceathrú lá de mhí Dheireadh Fómhair foilsíodh sa *CS* gur pléadh an cheist ag cruinniú an Choiste Gnó agus gur socraíodh gur thábhachtaí ná riamh é bunriail an Chonartha ar pholaitíocht a leanúint. I mí na Samhna lean an díospóireacht ar aghaidh le litreacha ó Professor Kettle, Mhuiris Ó Mórdha, ‘Ros Fáilghe’, Úna Ní Fhaircheallaigh agus ‘Ball den Choiste Gnótha’. Is léir ó na litreacha an baol a bhí ann don Għluaiseachta agus don nuachtán féin dá leanfaí

leis an gcineál tuairisceoirreachta seo mar ba ríléir ó bhunú na nÓglach an pháirt indíreach a bhí á himirt ag Conradh na Gaeilge i bpolaitíocht na hÉireann.⁵²

I rith na bliana 1915 rinneadh corrthagairt don pholaitíocht sa Chonradh sa *CS* ach ba ag Ard–Fheis 1915, nuair a d’éisigh an Craobhín as an uachtaráinacht, a tháinig deireadh le ré na neodrachta i gConradh na Gaeilge agus túis le ré nua réabhlóideach.⁵³

The foundation of the Volunteers, the breach with Redmond, the outbreak of war, and the push for recruits to the I.R.B. brought a new political urgency into the affairs of the League, which after all was in fact the matrix of the new movement. There was a real line-up of opinion between Redmondites and their opponents, among whom Mac Neill was of course now a leading figure. We get a glimpse of the I.R.B.’s activities from Diarmaid Lynch’s book, which makes it evident that from early 1915 it was planned that the League must be brought into line. An opportunity was provided by the Ard–Fheis for 1915, held in Dundalk in July. Men like Mac Dermott, Ernest Blythe and Alex Mac Cabe who were serving short gaol sentences for their alleged seditious activities, were nominated for membership of the Coiste Gnótha and Mac Dermott’s name was high on the list of those elected. According to Lynch, it was this event which caused Hyde to resign the presidency, as he promptly did, but he had a much more serious reason. A resolution was proposed and passed to insert a clause in the League’s constitution stating that one of its objects was an independent Ireland.

(Tierney, 1980, 178).

Is léir ó cholúin an *CS* nach raibh na conraitheoirí uilig ar aon intinn faoin socrú nua agus foilsíodh ailt ar an dá thaobh sa nuachtán ag plé na ceiste. Nuair a rinneadh iarracht ar athchóiriú a dhéanamh ar Chonradh na Gaeilge i 1916 d’éisigh ceist na polaitíochta arís ach an iarraidh seo, ba léir go raibh an iomarca

ar siúl sa tír le ham a chur amú le polasaithe nua.⁵⁴ Bhí cúrsaí na tíre ag cur isteach ar a lán gnéithe de shaol na hÉireann agus b'amhlaidh a bhí an scéal i gcás an Chonartha:

True faith in a cause strengthens with time and experience.
Difficulties test faith, but they harden it also. Our difficulties are not past, and our faith in an Irish Ireland will be further tested in the days that are coming.
(‘Word and Deed’, Eagarfhocal, *CS*, 10.6.1916, lch. 6).

‘Is iondamhail go dtagann sgapadh ar rangaibh na gegraobh i dtús an tSamhraidh agus ar fhormhór do choistibh na gcraobh chomh maith. Tháinig an sgapadh gnáthach ortha i mbliana agus chuidigh an t-eirghe amach leis an sgapadh soin. Chuir an tré chéile a tháinig orainn uile cosg ar obair an tSamhraidh ar fheiseannaibh, ar aeridheachtaibh agus ar na turasannaibh a bhíodh againn. Chuir an tré chéile céadna deireadh le bailiú an airgid i mBaile Átha Cliath. [...] Tá an tír uile fá néall bróin mar gheall ar rudaibh a tháinig de bharr an Éirghe amach agus níl an glionndar as dual do lucht na Gaedhilge ar ár ndaoinibh.

(‘Cúrsaí an tSaoghal’, *CS*, 17.6.1916, lch. 1).

An Craoibhín has declined to allow his name to be sent forward for the presidency. For the first time since its inception the Ard-Fheis will miss his presence. Eoin Mac Néill, our oldest vice-president will also be missed.
(‘The Ard-Fheis’, Eagarfhocal, *CS*, 5.8.1916, lch. 10).

Bhí os cionn dhá chéad teachtaire i láthair agus ba mhór le rádh an méad soin agus an saoghal atá anois ann.
(‘Ardfheis agus Oireachtas’, Eagarfhocal, *CS*, 12.8.1916, lch. 6-7).

Cé nár foilsíodh an *CS* i rith Éirí Amach 1916, nuair a cuireadh i gcló arís é, ní dearadh faillí i gceannairí an Éirí Amach a raibh baint acu leis an gConradh. Ar ndóigh ba ghnáthrud tuairisci ar imeachtaí na nÓglach, ar dhul chun cinn Rialtais

Dúchais agus ar choinniollacha na bpríosúnach a tógadh le linn agus tar éis an

Éirí Amach a fheiceáil i gcolúin an **CS** go deireadh na tréimhse seo.⁵⁵

Ba bhlianta deacra iad na blianta 1909 go 1917 agus ba mhór an tionchar a bhí ag eachtraí polaitíochta na tíre i rith na tréimhse ar Chonradh na Gaeilge. Bhí athrú mór ar éifeacht an Chonartha mar ghluaiseacht de bharr na polaitíochta seo agus ní dheachaigh sé chun tairbhe na gluaiseachta. Seo mar a críochnaíodh an bhliain 1916 sa **CS** féin:

Beidh tracht i stair na hÉireann ar imtheachtaibh na bliana so atá ag dul chun deiridhanois. Is mór é ár gcaillteanas ó'n am so anuraidh. [...] Chaill ar gcúis agus ar ngluaiseacht féin cuid de na taoisighibh agus de na sgoláiribh ba thréine agus ba chliste dá raibh againn agus chaill Éire cuid de na fearaibh ba thréine a ghrádhuigh í. Tá an Piarsach cródha, léigheanta imighthe, agus Tomas Mac Donnchadha, fear a rinne obair mhór go ciúin socair ar a bhealach féin ar son ár léigheann is ár litridheacht, tá seisean imighthe chomh maith. Bhí Éamun Ceannt ar dhuine de Ghaedhealaibh Bhaile Átha Cliath agus bhí Peadar Maicín ar dhuine eile aca. Ní raibh beirt níos dílse ná níos duthrachtaighe ná iad i ngluaiseacht na teangan. [...] Ua Rathghaille groidhe ní raibh aoinne níos meanmnaighe ná é i n-ár gcumann agus fuair sé bás mar ba dhual do laochraibh Gaedheal ariamh. Cailleadh cairde nach iad so atá luaidhte againn agus níor chuíos náire dúinn iad le n-a mbeo, agus is ardú croidhe agus meanman dúinn marbh iad. [...] Ach i n – aindeoин an Staircigh, beidh trácht i stair na hÉireann ar imtheachtaibh na bliana so.

('Bliain a mbeidh trácht uirthi', Eagarfhocal , **CS**, 23.12.1916, lch. 6).

4.3. Cúrsaí Eacnamaíochta agus Sóisialta na hÉireann:

Bhí an-bhaint ag cúrsaí eacnamaíochta na hÉireann le cúrsaí sóisialta na tíre i rith na tréimhse seo de bhrí go raibh tionchar mór ag cúrsaí polaitíochta ar

leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta ar shaol na ngnáthdhaoine.

Tháinig athrú mór ar chaighdeán maireachtála na ndaoine de dheasca an Chogaidh Domhanda, na Stailce 1913 agus an chaidrimh nua idir Éirinn agus Sasana a bhí ag iarraidh Rialtas Dúchais a bhaint amach. Níor tháinig Conradh na Gaeilge slán ó thorthaí na n-eachtraí seo:

But Irishmen have other mighty questions to decide. One is our relation to the World War at present raging in Europe. A second consists of the relation of Irish Nationality and Patriotism to Imperialism. How far should the former be exclusive? Again in the sphere of our domestic politics there is the question of the relation of the new Volunteer Organisation to the Older Constitutional Party. None of these questions demands for its solution any special action on the part of the League acting corporately, for they are one and all steeped in politics. [...] The course of events shows that the world is not passing through a passing episode, but that an era will be marked before mankind again settles into tranquility. [...] We in the Dublin League know that last year's strike had a weakening influence on us, due to turmoil and also to economic causes. It is a commonplace that the Home Rule controversy during the past two years absorbed the mind and energies of the nation to the exclusion of everything else. We must see to it that the coming Winter does not witness a repetition of this effort.

(‘Prospects for the coming year’, Eagarfhocal, *CS*, 3.10.1914, lch.

6).

Ó thaobh eacnamaíochta de, ba í príomhaidhm Chonradh na Gaeilge ná earraí Éireannacha a chur chun cinn. Chomh maith leis na taispeántais idirnáisiúnta a cuireadh ar siúl gach bliain, tugadh fograíocht i gcolúin an *CS* do chomhlachtaí ar fud na tíre agus tagraíodh don iarracht a bhí á déanamh i dtíortha eile chun

earraí na hÉireann a chur ar díol iontu agus chun cáin ar earraí Éireannacha i

Sasana, i Meiriceá agus sa Ghearmáin a laghdú.⁵⁶

I rith na tréimhse seo ba mhór an tionchar a bhí ag míshuaimhneas na n-oibrithe, ag Stailc 1913 agus ag an gCéad Chogadh Domhanda ar eacnamaíocht na hÉireann agus cé gur cuireadh béis ar thuairisceoirreacht na n-eachtraí féin sa *CS*, pléadh an bochtanas agus an cruatan a d'fhulaing muintir na gcathracha go háirithe de dheasca na n-imeachtaí seo fosta. Tháinig athrú mór ar an dearcadh a léiríodh sa pháipéar de réir mar a chuaigh an Stailc ar aghaidh. Nuair a cuireadh in iúl go raibh seans ann go ndéanfaí aithris ar stailceanna na Breataine Móire in Éirinn moladh in alt sa pháipéar dár teideal ‘An Stric’, ar an tríochú lá de mhí Mheán Fómhair 1911 go gcuirfí halláí agus seomraí léitheoireachta ar bun do na hoibrithe ionas go bhféadfaidís a n-intinn a chothú fhad is a bheadh an Stailc ar siúl. Léiríonn an moladh seo an easpa tuisceana a bhí ag scríbhneoirí áirithe sa pháipéar ar staid na n-oibrithe seo agus an dearcadh meánaicmeach a fheictear go rialta i dtuairisceoirreacht an *CS*. Dá mba chúrsaí intleachta mar sin a bhí mar chúis imní acu, ní dócha go mbeadh gá le stailc. Ach de réir mar a tháinig an Stailc chun cinn, cé nár aontaigh cuid mhaith Gaeilgeoirí le fealsúnacht an Lorcánaigh de bhrí gur cheap siad go raibh an Stailc ag cur isteach ar throid na Náisiúntachta, léiríodh i gcolúin an *CS* nach raibh maitheas ar bith i “náisiúntacht” a d’oir d’aimí áirithe agus a rinne neamhairy de na haicmí eile. Dúradh go raibh sé de cheart ag na hoibrithe seasamh ar son a gceart féin agus go gcothódh an troid fearúlacht agus misneach iontu:⁵⁷

Tá eirghe amach i measg na bhfear oibre i mBaile Átha Cliath agus i n-áiteacha eile i n-Éirinn agus tá sé ag déanamh buaidhearthá do Ghaedhilgeoirí áirithe. Samhluigtear dóibh-san nach bhfuil na fir oibre dílis do “Spiorad na hÉireann” agus spiorad na Náisiúntachta; gur chóir dóibh bheith ciúin, foighdeach nó go mbeidh ár riaghaltas féin againn, go bhfuilid meallta le “cumannuidhthe Shasana” agus smaointe Shasana. Saoilim féin go bhfuil na Gaedhilgeoirí ag dul amugha go mór. [...] Ní fiú trácht ar an “náisiúntacht” nach mbíonn i n-aghaidh an bhochtainis, an daibhris agus an aineolais. Tá siad – san chomh holc i gcás náisiúin agus tá peacamhlacht agus tá breoiteacht i gcás daoine. [...] Budh cheart do Gheadheala smaoineadh go dian doimhin ar na ceisteanna so go léir. Tuigfidh siad sa deire go seasann cúis na Gaedhilge agus cúis na Sibhialtachta ar chúis na n-oibrightheoirí – na hoibrightheoirí intleachta agus na hoibrightheoirí céirde. (“Cúis na bhFear Oibre”, *CS*, 13.9.1913, lch. 1. (le L.P.O.R.)).

I rith na mblianta 1909–1917, bhí iarracht á déanamh ag Bord na gCeanntar gCumhang chun cúrsaí talmhaíochta a chur chun cinn in áiteanna iargúlta ar chósta na hÉireann. Cé gur pléadh tionchar an ‘ghalair duibh’ ar Éirinn agus forbairtí nua talmhaíochta, ba ar an obair seo a raibh tuairisci an *CS* dírithe. Cé nach raibh na haitl seo ró-rialta i rith na tréimhse seo, b’ é seo an dóigh ar baineadh úsáid as uirlis oifigiúil Chonradh na Gaeilge chun a bpolasaithe a chur i bhfeidhm le súil a choinneáil ar obair an Bhoird chun talamh na nGaeltachtaí a chaomhnú agus a fheabhsú.⁵⁸

B’ábhar coitianta é bochtanas na gcathracha i rith na tréimhse seo de bharr na fógraíochta a tugadh sna stailceanna do choinníollacha oibre, ach ba rud práinneach é an bochtanas sna Gaeltachtaí ag deireadh na bliana 1916 agus sa bhliain 1917. Bhí an *CS* dírithe ar shaol agus ar choinníollacha sóisialta na nGaeltachtaí don chuid is mó den ré inar cuireadh i gcló é ach is fíor nár tugadh

an aird chéanna ar na ceanntair Ghaeltachta i rith na tréimhse seo, go háirithe nuair a bhí na stailceanna ar siúl, agus nuair a bhí cúrsaí polaitíochta ag fáil túsaíte ar chaighdeán maireachtála na ngnáthdhaoine. Rinneadh corrthagairt d'fhadhb an ocrais agus d'fhadhbanna sláinte sna Gaeltachtaí roimh 1917 ach ní dearnadh tagairt do shaol na ngnáthdhaoine i gceantair eile na tíre, seachas na stailceanna. Mar thoradh ar an gCogadh, bhí ganntanas bia ar fud na tíre i 1917 agus pléadh an fhadhb i gcolúin an *CS*. Ba ar an neamhshuim a léiríodh i bhfadhb an ocrais san Iarthar a scríobhadh an chuid is mó de na hailte. Foilsíodh sraith alt le Pádraic Ó Conaire ar fhadhb an ocrais san Iarthar i 1917.⁵⁹

Rinneadh iarracht poiblíocht a thabhairt do ghnéithe de shaol sóisialta na hÉireann i rith na tréimhse seo idir imirce, bhochtanas, chúrsaí dlí ach ar an iomlán ba í ceann de na gnéithe a ba shuimiúla den pháipéar, ó thaobh cúrsaí sóisialta de, ná an bhéim a cuireadh ar chúrsaí ban. Pléadh cearta agus imeachtaí eagraíochtaí ban go rialta i gcolúin an pháipéir ó 1909 go 1917. Is gné shuimiúil, fhorásach den nuachtán í seo de bhrí nár tugadh mórán spáis do chúrsaí ban sa *CS* sna blianta roimhe seo. Bhí mná ar fud an domhain ag iarraidh a gcearta a fháil agus tugtar léargas maith sa *CS* ar an gcoincheap seo mar a tháinig sé chun cinn in Éirinn. Tugadh ard-mholadh do na mná - don obair a bhí á déanamh acu ar son na cúise, ar son riachtanais na tíre i rith an Chogaidh agus ar son eacnamaíocht na tíre. Bhí ról na mban níos tábhachtaí anois de bhrí go raibh fir na hÉireann gafa le cúrsaí cogaidh sa domhan agus le cúrsaí náisiúnachais in Éirinn féin. Tá sé intuigthe ó cholúin an pháipéir go raibh an dearcadh ar ról traidisiúnta na mban ag athrú agus go raibh cearta na mban á bplé i gcomhthéacs

Rialtais Dúchais cheana. Chomh maith leis sin, tugadh aitheantas do ghné bhaineann na mban don chéad uair sa pháipéar tríd an gcolún ar fhaisean Éireannach ('Éadaighe Ban'), a cuireadh i gcló gach seachtain ó 1913 ar aghaidh ag Cait Ní Dhonnchadha. Caithfidh go raibh an tuiscint ann ar deireadh go raibh suim ag mná na hÉireann i nuachtáin agus i gcur chun cinn na Gaeilge nuair a tugadh colún dá gcuid féin acu ach arís ní colún ró-dhomhain a bhí ann. Ba léir gur threise an dúchas ná an oiliúint mar ba í an phríomhtheachtaireacht ó na haitl seo uilig ná go mbainfí an tairbhe cheart as buanna na mban trí bhéim a chur ar na scileanna ceardaíochta agus ar na buanna máthartha a bhí acu :⁶⁰

Má's cóir a bhóta do bheith ag mnáibh ná le lámh láidir do oibriughadh ar thaoisighibh Gaedheal i n-am a gcontabhairte is cóir féachaint le n-a bhaint amach. Ní maith linn mná uaisle na hÉireann d'fheiceál ar aon aigne le bantracht Shasan, nó iad do bheith ar an gcóir troda céadna leo. Má chuirtear Riaghaltas Gaedhealach ar bun ba cheart go mba féidir an cheist a' réidhreach i nÉirinn féin.
(‘Cúis na mBan’, *CS*, 27.4.1912, Ich. 4.).

4.4 Dul chun cinn cúrsaí Gaeilge mar a pléadh iad sa CS

Ar an ionlán, ba ar theagasc na Gaeilge agus ar mhealladh foghlaimeoirí a cuireadh an bhéim i gcúrsaí teanga sa *CS*. Cé gur cuireadh béim ar chúrsaí oideachais chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh agus go raibh colún oideachais sa pháipéar go rialta, tar éis dheireadh na bliana 1912, is annamh a fheictear colún oideachais ar leith ann.⁶¹ Ní hionann sin is a rá nach raibh iarracht á déanamh ag bainisteoireacht an pháipéir an Ghaeilge a chur chun cinn ach bhí gá le hathrú treorach faoin am seo ionas go mairfeadh an *CS*. Ní feidir a shéanadh go raibh

iriseoireacht an Bhéarla i bhfad chun tosaigh ar iriseoireacht na Gaeilge ach toisc na hoibre a bhí curtha i gcrích ag Conradh na Gaeilge ó thaobh foilseacháin agus ó thaobh oideachais de, tuigeadhanois go raibh feabhas mór tagtha ar líon na léitheoirí Gaeilge.⁶² Dá bharr, tar éis na socruithe a rinneadh ag Ard-Fheis 1912 ar chur i láthair an pháipéir, glacadh le pobal léitheoireachta na Gaeilge ar leibhéal i bhfad níos leithne. Rinneadh iarracht cruth níos nua-aimseartha a chur ar an *CS* trí *nuachtán* seachtainiúil Gaeilge, a mbeadh nuacht tráthúil á plé agus le feiceáil ann, a dhéanamh de. Pléadh na hathruithe seo sa chaibidil seo cheana ach bhí tábhacht ar leith ag baint leo i gcomhthéacs chur chun cinn na teanga. Bhí iarracht á déanamh ar deireadh teanga na n-ábhar a raibh trácht orthu i ngnáthshaol na ngnáthdhaoine a chur i gcló sa *CS*.

Ó dheireadh na bliana 1913 go dtí Éirí Amach 1916, bhí feabhas mór ar mhéid na Gaeilge i gcolúin an *CS*. Ba cheann de na príomhathruithe a bhí ann ná na heagarfhocail féin. Ó 1909 go 1913, scríobhadh na heagarfhocail i mBéarla ach tar éis an athraithe seo scríobhadh i nGaeilge iad, nó ar a laghad ceann amháin i mBéarla agus ceann eile i nGaeilge. Níor mhair an t-athrú seo i bhfad áfach agus tar éis Éirí Amach 1916 go deireadh na tréimhse seo, feictear cl aeradh an Bhéarla arís.⁶³

Níor chuidigh an fhorbairt teanga le díol an pháipéir. Nuair a chuir cúrsaí polaitíochta na hÉireann isteach ar eagraíochtaí a raibh polasaithe náisiúnata acu agus ar chur i gcló na nuachtán náisiúnach ó 1916 ar aghaidh, cosúil le nuachtáin uile agus le heagraíochtaí náisiúnata na hÉireann ag an am, b' éigean do choiste

bainisteoireachta an *CS* an páipéar a chur in oiriúint do na hacmhainní a bhí acu.⁶⁴ Mar sin, de bhrí nach raibh caighdeán litearthachta na Gaeilge i measc ghnáthmhuintir na hÉireann ard go leor le nuachtán iomlán Gaeilge a chur ar díol, tionsaíodh ar ais go claoadh an Bhéarla chun lón na léitheoirí a mhéadú ionas go méadófaí ar dhíol an pháipéir. Chomh maith leis sin, bhí an cló Gaelach i bhfad níos daoire né an cló Rómhanach, gné d'fhorbairt an *CS* atá pléite cheana féin i gCaibidil a hAon.

An é go raibh conraitheoirí ag snámh in aghaidh easa ag an am seo ag iarraidh nuachtán Gaeilge a sholathar don phobal? Is cinnte go raibh a lán constaicí le sárú san obair a bhí idir lámha acu ach tugann colúin an *CS* an fhianaise dúinn gur chreid a lán daoine gurbh fhiú uirlis oifigiúil a sholáthar do phobal na Gaeilge mar cheann de na hiarrachtaí a bhí á déanamh ag Conradh na Gaeilge chun an Ghaeilge a athbheoú mar theanga náisiúnta na hÉireann. Úsáideadh modhanna difriúla leis an Ghaeilge a chur chun cinn ach b'íad príomheilimintí an fheachtais ar tugadh poiblíocht dóibh sa *CS* ná an bhéim ar chur chun cinn na teanga Gaeilge mar theanga bheo labhartha i ngach gné de shaol na hÉireann; athbheochan na Gaeilge sna Gaeltachtaí; an obair a rinneadh chun an Ghaeilge a chur ar fáil mar chuid lárnach de chóras oideachais na hÉireann; an iarracht a bhí á déanamh ag tíortha eile chun a dteanga dhúchais a athbheoú agus an obair a bhí á déanamh ag nuachtáin mar uirlisí cumarsáide chun suim a mhúscailt sa Ghaeilge.

Iomas go gcuirfí an Ghaeilge chun cinn mar theanga bheo labhartha bhí sé

riachtanach go labhrófaí í ar bhonn poiblí:⁶⁵

For it had better be remembered that our mission is to thoroughly Irishise every department of life in Ireland – public and private – educational, social, legal and political; yes, we shall never be satisfied till Irish is the language and Irish is the spirit of every school from the least important primary school in Baile ibfad Siar right up to the National University and Trinity College; of every law court in the country from the pettiest Petty Sessions Court in Connemara or Cork to the Supreme Court of Judicature in Dublin; of every race meeting and fashionable gathering from the shabbiest ‘flapper’ affair right up to Punchestown or the Horse Show at Ballsbridge.

(‘Obstacles’, *CS*, 27.8.1910, Ich. 7.).

B’iomáí tagairt a rinneadh sa nuachtán d’úsáid na Gaeilge ag lucht gnó agus ag státseirbhísigh agus cé go raibh feabhas mór ar an gconspóid le hOifig an Phoist sa tréimhse seo ba mhinic a úsáideadh colúin an *CS* le síil a choinneáil ar chúrsaí Gaeilge inti. Ag deireadh na bliana 1911, pléadh go mion an chumhacht a bheadh ag Sasana sa Státseirbhís sa Bhille nua do Rialtas Dúchais agus léirítear sna haitl an mhíshástacht a bhraith roinnt conraitheoirí, ní hamháin ó thaobh easpa stádais na Gaeilge i seirbhísí poiblí ach chomh maith leis sin ó thaobh an smachta a bheadh ag Sasana ar Oifig an Phoist, ar chúrsaí Custaim agus ar chúrsaí Pinsin. Uirlis oifigiúil ghluaiseacht na Teanga a bhí sa *CS* agus rinneadh iarracht ról na Gaeilge i gcúrsaí rialtais a chinntiú tríd an bpáipéar ionas nach ndéanfaí faillí i dteanga oifigiúil na tíre:

An Riaghaltas a bhéarfadh lámh chonganta do'n Ghaedhilg, d'oideachas Ghaedhealach agus do dhéantúsaibh na tíre, sin é an Riaghaltas atá uainn. Tá an Tighearna Mac Domhnaill i n-aghaidh bailiughadh na cánach do chur mar chóram ar Ghaedhealaibh. Deir sé nach mairfeadh Riaghaltas Éireannach gan cabhair airgid ó Shasanaibh. Níl aige sa mhéid sin acht baothchaint nach gcreideann aoinne.

(‘An Cath’, Eagarfhocal, *CS*, 9.12.1911, lch. 7).

Fógraíodh go rialta an tacaíocht a bhí á tabhairt ag cléir na hÉireann agus ag an gcléir Chaitliceach i Meiriceá don Ghaeilge. Tugadh poiblíocht rialta fosta don easpa suime a léirigh daoine áirithe den Chléir Chaitliceach sa Ghaeilge – Easpag Luimnígh, cuir i gcás, nuair a pléadh ceist ról na hEaglaise i scoileanna na hÉireann faoi na hélimh a bhí ó Chonradh na Gaeilge faoi Rialtas Dúchais i mí Feabhra agus mí an Mhárta 1914. I mí na Nollag 1911, fógraíodh sa *CS* go raibh cuid de Chléir Phreispitéireach Ulaidh i gcoinne mhúineadh na Gaeilge sna bunscoileanna agus i rith na tréimhse seo pléadh an dearcadh a bhí acu i leith na Gaeilge. Bhí cumhacht ar leith ag nuachtáin mar mheán cumarsáide ag an am seo agus is cinnte gur bhain Conradh na Gaeilge an tairbhe ab fhiúntaí as an *CS* sa tstí seò inar tugadh poiblíocht do na tionchair dhiúltacha a bhí ag cur isteach ar obair na gluaiseachta.⁶⁶

Ba ar staid na Gaeilge sna Gaeltachtaí a cuireadh an brú a ba mhó faoi dhul chun cinn na teanga. Bhí an-iarracht á déanamh ag Conradh na Gaeilge aird phobal na Gaeilge a dhíriú ar stádas na Gaeilge sna Gaeltachtaí. Trí cholúin an *CS* a cuireadh polasaithe an Chonartha i dtaobh na nGaeltachtaí os comhair an phobail. Ag túis na bliana 1914 tugadh ard-mholadh d'úsáid na Gaeilge ag

muintir na nGaeltachtaí ach faoi 1915 ba mhó an cáineadh ná an moladh a tugadh dóibh as an neamhshuim a bhí á léiriú acu i gcur chun cinn na teanga. Ar an gcéad lá de mhí Eanair 1916, fógraíodh sa *CS* gur glacadh le scéim nua a chuir Fionán Mac Coluim os comhair an Choiste Gnó chun na Gaeltachtaí a chur ag obair as a stuaim féin arís. Chuirfi túis leis an scéim i nGaeltacht Chiarraí agus i rith na bliana 1916 foilsíodh tuairiscí ar dhul chun cinn na Gaeilge i nGaillimh agus i dTír Chonaill fostá.⁶⁷

Ar ndóigh, i gcás na nGaeltachtaí, b'í an chonstaic a ba dheacra a bhí le sarú i rith an ama ná an imirce agus dúradh san eagarrhocal ar an gcéad lá de mhí Eanair 1916 gur cuireadh scéim Fhionáin Mhic Coluim i bhfeidhm ionas go dtuigfeadh muintir na Gaeltachta an saibhreas a bhí acu ina dtír féin agus nach meallfaí go Meiriceá iad. Bhí fealsúnacht na scéime bunaithe ar shaol sóisialta na Gaeltachta thar aon rud eile. Ba mhaith ab eol do chonraitheoirí áirithe go mbeadh i bhfad níos mó ná sin i gceist chun daoine óga a choinneáil sna Gaeltachtaí agus phléigh Earnán de Blaghd na gnéithe seo san eagarrhocal ar an gcúigiú lá de mhí Feabhra 1916. Níorbh é seo an chéad uair gur léiríodh an easpa tuisceana ar shaol na Gaeltachta i gcolúin an *CS* ach ar a laghad d'admhaigh Earnán de Blaghd go raibh freagracht athbheochan na Gaeilge ag brath an oiread céanna ar mhuintir na hÉireann uile is a bhí sí ar mhuintir na nGaeltachtaí mar cheap sé go gcaithfidís luach na Gaeilge a thuiscent ina gcroí ar dtús.

Pléadh fadhb na himirce sa chomhthéacs seo go rialta sa *CS* agus gach bliain thugtaí uimhreacha na n-imirceach nuair a cuireadh ar fáil iad. Coinníodh súil ar

lón na n-imirceach agus ba léir go raibh an scéal ag dul in olcas don chuid is mó. Ar an seachtú lá is fiche de mhí na Samhna 1909, scríobhadh sa *CS* go raibh 23,295 duine imithe as an tír i 1908 i gcomparáid le 28,866 duine ó thús na bliana 1909 go deireadh mhí Dheireadh Fómhair 1909. Pléadh daonáireamh 1911 san eagarrhocal ar an tríú lá de mhí an Mheithimh 1911. Léirigh staitisticí an daonáirimh an laghdú ar lón na gcainteoirí dúchais cé go raibh méadú ar lón na mbreitheanna de réir na staitisticí. Dúradh gur easpa thígrá na ndaoine óga dá dtír dhúchais a ba chúis leis an imirce agus cuireadh an milleán ar an deighilt idir cleachtaí oibre na n-óg agus a sinsear. Cé nár scríobhadh na haitl seo uilig i nGaeilge, cruthaíonn cruinneas agus taighde na dtuairiscí an obair a rinne agus an dúthracht a chaith scríbhneoirí an *CS* lena gcuid oibre chun ard – chaighdeán iriseoireachta a chur os comhair léitheoirí an pháipéir.

Bhí laghdú ar uimhir na himirce i 1912, ach roimh dheireadh na bliana 1913, bhí na huimhreacha ag dul in airde arís. Pléadh drochchoinníollacha oibre na n-imirceach san eagarrhocal ‘An Imirce’ ar an ochtú lá de mhí Eanair 1913 agus dúradh gur mhó míbhuntaistí ná buntaistí a bhí le fáil ar chaighdeán maireachtála na n-oibrithe i Meiriceá. Ag túis na bliana 1914, dúradh gur fhág 1,623 níos mó duine an tír ná mar a d’fhág an tír an bhliain roimhe sin agus gurbh as Cúige Uladh a bhformhór:

Dá ghile Ultachaibh an riaghaltas Gallda is soiléir nach réidhtigheann sé leo. Cruthuigheann an imirce an méad soin. As gach céad duine a théidheann ar imirce ó Éirinn teagann ós cionn 38 nduine ó Chúige Uladh. Teagann 24.7 sa gcéad ó’n Mhumhain,

21.5 ó Chonnachtaibh agus 13.5 ó Chúige Laighean. An rud is annsa le hUltachaibh sé lár a haimhleasa é.
('Animirce agus Smacht Gall', *CS*, 8.11.1913, Ich. 2).

Ó 1914 go 1915, laghdaíodh ar líon na n-imirceach fá 10,000 ach i ndáiríre ar an ionlán níor tháinig móran feabhaí ar an scéal i rith na tréimhse seo – rud a chuir isteach go mór ar chonraitheoirí Bhaile Átha Cliath.⁶⁸ Gan Gaeilge bheo na nGaeltachtaí níorbh fhiú an dianiarracht a bhí á déanamh acu chun teanga dhúchais na hÉireann a chaomhnú. Bhí impleachtaí móra ag an neamhshuim seo don *CS* chomh maith. Chinnteodh easpa suime mhuintir na Gaeltachta sa Ghaeilge nach mbeadh pobal léitheoireachta sa Ghaeltacht agus ní mhairfeadh an Ghaeilge i bhfad gan cainteoirí agus léitheoirí dúchais. Mionteanga a bhí sa Ghaeilge do Ghaeilgeoirí Bhaile Átha Cliath agus ní raibh siad ag brath uirthi mar theanga chumarsáide. Dá dtiocfadh cúrsaí náisiúnachais chun tosaigh ní fada go ndéanfaí dearmad den Ghaeilge mar theanga bheo labhartha. Chuirfí an Ghaeilge chun cinn ach mar ábhar scoile nó mar dhara teanga a dhéanfaí é. Ionas go gcomhlíonfaí cuspóirí Chonradh na Gaeilge, bhí sé éigeantach go dtuigfeadh muintir na Gaeltachta tábhacht agus luach na Gaeilge beo labhartha mar uirlis chumarsáide. Níorbh fhiú nuachtán mionteangach a sholáthar muna raibh pobal léitheoireachta á léamh. Bhí cúrsaí polaitíochta na hÉireann go mór i mbéal an ghnáthphobail agus bheadh deireadh le príomhról uirlis oifigiúil an Chonartha mar mheán cumarsáide chun droichead idir Gaeilgeoirí na gcathracha agus muintir na Gaeltachta a thógáil, muna ndéanfaí iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn san áit inar labhraíodh í mar ghnáththeanga chumarsáide laethúil.

Cuireadh polasaí Phionáin Mhic Coluim i bhfeidhm sna Gaeltachtaí chun fadhb na himirce a laghdú agus chun aird mhuintir na Gaeltachta a dhíriú ar an seoid luachmhar a bhí le cosaint acu ach is léir go raibh fréamhacha na faidhbe i bhfad níos casta agus i bhfad níos doimhne ná na torthaí a bhí le feiceáil sna Gaeltachtaí féin. Ní choinneodh scéim shóisialta ná scéim theanga Chonradh na Gaeilge na daoine óga seo ina n-áiteanna dúchais. Bheadh sé ró-shimplí agus ró-shoineanta a shamhlú go reiteofaí fadhb na himirce agus go n-athbheofaí an Ghaeilge trí aos óg na Gaeltachta a choinneáil sa bhaile. Bhí forbairtí agus tairiscintí eile de dhith agus ceann de na príomhchonstaicí a bhí le sarú ná fadhb an bhochtanais agus na difhostaiochta.⁶⁹ Samhlaíodh do Chonradh na Gaeilge go bhféadfaí na fadhbanna seo a shárú trí chóras oideachais Gaelach a bhunú.

4.4.1 An Ghaeilge i gcúrsaí oideachais:

Cé gur cuireadh béim ar mhúineadh Stair na hÉireann agus ar chothú náisiúin Ghaelaigh sa chóras oideachais, ba í príomheilimint an chórais seo an Ghaeilge féin. Ba mhinic a pléadh riachtanais an chórais seo i gcolúin an CS.⁷⁰ Tugadh le fios san eagarrfocal ar an bhfichiú lá de mhí Lúnasa 1910, go mbainfí amach cuspóirí an Chonartha dá gcuirfí córas oideachais Gaelach ar siúl. Dúradh ann nach ar mhaithe léi féin nó mar chuspóir inti féin a cuireadh túis le hathbheochan na teanga ach chun náisiún na hÉireann a athbheoú. Creideadh gurb'í an uirlis ab fhéarr a bhí ag muintir na hÉireann chun an aidhm seo a chur i gcríoch agus an eochair a osclódh doras na náisiúntachta dóibh ná an t-oideachas Gaelach:

Those who framed the Constitution of the Gaelic League, wisely
aimed at confining the sphere of its action as an organisation

mainly to educational matters. To educate a people is more important than to give them wealth, new laws or greater political freedom, for an educated nation will sooner or later secure better laws, necessary wealth, and whatever degree of political freedom it is worthy of. [...] We should never forget that the revival of the language is being promoted for any literary or philological reasons but as a means of national regeneration.

(‘The Way Forward’, Eagarfhocal, CS, 20.8.1910, Ich. 7.).

I rith na tréimhse seo pléadh ról na Gaeilge ag gach léibhéal den chóras.

Socraíodh ag Ard–Fheis speisialta ar an naoú lá de mhí an Mheithimh 1908, go ndíreofaí iarrachtaí agus fuinneamh conraitheoirí ar chur i bhfeidhm an chláir dátheangachais de bhrí go raibh sé geallta ag an mBord go gcuircí d’iachall ar ábhar oidí ó 1911 ar aghaidh dhá theanga a bheith acu agus iad ag dul isteach sna coláistí traenála. Bhí an clár dátheangach ag teacht isteach diaidh ar ndiaidh ach b’fhada an bóthar a bhí le taisteal go fóill.⁷¹ Chloígh príomhailt an CS a phléigh buinoideachas na hÉireann le cur chun cinn an dátheangachais, conspóid na dtailí do mhúineadh na Gaeilge taobh istigh de ghnátham scoile agus le cur i bhfeidhm na rialach ar Ghaeilge éigeantach d’ábhar múinteoirí na gColáistí Traenála.⁷²

I 1910, nuair a socraíodh ar chur i bhfeidhm rial na dara teanga sna coláistí Traenála a chur ar athló go dtí 1912, cuireadh an milleán ar na hEaspaig Phrotastúnacha sa CS agus cáineadh an dearcadh a bhí acu i leith na Gaeilge go mór de bhrí gur iarr an Dochtúir Peacocke ag cruinniú de Choláiste Traenála Shráid Chill Dara go ndéanfaí athmhachnamh ar an rial. Is binibeach an píosa a cuireadh i gcló sa CS tar éis an tsocraithe:

The attitude of the Irish Protestant Bishops towards the Irish Language is not a patriotic or sensible one and they now appear to stand in the way of what they must admit to be a necessary step forward in the education of Irish teachers whether they belong to

those who regard Ireland as their motherland or to those who have no faith in her, merely because they know that the majority of Irish teachers would take up Irish as the necessary second language. If it were the purpose of Irish Protestants to oppose the growth of Irish Ireland, to kill our language, to destroy our industries, to draw the cloak of forgetfulness over our history, nothing that we could say of them would be too severe. That, however, is the purpose of the English Government and Protestants allow themselves to be employed in carrying out the unholy business believing it to be their duty, and their interest to do so.

(‘The National Board runs away from its own Rule’, Gleo na gCath, *CS*, 26.3.1910, Ich. 7.).

Lean an cáineadh ar pholasaithe an Bhoird Oideachais ar aghaidh go rialta i rith na bliana 1911 go háirithe. Nuair a pléadh éilimh an Phiarsaigh ar chóras dátheangach i mbunscoileanna na Gaeltachta, ar mhúineadh na dara teanga sna gnáthbhunscoileanna, ar cheapacháin chigírí le Gaeilge agus ar eolas ar dhara teanga sna coláistí Traenála, san eagарfhocal ar an seachtú lá is fiche de mhí Bealtaine 1911, dúradh gur dhúnmharú intinne a bhí ar siúl sna Coláistí Traenála ag an am. Roimh dheireadh na bliana 1911, chuir Mr Birrell in iúl nach gcuirfí an rial ar an dara teanga i bhfeidhm go ceann i bhfad de bhrí gur ardaigh sí an cheist ar thaillí do theagasc na Laidine. San eagарfhocal ar an séú lá déag de mhí na Bealtaine 1914, thug Pádraig Ó Dálaigh le fios do léitheoirí an *CS* gur léir gur dhoras dúnta a bhí os comhair conraitheoirí i gcás teagasc na Gaeilge. Ní thabharfadh an ‘Anti-Irish Treasury’, (mar a cuireadh air i dteideal an eagарfhocail) an t-airgead dóibh agus nuair a rinneadh iarracht bualadh leo chun an cheist a phlé, diúltaíodh dóibh. Ach ní raibh an troid thart go fóill agus cé nach raibh Conradh na Gaeilge sásta le stádas nó pá na múinteoirí taistil, foilsíodh dea –thuairisc fhabharach ar dhul chun cinn na Gaeilge sna scoileanna

sa *CS* ar an seachtú lá déag de mhí Iúil 1915. Ba throid é a leanfadh ar aghaidh i bhfad níos faide ná an tréimhse seo i gcolúin an pháipéir ach ní féidir a rá gur theip ar an nuachtán ag am ar bith sa ré inar cuireadh i gcló é sa dualgas a bhí aige i gcúrsaí oideachais.

I rith na tréimhse seo, tugadh formhór na poiblíochta don Ghaeilge sa chóras bunoideachais ach bhí an troid do sheasamh na Gaeilge sa chóras Meánoideachais ag teacht chun cinn festa. Ba mhaith ab eol do na ceannairí a bhí ag obair ar son na Gaeilge – an t-Ard-Easpag Breathnach ina measc - gurb í Riail 42 nár lig don Ghaeilge a bheith ar chomhchéim le teagasc na Fraincise nó teagasc na Gearmáinise ar an gCúrsa litríochta nua-aimseartha, an chonstaic a ba mhó a bhí le sárú acu.⁷³ Nuair a cuireadh in iúl i ‘nGleo na gCath’ ar an gceathrú lá de mhí an Mheithimh 1911 go raibh aitheantas éigin tugtha ar deireadh don Ghaeilge mar ábhar ar chúrsa litríochta an Mheánoideachais agus gur díobhadh Riail 42, cuireadh túis leis an gcéad chath eile sa chóras, ‘sé sin ról na Staire agus an Tíreolais ar an gcúrsa. Is léir ón sliocht thíos an tábhacht a bhain leis an *CS* mar uirlis oifigiúil an Chonartha agus mar ghné florásach, ghníomhach de mheáin chumarsáide na linne i gcoimhlintí dá leithéid:

The Claidheamh exposure of the manner in which Geography and History are taught in our Intermediate Schools has been republished in many Irish-American papers, and has caused amazement and disappointment. In America, one of the first duties of the teacher is to make America loom large in the mind of young America.
(‘The New Intermediate Rules’, Gleo na gCath, *CS*, 24.6.1911, lch. 9.)

Ar ndóigh, mar a luadh cheana, is fianaise agus cruthú eile ar chumhacht na meán agus ar chumhacht an *CS* mar uirlis chumarsáide Ghaeilgeoirí na hÉireann é an dóigh inar iarradh ar Phádraig Mac Piarais fanacht mar eagarthóir ar an bpáipéar sa bhliain 1909 ionas go dtabharfaí an phoiblócht ab fhéarr do chath na Gaeilge san Ollscoil. Buadh an cath i 1910. I rith na bliana 1908 agus 1909 rinneadh iarracht cás na Gaeilge san Ollscoil a chur os comhair an phobail i gcolúin an *CS*. Ón dara lá déag de mhí Feabhra 1910 go dtí an tríochadú lá de mhí Iúil 1910 scríobhadh sé eagairfhocal déag sa *CS* ar chás na Gaeilge san Ollscoil. Níor fágadh eagrán i rith na tréimhse seo gan tagairt a dhéanamh don iarracht a bhí á déanamh ag an gConradh agus ag Comhairlí Contae na hÉireann chun Gaeilge éigeantach a chur ar fáil mar bhunriail in Ollscoil na hÉireann. Ní féidir tionchar na poiblóchta seo ar ghnáthmhuintir na tíre, ar Sheanad na hOllscoile agus ar léitheoirí an pháipéir a shéanadh. Bhí pobal na tíre ag tacú leis an bhfeachtas agus bhí aontacht tuairimíochta le sonrú sna heagraíochtaí poiblí. Is dócha gur fhulaing grúpa amháin ó thaobh cáile de, de bharr an tseasaimh a ghlac siad san fheachtas seo, níos mó ná mar a d'fhulaing grúpa ar bith eile agus b'í an grúpa sin ná Cléir na tíre – rud atá pléite ag an údar seo cheana.⁷⁴ Ar deireadh nuair a ardaíodh an cheist os comhair Bhord na Staidéar ar an dara lá de mhí Aibreáin 1910, socraíodh go ndéanfaí ábhar éigeantach den Ghaeilge do na léachtaí istigh. Ghlac baill an tSeanaid leis an socrú chomh maith. Ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 1910, socraíodh go ndéanfaí ábhar éigeantach den Ghaeilge do scoláirí a bhí ag dul isteach san Ollscoil. Chuirfí na rialacha nua seo

i bhfeidhm sa bhliain 1913 agus is mar sin atá sé sa lá atá inniu ann. Ar ndóigh ní féidir neamhshuim a dhéanamh den ról tábhachtach a bhí ag an CS sa chloch mhíle seo i gcúrsaí oideachais na hÉireann – ról a bhfuil a thionchar le feiceáil go fóill.⁷⁵

I gcás seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais ó 1909 go 1917 is í an ghné is suimiúla ó thaobh uirlis oifigiúil Chonradh na Gaeilge de, ná an léargas a fhaightear ar phríomhfhadhbanna agus ar phríomheilimintí an chórais oideachais, ní hamháin ó thaobh na teanga de ach ó thaobh córais a bhí chomh mí-oiriúnach don téarma a raibh sí á cleachtadh inti. Insíonn an CS scéal fhorbairt an oideachais Ghaelaigh dúinn de réir mar a tharla sé agus de réir mar a tháinig na spriopeachtraí chun tosaigh. Tugtar an – chuid firicí agus staitisticí sna tuairisci a scríobhtar ar athrú staid na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann agus chor a bheith céad bliain ar aghaidh sheasóidís mar cháipéis staire chruinn ar oideachas na tréimhse.

4.4.2 Ról na Nuachtán i gcúrsaí Gaeilge:

Is fíor a rá gur thug nuachtáin eile na linne seo léargas dúinn ar staid na Gaeilge agus ar fhorbairt chúrsaí teanga in Éirinn i rith na mblianta seo chomh maith. Sna blianta 1909 go 1917, faightear cuntas maith sa CS, ní hamháin ar sheasamh na nuachtán Éireannach agus na nuachtán mionteangach ar chúrsaí Gaeilge, ach chomh maith leis sin faightear léargas ar chúrsaí iriseoireachta in Éirinn ag an am. Is gné thábhachtach í seo den tréimhse seo ach go háirithe de bharr na

ndeacrachtaí a bhí á bhfulaingt ag nuachtáin náisiúnacha na tíre nár chloígh le líne oifigiúil an Chaisleáin.

Ar an ábhar sin, cáineadh go mór na hirisí a bhí ag teacht isteach ó Shasana de bharr an truaillithe a bhí á scaipeadh acu. Dúradh go raibh caighdeán ábhar na nuachtán go hainnis ach le cur le drochaighdeán na n-alt agus na scéalta, nach raibh scríbhneoirí na nuachtán cáilithe agus gur léiriodh sna nuachtán an drochmheas a bhí acu ar Éirinn.⁷⁶

Cóinníodh súil ghéar ar nuachtáin na hÉireann agus an seasamh a ghlac siad ar an nGaeilge trí cholúin an CS. Fógraíodh na nuachtán nach raibh Gaeilge mar chuid den nuachtán acu go minic agus tacaíodh go mór le nuachtán a raibh iarracht á déanamh acu colún Gaeilge a sholáthar nó cás na Gaeilge a chur chun cinn. I measc na nuachtán ar tugadh ard - mholadh dóibh sa CS ag amanna áirithe toisc na tacaíochta a léirigh siad don Ghaeilge ab ea an *Irish Independent*, an *Freeman's Journal*, an *Ecsaminer Seachtmhaineamhail* i gCorcaigh, *Waterford Star*, *Clonmel Nationalist*, *Dungarvan Observer*, *Waterford News*, *Tuam Herald*, *Tuam News*, *The Scottish Review*, *Irish Ireland Journal*, *Ar Bobl* (Iris Bhriotánaise), *An Macaomh, Deo Gréine* (Cumann Gaedhealach na hAlban), *Gadelica*, *An Lóchrann, an Rosary, an Cros, an Irish Monthly*, *An Crann*.

Ar an lámh eile cáineadh an *Connacht Tribune*, an *Irish Times*, an *Freeman*, an *Independent* agus an *Church of Ireland Gazette* as an mbearna a bhí le lónadh acu i gcás iriseoireacht na Gaeilge. Tuigeadh an chumhacht a bhí ag nuachtán

agus an géarghá a bhí ann i rith na tréimhse seo úsáid a bhaint astu chun athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn. Pléadh an chumhacht seo san eagairfhocal ar an seachtú lá is fiche de mhí Mheán Fómhair 1913: “Tá cumhacht mhór ag na páipéaraibh. Níl aon rud sa tír chomh cumhachtach leobhtha le athrughadh teangan do chur chun cinn i measg daoine”. (‘Nuaidheacht do Ghadhilgeoiríbh’, Eagairfhocal, *CS*, 27.9.1913, lch. 7).

Is léir ó cholúin an *CS* sa tréimhse seo gur mhioniaracht ar an iomlán a bhí á déanamh ag nuachtáin na hÉireann chun Gaeilge a fhí isteach mar ghné rialta de thuairisceoirreacht an nuachtáin agus ba dhéine an cáineadh ar pháipéir an Iarthair ná ar pháipéir áit ar bith eile sa tír toisc go raibh an Ghaeilge á labhaint ann mar theanga bheo chumarsáide ach nár úsáideadh go leor di sna meáin chumarsáide. Is cinnte fosta ó cholúin an *CS* gur in olcas a bhí an scéal ag dul in aghaidh na mblianta.⁷⁷

Tagraíodh d’irisí agus nuachtáin i dtíortha eile a raibh tuairisci agus ailt acu ar chúrsaí na Gaeilge. Ba mhinic a pléadh cúrsaí teanga i dtíortha eile a raibh cosúlachtaí acu le hÉirinn chomh maith. Ba ghné rialta í seo den *CS* i rith na ré inar cuireadh i gcló é. San eagairfhocal ‘The Burden of Routine’ ar an aonú lá déag de mhí Feabhra 1911 tugadh ard-mholadh do Fhraincigh Cheanada de bharr na gcuspóirí a bhí curtha i gcrích acu chun an Fhraincis a chaomhnú. Luadh a lán tíortha eile san eagairfhocal chomh maith a raibh a bpreas féin i gcló acu i

Meiriceá i dteanga dhúchais a dtíortha féin agus rinneadh cáineadh ar Éireannaigh na Stát Aontaithe a raibh an Ghaeilge ligthe le faillí acu.

I gcolúin an *CS* luadh agus pléadh dul chun cinn cúrsaí teanga i dtíortha ar nós na Boithéime, na Beilge, na Bulgáire, na Fionlainne, na Fraince, Cheanada, na hUngáire, na Gearmáine, na hAfraice Theas, Mheiriceá, na hAlban, na Polainne, na Gréige, na Breataine Bige, na Danmhairge, na Brasaíle, na hIoruaidhe, na hÍsiltíre, na Rúise. I measc na n-ábhar ginearálta a pléadh sna hailt agus sna heagarfhocail ab ea teangacha na dtíortha i gcúrsaí oideachais agus i gcúrsaí polaitíochta, an dóigh gur cuireadh teangacha na dtíortha éagsúla chun tosaigh mar theanga náisiúnta sna tíortha féin, modh oibre an dátheangachais sna tíortha a raibh córas dátheangach curtha ar bun acu, an gaol agus na cosúlachtaí idir na teangacha agus na tíortha Ceilteacha agus an stair taobh thiar díobh, cúrsaí cogaidh agus ról na Cléire i dteangacha an domhain.

I rith na tréimhse seo, díríodh isteach fostar eachtraí áirithe agus ar ghnéithe áirithe de fhorbairtí teangacha eile. I measc na n-ábhar a pléadh bhí :Comhdháil Impiriúil an Dátheangachais i 1911; Cuno Meyer agus Cathaoir na Ceiltise in Ollscoil Bheirlíne; cur faoi chois an pháipéir ‘Hindústánach’ *Press of Zeminder* a foilsíodh i Lachóre; bás eagarthóra *Figaro* i bPáras; cur chun cinn ghluaiseachtaí drámaíochta san Íoslainn, sa Bhulgáir agus san Iodáil agus i 1915, scríobh ‘Torna’ sraith alt ar mhórfhile Breatnaise – Dafydd Ap Gwynn.⁷⁸

Cé gur féidir a rá go bhfuair cúrsaí thíre agus cúrsaí domhanda tosaíocht ar ábhair eile sa *CS* i rith na tréimhse seo, níor fágadh cuspóirí an nuachtáin ar leataobh

agus is léir ó na hait agus ón bpoiblíocht a tugadh do fhorbairtí teanga gur cloíodh le príomhaidhm an pháipéir agus b'í an aidhm sin ná cur chun cinn na Gaeilge. Nuair a chuirtear ról scríbhneoirí tíortha eile i ngluaiseachtaí teanga san áireamh tuigtear an riachtanas a bhain le nualtríocht a sholáthar. I gcás a lán tíortha eile ag an am seo, bhí forbairtí litríochta fite fuaite le cúrsaí teanga. B'amhlaidh an scéal do għluaiseachta na Gaeilge.

4.5 Litríocht

Roimh iarrachtaí Chonradh na Gaeilge chun litríocht na Gaeilge a chur chun cinn, rinne scoláirí Éireannacha staidéar ar litríocht an Bhéarla don chuid is mó chun tuiscint a fháil ar stíl agus ábhar na litríochta, ach mar a deir Declan Kiberd, b'í príomhfhadhb na litríochta úd ó thaobh na nÉireannach de ná an léargas a tugadh inti ar dhíbirt na nÉireannach féin óna n-áit dúchais.⁷⁹

I rith na tréimhse seo bhí toradh oibre Chonradh na Gaeilge le feiceáil go soiléir agus is léir ó cholúin an CS ó 1909 go 1917 gur chuir foilsíú na litríochta agus díospóireachtaí litríochta sa pháipéar go mór le forbairt agus fás na litríochta Gaeilge. Tá litríocht an CS cláraithe i gClár an CS; Cuid a Trí- Litríocht. Bhiodh colúin éagsúla don litríocht ach níor foilsíodh faoin teideal céanna í gach seachtain.

Cuireadh formhór na ndánta agus na n-amhrán i gcló sa cholún darbh ainm ‘Guth na mBard’ agus is léir i gClár an CS: Cuid a Trí – Litríocht, an réimse éagsúil

filíochta idir filíocht bhéil, laithe Fiannaíochta agus filíocht teangacha Cheilteacha eile a solathraíodh sa cholún. Foilsíodh seanscéalta sa cholún darbh ainm ‘An Sgéaluidhe’, agus i measc na scéalta nuachumtha a cuireadh i gcló sa pháipéar a bhí “Díoltas na mBan”, “Ná leig sinn i gCathú”, “An Chéad Chloch”, “An Coimhthigheach a raibh aghaidh an bháis air”, “Tír na nIongantas”, Triúr Ban”, “An Diabhal agus an Flaithbheartach” agus “An Máirnéalach Buidhe” le Pádraic Ó Conaire; “Gaduigheacht Inis Dubháin” le Séamus Ó Grianna; “An Mháhair” le Pádraig Mac Piarais agus “Fiadhach Fada Mhuintir an Oileáin” le Tomás Ó Crithin[sic].

Foilsíodh drámaí nua sa cholún “An Sgéaluidhe” chomh maith. B’iad na drámaí a cuireadh ann ná “Eiséirghe Dhonncha” (scríofa ag Séamas Mac Maghnuis), “Dubhairt Sé dabhairt sé” (scríofa i mBéarla ag Lady Gregory), an dá cheann aistrithe ag ‘An Seabhadh’; “An Próca Óir” (i gcomhair páistí) le Searlot Ní Dhulaing; “An Cailín a shiúbhladh ‘na codladh” le Máire Ní Chonaill; “Mac na mná Déirce” (scríofa ag Séamas Ó Ceallaigh i mBéarla) aistrithe ag Mícheál Mac Ruaidhrí agus “Maine”; “An Bheidhlín” agus “An Cat agus an Tae’ le ‘Cú Uladh’. Bhí dráma a scríobh Pádraic Ó Conaire darbh ainm “An Uadhacht” i gcló i 1915 agus foilsíodh duaisaiste Oireachtas Uí Chonaire - “Na Coinghili a stiúirigheann sgríobhnóireacht Dráma” i 1911.

Don chuid is mó den tréimhse scríobhadh na léirmheasanna sa cholún ‘Leabhra’. Tagraíodh go minic d’irisí agus do leabhair Bhreatnaise faoin teideal ‘Ceilteachus’ sa cholún seo. Cé gur cuireadh béis ar leith ar léirmheasanna irisí i rith na tréimhse seo, scríobhadh an-chuid léirmheasanna ar nualtríocht na

Gaeilge. Is fiú léirmheas a scríobhadh ar leabhar Phádraic Uí Chonaire “Sgéalta eile ó Phádraic Ó Conaire” a léamh:

Baineann na sgéalta le “Síneacha” le “Pártighibh” le “hAabitínighib” srl., do réir an ughdáir, acht déarfainn go mbaineann gach ceann aca ó thús deire le meanmain Phádraic féin. [...] Smaointeoir is eadh Pádraic, acht bíonn dúil i ngreann agus i sfigireacht aige go minic. Taisbeánann an leabhar so gur cumadóir fá leith atá ann.
 (“Sgéalta eile ó Phádraic Ó Conaire”, léirmheas le ‘Námha na Gnáth – thuairime’, *CS*, 15.8.1914, Ich. 11.).

Tugann an léirmheas seo léargas dúinn ar an ard mheas a bhí ag léirmheastóirí na nualtríochta ar leithéidí Phádraic Uí Chonaire agus é i mbun scríbhneoireachta.

Ar ndóigh, bhí sé ar cheann de mhórscríbhneoirí na linne ar éirigh leo litríocht fhiúntach a sholáthar ar fiú staidéar a dhéanamh uirthi sa lá atá inniu ann.

Príomhscríbhneoirí eile na linne ar tugadh aitheantas dóibh sa *CS* ab ea Pádraic Mac Piarais, Piaras Béaslaí agus an tAthair Peadar Ó Laoghaire.⁸⁰ Níl aon amhras ach gur chuidigh urlis oifigiúil Chonradh na Gaeilge le cur chun cinn litríocht na gceannródaithe seo. Ba de bharr iarrachtaí na scríbhneoirí seo a cuireadh túis le gearrscéal agus úrscéal na Gaeilge, mar a deir Aisling Ní Dhonnchadha:⁸¹

Bhí Pádraic Mac Piarais, Pádraic Ó Conaire agus Piaras Béaslaí ar an dornán scríbhneoirí nach raibh faoi dhaoirse ag an meon indírithe agus an tsíorfhéachaint siar. Thuigeadar agus ghlacadar leis go bhféadfaí ábhar agus ceardaíocht na gearrscéalaíochta a fheabhsú ach féachaint i dtreo scríbhneoirí na Mór–Roinne. [...] Bhí íogaireacht agus rómánsachas ag baint le healaín gach duine den triúr seo rud a tháinig chun léargas in ionramháil na gearrscéalaíochta.
(Ní Dhonnchadha, 1981, 296).

Ní hamháin gur chuir na scríbhneoirí seo an tsaoirse intinne in iúl ina gcuid scríbhneoireachta ach chomh maith leis sin mothaitear an fhairsingeacht intinne chéanna sna hailt agus sna heagarfhocail a scríobh siad sa *CS*. Is í an taobh eile seo de phearsantacht agus de thuairimíocht na scríbhneoirí seo a fhaightear i gcolún an *CS* a thugann breis tuisceana agus doimhneachta dúinn ar fheaslúnacht agus ar fhás na nualitríochta i ré na hAthbheochana. Bhí borradh na nualitríochta le feiceáil ar fud na tíre agus bhí ábhar fiúntach litríochta á cur ar fáil do léitheoirí na Gaeilge – ábhar a mhair tríd na glúine. Faoin am seo, bhí scríbhneoireacht na Gaeilge imithe thar tairseach na printíseachta agus bhí stíl, ábhar agus caighdeán na litríochta á meas go rialta sa *CS*.

Ceann de phríomhchonspóidí na nualitríochta sa ré seo ab ea an chonspóid ar chaint na ndaoine agus an Ghaeilge Chlaisiceach. Bhí ceist an litrithe Ghaeilge fite fuaite le ceist na litríochta seo agus b'ábhar coitianta é a tháinig anós go rialta i gcolún an *CS*.

Ar an gceathrú lá de mhí na Nollag 1909, chuir Pádraic Ó Róigín i leith an Dochtúir de Henebre nár thuig sé an difríocht idir botúin an Athar Pheadair agus botúin scríbhneoirí Gaeilge Bhaile Átha Cliath de bhrí gur labhair sé amach i gcoinne “those horrible books published in Dublin”. Ba mar seo a cuireadh túis leis an gconspóid ar úsáid chaint na ndaoine nó úsáid na Gaeilge Claisicí do chruthú na nualitríochta i 1909.⁸² Lean an chonspóid seo ar aghaidh sa *CS* i rith na tréimhse seo agus cé gur pléadh an dá thaobh sna hailt agus sna heagarfhocail,

is mó den chlaonadh i dtreo chaint na ndaoine a fhaightear sa pháipéar ná den chlaonadh i dtreo na Gaeilge clasaici.⁸³

Léirigh Séamus Ó Searcaigh san alt ‘Sgriobhadh na Gaedhilge’ a scríobh sé ar an ochtú lá déag de mhí Eanair 1913 gurb í an tuairim a bhí aige ná nár bh “ionann ar fad badh cheart teanga a sgríobhadh agus a labhairt”.

Níos moille sa bhliain chéanna, phléigh ‘Aonghus Ó Duibhne’ an cheist á rá go raibh “an oiread difrigheachta idir caint na ndaoine agus fíor litridheacht atá idir spailpín fánach agus feallsamh nó idir sean–mhnaoi agus aingeal” (“Caint agus Litridheacht”, *CS*, 11.10.1913, Ich. 1). D’fhreagair ‘Beirt Fhear’ é an tseachtain dár gcionn a rá “gurb í caint na ndaoine bun–phréimh na litridheachta” (“Caint agus Litridheacht”, Eagarfhocal, *CS*, 25.10.1913, Ich. 7). Cé gur mhaigh Ó Duibhne nár thuig ‘Beirt Fhear’ brí a chainte, bhí an focal scoir ag ‘Beirt Fhear’ ar an dara lá is fiche de mhí na Samhna. (Feic nota 83)

Tuigtear ón bhfreagra go raibh dearcadh an–simplí ag lucht na Gaeilge labhartha ar chruthú na nualtríochta má ghlahtar leis an sliocht thíos mar ghnáththuairimíocht na ndaoine a bhí i bhfabhar chaint na ndaoine i gcúrsaí litríochta:

Is cuma liomsa cad iad na smaointe a bhíonn istigh i n-aigne an duine, bídís ard nó íseal, míín nó garbh, searbh nó milis, má chuireann sé na smaointe úd i nglan–Ghaedhilg deirim gur fíor-litridheacht a shaothar, agus molaim–se é.
('Cad is litridheacht ann?', *CS*, 22.11.1913, Ich. 5.)(le ‘Beirt Fhear’).

Tháinig an chonspóid chun cinn arís i mí Mheán Fómhair 1914. ‘Torna’ agus ‘Cara na nUghdar’ a phléigh an dá thaobh an iarraidh seo agus i gcomhthéacs na filíochta a pléadh é. B’éard a bhí i gceist ag ‘Torna’ ná go gcruthófaí nuafhilíocht na Gaeilge i gcaint na ndaoine, go mbeadh an fhilíocht i bhfoirm phróis cosúil le “Cúirt an Mheadhonoidhche” le ‘snáth filidheachta ag rith tríotha’. D’fhreagair ‘Cara na nUghdar’ é, a rá go raibh sé riachtanach go gcuirfí anam agus beocht in iúl ionas go gcruthófaí filíocht fhiúntach sa Ghaeilge. Chríochnaigh sé a rá go raibh “ádhbar file i ngach duine” (‘Filidheacht agus Fíordacht’, *CS*, 12.9.1914, lch. 11). De réir mar a d’fhorbair an díospóireacht ba léir go raibh bearna mhór idir fealsúnacht na beirte i leith na ceiste – ‘cad is filíocht ann?’.⁸⁴ Chríochnaigh ‘Torna’ le milleán a chur ar chóras oideachais na hÉireann le blianta anuas as easpa eolais fhilí na linne ar mheadrachtaí agus ar scileanna na filíochta ach chuir ‘Cara na nUghdar’ in iúl gur chreid sé go raibh toise sa bhreis i gceist – an duine féin:

Tugann ‘Torna’ Sean–Filidheacht ar fhilidheacht san Dán Díreach; tugann sé Filidheacht ar an “amhrán”. Tugaimse filidheacht ar gach dán, amhrán, ballade, sonnet, épopee, dráma srl., atá FILEATA. Agus tá (nó beidh) fáilte agam roimh amhránacht, hexameter, terza rima, meadaracht nua, nó vers libre féin. [...] Ceapann a lán aca gurab ionann filidheacht agus focla deasa gan mórán céille – nó sean–ráidhte féin – i bhfuirm rannuidheachta. Ní chuirid brígh, neart a meanman féin i gcéill. [...] Tá eagla ortha–san roimh smaointe agus saothar! Naimhde na Gaedhilge is eadh iad gan fios dóibh féin.
(‘Filidheacht agus Fíordacht’, *CS*, 21.11.1914, lch. 2.).

Is suimiúil an díospóireacht í nuair a chuirtear bearna na filíochta idir na fichidí go dtí na daichidí san áireamh. Sa tslí seo chabhraigh scríbhneoirí an *CS* le cur chun cinn na filíochta tríd an tsuim a choinnigh siad féin inti – gné a chabhraigh go mór le fás na nuafhilíochta idir ré na hAthbheochana agus túis na ndaichidi nuair a bhí tortaí mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna ag teacht chun tosaigh.⁸⁵

Ar an lámh eile de, cé go ndearnadh iarracht suim léitheoirí an *CS* a mhúscait i bhfás na drámaíochta Gaeilge, ní dearnadh móran dul chun cinn i rith na tréimhse seo. I mí Eanair 1910, pléadh riachtanais na drámaíochta Gaeilge in Éirinn agus i mí an Mhárta na bliana céanna moladh W. B. Yeats de bharr na moltaí a rinne sé chun drámaíocht na Gaeilge a chur chun cinn. Nuair a léiríodh ‘An Naomh ar iarraig’ (‘An Craoibhín’), ‘Iosagán’, (Pádraig Mac Piarais), ‘The Coming of Finn’, (Standish O’ Grady), ‘Destruction of the Hostel’, (Padraic Colm) in Amharclann na Mainistreach i 1910, dúradh gur “little gems of literature” a bhí sna drámaí. (‘Irish plays at the Abbey’, Gleo na gCath, *CS*, 9.4.1910, Ich. 8.).

Nuair a léiríodh drámaí Gaeilge in Amharclann na Mainistreach tugadh fógraíocht dóibh sa *CS* ach caithfear a admháil go dtugtar le tuiscint i gcolúin an *CS* nach raibh na drámaí ar ardchaighdeán i gcomparáid le drámaí an Bhéarla.⁸⁶

Ar an iomlán, bhí colúin an *CS* dian ar Amharclann na Mainistreach agus ar éinne a raibh baint acu léi. Léiríonn géire na n-alt a scriobhadh ar thuras Synge go Meiriceá le *The Playboy of the Western World* an drochmheas a bhí ag lucht na Gaeilge ar an dearcadh a bhí á léiriú ag Cumann liteartha na hÉireann ar shaol agus ar chultúr na hÉireann. Dá dhonacht Béarla na ndrámaí, ba mheasa ábhar

agus tuiscint na ndrámaí seo agus rinneadh cáineadh mór ar Yeats agus ar Lady Gregory toisc na trioblóide a chothaigh dráma Synge sna Stáit Aontaithe.⁸⁷

Nuair a bunaíodh cumann nua drámaíochta Gaeilge – ‘Na hAisteoirí’ - i mí Aibreán 1913, bhí tuairisc dóchasach sa CS. Bhí gluaiseacht na drámaíochta ag forbairt ar deireadh:

Chuir ceal cluichidhe oireamhnacha, inspéisighthe agus easnamh aisteóiridhe oilte go mór ar thúis Amharclann fíor-Ghaedhealaigh. Tá gach dealramh go bhfuil an lámh uachtair fachta ar chuid des na constaicibh seo sa deireadh óir tá dá chomhlucht cluichtheóiridhe curtha ar bun in Áth Cliath le deidheanaighe. Do léirigh cómhlucht aca “Na hAisteóiridhe” dhá chluiche grinn, “Beirt Nótaidhe” agus “Beirt na Bódhaire Bréige” ist oidhche Dé Sathairn os comhair cruinnighthe móir agus d’réir a ndubhaint a stiúrthóir, Piaras Béaslaoich, tá fútha leanamhaint den obair feasda.

(‘Cluichidhe as Gaedhilg’, CS, 19.4.1913, Ich. 2.).

Níor mhair an fhorbairt i bhfad áfach agus sula raibh mí caite ó chur i gcló na tuairisce seo, ba léir go raibh easaontas idir na grúpaí drámaíochta. I mí Mheán Fómhair 1913 fógraíodh go raibh “Na Cluithcheoirí” chun cúpla dráma Gaeilge a chur ar siúl d’fhéile na Samhna cosúil leis an dá oíche a rinne siad i mí na Bealtaine.⁸⁸ De réir fhianaise an CS, ní dearnadh mórán dul chun cinn eile ó 1913 ar aghaidh go 1917. Ní fheicfí réabhlóid drámaíochta go ceann tamaill eile ar a laghad, dá bhfeicfí choíche í.

Ba bhlianta gníomhacha, bríomhara iad 1909 go 1917. Ba thréimhse stairiúil i bpolaitíocht na hÉireann agus i bpolaitíocht an domhain í agus tá rian staire agus

impleachtaí na tréimhse léirithe i gcolúin an CS. Líonann an CS na bearnaí staire trí thuairisceoiracht a bhfuil rian ghné thábhachtach de náisiúntacht na hÉireann, ‘sé sin an Ghaeilge féin, mar chúlra agus mar bhunús na n-eachtraí staire agus teanga a phléitear ann. Feictear go háirithe sa tréimhse seo an tionchar a bhí ag na daoine a raibh baint acu leis an CS ar chlocha míle na teanga agus na tíre. Ba é nuachtán beo na linne é a phléigh polaitíocht na tréimhse, forbairtí teanga, oideachais agus litríochta na tréimhse i gcomhthéacs cheann de na gluaiseachtaí a ba mhó tionchar agus a ba ghníomhaí i gcur i bhfeidhm fhorbairtí na tíre ag an am sin.

Caibidil a Cúig : Tréimhse Chorraitheach 1917 –

1921

Is iad príomhghnéisithe na caibidle seo ná:

- a) an dóigh gur chuir míshuaimhneas na hÉireann tar éis Éirí Amach 1916,
Cogadh na Saoirse agus cúrsaí cinsireachta isteach ar chúrsaí
eagarthóireachta agus ar chúrsaí clódóireachta an CS i rith na tréimhse
seo. Déanfar tagairt fosta do thionchar na n-eachtraí seo ar irisí Gaeilge
eile na linne
- b) na ceisteanna teanga a tháinig chun cinn i rith na tréimhse seo – na
díospóireachtaí faoin gcló Rómhánach agus cló Gaelach; faoi litriú
caighdeánach agus litriú na Gaeilge labhartha; faoi ról na Gaeilge
caighdeánaí agus ról na gcanúintí i bhforbairt na Gaeilge; an dóigh a
ndeachaigh clár nua na Gaeilge i bhfeidhm ar scoileanna na tíre agus
drochchoinníollacha na n-oidí taistil.
- c) an léargas a fhaightear ar na forbairtí litriochta Gaeilge a tháinig chun
cinn i rith na tréimhse seo : na cumainn – ‘An Ridireacht Liteartha’ agus
‘Cumann Sgríbhneoirí’; an plé ar chúrsaí aistriúcháin, ar
léirmheastóireacht, ar dhrámaíocht agus an léargas sa bhréis a fhaightear
ar dhrámaíocht sa tréimhse seo toisc pháirte ghníomhach Phiarais
Bhéaslaí i gcur chun cinn na drámaíochta.
- d) an claonadh a ghlac an CS mar phríomhnuachtán Gaeilge na tréimhse ar
imeachtaí polaitiúla na hÉireann : an léiriú a fhaightear ar ról na Cléire in

Olltoghchán 1918; an tuairisceoiracht ar imeachtaí Chogadh na Saoirse; an léiriú a fhaightear trí cholúin an CS ar an tionchar a bhí ag staid polaitíochta na hÉireann ar ghluaiseacht na Gaeilge, na baill a cuireadh faoi ghlás agus chun bás; tionchar chlampar na tíre ar chúrsaí sóisialta agus ar chúrsaí eacnamaíochta na tíre ó 1917 go 1921.

5.1 Cúrsaí Clódóireachta agus Eagarthóireachta an CS féin:

5.1.1 Cúlra na tréimhse ó thaobh na hiriseoireachta de:

Ba thréimhse chorraitheach í 1917 go 1921 i gcomhthéacs chur chun cinn na hiriseoireachta Éireannaí. De bhrí go raibh an oiread sin tábhachta ag baint le nuachtáin na tíre mar uirlis chumarsáide, bhí drochstaid polaitíochta na hÉireann fite fuaite le soláthar na nuachtán Gaeilge agus le clódóireacht ghnáthnuachtáin na linne. Chuir cinsireacht na nuachtán agus caighdeán eacnamaíochta mhuintir na tíre isteach go mór ar nuachtáin ar fud na tíre. B' é toradh an scéil ná gur cuireadh an – chuid nuachtán Béarla faoi chois (an *Enniscorthy Echo*, an *Kerry Evening Post* agus an *Clare Champion* ina measc), de bharr an tseasaimh náisiúnaigh a ghlac siad agus na nuachtáin nár cuireadh faoi chois, muna raibh bunús maith taobh thiar díobh, cuireadh as cló iad de bharr fhadhbanna airgeadais.¹

Deir Hugh Oram gur dheacra agus gur dháinséaraí an tréimhse seo do ghnó nuachtán na hÉireann i gcoitinne ná tréimhse ar bith eile i stair na nuachtán Éireannach.² Dá dhonacht na coinníollacha don phreas Béarla, ba mheasa iad d'iriseoireacht na Gaeilge.

Rinne lámh láidir na cinsireachta an – dochar d'iriseoireacht na Gaeilge agus i rith na mblianta seo fógraíodh go minic sa *CS* an dochar a bhí á dhéanamh ag an bpolasáí Rialtais do na hirisí seo. B'iad na hirisí a ndearnadh tuairisc orthu sa *CS* nuair a cuireadh faoi chois iad ná *An Stoc* (i 1917 agus i 1921), *Reult an Deiscirt* (1918), *An Branar* (1920), *An Lochrann* (1921). Tagraíodh fosta don *Waterford News* nuair a cuireadh faoi chois é i 1919.³

B'amhlaidh a bhí an scéal don *CS* féin ach seachas tréimhse amháin ón bhfichiú lá de mhí Mheán Fómhair go dtí an dara lá is fiche de mhí na Samhna 1919, nuair a cuireadh cosc ionlán ar chur i gcló na nuachtán Gaeilge, níor cailleadh eagráin seachtainiúil ar bith ó mhí Mheán Fómhair 1917 go deireadh mhí na Nollag 1921. *Misneach* an teideal nua a bhí ar an bpáipéar nuair a cuireadh i gcló arís é tar éis an téarma cinsireachta agus mhair an teideal seo ar an nuachtán go deireadh na tréimhse seo. Nuair a cuireadh an nuachtán i gcló don chéad uair faoin teideal *Misneach*, tagraíodh do phríomhchúram an *CS* mar uirlis chumarsáide Ghaeilge na linne. Tuigtear as an eagarrfocal an phráinn a bhain le caomhnú agus le cur chun cinn na hiriseoireachta Gaeilge.⁴

Chomh maith leis sin, cé gur laghdaíodh ar thoirt an pháipéir ó am go chéile i rith na mblianta seo agus gur pháipéar ceithre leathanach a bhí ann corruair, ar an

iomlán, d'éirigh leo páipéar sé leathanach ar a laghad a chur amach in aghaidh na seachtaine.

Nuair a chuirtear na constaici agus na deacrachtaí a bhí le sárú ag bainisteoireacht an pháipéir san áireamh is cinnte go léiríonn leanúnachas an fhoilsithe an díograis a chaith bainisteoirí agus eagarthóirí an *CS* lena gcuid oibre agus an tuiscint a bhí acu ar a thábhachtaí is a bhí sé go gcuirfí uirlis chumarsáide Ghaeilge ar fáil i rith na tréimhse corraithí seo. D'ainneoin na cinsireachta, na gcontúirtí agus na sciuirdeanna pólíní ar oifigí an nuachtáin, ar oifigí an Chonartha agus ar theach an chlódóra, d'éirigh le bainisteoir agus le heagarthóir an pháipéir uirlis oifigiúil na gluaiseachta a chur ós comhair an phobail trí nuachtán seachtainiúil a chur amach gan stad i rith na mblianta trioblóideacha, trodacha seo.⁵

5.1.2. Cúrsaí Riarcha an *CS*

D'fhág míshuaimhneas na tíre a rian ar ghnáthchúrsaí riarcha an pháipéir fostá.

Ba é Piaras Béasláí eagarthóir an *CS* ag túis na tréimhse seo agus cé gur cuireadh túis dearfach lena ré eagarthóireachta lena alt dár teideal ‘Geasa na Caillighe.

Geasa na hÓgmhná’ ar an naoú lá is fiche de mhí Mheán Fómhair 1917 agus gur toghadh d'aonghuth mar eagarthóir é, níorbh fhada go raibh easaontas agus corraíl na tíre ag brú ar a chúráimí agus ar a fhreagrachtaí eagarthóireachta.⁶ Ba léir do chonraitheoirí cheana féin gur dhuine láidir, misniúil a bhí ann as an bpáirt ghníomhach a bhí gafa aige i ngníomhaíochtaí na gluaiseachta agus go

háirithe tar éis an tseasaimh a ghlac sé ar rún na hArd – Fheise 1915 i nDún

Dealgan a raibh éirí as Dhubhglais de hÍde mar thoradh air.⁷

A luaithe is a thosaigh sé ar a thréimhse eagarthóireachta, pléadh forbairtí nua sa pháipéar. An chéad ghníomh a bhí le cur i gcrích aige ná méadú an *CS*. Ba é an príomhathrú a bhain leis an méadú seo ná méid an Bhéarla a laghdú ionas nach mbeadh de Bhéarla ann ach a raibh riachtanach dóibh siúd a bhí ar fhíorbheagán Gaeilge. Cuireadh an t-athrú i bhfeidhm láithreach agus i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 1917 tuairiscíodh sa *CS* go raibh ciorcláiocht an pháipéir imithe i méid. Dúradh gurb é laghdú an Bhéarla a bhí faoi deara an fheabhas.⁸ Ní raibh bealach réidh ós a gcomhair áfach agus bhí deacrachtaí clódóireachta agus páipéir le sárú sula gcuirfí an cruth nua ar an bpáipéar. Ag deireadh na bliana 1917 go túis na bliana 1918, pléadh athrú an *CS* go rialta i gcolúin an pháipéir. Cuireann na tuairisci easpa aontachta i gcomhair an pholasai nua don pháipéir in iúl, mar bhí an oiread céanna alt ar chur i bhfeidhm na n-athruithe is a bhí de leithscéalta de dheasca easpa dhul chun cinn.⁹ Nuair a méadaíodh eagrán speisialta na Samhna de cheithre leathanach cuireadh in iúl do leitheoirí an *CS* nach raibh ann ach méadú sealadach d'eagrán ar leith:

Níor éirigh linn an t-atharughadh crota chur ar an gClaidheamh fós. Is mó constaice do cuireadh linn, mar tá fhios ag gach éinne gur saoghal fé leith atá ann fé láthair i gcúrsaibh páipéir is clódóireachta. Tá fo-choiste ag féachaint chun an sgéil fé láthair agus tá súil againn gur gearr go mbeidh ar ár gcumas Claidheamh nuadh ar fad a thabhairt dár gcairdibh, Claidheamh go mbeidh mórán earraí nuadha ann.

(‘Claidheamh na Samhna – An Claidheamh Nuadh’, *CS*, 3.11.1917, Ich. 1)

Faoi dheireadh tháinig an *CS* nua amach ar an dara lá déag de mhí Eanair 1918 faoin teideal nua *Fáinne an Lae*. Nuachtán ocht leathanach a bhí ann. San eagarrfocal ar an dara lá déag de mhí Eanair 1918, scríobhadh cuntas cuimsitheach ar stair an nuachtáin go dtí seo. Léirigh Piaras Béasláí an t-ardmheas a bhí aige ar an gcló Gaelach ach chuir sé in iúl go raibh scileanna scríbhneoireachta ar leith ag baint leis ionas go scríobhfaí i gceart é – scileanna nach raibh ag a lán scríbhneoirí an *CS*. Cháin sé na drochscríbhinní a bhí faighte aige roimhe seo agus thug sé treoracha do scríbhneoirí an *CS* conas scríbhneoireacht mhaith a chur ar fáil le cur i gcló sa *CS*.¹⁰

Léirigh sé ón túis cad a bhí uaidh mar eagarthóir éifeachtach. Sa tuairisc bhliantíúil a rinne Seán Ua Conchubhair, bainisteoir an *CS*, ag Ard-Fheis 1918, thug sé an t-aitheantas a bhí tuillte ag Piaras Béasláí dó de bharr an feabhas a bhí tagtha ar éileamh an pháipéir fhad is a bhí sé mar eagarthóir air. D'ainneoin na ndeacrachtaí eacnamaíochta a bhí á bhfulaingt ar fud an domhain, d'éirigh leis an *CS* íoc as féin. B'fhíorannamh gur tharla sé seo i stair iomlán an *CS*. Is cruthú é seo ar an dóigh a ndeachaigh tuairimíocht agus fealsúnacht Phiarais Bhéasláí ar chur chun cinn na hiriseoireachta Gaeilge go mór chun tairbhe an nuachtáin:

Do luadhas anuraidh, nuair a bhíos ag gabháil mo leith–sgéil toisg beagán cailleamhna do bheith ar an “gClaidheamh Soluis”, go raibh dóchas agam go ndíolfadh páipéar an Chonartha as féin feasta. Is áthas liom a rádh go ndéarnadh amhlaidh an bhliadhain seo caite, agus beagán ‘na thennta san, cé go dtaisbeánann cuntas an Infhiúchóra cailleamhaint sgilling agus dhá thuistiún .i. 1s. 8d. air. Imeasg na ndroich – fhiach, atá thimcheall is fiche punt .i. £20 ná baineann le hobair na bliadhna so caithe. Mór–mhór díoladhbh roinnt coimisiún le lucht bailiaghthe fógraíde agus an bhliadhain seo fé sgrúdughadh againn beag–nach caithe. Tá timcheall is

deich bpúint is fiche .i.£? 0 den choimisiún san ná fuairtheas a thoradh go dtí tar éis an 28mhadh Feabhra 1918.

Tá costas gach ní dá mbaineann le páipéar nuadhachta ag dul i méid go mór le bliadhain anuas, agus b'fhéidir nár ghearánta do lucht an Chonnartha go bhfuil a bpáipéar féin ag díol as féin an chéad uair an aimsear ghann so.

Ní mór dom a rádh gur mhéaduigh ar an nglaodhach a bhí ar an bpáipéar ó cuireadh fé chúram, Phiarais Béaslaí é.

(‘Cúntas “Clódhanna” Teóranta -“Fáinne an Lae”, Ard – Fheis 1918, Ich. 31.).

Feictear tionchar díreach staid polaitíochta na hÉireann ar uirlis oifigiúil

Chonradh na Gaeilge i rith thréimhse eagarthóireachta Phiarais Bhéaslaí.

Gabhadh ó am go chéile é i rith na bliana 1918 ach lean sé ar aghaidh mar

eagarthóir nuair a ligeadh amach é.¹¹ Sa chéad tagairt a dhéantar do phríosúntacht an eagarthóra, pléitear na deacrachtaí a bhaineann leis an gcás seo, chomh maith

le gnáthchonstaicí eile na linne seo ar nós ganntanas páipéir. Ó mhí an Mhárta

1918 go mí Mheán Fómhair ní raibh ach ceithre leathanach sa nuachtán. Tugann

na tagairtí seo léargas maith dúinn ar an streachailt a bhí ar siúl ag an am ionas

go gcuirfí nuachtán amach in aghaidh na seachtaine. Ní hamháin go raibh Piaras

Béaslaí, eagarthóir an pháipéir faoi ghlás ach ba mhinic a tagraíodh do

ghnáthfhadhbanna ar nós tinnis agus clódóireachta, leis na daoine a ghlac cúram

na heagarthóireachta go neamhoifigiúil fhad is a bhí sé i bpriúin.

Is léir ón CS féin go bhfuil easpa leanúnachais ó thaobh ábhar agus chur i láthair

an pháipéir i rith na tréimhse seo agus is beag seachtain nach bhfuil leithscéal

éigin tugtha de bharr fadhbanna eagarthóireachta. Nuair a chuirtear san áireamh

gur de bharr staid na tíre a thosaigh na fadhbanna seo, ní féidir a shéanadh gur

chuir drochstaid polaitíochta na tíre go mór i gcoinne fhás agus fhorbairt an

nuachtáin sna blianta 1918 agus 1919.¹² I mí an Mheithimh 1918 sroicheadh

buaic nua leis an gcrúatan a bhain le páipéar seachtainiúil a chur amach.

B'ionann an scéal do pháipéir uile na tíre ag an am ach i gcás an *CS* bhí toise sa bhrefis ann de bhri go raibh an páipéar i gcrúachas cheana ó thaobh fadhbanna eagarthóireachta agus clódóireachta. Is féidir a rá go raibh gach rud i gcoinne an pháipéir faoin am seo ach fós, shocraigh siad ar phlean agus ar pholasaí chun an *CS* a choinneáil ar an bhfód. Rinneadh tuairiscí ar an ngné nua seo sna colúin Ghaeilge agus sna heagarfhocail ag túis na míosa ach cé gur scríobhadh i mBéarla iad, (d'ainneoin an pholasaí ar laghdú an Bhéarla), tugadh breis sonraí san eagarfocal ar an ochtú lá de mhí an Mheithimh 1918 ná in áit ar bith eile.

Tuigtear as na sleachta seo a léamh, na constaicí a bhí le sárú ag nuachtán uile na hÉireann ag an am seo agus tagraítear don *CS* mar nuachtán a bhfuil a áit agus a stádas féin aige i bpreas uile na tíre. Léiríonn sé seo tábhacht an róil a bhí ag an *CS* mar nuachtán de chuid nuachtáin na tréimhse stairiúla seo.¹³ Glactar leis gur scríobhadh an t-eagarfhocal seo i mBéarla d'aonghnó ionas go dtuigfeadh léitheoirí uile na deacrachtaí a bhí ag an bpáipéar. Is scáthan maith é an t-eagarfhocal ar mheon na linne i leith chur ar fáil na hiriseoireachta Gaeilge :

As mentioned in our Irish columns, the difficulty caused by the paper famine, which is affecting all newspapers in Ireland, render it impossible for us, under present circumstances to restore "Fáinne an Lae" to its former size. We propose, therefore, to introduce changes in the make-up, type and arrangement of matter, which combined with a drastic sub-editing and condensation of matter sent to us, will enable us to give our readers in future a much greater quantity of reading matter, covering a greater variety of subjects. Our arrangements, when complete, will result in providing the equivalent of three or four additional columns of reading matter. The reduction in size of our title, introduced this week, provides us with a considerable

amount of space. Unfortunately our arrangements have been delayed this week by an unexpected printers' strike and by the necessity of publishing the first instalment of the Irish Language Fund subscriptions which has been long held over. To make room for this, we are compelled to 'crush out' the greater part of our English Notes, regarding the provision of Gaedhilg as of primary importance. Those of our readers whose knowledge of Irish is limited will, we are sure, overlook this omission under the circumstances.

(‘ “Fáinne an Lae” ’, Eagarfhocal, *CS*, 8.6.1918, Ich. 2)

Réitíodh fadhb ghanntanas an pháipéir féin i gcomhair nuachtáin na tíre i mí Mheán Fómhair 1918 (nuair a bhí an Chéad Chogadh Domhanda thart) agus ar deireadh méadaíodh an *CS* go sé leathanach. Ach in éineacht le méadú toirte an *CS*, méadaíodh ar phraghas an nuachtáin go 2d.¹⁴

Gabhadh Piaras Béasláí arís i mí an Mhárta 1919 agus nuair a d'éalaigh sé i mí Aibreáin, gabhadh arís é i mí na Bealtaine.¹⁵ B'éigean do bhainisteoireacht an pháipéir eagarthóir sealadach a chur isteach i rith na tréimhse seo. Riseárd Ua Foghludha ('Fiachra Eilgeach') a ghlac cúram na heagarthóireachta fhad is a a bhí Piaras Béasláí i bpríosún ach ní ró-shásúil a bhí an socrú seo chun uirlis oifigiúil ghluaiseacht na Gaeilge a chur os comhair an phobail. I mí Iúil 1919, chuir Riseárd Ua Foghludha in iúl don Choiste Gnó nach bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh.¹⁶ Ag Ard-Fheis na bliana 1919, chuir Seán Ua Conchubhair in iúl gurbh fhiú na hiarrachtaí a rinneadh i rith na bliana deacra seo nuair a dúirt sé ina thuairisc mar bhainistoir an *CS* go raibh feabhas na bliana seo caite éifeachtach go fóill. Bhí páirt nach beag ag Riseárd Ua Foghludha sa chur chun cinn seo cé nach eagarthóir oifigiúil a bhí ann. Ghabh Seán Ua Conchubhair buíochas leis as ucht na hoibre a bhí curtha i gcrích aige ar an *CS* nuair a bhí Piaras Béasláí as

láthair.¹⁷ Sáraíodh na constaicí a cuireadh i dtreo an pháipéir agus bhí bliain éifeachtach, bhríomhar eile curtha i gcrích ag an *CS*.

Fógraíodh sa *CS* ar an naoú lá déag de mhí Iúil 1919 go raibh eagarthóir nua ag teastáil don nuachtán agus is léir gur shocrú tapaidh a bhí ann mar an tseachtain dár gcionn fógraíodh gurb é Colm Ó Murchú eagarthóir nua an *CS*.¹⁸

Ní ró-shocair a bhí a thréimhse eagarthóireachta ach an oiread áfach, toisc, mar atá pléite cheana sa chaibidil seo, gur cuireadh nuachtáin Ghaeilge faoi chois ón bhfichiú lá de mhí Mheán Fómhair 1919 go dtí an dara lá is fiche de mhí na Samhna 1919, nuair a foilsíodh an páipéar faoin teideal *Misneach*. Bhí ag éirí go maith leis an *CS* ó thaobh cúrsaí airgeadais go dtí seo agus bhí fadhbanna na clódóireachta réitithe ag bainisteoireacht an pháipéir. I mí Feabhra 1920 toghadh Seán Ó Tuama mar bhainisteoir nua ar an *CS* agus sa tuairisc a thug sé ag Ard-Fheis 1920 léirigh sé an drochthionchar a bhí ag an tréimhse bheag seo ar an bpáipéar:

Do chuir Riaghaltas Shasana “Fáinne an Lae” mar aon le páipéiribh eile, fé chois ar an 20adh lá de mhí Mheadhon Fómhair. Ní gádh dhom a rádh ná gur mhór an cheathaighe don Chonnradh é sin. [...] Ní chuirfeadh aon chlódóir i mBaile Átha Cliath ná i gCorcaigh aon pháipéar i gcló dúinn. Sa deireadh deineadh socrughadh in Áthluain “Misneach” do chur amach. Ba mhór an trioblóid a bhí ag baint leis sin. Thagadh sé amach déanach gach seachtmhain. Do chuití a lán moille ar na profanna ag teacht aníos. Ba mhór an áise dhúinn gur éirigh linn é thabhairt amach i mBaile Átha Cliath díreach tar éis Lae ‘le Pádraig, agus tá ag éirghe leis maith go leor ó shoin.
(‘Clódhanna is “Misneach”, Ard-Fheis 1920, lch. 18)

Luaigh Dómhnall Ó Conchubhair (Cuntasóir an Chonartha) ina thuairisc ar chúrsaí airgeadais an *CS* gurbh amhlaidh a bhí an scéal dó – go raibh feabhas ag teacht ar an scéalanois ach go ndearna an briseadh dochar mór do dhul chun cinn an pháipéir.¹⁹

Nuair a tháinig an páipéar amach arís i mí na Samhna, ní raibh ann ach ceithre leathanach arís agus níor éirigh leo é a mhéadú go sé leathanach go mí an Mhárta 1920. Fágadh mar sin é go deireadh mhí Aibreáin 1921 nuair a méadaíodh go ocht leathanach é ach i mí na Samhna na bliana céanna go deireadh na tréimhse seo tionsaíodh ar ais go nuachtán sé leathanach é. Le tuilleadh leathanach, tháinig feabhas mór ar chaighdeán an pháipéir ó thaobh ábhair de agus san eagарfhocal ar an bhfichiú lá de mhí an Mhárta 1920, iarradh ar léitheoirí an *CS* a gcuid tuairimí ar ábhar an pháipéir a chur in iúl. Pléadh ábhar an pháipéir go mion arís san eagарfhocal ar an aonú lá de mhí Bealtaine 1920. Dúradh go raibh méadú caoga fán gcéad ar dhíol an pháipéir ón am ar tosaíodh ar pháipéar sé leathanach a chur amach agus tuairimítear ann gur chuir méid na Gaeilge sa pháipéar go mór leis an méadú seo ar a dhíol. As seo go mí Aibreáin 1921 tagraíodh go minic d'athruithe an *CS* ach ar an iomlán ba mhó an t-athrú air i gcúrsaí foghlama ná i ngné ar bith eile d'ábhar an pháipéir.²⁰

Bhí fógra d'eagarthóir nua ar an *CS* ar an aonú lá is tríocha de mhí Iúil 1920. Cheap Colm Ó Murchú gurbh fhiú an cló Rómhánach a úsáid sa *CS* ach de bhriú nach raibh freagracht iomlán na heagarthóireachta faoina chúram go dtí seo, b'éigean dó géilleadh do thuairimíocht an Choiste Gnó, ‘sé sin, gur fearr cló

Gaelach a úsáid in uirlis oifigiúil Chonradh na Gaeilge.²¹ Ag cruinniú an Choiste Gnó ar an bhfichiú lá de mhí Mheán Fómhair mhol Seán Beaumont an rún seo i leith fhorbairt agus shaoirse eagarthóireachta an CS:

Go ndeunfar review do “Mhisneach” ina mbeidh ocht leathanaigh agus gan thar trí cinn aca fé fhógraí. Go socrófar polasaí agus tréithe an pháipéir agus go gcuirfear de dhualgas ar an eagarthóir iad do leanamhaint. Go dtabharfar seomra fé leith don eagarthóir mar oifig agus go ndíolfar do réir sé punt sa tseachtmhain é. Go dtairiceofar siar an cosg atá anois ar eagarthóir i dtaobh gan an sean – chló d’úsáid. Ná beidh de chúram ar an mbainisteoir ach an bhainisteoireacht agus go ndíolfar do réir sé phánt sa tseachtmhain é.

(NLI, CG 9792, 20.9.1920)

Socraíodh go gcuirfí fo-choiste ar bun chun an cheist seo a phlé. Seán Beaumont, Gearóid Ó Súilleabháin, Diarmuid Ó hEigearthaigh, eagarthóir agus bainisteoir an pháipéir a bhí ar an gcoiste seo. San eagarrhocal ar an séú lá déag de mhí Dheireadh Fómhair 1920, fógraíodh gur ghlac an Coiste Gnó le moladh an fho-Choiste go méadófaí an CS de dhá leathanach agus go dtabharfaí cead don eagarthóir a rogha cló a úsáid. Tugadh cead fosta tuairisceoireacht a dhéanamh ar chúrsaí thíre agus ar chúrsaí thar lear ach cinntíodh gurb é príomhchúram an pháipéir ná cúis na Gaeilge. Anois bhí saoirse ag Colm Ó Murchú agus tugadh cead a chinn dó an cló Rómhánach a úsáid fhad is nach rachadh méid an chló Rómhánaigh choitianta thar dhá leathanach.²²

Bhí na socruithe seo déanta ar feadh tamaill sular méadaíodh an CS ar an tríochú lá de mhí Aibreáin 1921. Bhí i bhfad níos mó i gceist ná méadú leathanach ionas go mbeadh an CS tarraigteach do léitheoirí nua. Cé gur réitigh an méadú seo an fhadhb d’fhoghlaimeoirí Gaeilge, ní raibh ciorcláiocht an pháipéir mór go leor go

fóill le cothrom na féinne a thabhairt don bhrefis caiteachais. Gan ciorcláiocht mhaith, ní bhfaighfí fógraí, gan fógraí, ní thuillfeadh an páipéar airgead, gan airgead ní thiocfadh feabhas ná forbairt ar an bpáipéar – an sean-phort céanna arís. Phléigh bainisteoir nua an *CS* - Seaghán Mac Éinrigh, na deacrachtaí seo go mion ag Ard-Fheis 1921. Dúirt sé gurb é an chéad chúram a bhí air mar bhainisteoir nuair a thosaigh sé i mí Dheireadh Fómhair 1920, ná airgead a bhailiú don pháipéar agus go raibh an-díomá air mar gheall ar an easpa tacaíochta a fuair sé ó chraobhacha ar fud na tíre. Dúirt sé fosta go ndearna sé iarracht fógraí a bhailiú don pháipéar chun feabhas a chur air ach nuair a d'inis sé do dhaoine a raibh sé ag lorg fógraí uathu, nach raibh ach 1,800 cóip d'uirilis oifigiúil Chonradh na Gaeilge á gclóbhualadh acu, diúltaíodh láithreach fógraí a thabhairt dó.²³

Cuireadh in iúl do léitheoirí an pháipéir go raibh an *CS* i gcrúachás nuair a fágadh cuid mhaith litríochta agus aistí amach as uimhir an Oireachtas ar mhaithe le fógraí. Tugadh rabhadh maith do léitheoirí an pháipéir faoi dhrochstaid an *CS* ar an eagrán seo ar an tríochú lá de mhí Iúil 1921.²⁴ Ní raibh mórán maitheasa ann áfach agus roimh dheireadh na bliana bhí páipéar sé leathanach déanta den *CS* arís. Ba ar an gcúigiú lá de mhí na Samhna a rinneadh an t-athrú seo agus cé go raibh a lán fadhbanna réitithe ag bainisteoireacht an pháipéir faoin am seo agus go raibh a lán constaicí sáraithe acu i rith na tréimhse seo – Cogadh Domhanda agus Cogadh na Saoirse ina measc, níor éirigh leo feabhas a chur ar riachtanas bunúsach an pháipéir – líon léitheoirí an *CS* :

An tseachtmhain seo tá páipeur sé leathanach déanta de MHISNEACH arís agus marsin a leanfa sé is baolach nú go mbéarfaidh saol níos fearr air. Costas agus cailliúint airgid fé ndeara an laghdú. Dá fheabhas a dineadh dícheal ar chúrsaí an pháipéir do chur chun cinn do bhí airgead á chailliúint leis go trom, chó trom san gur orduigh an Coiste Gnótha é laghdú le dhá leathanach chun an costas d'eadromú beagán. Is oth linn féin an laghdú san ach níl leigheas air.

Is olc an comhartha ar an dteangain, déarfarr, an t-aon pháipeur Gaedhilge in Éirinn bheith á ghearra siar mar sin go mór mhór anois agus an saol chó fabhrach do Ghaedhilg.

Agus an dream beag a léighean páipeur Gaedhilge coitianta, ní féidir iad a shásamh. Tá cuid acu ná feiceann in éinní a sgríobhtar ach leitreacha agus leitriú agus focail iasachta. Tá a thuille agus ní thaithneamhach leo éinní ná fuil sgríbhte i gcanúint Thír Chonaill nú na Rinne. Daoine iad san go bhfuil oideachas ortha, dar leo féin, agus atá lán – tsásta le Béarla Lundain atá chó lán d'fhocail iasachta agus do leitriú mí – stairiúil is tá criathar de phuill. Ach rud ar leithligh dóibh iseadh an Ghaedhilg ar chuma éigin; ní teanga nádúrtha acu í.

(‘Costas’, Eagarfhocal, *CS*, 5.11.1921, Ich. 2)

Mothaítéar fearg agus díomá an eagarthóra ar an eagarthócal seo. I rith na tréimhse seo, pléadh a lán ábhar conspóide sa *CS* i gcomhthéacs dhul chun cinn chúrsaí teanga – argóintí ar úsáid na gcanúintí sa Ghaeilge scríofa agus ar mhéid na gcanúintí difriúla i gcolúin an *CS*, díospóireachtaí ar Ghaeilge chaighdeánach, ar fheabhas an chló Ghaelaigh agus an chló Rómhanaigh agus plé ar litriú na Gaeilge. Ní hamháin go raibh an *CS* i gcrúachas an iarraidh seo ach chomh maith leis sin, bhí an Ghaeilge i gcontúirt agus bhí a lán ceisteanna teanga le réiteach sula ndéanfaí teanga oifigiúil na hÉireann di. Is iad na conspóidí seo a bhí i gceist ag údar an eagarthocail seo. Níl aon amhras ach go raibh teachtaireacht láidir á tabhairt aige do phobal na Gaeilge go millfí an Ghaeilge chomh maith leis an *CS* munna n-aontófaí le chéile ionas go ndéanfaí dearmad den aighneas a bhí ann ar

úsáid na gcanúintí éagsúla agus go ndéanfaí gníomh dearfach chun cabhrú le gluaiseacht na teanga gan mhoill. Sa ré seo ba ríleir dó le dearcadh fabhrach an ghnáthphobail i leith theanga náisiúnta na hÉireann, gurb í an uirlis chumarsáide ab fhearr a bhí acu mar eagraíocht teanga ná uirlis oifigiúil Chonradh na Gaedhilge – an *CS*.

5.2 Cursaí Teanga:

5.2.1 Cur Sios ar dhul chun cinn na Gaeilge sa CS

Cé gur bunaíodh cumann “An Fháinne” roimh Éirí Amach 1916, ba i rith na tréimhse seo a tháinig an scéim chun cinn i measc conraitheoirí. Piaras Béaslaí is mó a luaitear le bunú na scéime.²⁵ Rinneadh iarracht mhaith i gcolúin an *CS* fógraíocht a thabhairt don chumann seo agus fealsúnacht na heagraíochta, ‘sé sin, labhairt na Gaeilge, a leathnú i measc Ghaeilgeoirí na tíre. San eagarrhocal ar an tríú lá déag de mhí Aibreáin 1918, scríobhadh go raibh míle ball sa chumann ach i gceann bliana eile, ar an tríú lá is fiche de mhí Lúnasa 1919 bhí méadú céad fán gcéad ar an mballraíocht.²⁶ Sa bhliain 1920, léiríodh an meas a bhí ar choincheap “An Fháinne” mar uirlis chun an Ghaeilge mar ghnáththeanga chumarsáide a chur chun cinn, nuair a dúradh gur mhasla a bhí ann ‘Leath -Fháinne’ a thabhairt do dhaoine a bhí ar bheagán Gaeilge ach nach raibh iontu i ndáiríre ach foghlaimeoirí.²⁷

I rith na tréimhse inar cuireadh an *CS* i gcló, b’ é bunfhréamh na fealsúnachta a léiríodh i leith chur chun cinn na Gaeilge ná an tábhacht a bhain le labhairt na Gaeilge ionas go n-athbheofaí í. I rith na tréimhse seo cuireadh béim ar leith ar

labhairt na Gaeilge sna Boird Phoiblí agus i measc polaiteoirí agus rinneadh tagairtí d'úsáid na Gaeilge i rith fheachtas an toghcháin sa bhliain 1918.²⁸ Ba cheann de phríomhchuspóirí a bhí ag an gCéad Dáil i 1919 an Ghaeilge a chur chun cinn.²⁹ Cé nach eagraíocht pholaitiúil a bhí inti, ní féidir tionchar Chonradh na Gaeilge mar eagraíocht i mbunú an Stáit Ghaelaigh a shéanadh agus bhí athbheochan na Gaeilge mar cheann de bhunchlocha na fealsúnachta nua Éireannai.³⁰ Choinnigh Conradh na Gaeilge súil ghéar ar imeachtaí Gaeilge na Dála agus na bhFeisirí. Pléadh an ghné seo de chúrsaí tíre i gcomhthéacs úsáid na Gaeilge i gcolúin an CS. Nuair a fógraíodh go raibh an chéad Dáil le teacht le chéile i mí Eanair 1919, léiríodh an tionchar a bhí ag Conradh na Gaeilge ar riadaradh na tíre:

Táid siad chun teacht le chéile i n-éan Dáil mhór–Dáil na hÉireann a thabharfar uirthi agus cloisfar an Ghaedhilg dá spreagadh go binn i bPárlaiment na nGaedheal, murab ionann is Párlaiment na nGall go raibh súile na ndaoine dírithe air le dathad bliain anuas. Beidh cuid de na daoine is mó le rádh i gConnradh na Gaedhilge ar an nDáil sin. Beidh Uachtaráin an Chonnartha ann. Beidh duine de leas–Uachtaránaibh an Chonnartha ann. Beidh an tArd Rúnaidhe ann. Beidh timthirí de thimthirí an Chonnartha ann. Beidh Fear Eagair “Fáinne an Lae” ann. Is follus go bhfuil an lámh uachtair ag lucht na Gaedhilge san thír seo fé dheoidh is fé dheireadh. [...] Tá an buadh ag an “Language Movement”. Is mithid dúinn feasta feuchaint chuige go mbeidh an buadh ag an dteangain fén.
(‘Saoirse’, Eagarfhocal, CS, 11.1.1919, Ich. 2)

Mothaítear an dóchas agus an t-ardú meanman sna tuairisci sa pháipéar ag túis na bliana 1919 ach de réir mar a nochtar easpa úsáid na Gaeilge i ngnó poiblí na hÉireann agus i gcomhairlí áitiúla na tíre tagann athrú claonta ar na hailt. San

eagarfhocal ar an tríú lá de mhí Aibreáin 1920, foilsíodh gurb é cuspóir an Chonartha i leith na gComhairlí Poiblí ná: “An Ghaedhilg do bheith mar theangain oifigeamhail ag gach aon chomhairle puiblidhe i nÉirinn.”(‘Sinn Féin Sinn Féin! Toghadh na gComhairlí Puiblidhe’, Eagarfhocal, *CS*, 3.4.1920, Ich. 1) agus tar éis roinnt díospóireachta ar an scéim a bhunú chun an Ghaeilge a chur chun cinn i ngnó poiblí na tíre, foilsíodh na socruithe a rinneadh idir Conradh na Gaeilge agus na Comhairlí Poiblí san eagarfhocal ar an *CS* ar an gcúigiú lá de mhí an Mheithimh 1920.³¹

I rith na tréimhse seo coinníodh súil ghéar ar chás na Gaeilge i sochaí na hÉireann forsta. De réir an *CS*, i measc na ngrúpaí áirithe a pléadh a raibh faillí á déanamh acu i gcúrsaí Gaeilge ab ea daoine áirithe de chléir Chaitliceach Iarthar na hÉireann, an Cumann Luthchleas Gael agus mná na hÉireann, go háirithe mná Chiarraí (!)agus cuid de mhná rialta na tíre. Rinne ‘An Seabhad’ gearán i mí na Nollag 1917 ar an easpa iarrachta a bhí á déanamh ag mná in Iarthar Chorca Dhuibhne chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus chuir sé túis le díospóireacht ar dhearcadh mhná Chiarraí ar an nGaeilge. Lean ‘Taube’ ar aghaidh leis an ábhar san alt dár teideal ‘“Taube” agus na Mná’ ar an tríochú lá de mhí an Mhárta 1918. Chuir sé i leith na mban gur ar son na dúile sa phósadh a bhí mná Chiarraí ag diúltiú don Ghaeilge de bhrí gur shíl siad go raibh an lámh in uachtar orthu i gcúrsaí grá ag mná a labhair Béarla. D’fhreagair an t-eagarthóir a rá nár aontaigh sé le tuairimíocht ‘Taube’ ar chor ar bith.

Cé nach dócha go raibh sé ar intinn ag ‘Taube’ go nglacfaí leis an sliocht mar léargas ar chúrsaí ban na linne, mar cheann de na sleachta fiorannamha a fhaightear ar chúrsaí ban sa *CS*, léiríonn sé an easpa stádais a bhí ag mná na hÉireann ag an am thar aon rud eile.

Ar an lámh eile de, tugadh ardmholadh do shiopadóirí Thrá Lí agus Lios Tuathail, do na cúirteanna nua, don aos óg agus d’eagraíochtaí éagsúla a raibh iarracht á déanamh acu ainmneacha áiteanna, foirgneamh agus bailte a ghaelú, toisc na dea-iarrachta a bhí á déanamh acu i leith chur chun cinn na Gaeilge.³²

Is léir ó na heagarfhocail agus ó na haitl éagsúla go raibh cúrsaí tíre ag cur isteach go mór ar chúrsaí teanga agus i dtreo dheireadh na tréimhse seo is mó de thuairisci ar dhrochthionchar chúrsaí cogaidh ar staid na Gaeilge sa tír a fhaightear ná de thuairisci ar dhul chun cinn na Gaeilge mar theanga bheo chumarsáideach i gcolúin an pháipéir. Sampla maith de na tuairisci seo is ea na haitl a chuireann síos ar an iachall a cuireadh ar shiopadóirí i dTrá Lí, i gCill Orglain, i gCeannanas Mór agus i Má Nuad a n-ainmneacha Gaeilge a tharraingt anuas, ag deireadh na bliana 1920 agus ag túis 1921.³³

Cé gur díríodh cuid mhaith alt ar ghrúpaí áirithe den phobal agus ar thionchar chúrsaí polaitíochta ar chúrsaí teanga, pléadh gnéithe eile de dhul chun cinn na Gaeilge festa. Ba mhór an tionchar a bhí ag cúrsaí polaitíochta na tíre ar nuachtáin na hÉireann i rith na mblianta seo ach d’ainneoin na n-iarrachtaí a

rinneadh chun an Ghaeilge a smachtú sa chomhthéacs seo, (gné d'iriseoireacht na linne seo atá pléite sa chaibidil seo cheana), is léir ón *CS* go ndearna gnáthnuachtáin a raibh cúrsaí Gaeilge á bplé iontu agus na hirisí Gaeilge an-iarracht leanúint ar aghaidh. Sa *CS* rinneadh iarracht a chur ina luí ar nuachtáin na linne an dualgas a bhí orthu an Ghaeilge a úsáid mar mheán cumarsáide.

Pléadh dul chun cinn na nIrisí Gaeilge i gcoitinne –*An Lóchrann, An Crann, An Stoc* ina measc agus rinneadh cur síos ar bhunú na nIrisí Gaeilge *An Fáinne, An Reult, An Branar* agus *An Lasair*. Ar na gnáthnuachtáin Éireannacha a ndearnadh tuairisci fabhracha orthu ab ea an *Clonmel Nationalist, Waterford Star, Waterford News, Meath Chronicle, Galway Express, Ulster Herald, Ar nÉire, Drogheda Independent, The Mayoman, The Nationalist and Leinster Leader* agus an *Sunday Independent*. B' é an locht ba mhó a bhí ag an *CS* ar ghnáthnuachtáin na tíre i rith na tréimhse seo ná easpa Gaeilge ar thuairisci agus ar óraídí na Dála. Cáineadh páipéis na Gaeltachta go mór mar gheall ar an ngné seo den tuairisceoireacht. An *Galway Express, Clare Champion, Kerryman, Mayo News* a bhí mar phríomhábhar na dtuairisci seo.³⁴

Ba léir d'eagarthóirí an *CS* i rith na tréimhse an tábhacht a bhain le cur chun cinn na Gaeilge sna meáin agus thuig siad an riachtanas a bhain le teanga nádúrtha, shothuigthe a bheadh mar scáthán ar shaol na hÉireann a sholáthar. I gcolúin an pháipéis, pléadh na forbairtí teanga a bhí á gcur i bhfeidhm chun Gaeilge a úsáidfeadh gnáthphobal na hÉireann a chruthú. B' iad mórcheisteanna na Gaeilge féin a bhí mar phríomhábhar do na haitl seo ar chúrsaí teanga sa pháipéar ó 1917

go 1921 ach thuig scríbhneoirí an *CS* nár bhí a bheith ag caint ar chaighdeán a bhunú gan Gaeilge bheo, bhriomhar a bheith á labhairt ar fud na tíre.³⁵

5.2.2 Caighdeán, Litriú, Cló

Faoin am seo, bhí ceist chaighdeán na Gaeilge i mbéal an phobail Ghaeilge. Bhí ceist an chaighdeáin á plé le fada an lá. Cuireadh túis leis an díospóireacht oscailte mar ghné d'iriseoireacht na Gaeilge in *IG* sa bhliain 1883.³⁶ De réir cholúin an *CS*, b'íad príomhghnéisithe na ceiste seo ná na canúintí agus litriú na Gaeilge. Bhí páirt nach beag ag ‘Máire’ sa díospóireacht agus b’ábhar é a phléigh sé go minic sa cholún ‘Ins an Ghaedhaltacht’ ag deireadh na bliana 1918.³⁷

Shroich an díospóireacht buaic i mí na Samhna 1920 nuair a rinne ‘Sean-Ghaedhilgeoir’ gearán gur mhó de chanúint na Mumhan a bhí i gcolúin an *CS* ná de chanúint ar bith eile. San eagarrhocal ar an bhfichiú lá de mhí na Samhna 1920, dúradh go raibh coimhlint idir na canúintí uilig agus gur chóir dóibh aontú le chéile le caighdeán a chruthú. Leanadh ar aghaidh a rá gurb iad léitheoireacht, scríbhneoireacht agus oideachas sa teanga na rudaí a chruthaigh caighdeán agus go raibh caighdeán nua riachtanach ionas go n-oirfeadh an Ghaeilge don saol nua-aimseartha. Chríochnaigh an t-eagarrhocal ag aontú leis an bpointe a rinne scríbhneoir an eagarrhocail ar an gceathrú lá déag de mhí Mheán Fómhair 1918, go mbeadh caighdeán na Gaeilge soiléir dá mbeadh foclóir ceart i gcló mar fhoinsé eolais do Ghaeilgeoirí sa dóigh go gcuirfí feabhas ar chaighdeán an litrithe agus go gcuirfí an seanlitriú ar leataobh. Arís, ba ghné í seo de dhíospóireacht chaighdeán na Gaeilge a bhí pléite ag Tomas Ó Flannghaile

chomh fada siar le 1896.³⁸ Is léir ó na haitl agus ó na heagarfhocail gur aontaigh scríbhneoirí an *CS* le fealsúnacht Uí Fhlannghaile agus cuireadh an–bhéim ar stór foclóra thar aon rud eile mar uirlis chun dul chun cinn ceart a dhéanamh :³⁹

Tá atharú mór dulta ar an saol agus ar an nGaedhilg le trí chéad bliain agus má theastuigheann standard uainn caithfimid ceann nua a dhéanamh. An féidir san? Is féidir ach leigeant don Ghaedhilg an fás nadúrtha a dhinean gach aon teanga a dhéanamh. Saothrú a dhéanfaidh é, cur síos as Gaedhilg, ar gach einní is eol do dhuine. An focal, nú an fhuirm nú an chanúint is mó sgríobhfar is é mhairfidh mar standard. Caithfidh canúint éigin teacht ar barra agus caithfar glaca léi ansan agus í shaothrú.
(‘Standard sa Ghaedhilg. An Féidir é Dhéanamh?’, Eagarfhocal, *CS*, 20.11.1920, lch. 1)

San eagarfhocal an tseachtain dár gcionn pléadh ceist na n-iasachtaí Béarla sa Ghaeilge agus dúradh gur oir ‘Gaeilge na Gaeltachta’ do ‘shaol na Gaeltachta’ ach arís chun Gaeilge nua–aimseartha a chruthú agus chun Gaeilge a chur in oiriúint do shaol na cathrach agus na fichiú haoise, go raibh gá le focail iasachta.

“An dteastuigheann uainn an Ghaedhilg a chimead amach ón saol, ‘na hórnaid gan bhrí gan éifeacht?’” (‘Beurlachas. Focail agus Cainteanna Iasachta’, Eagarfhocal, *CS*, 27.11.1920, lch. 1). Ar ndóigh níl ainm curtha leis na heagarfhocail ag deireadh na bliana 1920 ach is féidir glacadh leis gurb é Colm Ó Murchú a scríobh iad de bhrí gurbh eisean eagarthóir an pháipéir ag an am. Más fior gur eisean údar na scríbhneoireachta, is cinnte gur bhain sé úsáid as an bpáipéar chun a sheasamh i gcoinne an tseanlitrithe mar bhunchloch don chaighdeán a chur in iúl. Ní hamháin sin ach is léir ón eagarfhocal ar an gcúigiú lá is fiche de mhí na Nollag 1920 go raibh drochmheas aige ar Ghaeilgeoirí a bhí

ar thaobh an tseanlitrithe agus gurb é a thuairim go raibh siad ag cothú aighnis gan chúis.⁴⁰ Pléadh an cheist seo arís i lár na bliana 1921 ach is léir i gcolúin an *CS* go raibh bearna mhór le lónadh sula socrófaí an cheist. (Feic nota 39) Ar ndóigh, ní shocrófaí go ceann breis is tríocha bliain í nuair a d'fhoilseófaí an Caighdeán Oifigiúil sa bhliain 1958.

Bhí ceist an tseanlitrithe fite fuaite le ceist an chló, gné eile de dhíospóireacht na teanga a pléadh i gcolúin an *CS*. (Feic Nóta 39) I rith na mblianta seo, bhí tábhacht ar leith ag baint leis an ngné seo de chúrsaí teanga i gcomhthéacs an *CS* mar bhí Piaras Béaslaí ar dhuine de na heagarthóirí agus níor cheil sé riamh an dearcadh a bhí aige ar an ngné fhorásach seo de litearthacht na Gaeilge.⁴¹ Chomh maith leis sin, (mar atá pléite cheana sa chaibidil seo), bhí dlúthbhaint ag ceist an chló le ceapachán Choilm Uí Mhurchú i 1919.

Nuair a thosaigh Piaras Béaslaí ar a thréimhse eagarthóireachta, phléigh sé ceist an chló go mion. San alt dár teideal “Sgríobhadh na Gaedhilge” ar an dara lá déag de mhí Eanair 1918, leag sé amach treoracha do scríbhneoirí an pháipéir. Dúirt sé go raibh dúil mhór aige i gcónaí sa chló Gaelach ach de bharr chaighdeán íseál na scríbhinní a tháinig chuige mar eagarthóir an *CS* go raibh malairt tuairime aige anois agus go raibh gá le cruinneas i bhfad níos fearr i scríbhneoireacht an chló Ghaelaigh. Is cuntas cuimsitheach é an t-alt seo ar na botúin choitianta a bhí á ndéanamh ag scríbhneoirí Gaeilge ag an am agus tugann an t-alt seo agus alt a scríobhadh faoin teideal ‘An Cló Romhánach. Tuairim

Clódóra' ar an dara lá de mhí Mhárta 1918, léargas dúinn ar chaighdeán na

litearthachta Gaeilge i measc lucht an tseanchló.⁴²

Go luath i ndiaidh an ailt, dúradh sa *Clonmel Nationalist* go raibh na tuairimí a
nocht eagarthóir an *CS* ar scribhneoireacht na Gaeilge suimiúil.⁴³ I ngan fhios dó
féin, bhí Piarsas Béaslaí tar éis díospóireacht nua a oscailt i gcolúin an *CS*.⁴⁴

Pléadh an dá thaobh go cothrom ach ba léir go raibh deighilt mhór idir
fealsúnacht an eagarthóra agus fealsúnacht leithéidí ‘An Seabhad’ agus ‘Cú
Uladh’. Bhí i bhfad níos mó i gceist chun ceist an chló a réiteach ná mar a
d’fhéadfadh uirlis chumarsáide ghluaiseacht na Gaeilge a láimhseáil. Cuireadh
deireadh leis an mbabhta seo den díospóireacht ar an naoú lá de mhí Mhárta
1918:

Is dóich linn gur mithid deire a chur leis an ndíospóireacht i
dtaobh “Rómhánachais”. Ar an gcéad dul síos níl slighe aguinn dó
agus ní bheidh go ceann tamaill. Tá an oiread leitreacha agus aistí
ag teacht chughainn gach seachtain i dtaobh an “Romhánachais”
agus do líonfadhbh an páipéar fé dhó. Rud eile ní léir dúinn go
dtiocfaidh puinn maitheasa as a thuilleadh díospóireachta. Tá
faisnéis is foillsiughadh a dhóthain déanta aige sgéal an
“Romhánachais” agus ní misde a fhágaint fé gach sgríbhneoir a
rogha “cló” do chleachtadh feasta. Tá an ceart ag “Námha don
Ghnáth–Thuairim” nuair a deir sé gur follus ón ndíospóireacht so
gur mó an tsuim a chuireann lucht na Gaedhilge i
“bhfuirmechas” ná i smaointibh go bhfuil brigh agus beatha
ionnta. Ach fágaimis siúd mar atá sé.

Ba cheart go leigfí do dhuine a rogha “cló” do chleachtadh i gcóir
na Gaedhilge agus gan daoine eile a bheith á chasadadh leis “go
dteasduigheann uaidh an Ghaedhilg do mharbhadh” (a ndubhairt
‘Taube’). Is maith an sgéalaidhe an aimsir. [...] Éin sgríbhneoir go
bhfuil Gaedhilg mhaith aige agus rud éigin le rádh, gur fiú é rádh,
beidh fáilte roimh a shaothar i “bhFáinne an Lae” is cuma ciaca
“Romhánachas” nó “órnáideachas” is annsa leis. Má bhíonn
deagh–Ghaedhilg agus smaointe tábhachtacha i n-a aiste agus crot
oireamhnach uirthi, beimid buidheach dá chionn, pé
“fuirm” leitreacha is fearr leis.

(Rómhánachas’, *CS*, 9.3.1918, Ich. 1)

Ní haon ionadh gur ardaíodh an cheist arís sa bhliain 1920 agus Colm Ó Murchú ('Taube') ina eagarthóir ar an bpáipéar. Ar an naoú lá déag de mhí an Mheithimh 1920, cuireadh i leith an pháipéir gurb í an phríomhchonstaic a bhí le cur chun cinn an chló Rómhánaigh ná an *CS* féin (ná *Misneach* mar a cuireadh air faoin am seo). D'fhreagair an t-eagarthóir a rá nach raibh sa *CS* ach seirbhís phobail agus go raibh sé ag iarraidh cothrom na féinne a thabhairt do gach dream.⁴⁵

Pléadh ceist an chló Ghaelaigh i gcomhthéacs chostas foilsitheoirreachta an chló Ghaelaigh ag túis na bliana 1921 agus mhol an foilsitheoir, Maunsel agus Roberts Tta., gur chóir éirí as an gcló Gaelach toisc chostas na clódóireachta.⁴⁶ B'iad seo na tagairtí deireanacha a rinneadh don díospóireacht i gcolúin an pháipéir sna blianta seo ach níl aon amhras ach gurbh fhiú an phoiblíocht a tugadh don díospóireacht i gcás athbheochan na Gaeilge. Ba mhór an chabhair é an cló Rómhánach mar ghléas chun litearthacht an Bhéarla a chur chun cinn sa chéad chuid den naoú haois déag agus ba mhaith an tairbhe don Ghaeilge ag an am seo dá n-éistí le tuairimíocht réadach, phraiticiúil Phiaraí斯 Bhéaslaí agus Choilm Uí Mhurchú mar a léiríodh i gcolúin an *CS* í. Bhí an cló Rómhánach in úsáid sna scoileanna do theagasc an Bhéarla le fada an lá agus cé gur fiú iarracht a dhéanamh an cló Gaelach a choinneáil beo, b'ídealach an cuspóir é agus an méid oibre a bhí os comhair na gluaiseachta cheana chun an Ghaeilge a athbheochaint agus a fhí isteach i ngnáthshaol na ngnáthdhaoine. Ba chuspóir níos réalaíche é, úsáid a bhaint as an gcló Rómhánach mar uirlis chun litearthacht na Gaeilge a chur chun cinn i scoileanna na hÉireann siocair an taithí a bhí ag muintir na hÉireann air le tuilleadh is seachtó bliain anuas.⁴⁷

Ar ndóigh, faoin am seo, bhí géarghá le dea-thoil i leith oidí na hÉireann i gcás mhúineadh na Gaeilge. Ní raibh coinníollacha tuarastail agus pinsin go maith agus bhí aird na múinteoirí dírithe ar ghnéithe praiticiúla mar seo in áit cuspóirí ídealacha oideachais. Thuig Conradh na Gaeilge an meas a bhí tuillte ag múinteoirí toisc na n-iarrachtaí a bhí á ndéanamh acu oideachas Gaelach a chothú sna scoileanna agus tagraíodh dá gcás i gcolúin an *CS*. I rith an ama seo fostarinnéad faillí mór sna múinteoirí taistil nuair nár ceadaíodh dóibh a dhul isteach sna scoileanna. Ba ré mhíshuaimhneach í gan amhras d'oidí na Gaeilge agus na hÉireann agus tugadh an-phoiblíocht dóibh sa *CS*.⁴⁸

Bhí géarghá le forbairtí nua i dteagasc na Gaeilge agus ag Comhdháil na Múinteoirí Náisiúnta 1920 socraíodh go gcuirfí Coiste ar bun chun an cheist seo a iniúchadh agus taighde a dhéanamh ar bhealaigh ar aghaidh. Cuireadh na moltaí in iúl i gcolúin an *CS* ag deireadh na bliana 1921 agus dúradh sa pháipéar ar an ochtú lá déag de mhí an Mheithimh 1921 go raibh a ceart tugtha don Ghaeilge mar ábhar scoile ar deireadh agus go raibh sí ar chomhchéim leis an mBéarlaanois. Luigh freagacht chur i bhfeidhm an chláiranois ar mhúinteoirí agus ar bhainisteoirí na scoileanna, a dúradh sa pháipéar.⁴⁹

Maraon le fás agus forbairtí teangacha uile, bhí an Ghaeilge ag athrú agus ba ghné nádúrtha an t-athrú seo i dteanga ar bith, go háirithe do theanga a bhí ag teacht chun cinn arís tar éis tréimhse fada cloíte. Bhí gá leis na hathruithe seo, mar a deir Tadhg Ó Dushláine : "Sé dán na teangan athrú le himeacht aimsire

agus ‘sé an t-athrú stairiúil san a cheadaíos réimsí a dheightilt óna chéile.’ (Ó Dúshláine, 1974, 25). Sa CS, mar uirlis oifigiúil ghluaiseacht na Gaeilge, tugadh ardán oscailte do mhuintir dhá thaobh na ndíospóireachtaí seo a dtuairimí a nochtadh agus tugann na díospóireachtaí seo léargas maith dúinn ar na céimeanna éagsúla a mhúnlaigh agus a chruthaigh caighdeán na Gaeilge mar atá sé sa lá atá inniu ann.

5.3 Litríocht

5.3.1 Obair ar son na litríochta Gaelai – ‘An Ridireacht Liteartha’ agus ‘Cumann Sgríbhneoirí’

Tuigtear trí cholúin an CS go raibh iarracht fhiúntach á déanamh chun corpus de litríocht fhóntha Ghaeilge a chur ar fáil ó 1917 ar aghaidh. Ghlac eagarthóirí na tréimhse seo – Piaras Béasláí agus Colm Ó Murchú, páirt mhór sna scéimeanna agus sna díospóireachtaí litríochta ag an am. Ag Oireachtas na bliana 1920, bunaíodh ‘Cumann Sgríbhneoirí’ chun litríocht na Gaeilge a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt do dhaoine le dul i mbun scribhneoireachta. Máire Ní Chinnéide, ‘Conán Maol’, Colm Ó Murchadha, Liam Ó Rinn, Piaras Béasláí, Pádraic Ó Conaire agus ‘Sgeilg’ a toghadh mar choiste chun an obair a stiúradh. Cé go raibh síul ag conraitheoirí go mbeadh cur chun cinn na litríochta mar thoradh ar obair an chumainn seo, b’í an bhunaidhm a bhí acu ná ábhar léitheoireachta a sholáthar ionas go múinfí agus go scríobhfaí an Ghaeilge i gceart.⁵⁰

Bunaíodh macasamhail scéime ‘An Ridireacht Liteartha’ roimhe seo ag túis na bliana 1917 agus tugadh cuntas rialta i gcolúin an *CS* ar dhul chun cinn na n-iarrachtaí a bhí á ndéanamh ag an scéim. Bhí siad ag súil go n-íocfadh ‘míle duine’ síntiús chun leabhair Ghaeilge a chur ar fáil. Scríobh Pádraic Ó Conaire craith alt ar pholasaí na scéime nua ag deireadh mhí Feabhra agus ag túis mhí an Mhárta 1917 agus pléadh forbairt na scéime idir 1917 go 1919 sa *CS* go dtí gur cuireadh túis leis an scéim nua.⁵¹ Níor éirigh go ró – mhaith leis ‘An Ridireacht Liteartha’ áfach agus níor cuireadh ach leabhar amháin amach lena linn.⁵² Bhí súil go n-éireodh níos fearr leis an gcumann nua ‘Cumann Sgríbhneoirí’ mar bhí an Ghaeilge ar chlár na Dála nua faoin am seo agus bheadh leabhair scoile, ar a laghad, riachtanach. Don chéad uair i rith na tréimhse a cuireadh an *CS* i gcló, is léir ó cholúin an pháipéir gur cuireadh tacaíocht Rialtais san áireamh agus iad ag plé le fás na litríochta Gaelaí.⁵³

Cuireadh an – bhéim sna blianta seo ar ábhar litríochta a chur ar fáil agus seachas na cumainn a bunaíodh sa bhliain 1917 agus 1920, scríobhadh cuid mhaith alt agus eagarfhocail ar ghnéithe éagsúla de litríocht na Gaeilge, mar shampla, ailt ar chaighdeán na Gaeilge sna scríbhinní - ar cheart ‘caint na ndaoine’ nó Gaeilge Chlasaiceach a úsáid?; an t-am a bhí á chaitheamh ag plé cheist an chló Ghaelaigh i gcomparáid leis an am a bhí á chaitheamh le ceist na litríochta; scríbhneoreacht agus cumadh filíochta; ról na cléire i gcur chun cinn na litríochta; na léachtaí a thug daoine ar nós Dhomhnaill Uí Chorcora ar chúrsaí litríochta(‘An Saoghal atá i ndán do leitríocht na Gaedhilge’, *CS*, 6.12.1919, Ich.

1); ceist na seanlitríochta v ceist na nualitríochta; ról na gramadaí i litríocht na Gaeilge; bás an Athar Peadar; tionchar chúrsaí thíre ar litríocht na Gaeilge. Chomh maith leis sin, foilsíodh dánta, amhráin, scéalta agus drámaí Gaeilge agus rinneadh léirmheasanna ar an-chuid leabhar.⁵⁴

5.3.2 Cúrsaí Aistriúcháin; Léirmheastóireacht; Dramaiocht

Ar na príomhcheisteanna litríochta a pléadh sa *CS* ó 1917 go 1921 bhí cúrsaí áistriúcháin, cúrsaí léirmheastóireachta agus cúrsaí drámaíochta.

Thosaigh scríbhneoirí an pháipéir ag plé le ceist an aistriúcháin ag deireadh na bliana 1917. Níor lia duine ná tuairim ar an ábhar seo agus b'iomaí alt a scríobhadh air sa *CS* sna blianta 1917, 1918, 1920 agus 1921.⁵⁵ Tá an ghné seo de litríocht na hAthbheochana agus de litríocht na hÉireann pléite go mion ag Philip O' Leary (1994) agus Declan Kiberd (1996).⁵⁶

Nuair a phléigh ‘Dubhán alla’ an t-aistriúchán a bhí á dhéanamh ag Feargus Ó Nualláin ar dhrámaí Shakespeare ar an gceathrú lá is fiche de mhí na Samhna 1917, mhol sé gan bacadh le haistriúchán mar bheadh rian litríocht an Bhéarla ar litríocht na Gaeilge agus nach mbeadh an chumhacht chéanna le litríocht na teanga dúchais. An tseachtain dár gcionn, scríobh ‘An Buachaillín Buidhe’ alt ag rá gur fiú an t-aistriúchán de bhí go raibh ábhar léitheoireachta riachtanach agus go líonfaidís an bhearna litríochta. D'aontaigh P.Ó G. leis ‘An mBuachaillín Buidhe’ ar an gcúigiú lá déag de mhí na Nollag agus thug sé an argóint céim níos

faide ar aghaidh a rá nach amhán gur rud maith é an t-aistriúchán ach chomh maith leis sin go raibh ‘Seicspír’ féin oiriúnach mar ábhar:

Dar liomsa go bhfuil Seicspír an – fhoirstinneach mar adhbhar aistriughadh. Tá sé mar ughdar deághchainteach, déisbheulach, glic ‘na chuid cainnte agus is beag a bhaineas le cúrsa an duine ná dearn sé tagairt dó.

(‘Gaedhilge ar Séicspír’, *CS*, 15.12.1917, Ich. 12)

Ní raibh anseo ach tú agus tháinig an cheist chun cinn arís i mí Feabhra 1920.

‘Cloch Labhrais’ a d’ardaigh an cheist an iarraidh seo a rá go raibh crot Béarla ar an nGaeilge agus gur chóir do dhaoine an Béarla a aistriú go Gaeilge in áit a mhalaire. Magadh a bhí ann de réir nota an eagarthóra ag bun an phíosa ach bhí freagraí sa pháipéar an tseachtain dár gcionn ag séanadh gur mhagadh a bhí i gceist aige. Nuair a d’fhreagair ‘Cloch Labhrais’ an cheist ar an séú lá de mhí an Mhárta 1920, ba i gcomhthéacs chumadh na filíochta a phléigh sé an t-aistriúchán. Arís bhí blas searbhasach ar an bpíosa. (Feic Nóta 55)

Cháin Mícheál Ua Conlain an ‘tseafoid’ a bhí ar siúl ag ‘Cloch Labhrais’ ar an bhfichiú lá de mhí an Mhárta 1920 agus dúirt sé nár chóir magadh a dhéanamh faoi mar b’ é an Béarla teanga na galldachta agus dá bharr go raibh gá le haistriúchán chun dul i dtaithí ar litríocht nua a chruthú.

Nuair a phléigh ‘Máire’ cúrsaí aistriúcháin i mí Feabhra 1921, dúirt sé go raibh síceolaíocht an Ghaeil mar bhunchloch na cumadóireachta Gaelaí : ‘Go gcaithfear Psychology an Ghaedhil a thuigbheáil sul ar féidir a theangaidh a thuigbheáil agus a chur in úsáid mar is ceart. Go ndéantar seo, ní bheifear ach ag cur Bhéarla ar smaointibh Gaedhealacha.’ (‘Aistriú. Na Smaointe agus ní hiad na focail’, *CS*, 19.2.1921, Ich. 3 (le ‘Máire’). Ní rud nua do ‘Máire’ Gaeilge na

Gaeltachta a chosaint agus a chur chun cinn agus b'fhíor dó ach sa chás seo agus ag an am seo bhí gá le haistriúchán. Thuig 'Máire' féin an riachtanas seo sna blianta ina dhiaidh seo nuair a chuaigh sé i mbun na hoibre céanna don scéim Rialtais chun leabhair Ghaeilge a chur ar fáil sa chóras oideachais – An Gúm. B'í an phríomhthuairim a nochtadh i gcolúin an CS ag an am seo ná gurb'í Gaeilge na Gaeltachta bunchloch na litríochta nua-chumtha ach go raibh sé éigeantach go mbainfí triail as rudaí nua chun an litríocht a chur ar bhealach a leasa agus chun scileanna nua litríochta a fhoghlaim agus a chur chun tairbhe na Gaeilge. Ar ndóigh, bhí an fhealsúnacht seo ar aon dul le tuairimíocht an Phiarsaigh ag túis na haoise:

Caithfe sé caint na Gaeltachta a thógaint mar bhun-chloich ach caithfe sé í sgaga agus í chriathairt, baint uaithe anso agus cur léi ansúd. Agus thar gach ní eile, caithfe sé gan eagla bheith aige roim shlichte nua chun rudaí nua a rá. Dinean gach aon teanga aithris ar chainteanna agus ar iomhághacht a chéile; do dhin an Ghaedhilg féin é cheana agus caithfidh a dhéanamh arís. Is mar sin a trialfar agus a saothrófar neart agus éifeacht na teangan agus a déanfar di ar deire teanga shaothraithe sho-láimhsithe gur féidir leitríocht a scriobh innte chomh maith agus tá sa domhan.
(‘Aistriúchán. Saol Nua i leitríocht na Gaedhilge’, Eagarfhocal, CS, 19.2.1921, lch. 1)

Bhí an coincheap seo i bhfad níos nua-aimseartha ná mar ar tugadh creidiúint dó. I 1998 phléigh Declan Kiberd coincheap an aistriúcháin sa chomhthéacs seo. Pléann sé fiúntas an aistriúcháin ag rá gur réamhthéacs atá sa bhuntéacs do na téacsanna a scriobhann an scríbhneoir sa teanga dhúchais. Deir sé gur féidir fuinneamh nua a mhúscailt san aistriúchán – fuinneamh agus gnéithe nach mbíonn le feiceáil sa bhuntéacs. Sa chomhthéacs seo is féidir a rá gur léirigh

colúin an *CS* gur ghné thábhachtach, fhorásach d'fhás agus d'fhorbairt na nualitríochta a bhí ann agus go raibh géarghá leis.⁵⁷

Gné fhorásach eile a bhí mar ábhar rialta i gcolúin an *CS* i rith na tréimhse seo ab ea léirmheastóireacht na Gaeilge. B' é Piaras Béaslaí údar na bpriomhadt a scríobhadh ar an ábhar seo. Tugadh le fios san eagarrhocal ar an naoú lá déag de mhí Eanair 1918 gur choinchéap nua ar fad nár thuig cuid mhaith scríbhneoirí Gaeilge ag an am, a bhí inti. Is léir ó cholúin an *CS* gurb í an chonstaic a ba mhó a bhí le sárú i gcás na léirmheastóireachta Gaeilge ná easpa ábhar léitheoireachta. D'admhaigh sé go raibh géarghá le léirmheastóireacht chun céim ar aghaidh i litríocht na Gaeilge a ghlaodadh agus litríocht fhiúntach, nua-aoiseach a sholáthar do phobal léitheoireachta na Gaeilge. Dúirt Piaras Béaslaí nach gcuirfi leirmheastóireacht i bhfeidhm le rialacha ach gur ‘chomhairle’ a bhí i gceist agus gurb í ‘an fhírinne’ an ghné a ba thábhachtaí. Cé nach féidir a mhaíomh gur léirmheastóireacht mar a thuigtear an téarma sin sa lá atá inniu ann a bhí i gceist, is fiú na sleachta a scríobh sé i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 1918 a léamh chun tuiscint a fháil ar stádas, ar fhealsúnacht agus ar chur i bhfeidhm an phrionsabail i gcomhair na léirmheastóireachta luaithe sa Ghaeilge.⁵⁸

Faoi mar a dúradh i gCaibidil a Ceathair, sna blianta roimhe seo agus sna blianta seo, bhí Piaras Béaslaí an-ghníomhach i gcúrsaí drámaíochta forsta. Ba léir do Ghaeilgeoirí go raibh gá le drámaíocht na Gaeilge i bhfad sular bunaíodh an *CS* ar ndóigh agus fós ag túis na fichiú haoise, ba ghné an nua-aimseartha de litríocht na Gaeilge í.⁵⁹ D'ainneoin sin, feictear forbairtí, buanna, laigí agus teipeanna

fhás na drámaíochta Gaeilge go soiléir i gcolúin an CS ó 1899 go 1932.

B'amhlaidh an scéal sa tréimhse seo ach is féidir a mhaíomh gur shoiléire na forbairtí agus na teipeanna i rith ré eagarthóireachta Phiarais Bhéaslaí ná i dtréimhsí eagarthóireachta eile an CS toisc na hiarrachta a rinne sé agus an tsuim a léirigh sé go gcuirfí an ghné seo de nualtríocht na Gaeilge chun cinn:⁶⁰

Bhí fear eile ámh, nár leor leis comhairle a thabhairt, Piaras Béaslaí, an fear a rinne níos mó ar son an dráma i nGaeilge ná aon duine eile roimhe ná ó shin. Bheartaigh seisean gníomh a dhéanamh, agus i 1913 bhunaigh sé ‘Na hAisteoírí’, complacht a léiríodh drámaí go trúthrialta i mBaile Átha Cliath agus ó am go chéile i nGaeltacht na Mumhan. Sholathraigh Piaras Béaslaí ábhar don chomplacht seo, idir bhundrámaí agus aistriúcháin, agus ghníomhaigh sé mar léiritheoir agus mar aisteoir freisin. Níor staon sé dá shaothar idir 1913 agus 1920 ach amháin ar feadh an achair 1916-17 a chaith sé i bpríosún i Sasana.
(Williams, Ní Mhuiriosa, 1985, 376-7).

Sa bhliain 1918 agus 1919, pléadh an géarghá a bhain le bunú Amharclainne Gaelaí. Nuair a bunaíodh Coiste Drámaíochta chun drámaí a chur ar siúl i mí na Bealtaine 1920, bhí an-dóchas go raibh an chéim ar aghaidh tugtha. Ar an ochtú lá de mhí na Bealtaine, fógraíodh i gcolúin an CS go raibh trí dhráma ó Chraobh na gCúig Cúigí - “Glaodhach na Fairrge”, “A Cheud Bhean”, agus “An Bunán Buidhe” le bheith ar siúl agus go raibh aisteoirí na hArd – Chraoibhe ag léiriú dhá dhráma. Ar an gcúigiú lá déag den mhí chéanna, phléigh ‘Ciarraidheach’ tábhacht an léirithe i gcúrsaí drámaíochta. Dúirt sé nár bh ionann dráma scríofa agus dráma léirithe agus gur chóir dráma a léiriú chun léirmheas ceart a dhéanamh air. Ní mhothófaí ‘draíocht’ an dráma gan é a fheiceáil ar an státse:

Is é gnó an ughdar sadhas draoidheachta d'imirt ar an bpobul le na dhráma. Cabhrúigheann na haisteoírí leis; seadh agus cabhrúigheann an pobul leis. Ach má theipeann ar an

ndraoidheacht, sin deire leis an ndráma pé maitheas eile atá ann,
ní dráma maith é.

(‘Amharcla Ghaedhlach. Agus Coiste an Oireachtais’, *CS*,
15.5.1920, Ich. I (le ‘Ciarraidheach’)).

Is iad an dá rud a luaitear san alt seo a ba chúis le teip na drámaíochta i rith na
tréimhse seo agus is dócha ar feadh i bhfad. D’ainneoin na hiarrachta a rinneadh,
cuireadh in iúl trí cholúin an *CS* ar an dara lá is fiche de mhí na Bealtaine 1920
gurb ionann na deacrachtaí sa tréimhse seo agus a bhí ann i gcónaí.(Feic nota 60)

I ndáiríre is i ndonacht a bhí fás na drámaíochta ag dul. Níor tháinig an ‘pobul’
agus arís níor éirigh le dráma na Gaeilge. Tugann na haitl sa *CS* léargas dúinn ar
a dheacra is a bhí sé drámaíocht na Gaeilge a chothú i measc pobail a bhí ag
déanamh neamhairde den ghné seo den nualtríocht. B’fhíor don
‘Chiarraidheach’ nuair a dúirt sé nach raibh todhchaí ar bith i ndán do
dhrámaíocht na Gaeilge gan aisteoirí maithe agus gan lucht éisteachta a raibh
suim acu sa drámaíocht mar uirlis litríochta inti féin.

5.4 Cúrsaí Tíre

Tréimhse chorraitheach, mhíshuaimhneach i stair na hÉireann ab ea na blianta
seo. Rinneadh a lán socrutithe a mbeadh a rian le feiceáil ar shochaí na tíre go
ceann i bhfad. Ba ríléir do mhuintir na hÉireann nuair a daoradh ceannairí 1916
chun báis go raibh géarchéim sa tir ó thaobh cúrsaí polaitíochta de. Rinneadh
tagairtí rialta d’Olltoghchán 1918 sa *CS*. Deir Joseph Lee go raibh páirt nach
beag ag an seasamh a ghlac Sinn Féin i leith an choinscríofa sa bhuachan a bhí

acu.⁶¹ Ní féidir gan tacaíocht na Cléire Caitlicí sa choimhlint i gcoinne an choinscríofa a chur san áireamh nuair a phléitear an seasamh a ghlac Sinn Féin air. Má bhí an Eaglais claonta ar thaobh páirtí ar bith, ba ar thaobh an pháirtí a bhí i gcoinne an choinscríofa é.⁶² B’í ceist an choinscríofa an chéad cheist tábhachtach a ardaíodh i rith na tréimhse seo. Bhí na heaspaig agus na sagairt an- ghníomhach san fheachtas a cuireadh ar siúl ionas nach gcuirfí an coinscríobh i bhfeidhm. Labhair siad amach go láidir i gcoinne an choinscríofa sna séipéil agus chuir siad in iúl gur theastaigh uathu go mbeadh an tir ar aon intinn faoi pháirtí amháin a thoghadh do Dháil Éireann. Ba rud coitianta foreigeán a fheiceáil ag toghcháin, go háirithe ó aimsir Pharnell ar aghaidh agus bhí cléir na tíre ag iarraidh an foreigeán seo a sheachaint ag an am seo de bhrí go raibh seans go n-aontófaí Éire mar aon náisiún amháin. Chomh maith leis sin, b’fhuath leo an doirteadh fola a bheadh mar ghné lárnach den choimhlint. Nuair a bhí Arthur Griffith (Sinn Féin) agus Mr O’Hanlon (Irish Parliamentary Party) in iomaiocht lena chéile, chomhairligh na heaspaig do na sagairt cruinnithe a eagrú tar éis aifriinn chun na ceisteanna iomaiochta seo a phlé. Rinneadh amhlaidh ach thóg corrshagart an moladh níos faide ar aghaidh nuair a léirigh siad dá lucht leanúna go raibh siad claonta i leith ‘Shinn Féin’.⁶³ Nuair a cuireadh acht an choinscríofa i bhfeidhm i mí Aibreáin 1918, léiríodh an ról a bhí ag an Eaglais Chaitliceach i gcúrsaí polaitíochta i gcolúin an CS agus rinneadh iarracht a chur ina luí ar léitheoirí an pháipéir gur chóir do mhuintir na hÉireann seasamh le chéile faoi mar a chomhairligh na heaspaig dóibh:⁶⁴

Is cuma cadé an tuairim a bhí ag éan-Ghaedheal seachtain ó choin, níl aca go léir indiu acht an t-aontuairim amháin.i. claoide le n-a

chomhursain is le n-a chairde chum leagadh do bhaint as mursantacht an allmhúraigh seo a bhí ag braith ár óga ár bpobuil do bhreith leis anonn go Flónras chun troda thar ceann náisiúiní an domhain acht amháin Éire.

Mar an dall atáid Gaill fé láthair ní fuláir nó is caoch atáid: tá gach scéal aca níos meas ná a chéile. Cúpla lá ó choin bhí socruite aca ár sagairt óga do bhreith leó acht do rinneadh atharrú ar an bportsan.

An chómhairle do cheap Easpug ár nEaglaise agus cinn Fheadhan na hÉireann, tá bruscar déanta aige cheana héin de mhustar is de chomhlacht a fhír thall. Dé Domhnaigh do rinneadh suas le trí milliúin pearsa in eagailsibh is i seipéalaibh na hÉireann geallamhaint le móide i gcoinne na reachta so anall agus ár ndúbhshlán fén namhaidanois. Má chuireann sé chuige, bíodh air héin.

(‘Amhsaine Fhoireigin’, Eagarfhocal, CS, 27.4.1918, Ich. 2)

Nuair a bhuaigh ‘Sinn Féin’ an t-Olltoaghchán i 1918, thug na seachtó is a trí d’fheisirí nua Shinn Féin mionn nach suífidís i Westminster agus bunaíodh Dáil Éireann.⁶⁵ Cuireadh i leith fheisirí éagsúla go rabhadar páirteach i bplean chun cabhrú leis na Gearmánaigh agus gabhadh iad. San eagarfhocal, ‘Plot mar dh’eadh’, ar an gcúigiú lá is fiche de mhí na Bealtaine 1918, cuireadh amhras an ghnímh seo in iúl agus tuairimíodh ann gur uisce faoi thalamh a bhí ar siúl ag Rialtas Shasana. Ba ghné choitianta de thuairisceoiréacht an pháipéir ag an am seo an saghas tuairimíochta seo a nochtadh i leith polasaithe Rialtais Sasana.

Samplaí maithe eile de na tuairisci seo is ea na hEagarfhocail ar an seachtú lá is fiche de mhí na Samhna 1920 – ‘Agairt agus Éitheach’ agus ar an gceathrú lá de mhí na Nollag 1920 – ‘I dtaobh le Murdar’. Tugtar cur síos suimiúil iontu ar eachtraí a tharla i bPáirc an Chrócaigh ar Dhomhnach na Fola agus ar an eachtra a lean é nuair a maraíodh triúr i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 1920. (Feic nota 68) Ba chuntais dána oscailte iad a raibh dearcadh náisiúnach na

nGael á nochtadh iontu. I rith na tréimhse seo tugadh an-phoiblíocht don obair seo a bhí ar siúl ag Arm Sasana agus nuair a gabhadh náisiúnaithe scríobhadh tuairisc air sa *CS*.⁶⁶ Toisc na bhfeisirí a bhí i bpríosún agus nach raibh in ann a bheith i láthair ar chuíseanna eile, níor shuigh ach naoi dteachta agus fiche sa chomhthionól nua. Toghadh Éamonn De Valera mar uachtaráن na Poblachta agus is léir ó cholúin an pháipéir gur shocrú fabhrach a bhí sa socrú seo i gcás chur chun cinn na Gaeilge.⁶⁷

Ar ndóigh cé gur tháinig an Chéad Dáil le chéile ar an aonú lá is fiche de mhí Eanair 1919, níorbh ionann sin is a rá go raibh polaitíocht na hÉireann socraithe. A mhalairt ar fad a bhí fior. Bhí corraíl agus cíorthuathail ar fud na tíre agus mhair an míshuaimhneas seo ar feadh na tréimhse seo go dtí gur tugadh an Conradh nua ó Londain abhaile i mí na Nollag 1921. Tugann an *CS* léargas ar leith dúinn ar dhorchadas agus ar eachtraíocht na mblianta cogaidh seo. Tugtar tuairisci cruinne, éifeachtacha ar mhór agus ar mhioneachtraí an chogaidh agus ó thaobh na Gaeilge de, is cáipéis staire chruinn, leanúnach iad na haitl agus na heagarfhocail ina bhfaightear mionsonraí na gcéimeanna a glacadh chun conradh nua a chur i bhfeidhm.⁶⁸

Cé nach uirlis d'eagraíochta pholaitíochta a bhí sa pháipéar, b'fhíorannamh nach bhfeicfí tuairisc de chineál éigin ar chúrsaí náisiúnachais sna blianta seo. Níl aon dabht ach gur féidir an *CS* a áireamh mar cheann de nuachtáin náisiúnacha na hÉireann sna blianta 1917 go 1921.

Murab ionann agus tionchar chúrsaí polaitíochta na hÉireann ar chúrsaí Gaeilge roimhe seo, bhí tionchar díreach ag imeachtaí na tíre ar Chonradh na Gaeilge mar eagraíocht i rith na tréimhse seo. Pléadh cúrsaí polaitíochta i gcomhthéacs Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1917 agus cuireadh in iúl nach eagraíocht pholaitíochta a bhí inti:

The change in the League is alleged to have come about since the Dundalk Oireachtas and the resignation of Dr. Hyde.[...] The Gaelic League stands for Nationality and Nationality as Dr Yorke said eighteen years ago, is not politics. Nationality is above and beyond and before politics.

(‘The Gaelic League and Politics’, Eagarfhocal, *CS*, 29.9.1917, lch. 6)

Is é tá uainn .i. Connradh na Gaedhilge ná go mbeadh dlúthbhaint ag an nGaedhilg le saoghal is le smaointe na hÉireann.
(“Poilitidheacht”, Eagarfhocal, *CS*, 10.11.1917, lch. 8)

Is é adubhramair, ná, go bhfuil Connradh na Gaedhilge neamhspleádhach, ná fuil éan bhaint aige le héan chumann ná dream poilitidheachta eile agus ná leigfeaimid d’éan chumann ná dream poilitidheachta eile smacht a chur orainn ná cur isteach ar ár n-obair.

(‘Poilitidheacht’, *CS*, 24.11.1917, lch. 4)

Ba i gcúlra na ráiteas thuas a cuireadh i leith Chonradh na Gaeilge gur ‘cumann dáinséarach’ a bhí ann i mí Iúil 1918. Is cosúil gur fhógaír Rialtas Shasana gur cumann a bhí ann a spreag daoine chun dul i mbun coiriúlachta agus dá bhrí sin, go raibh contúirt ag baint leis. Tar éis don Rialtas an t-éileamh seo a fhógaírt cuireadh imeachtaí agus cruinnithe an Chonartha faoi chois. D’éisigh le conraitheoirí an dearcadh a bhí acu ar an rabhadh a chur bun os cionn nuair a

dúradh san eagairfhocal ar an tríú lá de mhí Lúnasa 1918 gur rud maith a bhí san fhógra agus go ndeachaigh sé chun tairbhe na gluaiseachta de bhrí gur chuir sé daoine ag machnamh ar chúrsaí Gaeilge arís.⁶⁹

Lean an cosc ar chúrsaí an Chonartha ar aghaidh i rith na mblianta seo agus seachas na gnéithe den chonstaic seo ar nós sciurd phóilíní ar oifigí Chonradh na Gaeilge agus gabhadh na bpríosúnach a bhí páirteach sa ghluaiseacht, atá pléite sa chaibidil seo cheana, is léir ó cholúin an *CS* go raibh troid mhór ar siúl ag na Conraitheoirí féin ionas go gcoinneofaí an eagraíocht ar an bhfód. B'éachtach an gníomh dóibh siúd a bhí i mbun oibre ar an *CS*, páipéar Gaeilge a chur ar fáil in aghaidh na seachtaine i rith na tréimhse úd.

Is léiriú maith é an *CS* fosta ar choinníollacha maireachtála ghnáthmhuintir na hÉireann i rith na tréimhse corraithí seo. Ar na hábhair a pléadh i gcomhthéacs chúrsaí eacnamaíochta agus chúrsaí sóisialta na hÉireann bhí an ‘flu’ maraitheach sa bláthain 1918, bochtanas agus páistí ar easpa bia, cúrsaí imirce, tionchar aicídí na mbeithíoch ar an saol agus an tábhacht a bhain le ceannach na n-earraí Gaelacha, ceannach na dtoitíní Gaelacha, faisean na mban agus tréithe na mban.⁷⁰

Ar an iomlán cureann an *CS* pictiúr duairc, gruama de shaol na hÉireann sna blianta 1917 go 1921 os ár gcomhair. Is mó de fhadhanna na linne a phléitear i gcolúin an pháipéir ag an am seo ná de dhea-thuairisci taitneamhacha. Is beag ábhar éadromchroíoch atá le fáil iontu seachas na píosaí a mbeadh greann ag

baint leo sa lá atá inniu ann- na sleachta ar fhaisean na mban agus ar cheannach na dtoitní, mar shampla. Ábhar spéise atá sa dá ábhar sin, fiú, do léitheoir an lae inniu toisc na n-athruithe atá tagtha ar mheon an phobail ina leith, gan trácht ar ábhair atá níos dáiríre ar nós an ghalair ‘crúb is béal’.

Tar éis ailt agus ábhar an nuachtáin i gcomhthéacs iriseoireacht na hÉireann i rith na tréimhse seo a sgagadh agus a scrúdú, is follus gur chuntais bheachta, fhiúntacha iad na tuairisci ar shaol na hÉireann ag an am, go dtéitear i ngleic le mórchisteanna na linne ar leibhéal réadach na ngnáthdhaoine agus go gcomhlíontar cuspóirí agus dualgais nuachtáin na linne. De bhrí gur cuireadh an oiread sin nuachtán faoi chois ag an am seo, is cinnte go bhfaightear léiriú cuimsitheach ar phríomhghnéisithe na staire, na litríochta, na hiriseoireachta agus na teanga sa *CS* mar ní hamháin gur sháraigh siad na constaicí a bhí rompu ach chomh maith leis sin, d’éirigh leo na deacrachtaí a fhí isteach sa nuachtán mar chuid d’ábhar an nuachtáin, rud a chabhraigh go mór le caighdeán na hiriseoireachta don tréimhse seo nuair a chuirtear na coinníollacha inar scríobhadh ábhar an nuachtáin san áireamh. Sa tslí seo, is gné lárnoch, thábhachtach é an léargas a fhaightear ar na constaicí seo i gcolúin an *CS*, gné a thugann breis tuisceana dúinn ar imeachtaí na mblianta 1917 go 1921. Baineadh clocha míle staire, litríochta, teanga agus iriseoireachta amach i rith na tréimhse seo agus tá an *CS* ar cheann de na foinsí bunaidh atá fágtha againn chun léirmheas agus mionscrúdú ceart, cothrom a thabhairt ar thréimhse ghníomhach, chorraitheach i stair na hÉireann.

Caibidil a Sé :Bunú an Stáit –Ré bhisiúil,

fhorásach i nuachtán na Gaeilge

1922 – Meitheamh 1926

Is iad príomhábhair na caibidle seo ná:

1. tionchar Phrádraic Uí Dhomhnalláin, Sheáin Uí Chaoimh agus Phroinsias Uí Fhathaigh ar athruithe an *CS*, go háirithe an clonadh nua iriseoireachta le béim ar leith curtha ar fhoghlaim na Gaeilge in áit cúrsáí polaitíochta; an dul chun cinn a rinneadh sa *CS* agus in iriseoireacht na Gaeilge i gcoitinne nuair a cuireadh na hathruithe seo i bhfeidhm; na fadhbanna eacnamaíochta a chuidigh le deireadh a chur le ré seachtainiúil an pháipéir
2. an dearadh a léirítar sa *CS* ar chúrsaí polaitíochta na tréimhse – Conradh Londan, Toghchán 1922, an Cogadh Cathartha, Acht Roinnthe agus an iarracht a rinneadh sa *CS* chun náisiúntacht na hÉireann a chur chun cinn trí samplaí náisiúin eile a phlé agus a ionannú le cás na hÉireann
3. an díospóireacht leanúnach a rinneadh sa *CS* ar chúrsaí cánach agus ar chostas maireachtála mhuintir na hÉireann; an plé a rinneadh ar chúrsaí eacnamaíochta thíortha eile; an dearadh a fhaightear i gcolúin an pháipéir ar na conspóidí sóisialta a pléadh i rith na tréimhse seo ar nós na

rincí gallda, na himirce, an cholscartha agus dul chun cinn an staisiúin
nua raidió

4. an iarracht a rinneadh chun coinníollacha tuarastail oidí na tíre agus fadhbanna tinrimh na bpáistí bunscoile a shoiléiriú trí cholúin an *CS*; an seasamh a ghlac oidí na tíre ar theagasc na Gaeilge ó 1922 ar aghaidh agus éirí as Eoin Mhic Néill
5. an léargas a fhaightear sa *CS* ar stádas na Gaeilge sa Dáil nua agus na céimeanna a glacadh chun an Ghaeilge a chur in oiriúint do theanga oifigiúil na hÉireann sa Státseirbhís, sna Comhairlí, sa Ghaeltacht agus i gConradh na Gaeilge féin; forbairtí litrithe, canúintí agus caighdeáin sa Ghaeilge
6. an léargas a fhaightear ar chur chun cinn na drámaíochta Gaeilge agus an bhéim a cuireadh ar sholáthar na leabhar Gaeilge i rith na tréimhse seo

6.1 Na hathruithe i bpolasaithe eagarthóireachta sa *CS* agus forbairt ar choinníollacha iriseoireacht na Gaeilge

6.1.1 Forbairtí agus fadhbanna i gcúrsaí riarthá an *CS*

Cé go bhfeictear forbairtí bisiúla i gcás nuachtán Gaeilge i rith na tréimhse seo, a mhalaírt ar fad a bhí fíor ag túis na bliana 1922 le glacadh Chonradh Londan ar an seachtú lá de mhí Eanair go lár na bliana 1923 nuair a cuireadh deireadh leis an gcogadh cathartha. Níor tháinig Conradh na Gaeilge slán ó chúrsaí polaitíochta na tréimhse agus nuair a ghlac arm na hÉireann seilbh fhoirmiúil ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath ar an séú lá déag de mhí Eanair 1922, ní hamháin go raibh ré

nua tosaithe i stair na hÉireann ach bhí ré nua tosaithe i gConradh na Gaeilge chomh maith. Ar ndóigh, bhí ról Conraitheoirí i riadaradh na hÉireann cruthaithe go maith acu le tríocha bliain anuas agus bhí tionchar nach beag ag leitheidí Dhubhghlais de híde, Eoin Mhic Néill, Phádraig Mhic Phiarais, Phiarais Bhéaslaí, Chathail Bhrugha, gan ach cúpla ball de Chonradh na Gaeilge a raibh páirt mhór glactha acu i mbunú an Stáit a lua, ar chúrsaí polaitíochta na hÉireann le fada.¹

Mar a chítéar ó na hainmneacha seo, ní feidir ról eagarthóirí an CS a fhágáil ar leataobh ach an oiread sa chomhthéacs seo. Chuir eagarthóir na mblianta 1922 - 1926 - Pádhraic Ó Domhnalláin, an dearcadh polaitíochta a bhí aige in iúl nuair a briseadh as a phost é sa Cheardscoil i Sligeach, toisc nach dtabharfadh sé móide dílseachta do Rialtas an tSaorstáit.²

Is sa chomhthéacs seo a chaithfear ról an CS ag túis na tréimhse seo a mheas. Ar an seachtú lá de mhí Eanair 1922, léiríodh i gcolúin an CS gur ceangal idir Gaeilgeoirí thoir, thiar, theas is thuaidh a bhí sa pháipéar agus gur chóir é a cheannach ionas go méadófaí arís é.³

De bharr costas clóbhualte an pháipéir, laghdaíodh an CS go sé leathanach i mí na Samhna 1921 agus cé go léiríonn ‘*Cunntas “Misneach” agus Chlódhanna*’ ag Ard-Fheis 1922 gur tháinig feabhas áirithe ar dhíol an pháipéir le teacht an eagarthóra nua, Pádhraic Ó Domhnalláin, i mí na Samhna 1921, fós níor leor díol an CS chun breis leathanach a chur leis. Socraíodh go gcuirfí *Fáinne an Lae* mar theideal ar an bpáipéar arís agus go mbeadh sé de fhreagracht ar an

eagarthóir nua ceachtanna nua foghlama a ullmhú don pháipéar chun foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn.⁴ Pléadh an t-athrú teidil seo sa pháipéar féin ar an gcéad lá de mhí Iúil 1922. Eagarfhocal lán de dhóchas a bhí ann agus dúradh go mbeadh colúin ann do thosaitheoirí agus don aos óg as sin amach.⁵ San eagarfhocal an tseachtain dár gcionn áfach, ba mhór an difríocht a bhí le sonrú ar ábhar an eagarfhocail agus don chéad uair i rith na tréimhse seo cuireadh tionchar an chogaidh chathartha ar an *CS* in iúl i gcolúin an pháipéir:

Is beag a cheapamar gur fá choga Gaedheal le Gaedheala do bheimis a sgríobh sa gcolumnhan seo an tseachtain seo: nó gur uimhir bheag mar seo bheimis ag tabhairt d'ár léightheoirí. Bhí 'chuile ollamhachan déanta againn i rocht is go mbeadh "Fáinne an Lae" na seachtaíne seo go slachtmhar agus go mbeadh ríméad ag léightheoirí na Gaedhilge as. Ach i n-ionad sin níl againn ach an chaol-chuid, mar gheall ar an gcoga míádhmarach seo idir Ghaedheala. Níor bhféidir le clódóirí freastal dá ngnóithe agus dá bhrí sin atá an uimhir mhór curtha go hath-lá.

(““Coga””, Eagarfhocal, *CS*, 8.7.1922, Ich. 2)

Ar an dara lá is fichead de mhí Iúil 1922, scriobh P. Ó C.(Pádraic Ó Conaire?)

litir chuig an bpáipéar a rá go raibh ardmholadh tuillte ag an eagarthóir as ucht páipéar a chur i gcló agus an thír chomh corraithe is a bhí sí.⁶ Faoin am seo, áfach ní ró - shásta a bhí eagarthóir an pháipéir leis an gcinsireacht a bhí ar pháipéir Ghaeilge agus cuireadh é seo in iúl trí fhógra ar an gcéad leathanach de gach eagrán den *CS*: ‘Tuairim ar bith dá bhfuil ag baint leis an gcoga sa bpáipéar seo níl ann ach mar tháinic sé ón gcrónaire.’(*CS*, 29.7.1922, Ich. 1). Tháinig buaic leis an aighneas ar an gcúigiú lá de mhí Lúnasa 1922 nuair a fágadh spás folamh in áit an eagarfhocail. Ba ghné choitianta den pháipéaranois na spáis seo de bharr na cinsireactha ón Rialtas nua agus níor réitigh an Coiste Gnó leis na

socruite seo in aon chor. Is casadh íoróntha é gur Piaras Béaslaí a bhí i mbun na cinsireachta ag an am seo, nuair a chuirtear san áireamh gur díreach tar éis a thréimhse eagarthóireachta féin ab ea an iarraidh dheireanach inar cuireadh an *CS* faoi chois.⁷

Ar deireadh, socraíodh ag cruinniú an Choiste Gnó ar an ochtú lá is fiche de mhí Lúnasa, nach gcuirfí an *CS* i gcló ón séú lá is fiche de mhí Lúnasa ar aghaidh, chun méid a fheirge a chur in iúl. Nuair a tháinig an chéad eagrán eile amach ar an gceathrú lá de mhí na Samhna 1922, míniódh san eagarrhocal gur cuireadh an páipéar as cló de bharr na srianta a cuireadh i bhfeidhm le linn bunú an Rialtais nua i dtaoibh tuairisceoireacht an Chogaidh chathartha. Is léir san eagarrhocal agus ó nótaí an Choiste Gnó ag an am seo nach amháin go raibh deacrachtaí cinsireachta le sarú ach chomh maith leis sin, go raibh fadhbanna clódóireachta ann forsta.⁸

Fadhb choitianta ab ea na deacrachtaí clódóireachta i rith na bliana 1923 agus rinneadh iarracht costas na clódóireachta a laghdú. Ag cruinniú Choiste an Fhoilsithe ar an aonú lá de mhí Eanair 1923, moladh go mbunófaí irisleabhar míosúil in áit an *CS* agus cuireadh an moladh os comhair an Choiste Gnó ar an naoú lá de mhí Feabhra 1923. Ba léir go raibh gá le hathruithe. Tar éis roinnt plé a dhéanamh agus luacha clódóireachta a fháil ó chomhlachtaí éagsúla, glacadh le luach ó Phádraig Mac Mathúna ag cruinniú an Choiste Gnó ar an gceathrú lá déag de mhí na Nollag 1923.⁹ Bhí cúis eile leis na fadhbanna clódóireachta i rith na bliana ar ndóigh ach eachtraí cogaidh ba chúis leo i mí Feabhra, nuair a dódh innill chlóbhualte an pháipéir i mí Feabhra 1923.¹⁰

Is léir ó thuairisci an Choiste Gnó ó thús na bliana 1923 ar aghaidh go raibh an CS i gcrúachás agus i mí Eanair mhol bainistoir an CS, Proinsias Ó Fathaigh, go bhfaighfí síntiúis ó scoileanna agus ó chraobhacha ionas go méadófaí ar chiorcláiocht an pháipéir. Ba mhór an chailliuint don ghluaiseacht dá gcaillfí an CS a dúirt sé:¹¹ “B’éidir go bhféadfaí an páipéar do shabháilt fós agus im’ thuairim-se, ba mhór an dul siar don Connradh deire a chur le Fáinne an Lae.” (NLI MS9811, CG 29.1.1923). Ag Ard-Fheis 1923, dúradh go raibh tionchar mór ag an gcogadh cathartha ar nuachtáin uile na tíre agus nach raibh dáileadh an CS chomh hard is a ba chóir dó a bheith toisc an bhaoil a bhain le cúrsaí taistil i rith an chogaidh. Tugtar le fios sa tuairisc go raibh an páipéar ag brath go mór ar chur ar fail na bhfógraí chun todhchaí an pháipéir a chinntiú. Is tuairisc éadóchasach í, gan amhras:

Tá an díol céadna ar “Fáinne an Lae” agus do bhí air anuiridh. Ní gádh dhom a rádh gur mór a chuir an cogadh isteach orainn agus ar gach páipéar nuайдheachta sa tir i rith na bliadhna. Níorbh fhéidir linn cóipeanna do chur go dtí Cúige Mumhan ná go dtí Cúige Chonnacht ar feadh abhfad, agus ní fiú trácht ar an méid cóip a díoladh i gCúige Uladh. [...] Is deacair fógraí fhágáil fá láthair toisc cúrsaí gnótha agus tráchtála a bheith go dona, agus is deacra fós airgead na bhfógraí a bhailiú. (“Cúnntas “Fáinne an Lae” agus clódhanna”, Ard – Fheis 1923, 28-29).

Ar an seachtú lá déag de mhí na Samhna 1923, chuir ‘Cloch Labhrais’ méid a dhéistine in iúl ar easpa dhul chun cinn an pháipéir san alt ‘Comhairle ár Leasa Dhúinn’ ach ní dearnadh mórán dul chun cinn i gcoitinne i rith na bliana mar a léirigh tuairisc na bliana 1924. B’ionann na fadhbanna ag Ard-Fheis 1924 agus na deacrachtaí a pléadh ag Ard-Fheis 1923 - easpa fógraí de bharr drochstaid eacnamaíochta na hÉireann agus easpa léitheoirí.¹²

Ag cruinniú an Choiste Gnó ar an gceathrú lá déag de mhí Iúil 1924, socraíodh go gcuirfí fo-choiste ar bun chun plean a shocrú don *CS*. Mícheál Ó Foghludha, Máire Ní Raghallaigh, Seán Beaumont, Mícheál Ó Loingsigh, an t-eagarthóir (Pádraic Ó Domhnalláin) agus an t-Ard-Rúnaí a bhí ar an gCoiste. B’ é príomhchlaonadh na moltaí a rinneadh ná an páipéar a chur in oiriúint do scoláirí na tíre.¹³ Diaidh ar ndiaidh bhí siad ag glacadh le tuairimíocht an bhainisteora i 1923 go méadófaí ar dhíol an *CS* dá ndíreofaí ábhar an nuachtáin ar scoileanna agus ar chúrsaí oideachais na tíre. Ba chomhairle chiallmar í do nuachtán Gaeilge i dtréimhse a raibh forbairtí Gaeilge i gcúrsaí oideachais na tíre i mbéal an phobail agus go háirithe i mbéal na ndaoine a raibh cártaí an oideachais orthu – oidí, bainisteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí na hÉireann. Dá n-éireodh leo suim a mhúscailt sa *CS* trí aird an phobail seo a dhíriú ar an bpáipéir mar fhoinsé oideachais, agus iad a spreagadh chun é a cheannach go rialta, bheadh an-obair déanta acu. Gan dabht, bhí bearna le lónadh sa ghné seo den Stát nua agus dá bhfaigheadh an *CS* aitheantas na scoileanna agus na n-institiúidí léinn, bheadh pobal léitheoireachta den scoth aige. Ní hamháin go mbeadh suim acu in ábhar an nuachtáin ach bheadh sé de dhualgas orthu ar bhealach, an *CS* a cheannach chun riachtanais mhúineadh na Gaeilge a chomhlónadh mar sholáthródh an nuachtán foinsí oideachais Gaeilge dóibh. Chinnteodh sé go mbeadh éileamh rialta ar an bpáipéar dá bhfreagródh an *CS* do riachtanais an chórais oideachais nua.

Pléadh an t-athrú béime seo san eagairfhocal ar an séú lá de Mheán Fómhair 1924. Dúradh go mbeadh ceachtanna ar mhatamaitic agus ar Stair na hEorpa

maraon le tuilleadh litríochta agus nuachta.¹⁴ Cuireadh na hathruithe seo i gcló sna colúin “Leathanach na Mac Léighinn” agus “Éire óg”. Foilsíodh sleachta molta ón *Irish Independent, Irish Times* agus ón *Irish School Weekly* ar an CS i mí Mheán Fómhair agus tuairimíodh sna haitl seo agus i gcomhfhereagras an pháipéir gur chéim fhorásach a bhí sna hathruithe seo:¹⁵

This weekly journal, the organ of the Gaelic League, is being issued in a new and improved form. For all speakers of Irish it is an interesting paper to read, and teachers of the language in the primary schools, and especially in the secondary schools, are likely to find its contents a valuable aid to the work in which they are engaged. This week's number is an excellent example of what the journal promises to be. “Irish Times”, 13.9.'24. (“Fáinne an Lae”, CS, 20.9.1924, Ich. 4).

D'aontaigh conraitheoirí uile go raibh gá le páipéar oifigiúil dá gcuid féin agus thuig siad go maith an chumhacht bholscaireachta a bheadh acu dá n-éireodh leis an bpáipéar. Bhí seasamh ar leith ag nuachtáin na tíre agus dá dteastódh uathu teachtaireacht an Chonartha a scaipeadh, b'í an uirlis ab fhéarr a bhí acu ná an CS. Ag an gComhdháil Gaedheal a tháinig le chéile Seachtain na Cásca 1925, socraíodh go raibh páipéar oifigiúil riachtanach do Chonradh na Gaeilge agus go mbeadh an páipéar á stiúradh ag an ‘Roinn “C” – Propaganda’as sin amach.¹⁶

6.1.2 Forbairt ar iriseoireacht na Gaeilge mar aonad ann féin

Léirigh tuairisc an chuntasóra ag Ard Fheis Chonradh na Gaeilge 1925 go raibh cailliúint £897 6s 2d ar an bpáipéar don bhliain 1924–25.¹⁷ Ach cé gur mhó an chailliúint ná an brabús a bhí ar an CS thuig conraitheoirí an géarghá a bhain le

huiriris oifigiúil dá gcuid féin a bheith acu. Bhí borradh mór ar líon na n-irisí Gaeilge agus is léir ó cholúin an *CS* go raibh seasamh agus éileamh irisí agus nuachtáin Gaeilge i measc phobal léitheoireachta na hÉireann ag feabhsú agus ag forbairt. Bhí áiseanna ar fáil acu nach raibh ar fáil le fada agus bhí an Rialtas toilteanach cabhair a thabhairt dóibh. Ar an ábhar sin, le linn na hArd-Fheise 1925, socraíodh go ndéanfaí coinne d'ócáid a dtiocfadh lucht stiúrtha na bpáipéar Gaeilge le chéile ann, chun cúrsái eagarthóireachta, fógraíochta agus foilsitheoirí a phlé. D'aontaigh siad le chéile don chéad uair ar an séú lá déag de mhí Aibreáin 1925 in áras an Chonartha agus mar thoradh ar an gcruiinniú, chuaigh toscaireacht chuig an Rialtas agus chuig an gCoimisiún Gaelach ag lorg cabhair airgid agus fógraí.¹⁸ Tamall gearr ina dhiaidh sin, fógraíodh sa *CS* (6.6.1925) go rabhthas chun túis a chur le ‘Cumann na nEagarthóir nGaedhealach’ a chosnódh cearta na n-eagarthóirí.¹⁹ Is léiriú é seo ar an athrú agus ar an bhfás mór a bhí tagtha ar iriseoireacht na Gaeilge ag an am seo. Ní hamhánanois go raibh go leor irisí Gaeilge ann le toscaireacht a chur le chéile agus le cumann dá gcuid féin a bhunú ach fostá, bhí dóthain muiníne acu astu féin mar ghrúpa, go raibh sé de mhisneach acu a dhul chuig Rialtas na hÉireann ag lorg cabhrach don ghné seo de dhul chun cinn na Gaeilge. Chreid siad go raibh ról tábhachtach acu i gcur chun cinn na Gaeilge agus thuig siad an chumhacht a bhí acu mar ghrúpa in áit daoine aonair. Spreagadh mór a bhí san fhorbairt seo i gcomhthéacs iriseoireacht na Gaeilge mar ghléas cumarsáide. Bhí seans acu anois mar ghrúpa aitheanta i sochaí na hÉireann, tacú le chéile chun a gcuspóirí agus a n-ídéil a chur chun cinn. Tugann an *CS* léargas maith dúinn ar

líon na n-irisí Gaeilge agus ar stádas na Gaeilge i nuachtáin na hÉireann i gcoitinne ó bhunú an Stáit go deireadh na tréimhse seo. Ó na hait agus na léirmheasanna a scríobhadh ar na hirisí éagsúla, faightear tuiscint ar chaighdeán iriseoireachta na Gaeilge. Ba mhinic a d'fheictí tagairtí agus léirmheasanna ar irisí Gaeilge na hÉireann i gcolúin an CS. B'íad príomhábhair na n-alt ná úsáid na Gaeilge i nuachtáin Éireannacha i gcoitinne agus dul chun cinn na n-irisí Gaeilge. Ar na hirisí a pléadh ann bhí: *An Stoc, An Scuab, Éarna, An Branar, An Lóchrann, An Chearnóg, Inis Fáil, Irisleabhar Muighe Nuadhád, Iris an Gharda, Tír na nÓg, An tUltach, Fuaim na Mara, Leabhar Ita agus Guth na Bliadhna*(Albain).²⁰

Nuair a pléadh méadú an CS ar an tríú lá is fiche de mhí na Bealtaine 1925, dúradh go gcabhródh dul chun cinn na nuachtán Gaeilge go mór le dul chun cinn na tíre. Tuairimíodh san eagarrfocal go raibh ról cuimsitheach, tábhachtach ag na nuachtáin Ghaeilge in a lán gnéithe de shaol na hÉireann, ar nós cúrsaí tráchtála, trádála, riarracháin agus sóisialta.²¹

6.1.3 *Fadhbanna Eacnamaíochta*

Cé gur méadaíodh an CS go ocht leathanach i mí an Mheithimh 1925 agus go raibh súil go gcuirfí trí leathanach breise leis dá mbeadh gá leis, bhí cúrsaí airgeadais an pháipéir go dona faoin am seo agus is amhlaidh a bheadh an scéal go deireadh na tréimhse seo.²²

Ní féidir a shéanadh gur chuir blas na héiginnteachta ar chúrsaí riarracháin an CS i rith na tréimhse seo, go mór le heaspa dhul chun cinn an pháipéir, rud a léiríonn

dúinn go raibh cúrsaí airgeadais an pháipéir ag dul in olcas. Bhí an tír trí chéile ag túis na tréimhse agus bhí blas na héiginnteachta agus toradh an chlampair le mothachtaíl i gcúrsaí eacnamaíochta na hÉireann. Thar aon rud eile, is féidir glacadh leis ón bhfianaise a chuirtear ós ár gcomhair i gcolúin an *CS* gur fadhbanna eacnamaíochta na tíre a ba chúis le teip ar chúrsaí airgeadais an *CS* an iarraidh seo. Ní raibh sábhailteacht ar bith ag baint le tuarastal na n-eagarthóirí agus na mbainisteoirí i rith na tréimhse agus cé go ndearna siad a ndícheall, bhí a rian le feiceáil ar an bpáipéar.

Seán Mac Enrí a bhí mar bhainisteoir ar an *CS* i 1922. Nuair a d'éirigh sé as an mbainisteoireacht i mí Lúnasa 1922, iarradh ar Phroinsias Ó Fathaigh freagracht na bainisteoireachta a ghlacadh ar bhonn sealadach go ceann míosa nó mar sin.

Fágadh mar sin é, cé gur toghadh Proinsias Ó Fathaigh mar Ard – Rúnaí Chonradh na Gaeilge ag an am céanna, agus níor ceapadh Bainisteoir nua go deireadh mí an Mhárta 1925, nuair a thosaigh Séamus Ó Súildhubháin ar a thréimhse bhainisteoireachta. Arís ba ar bhonn sealadach a ceapadh é agus cé go bhfuair sé £12 in aghaidh na míosa, bhraith cuid mhaith dá thuarastal ar theacht isteach na bhfógraí, rud nár bhí brath air de bharr gearradh siar na gcomhlachtaí, agus na siopaí éagsúla ar a leithéid de chaiteachas.²³

San alt dár teideal ‘“Fáinne an Lae”’ ar an dara lá déag de mhí na Nollag 1925 pléadh forbairtí agus deacrachtaí an pháipéir le cúpla bliain anuas agus dúradh ‘gur beag ná raibh “Fáinne an Lae” múchta marbh agus fé scamall’ acu ach go raibh sé in am dóibh anois ‘feabhas níos mó a chur ar an bpáipéar ó am go ham

go dtí go mbeadh sé ní hamháin i n-a “Fháinne an Lae” cheart againn agus in a lá gheal – ar an nGaedhilg’ (‘ “Fáinne an Lae”, *CS* 12.12.1925, Ich. 2).

Ní thiocfadh an ‘lá geal’ le linn na tréimhse seo áfach. Leis an fhírinne a rá, is dócha go raibh an ré a ba dhorcha riamh i stair an *CS* ag teacht. Scríobh Pádraic Ó Domhnalláin litir chuig an gCoiste Gnó ar an tríú lá de mhí na Samhna 1925 le cur in iúl go mbeadh sé ag éirí as an eagarthóireacht ag deireadh na míosa agus socraíodh go dtosódh Seán Ó Caoimh ar a thréimhse eagarthóireachta ar Lá Cailne.²⁴ Eagarthóir dúthrachtach a bhí ann ach ba ré eagarthóireachta Sheáin Uí Chaoimh, an ré eagarthóireachta a ba ghiorra riamh ó bhunú an pháipéir. Bhí ré sheachtainiúil an *CS* ag teacht chun deiridh agus bhí sé ró –mhallanois le brath ar eagarthóir amháin chun na fadhbanna eacnamaiochta a réiteach. I ndiaidh dó sé mhí a chaitheamh i mbun eagarthóireachta, mar eagarthóir ar tuarastal, socraíodh go gcuirfi deireadh le heagarthóirí agus le bainisteoirí ar tuarastal ag deireadh mhí an Mheithimh 1926. Páipéar deonach, míosúil a bheadh ann go dtí go gcuirfi an páipéar ag obair as a stuaim féin arís.²⁵

Tá socair ag an gCoiste Gnótha dul ar aghaidh leis an scéim nua timthireachta a bhí ós a gcomhair ag an gcruiinniú is déanaighe a bhí aca agus ar chostaisí eile a luighdú. Ar an adhbhar san is i n-aghaidh an mhí a thiocfaidh FÁINNE AN LAE amach feasta, fé mar a míngheadh i gcuuntas an Choiste Gnótha an tseachtmhain seo ghaibh tharainn.

Baill de’n Choiste Gnótha is eadh a bheidh i mbun na heagarthóireachta, agus tá ceapuithe páipéar maith fuinneamhail a dhéanamh de. Iarrtar ar gach éinne idir lucht fógraí agus lucht léigte agus na Connradhthóirí go léir cabhrú leo san iarracht san. (‘ “Fáinne an Lae” gach mí feasta’, Eagarfocal, *CS*, 26.6.1926,

Ich. 1).

Bhí torthaí ré nua Chonradh na Gaeilge á gcur i bhfeidhm agus bheadh sé deacair tiontú ar ais go dtí na polasaithe a ba chúis le bunú uirlis oifigiúil na gluaiseachta. Ba é seo an bealach ab’fhearr le dul ar aghaidh ach níorbh ionann sin is a rá go rachadh an bealach seo chun tairbhe an *CS*.

6.2 Cúrsaí Tíre

6.2.1 Cúrsaí Polaitíochta

Nuair a glacadh le Conradh Londan i nDáil Éireann ar an seachtú lá d'Eanair 1922, cruthaíodh suíomh in Éirinn a chuir go mór le cur i gcoinne bhunú an náisiúin agus a chuir cosc mór le forbairtí an chultúir Ghaelaigh. Céim neamhspleáchais a bhí inti nár chreid ach fiorbheagán de mhuintir na tíre go bhfeicfí choíche í.²⁶ D'ainneoin gur chreid leithéidí Mhícheáil Uí Choileáin gur “freedom to achieve freedom” a bhí ann, cuireadh tús le scoilt mhór agus le haighneas mór i measc Éireannach – a torthaí siúd a bheadh le feiceáil ar feadh i bhfad i stair na tíre.²⁷

Cé gur ghné rialta de thuairisceoiréacht an *CS* ab ea na sleachta a scríobhadh ar imeachtaí na Dála, bhí srianta áirithe ag baint leis na tuairisci ag an am agus níor cheil bainisteoireacht an pháipéir an déistin a bhí orthu le cur i bhfeidhm na cinsireachta ar ábhar an *CS*, gné den tréimhse seo atá pléite sa chaibidil seo cheana. I measc na n-ábhar a pléadh go mion ann bhí toghadh Airt uí Ghríobhtha mar Uachtarán nua na Dála (in áit De Valera) i mí Eanair 1922, glacadh seilbhe Chaisleán Bhaile Átha Cliath, scrios agus bás an chogaidh chathartha, Bille an tSaor-Stáit ag deireadh na bliana 1922, bás Chathail Bhrugha agus na

bpríosúnach eile a ciontaíodh i rith an chogaidh, bás Erskine Childers agus éirí as Ghabhánaigh Uí Dhufaigh. Rinneadh formhór thuairisceoireacht an chogaidh sa cholún “Sgeula na Seachtaine”.²⁸

Tugann na sleachta seo breis eolais dúinn ar imeachtaí na mblianta 1922–1923 agus is cuntas chruiinn iad ar mhioneachtraí cheann de na tréimhsí a ba chorraithí i stair na fichiú haoise in Éirinn. Cé go dtugann na colúin an-chuid eolais dúinn ar eachtraí na mblianta sin, léiríodh sa pháipéar gurb é príomhchúram Chonradh na Gaeilge ná seasamh na Gaeilge sa Rialtas nua. Ba mhinic a tagraíodh d'easpa úsáid na Gaeilge in óráidí na bhFeisirí agus i ngnó na Dála féin agus tugadh le fios i gcónaí gurb í príomhaidhm Chonradh na Gaeilge i gcomhthéacs forbairt an Stáit nua ná go n-athbheofaí an Ghaeilge mar theanga oifigiúil na hÉireann.

Rinneadh iarracht an fhealsúnacht seo a leanúint i gcónaí, cuma cén rialtas a bhí i gcumhacht.²⁹ Tuigtear ó cholúin an CS nach ndearna Conradh na Gaeilge faillí sa phríomhchuspóir a bhí acu cé go raibh baill áirithe an-ghníomhach i gcúrsaí polaitíochta na hÉireann agus i bpríosún, go raibh an tír á scrios agus go raibh corraíl an chogaidh ag cur isteach go mór ar imeachtaí na gluaiseachta. Chreid siadanois a thábhachtaí is a bhí sé go gcoinneoidís suaimhneach agus foighneach agus thuig siad an ghéarchéim eacnamaíochta agus polaitíochta a bhí le sarú, sula ndéanfaí obair fhiúntach arís:

Gidh go bhfuil clanna Gaedheal deighilte mar atáid, ámhthach, is breágh an rud é nach bhfuil aon roinnt san Chonradh, agus gur féidir le daoine atá ar ‘chaon taoibh suidheamh le chéile ar an Choiste. Ní rabhas ábalta teacht chuig an Ard–Fheis, cionn is go raibh mé fé għlas. A Dhé go bhfuil scéal mar é le n'aithris. Gaedheal ‘na ghialiġ ag Gaedħlaibh, pé ar a bhfuil a mhilleán. Ach i naindeoin sin is uile, tá an cheangal amháin eadrainn go fóill – an Ghaedħilg. Gach uile dhream is aicme i nÉirinn ar chóir dóibh

bheith neutrálta 'sa chogadh so atá dhár scrios, theip siad orrainn,
acht amháin Connradh na Gaedhilge. le Aodh de Blácam.
('Feargus Finnbhéil', *CS*, 2.12.1922, lch. 1)

Mar uirlis chumarsáide Gaeilge ann féin, rinneadh an-obair sa *CS*,ní hamháin ó thaobh athbheochan na Gaeilge a choinneáil os comhair mhuintir na hÉireann, ach fostá ó thaobh tuairisceoirreacht Ghaeilge a choinneáil os comhair phobal léitheoireachta na Gaeilge sa dóigh gur fágadh cáipeis staire Ghaeilge ar thréimhse mhíshuaimhneach a bheadh ann mar fhianaise do Ghaeilgeoirí an lae inniu agus a thabharfadh sonraí breise ar stair thréimhse a chuir túis le fás na tíre mar náisiún inti féin.

Gné eile de pholaitíocht na hÉireann a bhí go mór chun tosaigh i rith na tréimhse seo ab ea teorainn Ulaidh. Faoin am seo, bhí tuaisceart na hÉireann deighilte ón gcuid eile den tír de bharr Acht Rialtas na hÉireann (Government of Ireland Act) i 1920 agus oscalaíodh Parlaimint Tuaisceart na hÉireann ar an dara lá is fiche de mhí an Mheithimh 1921. Nuair a síníodh an Conradh i Londain ag deireadh na bliana 1921, tugadh rogha do thuaisceart na hÉireann fanacht taobh amuigh den Chonradh nua, socrú a rinneadh gan mhoill. Cuireadh túis le ré réabhlóideach i gCúige Uladh de bhrí go raibh ar a laghad trian de dhaonra na Sé Chontae míshásta leis an socrú nua. Bhí a fhios acu gur ceann de na coinníollacha den Chonradh Angla-Éireannach ag deireadh 1921 ab ea cruthú theorainn tuaisceart na hÉireann leis an gcuid eile den tír. Thuig Sir James Craig (Príomh-Aire Thuaisceart na hÉireann) go raibh an baol ann go dtabharfaí an iomarca talún don

Saor-Stát ionas nach bhféadfadh Tuaisceart na hÉireann maireachtáil mar stát ann féin. Dá dheasca sin, níor chomhoibrigh an Creagach leis an gCoimisiún. Leanadh ar aghaidh leis an obair agus cé gur fhoilsigh an *Morning Post* ar an seachtú lá de mhí na Nollag 1925, go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún athruithe beaga a dhéanamh a bheadh níos fabhraí do Chúige Uladh ná don Saor-Stát, fágadh an teorainn mar a roinneadh é ag an túis i 1920 nuair a bhí Lloyd George ina Phríomh–Aire.³⁰ Is fadhb é a tháinig anuas tríd na glúine agus fadhb a pléadh go rialta i gcolúin an *CS* i rith na tréimhse seo.³¹

Sa cholún “I mBaile is i gCéin” ar an gceathrú lá déag de mhí na Samhna 1925, pléadh torthaí an Choimisiúin go mion. Is alt suimiúil é a cheanglaíonn ceist na Gaeilge le ceist na teorann agus a léiríonn an tábhacht a bhain leis an gcloch mhíle seo i stair na hÉireann, i gcúrsaí Gaeilge. Tugann an scríbhneoir cur síos cuimsitheach do léitheoirí an *CS* ar na fáthanna gur chóir dóibh suim a bheith acu i gcúrsaí polaitíochta mar seo, dá dteastódh uathu a gcearta teanga a chur i bhfeidhm. Go bunúsach dúirt an scríbhneoir nár bhí ionann ar chor ar bith cuspóirí an Chreagaigh agus cuspóirí na nGaeilgeoirí. Is léir ón bpíosa gur thuig an t-údar an tábhacht a bhain le tacaíocht an Stáit ionas go mairfeadh an Ghaeilge. Ní tharlódh a leithéid sna ceantair bhreise dá socrófaí go dtabharfaí ceantar Loch Suilí do Chúige Uladh. Dá gcaillfí na ceantair seo, bheadh an chéad chath de chogadh na Gaeilge caillte. Bhí fianaise obair an Chreagaigh i gcoinne na Gaeilge feicthe go soiléir ag conraitheoirí cheana agus ní rachaidís sa bhfiontar agus brath air agus ar a chóras Rialtais chun teanga dhúchais na hÉireann a chur

chun cinn. Gan tacaíocht an Rialtais ní fada a mhairfeadh an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo i gcás na Gaeilge.³²

Cé go ndearnadh a lán tuairisceoirreachta ar chúrsaí polaitíochta na tíre i rith na mblianta 1922–1923, ba bheag tagairt a rinneadh dó ó shin amach go deireadh na tréimhse seo. Pléadh tionchar an chogaidh ag túis na bliana 1924 agus tuigtear ó bpíosa an drochbhail a bhí ar an tír go fóill – creachadóireacht, gadaíocht, dúnmháraithe agus ionsaithe ar fud na tíre agus gan cuma ar an scéal go réiteofaí na fadhbanna seo go luath.³³ Seachas corraíl an chogaidh chathartha, is léir ó cholúin an pháipéir gurb é an socrú polaitíochta a ba ghoilliúnaí agus a ba mhó tionchar aige ar Chonradh na Gaeilge mar eagraíocht Ghaelach, ná roinnt na hÉireann. Chuir siad an tuairim seo in iúl ar an deichiú lá de mhí Aibreáin agus samhlaíodh sa phíosa nár ghlac Conradh na Gaeilge leis an socrú seo agus gur scáthántacht ar thuairimíocht mhuintir na hÉireann a bhí i dtuairimíocht Chonradh na Gaeilge. Murar ghlac Conradh na Gaeilge leis inniu, ní ghlacfadh pobal na tíre leis sa todhchaí, gné den cheangal idir Conradh na Gaeilge agus stair na hÉireann a bhí cruthaithe le fada, dar leo:

Do thug Príomh-Mhínistéir Shasana “Trí tíortha” ar an mBreatain Mhór agus an Saorstát agus na Sé Chontaeithe nuair a bhí sé ag cainnt ag an dinnéir úd a bhí aca thall i Lonndain Lá ‘le Pádraig. Tá an ainm chéadna san ag an “Irish Times”anois. San aiste a bhí aca Deardaoine seo ghaibh tharainn ar caitheamh is fagháil an airgid ag na trí rialtais dubhradar “a trade revival, even to a limited extent, would set the THREE COUNTRIES on their feet”. Ní dhá thír atá i nÉirinn ach aon tír amháin, bíodh gur chuir Rialtas Shasana dhá Stát ar bun san aon tír amháin sin le feall agus le láimh láidir. Ní ghlacfaidh muintir na hÉireann leis an ndeighilt a dhein na Sasanaigh. Níor ghlac Connradh na Gaedhilge leis fós

ar aon chuma, agus an rud a deir Connradh na Gaedhilge indiu, déarfaidh muinntir na hÉireann amaireach é. Is léir sin ó stair na tíre le fiche bliain anuas.

(‘Nótaí’, *CS*, 10.4.1926, Ich. 5)

6.2.2 Cúrsai Eacnamaiochta agus cúrsai Sóisialta:

Ghoill an cogadh cathartha agus mí-eagar na Dála go mór ar chúrsaí eacnamaiochta na hÉireann. Ba mhór an bac í seo ar chúrsaí Chonradh na Gaeilge toisc nár bhí a bheith ag iarraidh an Ghaeilge a athbheou, cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus oideachas Gaelach a chur ar dhaoine muna raibh riachtanais chorpartha na ngnáthdhaoine sásaithe. Níor chuir leithéidí Phádraig Mhic Phiarais agus Eoin Mhic Néill eachtraí na mblianta 1916 go 1923 san áireamh san fhís a bhí acu i gcomhair Éire Ghaelach, shaor. Toisc eachtraí bhlianta tosaigh na fichiú haoise agus go háirithe de thoradh scrios an chogaidh chathartha, bhí a lán constaicí le sárú sula gcuirfí eacnamaiocht na tíre ar a boinn féin arís.³⁴ Níor chabhraigh caighdeán maireachtála mhuintir na hÉireann le ciorcláiocht an *CS* agus mar a pléadh cheana, bhí drochthionchar ag coinníollacha maireachtála na ngnáthdhaoine ar an bpáipéar. B’iad na fadhbanna eacnamaiochta ar tagraíodh dóibh i gcolúin an *CS* ná na srianta tradála a chuir Sasana ar an tír; easpa cumhachta na n-oibrithe; ceannach earraí talmhaiochta (ar nós bagúin, ime srl.) ó thíortha eile; caiteachas ar earraí gallda – plúr, bróga, éadaí, bagún, tobac, troscán, gallúnach agus lasáin; easpa dul chun cinn i dtaobh na mbóithre Iarainn agus an tionchar a bhí aige seo ar chúrsaí taistil agus ar chúrsaí tionsclaiochta; roinnt na talún agus galair na mbeithíoch; an fhadhb a bhain le húsáid airgead Sasanach agus dá bharr an gá a bhain le cruthú airgid

Éireannaigh; difhostaíocht agus drochstaid na hiascaireachta. Pléadh na hábhair seo sna heagarfhocail agus sna colúin “Sgeula na Seachtaine”, “Mionsgeula”, “I mBaile ‘s i gCéin”, agus “Cúrsaí na Seachtaine”.³⁵ Le cur leis na fadhbanna eacnamaíochta seo, samhlaíodh do scríbhneoir ailt sa cholún “I mBaile is i gCéin” ar an deichiú lá de mhí Dheireadh Fómhair 1925 go raibh an iomarca oibrithe in Éirinn ó thíortha eile agus gur fágadh sin nach raibh dóthain pá in aghaidh na huaire d’oibrithe Éireannacha de bhrí gur fostáiodh na hoibrithe eile ar ráta pá a bhí beagainín níos airde ná ráta a dtíortha féin ach a bhí i bhfad níos ísle ná ráta pá na hÉireann.³⁶

Ar ndóigh, i rith na tréimhse seo, rinneadh a lán tagairtí do chúrsaí eacnamaíochta tíortha eile. Ina lán cásanna bhí eacnamaíocht na dtíortha agus cúrsaí teanga fíte fuaite le chéile. Sa ghné seo d’iriseoireacht an pháipéir, is féidir a mhaíomh gur annamh a cailleadh seans chun an meon Gaelach a leathnú amach agus fairsingeacht intinne a chothú i measc líitheoirí Gaeilge. I measc na dtíortha a luadh i gcomhthéacs na heacnamaíochta agus na náisiúntachta ab ea an tSeic, an tSeapáin, an Ghearmáin, an Tuirc, an Danmhairg, an Ungáir, an Rúis, an Ostair, an Iodáil, an Pholainn, an Ind, an Bhóihéim, an Iorua agus an Ucráin.³⁷ Is léir ó cholúin an CS nach drochscéal amach is amach a bhí ann i gcúrsaí eacnamaíochta na hÉireann áfach. De réir na dtuairiscí a rinneadh ar thaispeántais bhliantúil na talmhaíochta, bhí an-iarracht á déanamh chun cúrsaí talmhaíochta a fheabhsú. B’amhlaidh a bhí an scéal i gcás chapaill na tíre nuair a dúradh i mí Lúnasa 1922 go raibh caighdeán na gcapall i seó na gcapall i mBaile Átha Cliath ar na capaill ab fhearr sa tir.³⁸

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ábhar na n-alt agus na n-eagarfhocal, is follus gur cuireadh béis níos mó ar chúrsaí eacnamaíochta na hÉireann i rith na tréimhse seo ná mar a cuireadh orthu i dtréimhse ar bith eile sa *CS*. Tá sé suimiúil a mhéid príomhadt a bpléitear cúrsaí eacnamaíochta iontu agus is scathántacht é seo ar mheon na linne. Gan amhras, bhí a lán tuairiscí ar chúrsaí polaitíochta, go háirithe i rith na mblianta 1922–1923 ach is gné choitianta, rialta í eacnamaíocht na hÉireann sna blianta 1922–1926. Má ghlahtar leis go raibh an *CS* ag freagairt éilimh a phobal léitheoireachta, is cinnte go dtugann sé le fios dúinn gurb iad seo na fadhbanna agus na curáimí a bhí ag cur as do phobal na Gaeilge ag an am. Ní hamháin go ndéantar tuairisceoireacht ar ghnéithe d'eacnamaíocht na hÉireann ach tugtar staitisticí cruinne, cuimsitheacha sna haitl, a léiríonn dúinn gur dhócha gur díríodh an páipéar ar phobal meánaicmeach a raibh suim acu sna fadhbanna seo ach nach raibh tuiscint ná baint díreach acu leo. Mar cháipéis staire sa lá atá inniu ann, tugtar fianaise mhaith dúinn i gcolúin an *CS* den chruatan a bhí á fhulaingt ag gnáthmhuintir na gcathracha agus na tuaithe a bhí ag streachailt leis an tsaol ionas go bhféadfaidís bunriachtanais an tsaoil a chur ar fáil dóibh féin agus dá gclann.

D'ainneoin chruatan an tsaoil agus easpa airgid, léiríonn colúin an *CS* dúinn gur éirigh leis na Gaeil spraoi a bheith acu agus taitneamh a bhaint as pé caitheamh aimsire a bhí ar fáil ag an am. Scríobhadh tuairiscí agus ailt ar eagraíochtaí spóirt ar nós an Chumainn Lúthchleas Gael agus ar imeachtaí cultúrtha ar nós taispeántais ealaíne Jack B. Yeats agus cur chun cinn an chultúir Ghaelaigh ar an

staisiún nua raidió. Nochtadh an taobh dorcha de na caithimh aimsire seo i gcolúin an *CS* chomh maith agus ceanglaíodh na fadhbanna eacnamaíochta le fadhbanna sóisialta na linne, fadhbanna ar nós easpa tithíochta, ólacháin, imirce, colscartha, agus ganntanas bia.³⁹

Ceann de na caithimh aimsire a bhí go mór chun tosaigh ag túis na fichiú haoise ab ea an rince ach níor aontaigh gach éinne gur chaitheamh aimsire fiúntach a bhí ann. Labhair Cléir na hÉireann amach go láidir ina choinne agus níl aon amhras tar éis ailt ar an ábhar seo sa *CS* a léamh gur ar thaobh na Cléire Caitlicí a bhí Conradh na Gaeilge sa chás seo.⁴⁰ Seo mar a tuairiscíodh sa *CS* ar sheasamh na n-Easpag ar rince gallda ag Comhdháil na n-Easpag i 1925:

Ní nuaidheacht, is oth linn a rádh cailíní a bheith náirighthe go bráth dá gcionn is go mbíonn orra dídeán a sholáthar i bhfoirgní i gcathracha dá mbarr. Le blianta gearra anuas is mór a chuir na halláin isteach ar shúbhailce maighdean. Mheall na halláin cailíní caidé neimhchionntacha chun peaca, náire agus sganail, is chuireadar ar bhóthar a n-aimhleasa iad. Má atá cúpla duine óg aerach i n-áit agus tuismightheoírí failligheacha tiocfa giolla an áibheirseora in a measg agus déanfaidh an dochar ag rinnce nach bhfuil smácht ná ceannas ag baint leo. Millfe a leithéidí taobh tíre má leigtear leo, agus ní mór cosg a chur leo sul a gcreachtar an tír uile. Atá siamsa dlisteanach, cé go bhfuil cuid d'ár ndaoine ró—thugtha do iomarca de. Ní hé an siamsa a dhaorfas sinn ach na hócáideacha contabhairteacha a ghoinfeas peacadh. [...] Baol an ólacháin, áitiucháin na halláin, droch-dhamhsaí gallda, imeacht ó na halláin ar feadh tamaill agus na cúil-bhealaigh abhaile—sin iad a mhillead súbhailce i ngach áit in Éirinn.
(‘I mBaile is i gCéin’, *CS*, 17.10.1925, Ich. 1).

Ar an ionlán, is ar thaobh na hEaglaise Caitlicí a bhí na haitlach nuair a pléadh cás an rince Ghaelaigh i gcomparáid leis an rince ghallda i ‘Nótaí’ ar an seachtú lá is fiche de mhí Feabhra 1926, fuarthas an chéad rian de chonspóid ar an ábhar. Pléadh cásanna nár lig na sagaírt do na daoine óga rince Gaelach faoi chúram

Chonradh na Gaeilge a chleachtadh. Mothaítear díomá sa phíosa i leith sheasamh na sagart ach deirtear gur dhóiche gur mhíthuiscint thar aon rud eile a bhí ann.⁴¹

Gné shuimiúil de na hailt seo is ea a dhéine is atá na scríbhneoirí ar mhná na hÉireann i gcomhthéacs an chathaithe a chothaigh na rincí seo. Bhí tuairimíocht an phobail ag leathnú agus ag forbairt ach bhí bealach fada rompu go fóill i gcás cearta agus stádas mhná na hÉireann.

Diaidh ar ndiaidh, bhí Éire ag teacht chuici féin arís agus ag cruthú thír Gaelaí a raibh sé de cheart ag Gaeilgeoirí agus muintir na hÉireann uile a dtuairimí a nochtadh agus a nguthanna a ardú. I rith na tréimhse forásáí, bisiúla seo feictear an fás agus an fhorbairt seo i munlú aigne nua-aimseartha na hÉireann, i gcolúin an *CS*.

6.3 Oideachas

Le bunú an Stáit nua, bhí forbairt an oideachais Ghaelaigh ar cheann de phríomhchuspóirí Chonradh na Gaeilge. Ní hamháin go raibh athruithe le cur i gcríoch ó thaobh chlár an oideachais ach fostá, bhí gá le hathrú mór ar dhearcadh ghnáthmhuintir na thír ar chleachtaí agus nósanna a bhain le freastal an oideachais. Ní fiú córas oideachais Gaelach a bhunú gan daltaí le freastal ar na scoileanna. B'í an chéad fhadhb a bhí le réiteach ná tinreamh na scoláirí. Bhí reachtaíocht riachtanach ionas go gcinnteofaí go bhfreastalódh na páistí ar an oideachas a chuirfí ar fáil dóibh. Pléadh fadhb an tinrimh sa *CS* ar an ochtú lá déag de mhí na Samhna 1922 agus cuireadh ráta tinrimh na Seapáine agus na Gearmáine i gcomparáid le ráta na hÉireann. Dúradh nach raibh ach thart fá

caoga fán gcéad d'aos óg na tíre ar scoil ó cheann ceann na bliana agus go raibh sé thar am beart deimhnitheach a dhéanamh faoi. Ní dearadh an beart sin go dtí 1926 nuair a cuireadh Bille i gcomhair thinreamh na scoileanna i bhfeidhm. Ó am go chéile i rith na mblianta 1922–1926, pléadh an fhadhb seo sa **CS**. Is léargas maith iad na sleachta ar nósanna maireachtála na ndaoine ag an am, go háirithe na nósanna tuaithe. Léirítear sna sleachta gurb í an príomhfhadhb a bhain le tinreamh éigeantach ná go mbeadh sé dian ar pháistí a bhí ag cabhrú ar an bhfeirm nó ag déanamh obair eile sa bhaile de bhrí nach bhféadfaidís é a dhéanamh a thuilleadh. Dúradh i mí Bhealtaine 1926 gur phléigh an Seanadóir Tomás Ó Luineacháin cás na bpáistí úd sa Seanad ach nach bhfuair sé tacáiocht dá argóint. Ba mhionfhadhb í agus bheifeá ag súil go mbeadh pobal na hÉireann níos fabhraí do reachtaíocht mar seo tar éis na mblianta fada a bhí caite i mbun córas oideachais ghallda ach léiríonn an dearcadh a léiríodh i gcolúin an pháipéir gur threise an dúchas ná an oiliúint gan amhras.⁴²

B'í an phríomhfhorbairt a tháinig chun cinn i rith na tréimhse seo ná na hathruithe a rinneadh ar Chlár na mBunscoileanna i mí Aibreáin 1922.⁴³ Fionán Ó Loingsigh a bhí mar Aire Oideachais ag an am seo. Nuair a bhunaigh an Chéad Dáil Aireacht na Gaeilge i 1919, ghlac siad le Clár Oideachais na mBunscoileanna a bhí leagtha amach ag Conradh na Gaeilge. Proinsias Ó Fathaigh T.D., bainisteoir an **CS** i rith na tréimhse seo, a bhí mar phríomhchuntóir san Aireacht. Socraíodh i 1922 go mbunófaí Comhdháil chun an Clár a chur in oiriúint d'oidí na hÉireann agus chaith siad breis is bliain ag obair ar an gClár nua. Tosaíodh ar an obair ag túis mí Eanair 1921 agus níor

críochnaíodh í go deireadh mí Eanair 1922. Bhí sé ar intinn ag comhaltaí na Comhdhála go gcuirfí an Clár nua i bhfeidhm i mí Aibreáin 1922. Cé gur socrú réabhlóideach, forásach i dtaobh theagasc na Gaeilge a bhí ann - go mbeadh sé éigeantach an Ghaeilge a mhúineadh i ngach scoil as seo amach – bhí coinníollacha an Chláir nua seo i bhfad níos leithne ná an chéad dréacht a chuir Conradh na Gaeilge os comhair na Dála agus sul i bhfad ba léir go raibh a lán constaicí le sarú sula gcuirfí an Clár ar siúl sna scoileanna. Thacaigh oidí na hÉireann go mór le bunú an Chláir nua agus d'oibrigh siad go dian, dícheallach chun an clár a chur chun cinn. Bhí dul chun cinn an phlean seo ag brath go mór ar dhea – thoil na múinteoirí mar chuir sé ualach mór obair bħreise agus dualgaisí ar churaclam a raibh forualach air cheana. Gan dabht, chuir an Rialtas (i gcomhair le Conradh na Gaeilge) na háiseanna ar fáil chun an pleán nua a fhorbairt ach bheadh ar oidí a bhí ag mhúineadh cheana féin a lán obair bħreise a dhéanamh agus a lán ama breise a chaitheamh ag traenáil agus ag foghlaim modhanna müinte nua chun an Ghaeilge a mhúineadh. Cuireadh iachall ar a bhformhór (ach amháin na müinteoirí a bhí os cionn sé bliana is daichead), cúrsaí breise Gaeilge a dhéanamh i rith an tSamhraidh agus rinneadh athrú mór ar chúrsaí traenála na gcoláistí oideachais. Coinníodh pobal léitheoireachta na Gaeilge suas chun dáta leis na hathruithe agus na forbairtí nua seo sa *CS* agus tá sonraí an chórais nua pléite go soiléir agus go cruinn sna haitl agus sna heagarfhocail ann. B'iad na heilimintí den oideachas Gaelach ar tagraíodh dóibh i gcolúin an *CS* ná tuarastal na n-oidí; cúrsaí Samhraidh Gaeilge na n-oidí; rialacha an Bhoird Náisiúnta ar chur i bhfeidhm an Chláir féin; na coimisinéirí

nua; gearradh siar ar thuarastal na n-oidí i mí na Samhna 1923; cúrsaí traenála ábhar múinteoirí; an seasamh a ghlac múinteoirí Loch Garman i gcoinne na Gaeilge agus éirí as Eoin Mhic Néill mar Aire Oideachais.⁴⁴ Tuigtear ó cholúin an *CS* gur glacadh leis an gclár nua go toilteanach agus gur tugadh an-tacaíocht dó. Ní hamháin go raibh oidí na hÉireann toilteanach an díograis bhereise a chaitheamh le cruthú an oideachais Ghaelaigh ach chomh maith leis sin, nuair a tosaíodh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár i 1925, chuir buíonta de thuismitheoirí in iúl gurb é a mian go bhfaigheadh a bpáistí oideachas trí Ghaeilge. I gcás na dtuismitheoirí, áfach, tugtar faoi deara ó cholúin an *CS* gur thuismitheoirí Bhaile Átha Cliath amháin a chuir méid a dtacaíochta d'oideachas trí Ghaeilge in iúl:

Atá fá thuismightheoirí Átha Cliath cruinniú a bheith aca an Chéadaoin seo chugainn le ciallú d'Aireacht an Oideachais **gur** mithid oideachas thré **Ghaedhilg a thabhairt dá gcloinn.** Cuirfid ráiteas chuig an Aireacht dhá dheimhniú sin. [...] Bíodh tuismightheoirí na Gaillimhe, Corcaigh, Phort Láirge agus gach áit eile cho luath le tuismigh Átha Cliath leis an éileamh céanna. Níl ach coicís eile le sin a dhéanamh. Féachtar chuige gan mhoill gur clár Gaedhealach náisiúnta i gcóir oideachais na tíre a bhéas de bharr saothair na Codhála.
(‘Cairde agus Naimhde’, Eagarfhocal, *CS*, 4.7.1925, lch. 4).

Is dócha gur cheann de na botúin ba mhó a rinneadh i gcur i bhfeidhm an chláir nua i gcomhthéacs na dtuismitheoirí an claonadh seo. Mar a dúirt an tOllamh Brian Ó Cuív ina alt ‘Irish in the Modern World’, go ndearnadh iarracht an iomarca a dhéanamh ró-luath agus nach amháin go ndearnadh iarracht an Ghaeilge a bhunú mar chéad teanga na tíre i gcúrsaí oideachais ach go háirithe, ach fosta gur iarradh Béarla a għlanadh amach go hiomlán a luaithe agus ab

fhéidir. I gcás na dtuismitheoirí a thuig go raibh an Béarla riachtanach dá bpáistí agus a raibh an ceacht sin curtha ina luí orthu tar éis na mblianta a chaith siad faoi rialú Shasana, bheadh sé níos fabhraí agus níos ciallmhaire glacadh le moltaí an Phiarsaigh agus an Athar Peadar Uí Laoghaire i mblianta tosaigh an chéid chun scéim an dátheangachais a chur i bhfeidhm ar dtús.⁴⁵

Níl aon amhras ach go bhfuair Clár 1922 an tacaíocht a bhí tuillte aige ó dhreamanna áirithe na sochaí agus murach an dúthracht a chaith múinteoirí na tíre agus an dea-thoil a léirigh siad, ní fios cén sórt cláir Gaeilge a bheadh sna scoileanna inniu.⁴⁶ Ach fós bhí feidhm mhór agus ról mór ag tuismitheoirí na tíre i gcur chun cinn oideachas na tíre agus mar a pléadh cheana, má bhí fadhbanna acu le freastal ar na scoileanna, is cinnte go mbeadh fadhb acu ligint dá bpáistí am a chaitheamh ar fhoghlaím teanga a bhí caite ar leataobh acu le fada. Bhí cath mór os comhair an Rialtais ach nuair a fheictear toradh na hoibre, céad bliain ar aghaidh beagnach, agus oideachas lán ghaelach níos láidre fós sa lá atá inniu ann le forbairt Gaelscoileanna agus polasaithe agus feachtais nua Rialtas chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge, ní féidir a shéanadh ach go raibh siad ag dul sa treo ceart, cé gurbh fhéidir a rá go raibh cúpla casadh ar an mbealach.⁴⁷

Nuair a socraíodh go gcuirfí Comhdháil eile ar siúl chun Clár na mBunscoileanna a mheas i 1925, ba léir go raibh roinnt oidí nach raibh sásta leis an gcóras nua.

De réir na fianaise a nochtar in eagarrhocail an CS b'í an fhadhb bhunúsach a bhí acu ná go raibh ualach na n-ábhar ró-throm agus go raibh siad faoi bhrú ag iarraidh na gnéithe nua a chomhlíonadh. Fosta bhí daoine áirithe ag clamhsán nár

chóir go mbeadh ar mhúinteoirí an Ghaeilge a mhúineadh mar ábhar éigeantach, nach teanga bheo a bhí inti agus dá bharr gur chóir rogha a bheith ann. Thacaigh an *Irish Times* go mór leis an tuairimíocht seo agus pléadh díospóireacht mhór ar an ábhar seo i bpriomhailt an *CS* ón gceathrú lá de mhí Iúil 1925 go túis na bliana 1926.⁴⁸ Foilsíodh sleachta ó litreacha san *Irish Times* a léirigh gurb é claonadh scríbhneoirí an nuachtáin sin ná gur chóir gearradh siar ar mhúineadh na Gaeilge. Bhí sé ró—mhall áfach lena leithéid de thuairimíocht i dtír a raibh formhór na n-oidí ag tacú go huile is go hiomlán le córas árbh é cur chun cinn na Gaeilge a bhunús. Chuaigh torthaí na Comhdhála chun leas na Gaeilge. Tugadh rogha de chúrsa Gaeilge d'oidí na hÉireann agus moladh go dtosófaí ar mhúineadh na Gaeilge sna naónáin. Tar éis na díospóireachta go léir, foilsíodh príomhailt an-dearfach i leith na Comhdhála sa *CS*:

Do thuit an lug ar an lag ag naimhde na Gaedhilge nuair a fuaradar tuarasgabháil na Comhdhála úd a toghadh chun clár na mbunsgoileanna do sgrúdú. Ó'n lá a ceapadh an Chomhdháil níor staon naimhde ár náisiúntachta de'n ghearán i dtaobh foghlum teanga an náisiúin bheith riachtanach ar na leanbáí i sgoileanna náisiúnta na tíre. Ní dócha go raibh aon choinne ach go mbeadh daoine ó choláiste na Tríonóide agus daoine eile chomh láidir ar thaobh na Gaedhilge agus a bhí Comhdháil na céad Dála – an Chomhdháil a cheap an Clár a bhí i gceist le bliain nó dhó. Níor ghéill duine de'n Chomhdháil nua do'n bhagairt go léir. B'í an Ghaedhilg cloch–bhuinn an tsean–chláir agus is í cloch–bhuinn an chláir nua leis.

(‘Buille do’n namhaid’, Eagarfhocal, *CS*, 10.4.1926, Ich. 4).

Ba í seo an díospóireacht ba thábhachtaí agus ba leanúnaí i gcolúin an *CS* sna blianta 1922–1926. Cé go ndearnadh corrthagairt do mheánoideachas agus ollscolaíocht na hÉireann i rith na tréimhse seo,⁴⁹ is léir ó cholúin an pháipéir

gurb é príomhchúram agus príomhghnó an pháipéir ag an am seo ná poiblíocht agus fógraíocht a thabhairt don bhunoideachas agus dá bharr scríobhadh i bhfad níos mó príomhadtar ar an ábhar seo i rith na tréimhse seo ná mar a scríobhadh air le tamall fada roimhe seo. Thar aon rud eile i rith na tréimhse is léir ó cholúin an *CS* an t-ardmheas a bhí ar oidí na hÉireann ar gach leibhéal agus cé nach raibh a gcoinníollacha oibre ar na coinníollacha ab fhearr sa tír i gcomhthéacs phostanna gairmiúla na tréimhse, tugadh an – aitheantas agus buíochas dóibh sa pháipéar as an obair bhrefise agus as an obair dheonach a bhí á déanamh acu ag an am seo agus roimhe seo chun seasamh na Gaeilge a ardú sa chóras Oideachais.

6.4 Cúrsaí Teanga

Ré nua i bhforbairt na Gaeilge ab ea na blianta 1922–1926. Bhí ról na Gaeilge ag athrú agus de bhrí go raibh mórtas cine mhuintir na hÉireann ag teacht chun cinn le forbairt an náisiúin Éireannaigh, ba bhuneilimint chur chun cinn an chultúir Ghaelaigh úsáid fhorleathan na Gaeilge i ngató na hÉireann. Tuairimítear i gcolúin an *CS* go raibh todhchaí chultúrtha na hÉireann ag brath ar a fheabhas is a d'éireodh le pobal na hÉireann an teanga a chur in oiriúint don ré nua a bhí ag teacht, ré nua ilgħnéitheach na hÉireann :⁵⁰

An Ghaeilge agus meon na ndaoine, sin a bhfuil fágtha againn anois de'n tsibhialtacht sin. An fhaid a mhairfidh an Ghaeilge beidh sé ar ár gcumas an tsibhialtacht a thabhairt thar n-ais go hiomlán luath nó mall. Má imthigheann an Ghaedhlíg, sin deireadh le sibhialtacht na nGaedheal. Cibé rud eile a bhéas againn annsain, ní hí Éire na nGaedheal a bhéas againn acht Éire na nGall – is cuma cé'n saghas rialtais a bhéas againn. ('I mBaile is i gCéin', *CS*, 11.4.1925, Ich. 1).

Ba bhunchloch thortháí obair ré na hAthbheochana, an Ghaeilge a chur in úsáid in obair oifigiúil an Stáit. Cáineadh úsáid an Bhéarla i ngnó na Dála go mór i gcolúin an *CS* ach tuigtear sa pháipéar nach rabhthas ag súil go labhrófaí an Ghaeilge amháin sa Dáil ach go ndéanfaí cinnte de gurb í an Ghaeilge príomhtheanga ghnó oifigiúil na tére. Nuair a tosaíodh ar cháipéisí Rialtais, ar thuairiscí an Oireachtas agus ar an mBunreacht a fhoilsíú i mBéarla, baineadh úsáid as colúin an pháipéir chun léasadh teanga a thabhairt do sheanadóirí áirithe na tére, W. B. Yeats ina measc.⁵¹ Cáineadh Yeats toisc gur mhol sé gan aon phaidir a rá ag túis chruinnithe an tSeanaid agus dúradh nach mbeadh éinne ag súil lena mhalairt uaidh mar b' “iontuigthe ó'n a chuid filíochta gur mó a chlaoidheas sé le páigtacht ná le críostaidheacht”(!) ('Caingean Ghalla', Eagarfhocal, *CS*, 22.12.1923, Ich. 2). Níor tugadh aitheantas do Yeats don chuid is mó de thréimhse fhoilsitheoirreachta an *CS* agus b'amhlaidh a bhí an scéal i rith na tréimhse seo. Cáineadh arís é i mí na Nollag 1925 toisc léacht a thug sé ag 'The Irish Literary Society' inar cheistigh sé fiúntas na Gaeilge agus inar mhaslaigh sé eagraíocht a bhí ag obair ar son na Gaeilge i mBaile Átha Cliath nuair a dúirt sé nár thug sé aon aird ar litir a tháinig ón eagraíocht siocair í bheith scríofa i nGaeilge.⁵²

Bhíothas ag súil le an-dul chun cinn i gcúrsaí Gaeilge ag túis na tréimhse seo ach de réir na fianaise a thugtar i gcolúin an *CS*, ba léir nár réitíodh mórán fadhbanna ó thaobh cúrsaí teanga de, le bunú an Rialtais nua. Ag deireadh na tréimhse feictear nár tháinig athrú ró-mhór ar an scéal. Seachas na forbairtí a rinneadh i

gcúrsaí oideachais b'ionann na deacrachtaí a bhí le sarú i 1926 agus na cinn a bhí ann i 1922. Mura n-athrófaí meon ghnáthmhuintir na hÉireann, níorbh fhiú a bheith ag caint ar an nGaeilge mar theanga oifigiúil na tíre. Mar a deir Maoimhaodhóig Ó Ruairc ina pháipéar *An bhfuil éalang ar an nGaeilge?*, scathán atá sa teanga do chumadh na smaointe agus go n-úsáidtear an teanga chun na smaointe a chur in iúl.⁵³ B'éigean do na daoine féin an dearcadh a bhí acu i leith luach na Gaeilge mar theanga náisiúnta na hÉireann a athrú sula ndéanfaí dul chun cinn fiúntach agus ar ndóigh, ní athrófaí intinn oibrithe, tuismitheoirí agus mhuintir na Gaeltachta go dtí go dtaispeáintai dóibh i dtéarmaí réadúla, praiticiúla gurbh fhiú dóibh muinín a bheith acu as an nGaeilge mar bhealach ar aghaidh d'Éire mar náisiún. Ní dhéanfadh an Ghaeilge náisiún den náisiún, mar a deir Ó Ruairc (2001). I ndairíre, mar a nochtar in ailt agus in eagairfhocal an pháipéir, is in olcas a bhí an scéal ag dul ó thaobh cúrsaí dlí, postanna státseirbhise sa Ghaeltacht agus sa tír i gcoitinne, in Oifig an Phoist, san Eaglais in áiteanna áirithe ach amháin Tír Chonaill, áit a raibh an tEaspag Ó Domhnaill ag déanamh sárobair chun an Ghaeilge a choinneáil beo mar uirlis chumarsáide i measc an phobail agus sna nuachtáin.⁵⁴ Pléadh cásanna náisiún eile ar fud na cruinne mar shamplaí de thíortha a raibh an teanga náisiúnta mar bhunchloch na náisiúntachta acu. Sa cholún ‘I mBaile is i gCéin’ scríobh L.P.Ó R. sraith d'aitl ar theangacha eile idir an dara lá déag de Mheán Fómhair 1925 agus agus deireadh mhí na Samhna 1925. Chuir sé síos ar na cosúlachtaí idir na thíortha seo agus cás a dteanga i gcomhthéacs náisiúntacht na tíre, agus Éirinn. Tíortha a raibh réabhlóidí teanga agus tíre ar siúl iontu a bhí iontu ach cé go raibh

cosúlachtaí idir na tíortha seo agus bunú náisiún na hÉireann, ní raibh teanga na dtíortha úd ar chomhchéim na Gaeilge nuair a tosaíodh ar obair na hathbheochana.⁵⁵ Moladh sna haitl gurbh éigean do phobal Gaeilge na hÉireann a bheith dána, oscailte faoi chur in úsáid na Gaeilge i ngach gné de ghnó poiblí na tíre agus gan géilleadh do na constaicí a bhí os a gcomhair. Ach, is léir anois, breis is céad bliain ar aghaidh agus forbairt na Gaeilge céim i bhfad chun tosaigh agus a lán ceachtanna ina taobh foghlamtha ar an tslí, nár bh ionann cás na dtíortha agus cás na hÉireann. Bhí i bhfad níos mó i gceist ná cúrsaí cultúrtha amháin. D'ainneoin toil oibritheoirí na hAthbheochana, bhí scileanna agus áiseanna ar leith riachtanach chun an Ghaeilge a chur ar a boinn féin arís. Bhí gá le hathrú meoin thar aon rud eile – gné d'fhorbairt teanga atá ag brath ar fhorbairt an duine maraon le forbairt náisiúin. Dá n-éireodh le muintir na hÉireann ‘éirighe amach na hinntleachta’ a mhúscailt ionas go bhforbrófaí ‘saoirse intinne’ bheadh ‘na Gaedhil saor ó smacht agus ó sclábhuidheacht an Ghalldachais.’(‘Súil in airde’, CS, 26.5.1923, Ich. 1). Fós, sa lá atá inniu ann, in ainneoin an tseasaimh oifigiúil atá aici i mBunreacht na hÉireann, agus an tseasaimh atá aici i gcóras oideachais na hÉireann le breis is ochtó bliain anuas, tá stádas na Gaeilge á mheas ach is cinnte gur theanga neamhfhorleathan anois í d'ainneoin obair dhíograiseach na hAthbheochana ag túis na haoise seo caite.⁵⁶ B' é an dearcadh a bhí ag pobal na hÉireann ná gurb é an Béarla teanga na todhchaí agus sa tslí sin, gurbh é sin an eochair a bhí acu chun saoirse phearsanta agus aidhmeanna eacnamaíochta a bhaint amach. Ag an am seo, ba láidre an tuairimíocht seo i measc mhuintir réigiúin na hÉireann ar úsáideadh an Ghaeilge mar

ghnáththeanga chumarsáide laethiúl iontu ná in áit ar bith eile sa tír. B'éard a bhí sa Ghaeilge ná bac le cur i bhfeidhm na n-aidhmeanna pearsanta sin. Níor bhí ionann cás na Gaeilge agus cás na dteangacha eile. Mar a deir Helen Ó Murchú :

Níl staid ná stádas aon teanga san Eoraip chomh casta débhríoch le staid na Gaeilge, ar bhonn náisiúnta ná idirmáisiúnta. In Éirinn, is teanga mhionlaigh í ó thaobh limistéire, limistéir na Gaeltachta, ach ní teanga mhionlaigh ná teanga réigiúnach í, go stairiúil ná anois féin ós rud é go bhfuil gníomh polaitiúil agus pobail ann maidir lena forbairt agus lena buanú ar fud an oileáin. Tá stádas agus aitheantas aici mar theanga náisiúnta agus oifigiúil. San Eoraip, rinneadh eisceacht di agus tugadh stádas di laistíos de na teangacha ar an liosta oifigiúil ach lastuas de na teangacha eile a áirítear i mbéarlagar na hEorpa mar theangacha mionlaigh ná réigiúnacha. Ar thairsigh na beogachta atá sí, dar le taighdeoirí Euromosaic 1996, staid ar féidir athrú chun feabhas. Níl dul as, dá réir, ach gur teanga neamhfhorleathan í an Ghaeilge, cáilíocht bhereá chuntasach ach neodrach.

(Ó Murchú, 2001, 221)

Tugadh seasamh ar leith do mhuintir na Gaeltachta sa CS agus deimhníodh i gcónaí gurb í an Ghaeilge bheo, labhartha fréamh athbheochan na Gaeilge. Tar éis an chéad chruinniú de Choimisiún na Gaeltachta ar an gcúigiú lá de mhí an Mhárta 1925, tuairiscíodh sa CS gur léadh litir a scríobh Liam T. Mac Cosgair a chuir bunriachtanais mhuintir na Gaeltachta os comhair an Choimisiúin agus a mhínigh go raibh fás nadúrtha na Gaeilge ag brath ar leanúnachas na Gaeilge mar theanga theaghlaigh ó ghlúin go glúin. D'admhaigh sé sa litir go raibh dlúthbhaint ag ceist na Gaeilge le ceist eacnamaíochta na hÉireann. Muna réiteofaí na fadhbanna eacnamaíochta sna ceantair Ghaeltachta, ní dócha go mairfeadh an Ghaeilge mar ghnáththeanga chumarsáide.⁵⁷ Mar a pléadh cheana, ní raibh

coinníollacha eacnamaíochta fabhrach in áit ar bith in Éirinn i rith na tréimhse seo ach de bharr blianta crua a ndearnadh dearmad ionlán de chósta an Iarthair, is cinnte gur shoiléire ná riamh, fulaingt, cruatan agus streachailt na gcontaethe seo. Ach ar deireadh, bhí aitheantas á thabhairt do chósta an Iarthair toisc gur anseo a bhí an ‘tseoid is luachmhaire’ (‘An Ghaedhealtacht’, Eagarfhocal, *CS*, 15.9.1923, lch. 2) ó thaobh athbheochan an náisiúin mar a thuig formhór na chéad Dála oifigiúla é. Tugann na sleachta seo léargas dúinn ar mheon difriúil mhuintir na Gaeltachta ag am a raibh Rialtas na hÉireann ag iaraidh coincheap an náisiúin a forbairt agus a chur chun cinn. Léiríonn siad an difríocht idir dearcadh phobal na gcathracha agus dearcadh phobal an Iarthair nuair a bhí muintir na Gaeltachta, pobal chaomhnú na Gaeilge, fós ag streachailt leis an tsaoil agus gurb iad coinníollacha eacnamaíochta a bpríomhchúráim.

Níorbh í muintir na Gaeltachta an t-aon dream amháin a bhí ag streachailt i rith na tréimhse seo ach an oiread. Bhí drochbhail ar an gConradh féin agus tháinig an ghéarchéim chun cinn ag túis mhí na Nollag 1924. Cuireadh Comhdháil speisialta ar siúl chun todhchaí Chonradh na Gaeilge a phlé ach dúradh sna heagarfhocail gur éirigh le conraitheoirí uile an t-aighneas a chur ar leataobh ar mhaithe le cur chun cinn na teanga agus socraíodh go ndéanfaidís a ndícheall chun cás na Gaeilge a fheabhsú i gcúrsaí poiblí na tíre.⁵⁸

I rith an ama seo, bhí Gaeilgeoirí eile ag plé le mórcheisteanna na Gaeilge féin – seasamh na gcanúintí sa Ghaeilge scríofa, chaighdeánach agus litriú na Gaeilge. Bhí iarracht á déanamh an Ghaeilge a chaighdeanú ach ní raibh muintir na Gaeltachta agus Gaeilgeoirí uile na hÉireann ar aon tuairim faoin dóigh ab fhéarr

le dul i ngleic le cruthú an chaighdeáin oifigiúil.⁵⁹ Mheas scríbhneoirí áirithe gur easpa téarmaíochta a ba chúis leis an gcosc ar fhás na Gaeilge ach ba í bunchloch na hargóna ná úsáid na gcanúintí. Ar an triú lá is fiche de mhí na Nollag 1922, mhol ‘Fítheal’ go gcruthófaí teanga chaighdeánach i gcomhair scríbhneoireacht na Gaeilge agus go múinfí an Ghaeilge sin sna scoileanna. Cuireadh túis le díospóireacht ar an ngné seo d’fhorbairt chaighdeán na Gaeilge faoin teideal ‘Teanga Náisiúnta’. D’fhreagair ‘Fiachra Éilgeach’ é ar an séú lá de mhí Eanair 1923 a rá gur chóir dearmad ionlán a dhéanamh den ‘chúigeachas’ agus gan argóint a tharraing Pádraig Ó Máille anuas ocht mbliana roimhe sin a athbheou. Dúirt Liam Ó Briain san eagrán céanna go raibh litriú na Gaeilge ‘ina phraiseach’ agus sula ndéanfaí dul chun cinn ar bith go mba ghá an litriú a chaighdeánú ar dtús. B’é moladh Sheoirse Mhic Clúin an tseachtain dár gcionn ná go scriobhfaí foclóir cuimsitheach chun an fhadhb a réiteach. Lean an díospóireacht ar aghaidh agus chuir daoine ar nós ‘Cú Uladh’, Phádraig Uí Chadhla, ‘Tír an Air’, Thomáis Mhic Neacail, ‘An Buachaillín Buidhe’ a dtuairimí in iúl – a bhformhór a rá go raibh fiorghá le simpliú a dhéanamh ar an nGaeilge. D’éisigh an díospóireacht arís ag deireadh mhí na Nollag 1924 le alt ar ‘Standard na Gaedhilge’ le ‘Mac Dara’ agus i mí Feabhra 1925 rinne ‘Máire’ plé suimiúil ar luach na gcanúintí. Scríobhadh ‘Máire’ ailtanois is arís as sin go deireadh na tréimhse seo ar an ábhar seo, é i gcónaí ag iarraidh cás na gcainteoirí dúchais a chur chun cinn.

Ní haon ionadh gur baineadh úsáid as colúin an *CS* – páipéar oifigiúil ghluaiseacht na Gaeilge chun tuairimí na hargóna seo a nochtadh. Is léir ón

bpáipéar an glandeighilt ó thaobh tuairimíochta de a bhí idir cainteoirí líofa a d'fhoghlaím a gcuid Gaeilge agus cainteoirí ar tógadh le Gaeilge sa Ghaeltacht iad. Ba í an Ghaeltacht an tseoid a ba luachmhaire i gcur chun cinn na Gaeilge ach an raibh an Ghaeilge a bhí á labhairt inti maith go leor chun caighdeán a dhéanamh di? Mar a deir R. A. Breathnach ina alt *Irish Revival Considered*, conas gur féidir le muintir na Gaeltachta meas a bheith acu ar a dteanga dhúchais agus í a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin muna raibh a dteanga labhartha ‘caighdeánach’ go leor le scríobh, le foghlaim nó le léamh?⁶⁰

Tugadh ardán do Ghaeilgeoirí na tíre a nguthanna a ardú agus a dtuairimí a nochtadh sa CS. I rith na tréimhse seo tugadh cothrom na féinne don dá thaobh ach is léir ó na hargóintí éagsúla i gceistéanna teanga go raibh an- éagsúlacht ag baint leis na tuairimí uilig agus go mbeadh a lán plé riachtanach sula réiteofaí iad. Mhothaigh muintir na Gaeltachta go ndearnadh faillí i ngnó na gceantar sin leis na cianta agusanois nuair a bhí seans acu ar deireadh a gcás a phlé, ní ligfidís do mhuintir na gcathracha iad a rialú san aon ghné amháin de bhunú an náisiúin a raibh an lámh in uachtar acu ar an gcuid eile den tír. Don chéad uair i stair na nGaeltachtaí, bhí stádas ag an nGaeilge agus b'í an stádas sin a d'osclódh doirse na saoirse eacnamaíochta agus na saoirse intinne do mhuintir na Gaeltachta.⁶¹

6.5 Litríocht

Cé go ndearnadh iarracht litríocht na Gaeilge a chur chun cinn ag an am seo, cuireadh béis ar ábhar léitheoireachta Gaeilge a sholáthar do scoileanna na tíre

thar aon rud eile. Ba ghné rialta den *CS* an díospóireacht ar luach an aistriúcháin i rith na mblianta inar cuireadh i gcló é agus scríobhadh roinnt alt ar an ábhar ó 1922 – 1926. Nuair a phléigh ‘Cumann na Sgríbhneoirí’, ceist an aistriúcháin i mí an Mhárta 1922 chuir siad in iúl go raibh siad i gcoinne an aistriúcháin go bunúsach ach ar an taobh eile gur bealach foghlamtha a bheadh ann do scríbhneoirí nach raibh mórán taithí acu ar a gceird. I 1923, cháin Aodh de Blacam an t-aistriúchán a rinne an tAthair Peadar Ó Laoghaire ar *The Pilgrim’s Progress* le Don Quixote agus dúirt sé nach amháin gur chaill an tAthair Peadar brí iomlán an úrscéil ach go raibh an leabhar ‘millte’ aige san aistriúchán.⁶² Ní raibh sna haitl seo ach an túis, bhí éagsúlacht na tuairimíochta i leith an ábhair mar dhealg i gcur chun cinn na litríochta Gaeilge agus mar ábhar céasta do scríbhneoirí árbh fhearr leo a gcuid ama a chaitheamh i mbun obair chruthaitheach ach arís cúrsaí eacnamaíochta a rialaigh a nósanna agus a gcleachtaí scríbhneireachta.⁶³ I dtreo dheireadh na tréimhse seo (1926) a bunaíodh scéim an Rialtais ‘An Gúm’, chun téacsleabhair agus ábhar léitheoireachta a fhoilsiú chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus b’í príomhobair na scéime ná aistriúcháin a dhéanamh ar théacsanna ó thíortha eile.⁶⁴

Le staid eacnamaíochta na tíre, ba dheacair do scríbhneoirí Gaeilge a bheith ag iarraidh litríocht fhiúntach, luachmhar a chur ar fáil agus chuaigh cuid mhaith scríbhneoirí cáiliúla i mbun obair an aistriúcháin. Díospóireacht a bhí inti a leanfadh ar aghaidh i gcolúin an *CS* tar éis na tréimhse seo ach tuigtear ón bpáipéar gurb é an bealach ab fhearr a bhí ag scríbhneoirí Gaeilge chun dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí litríochta ag an am sin ach nár bhí ionann sin agus a rá

gur bhain siad taitneamh as an obair ná gur fhéach siad air mar réiteach

fadtéarmach.

Bhí titim mhór fosta ar fhás na filíochta Gaeilge, gné den litríocht a pléadhanois

is arís i rith na mblianta 1922 –1926.⁶⁵ Ach ar an ionlán is léir ó cholúin an

pháipéir go raibh aird na scríbhneoirí Gaeilge dírithe ar chúrsaí drámaíochta thar

aon ghné eile den litríocht sna blianta seo. Ba ghné rialta den pháipéar na

léirmheasanna ar dhrámaí a léiríodh ag ‘Na hAisteoírí’ agus tuairisciódh go rialta

ar dhul chun cinn an ‘Comhar Dramaíochta’. Tuigtear ó cholúin an *CS* gur éirigh

go maith le drámaíocht na Gaeilge ag an am seo ach nuair a chuirtear easpa fáis

na litríochta i ngnéithe eile de litríocht na Gaeilge san áireamh, samhlaítear gur

bhearna a bhí ann. Bhí formhór na n-alt dírithe ar an taitneamh a bhain an lucht

éisteachta as léiriú na ndrámaí.⁶⁶ Is dócha gur chabhraigh saorise nua an

ghnáthphobail leis an ngné seo de chúrsaí cultúrtha na hÉireann. Ach ar an

ionlán b' é bunús an lucht éisteachta ná pobal meánaicmeach na gcathracha a

raibh spraoi agus nósanna sóisalta á gcleachtadh acu. Seachas an dream a raibh

fíorshuim acu i bhforbairt na Gaeilge agus na litríochta Gaeilge, agus a

d'fhreastal ar na drámaí, go príomha, ar mhaithe leis an nGaeilge in áit luach na

drámaíochta, b' éard a bhí i gcuid mhaith den lucht éisteachta ná an dream nua

faiseanta a bhí ag déanamh aithrise ar nósanna na sochaí Sasanaí.⁶⁷

Sa *CS*, faightear léargas ar shaol a bhí ag forbairt agus ag iarraidh sochaí a chur

ar a boinn arís. Sna blianta tosaigh den tréimhse seo, feictear na deacrachtaí a bhí

le sarú i gcúrsaí polaitíochta ach ó thaobh iriseoireacht an pháipéir féin, cuireadh

níos mó béime ar ábhar an nuachtáin agus is léir, seachas an chinsireacht ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna 1922, nach raibh an oiread constaicí le sárú is a bhí ó 1913 go 1921. Bhí leanúnachas i dtuairisceoirreacht agus in ailt an pháipéir agus baineadh úsáid as na straitheanna éagsúla chun polasaithe nua na tíre a phlé agus chun tacú le feachtais Rialtais i gcúrsaí oideachais, i gcúrsaí polaitíochta a raibh baint acu leis an nGaeilge agus i gcúrsaí litríochta. Cé nár éirigh go ró-mhaith leis an bpáipéar ó thaobh cúrsaí airgeadais de, comhlíonadh cuspóirí an *CS* mar uirlis oifigiúil na hÉireann Gaelaí i rith na mblianta 1922–1926. Bhí an saol ag athrú agus bheadh ar nuachtáin na linne bogadh ar aghaidh agus glacadh le hathruithe socheolaíocha ionas go gcuirfí in oiriúint iad do ré nua i stair na hÉireann – an Stát nua. An cheist a bhí le freagairt anois ná an mbeadh an *CS* in ann na hathruithe seo a sheasamh nó an bhfeilfeadh cruth agus ábhar an pháipéir don ré nua–aimseartha? Cloch mhile a bhí sa tréimhse seo i stair na hÉireann ach i gcás iriseoirreacht na Gaeilge bhí forbairtí le feiceáil agus ar a laghad, ag an am seo, bhí guth agus seasamh aici in iriseoirreacht na hÉireann i gcoitinne. Céim bhisiúil, fhadbhreathnaitheach í seo nach bhféadtar a tábhacht a shéanadh.

Caibidil a Seacht : Tús achrannach, deonach agus crioch stuama, choimeádach

Iúil 1926 – Bealtaine 1932

Sa chaibidil seo pléifear

1. an dul chun cinn a rinneadh sa *CS* nuair a tosaíodh ar an tréimhse dheonach eagarthóireachta agus bhainisteoireachta faoi chúram ‘Roinn C’; na conspóidí a tháinig chun cinn le linn eagarthóireacht ‘Máire’; tionchar dhearcadh phreas na hÉireann ar easpa fhás na Gaeilge mar theanga náisiúnta na hÉireann agus conspóid *An Reult* leis an *CS*
2. úsáid na Gaeilge i ngnó poiblí na tíre – an Státseirbhís, an Eaglais, na Gardaí, cúrsaí taistil; an díospóireacht a rinneadh ar athrú stádas an chló Ghaelaigh mar chló oifigiúil na hÉireann; easpa forbairtí sna Gaeltachtaí d’ainneoin tuairisc Choimisiún na Gaeltachta 1926
3. an mhoill a tháinig ar chúrsaí litríochta na tréimhse seo; ról na gcainteoirí dúchais i litríocht na Gaeilge agus an iarracht a rinneadh sa *CS* í a chur chun cinn
4. an léargas a fhaightear ar chúrsaí cultúrtha ag an am seo agus ar chleachtaí sóisialta na linne – na pictiúir, rincí agus cluichí Gaelacha agus Gallda, ról na mban sa tsochaí, úsáid na Gaeilge ar an staisiún raidió

nua 2r.n.; tionchar na cinsireachta agus an claoadh i dtreo na hEaglaise

Caitlicí

5. an léiriú a fhaightear ar an *status quo* i gcúrsaí Gaeilge sa chóras oideachais árbh é cuid dá bhunús ná na mioneachtraí conspóideacha i gcúrsaí polaitíochta inmheánach Chonradh na Gaeilge le Rialtas na hÉireann agus an tionchar a bhí aige seo ar Chonradh na Gaeilge féin.

7.1 An CS mar nuachtán i measc nuachtáin uile na hÉireann

Tháinig athrú mór ar an *CS* i rith na tréimhse seo. Cuireadh i bhfad níos mó báime ar chúrsaí Gaeilge féin agus ar bholscaireacht na gluaiseachta ná mar a cuireadh ar chúrsaí tíre. I ndáiríre, ní dearnadh mórán tuairisceoir eachta in aon chor ar chúrsaí na hÉireann i rith na bliana 1927. Tosaíodh ar chúrsaí reatha an domhain a chur i gcló sa cholún “Cúrsaí na Seachtaine” faoin teideal “Thar Lear” ag túis na bliana 1931 ach seachas an iarracht sin, rinneadh cuntais ar chúrsaí sóisialta na hÉireann thar aon rud eile i gcomhthéacs cúrsaí tíre i rith na mblianta 1926–1932. Bhí fáth maith leis seo nuair a chuirtear san áireamh gur pháipéar míosúil Gaeilge in áit páipéar seachtaine Gaeilge a bhí ann d’fhormhór an ama agus gurbh í príomhaidhm an pháipéir ná an Ghaeilge a chur chun cinn. Ní raibh an t-am, an t-airgead, an spás nó an fhoireann oibre ar fáil a thuilleadh chun am a chur amú ar ghnéithe nach raibh baint díreach acu le cur chun cinn na Gaeilge. Géarchéim dáiríre a bhí ann i gcás an *CS* agus b’éigean d’eagarthóirí agus do bhainisteoirí an pháipéir a n-aird a dhíriú ar an bpáipéar a chur ag ioc as féin

arís agus ar na gnéithe den pháipéar a raibh baint díreach acu le cuspóirí Chonradh na Gaeilge.

Nuair a socraíodh i mí an Mheithimh 1926 go gcuirfí an **CS** faoi chúram ‘Roinn C’ agus go mbeadh triúr i mbun an pháipéir mhíosúil, ba ríleír don Choiste Gnó an obair a bhí rompu chun na deacrachtaí airgeadais a shárú.

Ghlacfadh an Roinn uile freagracht na bainisteoireachta agus bheadh ar Leon Ó Broin, Chathal Ó Tuathail agus Sheoirse Mac Niocaill, sealáiocht a dhéanamh ar an eagarthóireacht.¹

I mí Lúnasa 1926, cuireadh an ghéarchéim a bhain le ceannach an **CS** in iúl agus dúradh go raibh sé práinneachanois go bhfaighfí breis agus cúig mhíle léitheoirí chun todhchaí an pháipéir a chinntiú. Faoin am seo, chuir easpa dhul chun cinn an pháipéir isteach go mór ar an gCoiste Gnó agus baineadh úsáid as colúin an **CS** chun poiblíocht a thabhairt do dhrochstaid cúrsaí airgeadais Chonradh na Gaeilge i gcoitinne. Scríobhadh ailt chun daoine a ghríosú chun an páipéar a cheannach agus léiríodh go raibh an páipéar i gcrúachas ach dá dtacódh lucht na Gaeilge le chéile go n-éireodh leo an nuachtán a shábháil.² San eagarrhocal i mí Eanair 1928, tugadh le fios gurbh amhlaidh an cás do nuachtáin Ghaeilge uile na tíre ach nár bhí ionann sin is a rá go raibh an Coiste sásta le caighdeán an pháipéir :

Tá an sgéal céadna le h-innse ag gach eagarthóir páipéir
Gaedhilge ar na saoghaltaí deireannacha seo. Iad uilig a tarraingt
a’ diabhail ar għreim rubaill, ag iarraidi a gcuid páipéar a
choinneáil beo.

Ar dhóigh amháin, níl ádhbhar gearána againn féin. Ó chuireamar
cúram FHÁINNE AN LAE orainn féin, chuaidh againn ár gceann
a choinneáil os cionn an uisce. Acht nílmid sásta leis sin. Nílmid

sásta cionn is nach bhfuil an páipéar seacht n-uaire níos fearr ‘ná tá sé. [...] Támuid féin sásta an eagarthórach (sic) a dhéanamh i n-asgaidh. Acht ba mhaith linn rud beag airgid a bheith againn le uchtach a thabhairt dùinn a bheith níos dána ag iarraidh cuidighthe ar na sgríbhneoirí a bhfuil Gaedhilg aca agus lámh aca ar a’ pheann le n-a chois sin.

(Ár Sgéal Féin’, Eagarfhocal, *CS*, Eanair 1928, Ich. 4).

Cé go léiríonn tuairiscí agus cuntais na mblianta 1926–1930 gur tháinig feabhas áirithe ar chiorcláiocht agus ar dhíol an *CS*, tuigtear ó na haitl agus ó na heagarfhocail gurbh í an obair dheonach a bhí á déanamh ag an gCoiste Eagarthóireachta faoi deara feabhas chúrsaí eacnamaíochta an pháipeir.³ Ba mhinic a tagraíodh don obair seo ag cruinnithe an Choiste Gnó i rith na mblianta 1926 –1930 agus tugadh aitheantas do bhaill áirithe – Leon Ó Broin, Cathal Ó Tuathail agus ‘Máire’ ina measc, as an dúthracht a chaith siad i mbun na hoibre.⁴

7.1.1 Ré ‘Máire’ agus túis an deiridh

Ar ndóigh, ar bhealach, samhlaítear na blianta 1926–1930 mar ré ‘Máire’ mar, muna raibh sé i mbun eagarthóireachta, bhí sé i mbun agóide ar an bpáipéar. De réir tuairiscí an Choiste Gnó, is féidir glacadh leis gur ghlac ‘Máire’ cúram na heagarfhocail i mí Feabhra 1927 agus ba mar sin a fágadh é go dtí mí na Nollag 1929. Ní féidir a shéanadh go ndearna sé sár–obair do Ghaeltachtaí na tíre le linn an ama seo ach ba mhó an fhoinsí aighnis agus chonspóide é ná foinse údaráis ar uirlis oifigiúil ghluaiseacht na Gaeilge.⁵ D’éisigh le ‘Máire’ cuid mhaith ábhar conspóide a ardú agus ba ghné lárnach den tréimhse seo an t-aighneas a chothaigh sé le grúpaí éagsúla i sochaí na hÉireann agus é i mbun

eagarthóireachta. Cháin sé grúpa ar bith ar samhlaíodh dó nach raibh siad ag obair ar son chur chun cinn na Gaeilge agus go háirithe ar son chur chun cinn na Gaeltachta, ach ba dhéine é ar chóras oideachais na tíre ná ar ghné ar bith eile.

Níor réitigh an dearcadh a léirigh sé i gcolúin an *CS* i gcás chur chun cinn na Gaeilge le bunfhealsúnacht Chonradh na Gaeilge i rith an ama. I ndáiríre a mhalaírt ar fad a bhí fior mar, cé gur thug sé a cheart do mhuintir na Gaeltachta, thug sé neamhaird iomlán ar dhaoine eile a bhí ag obair go dian dícheallach chun an Ghaeilge a chur ar a boinn féin arís mar ghnáththeanga chumarsáide mhuintir na hÉireann. Chuaigh an t-aighneas sa bhile buac i mí na Bealtaine 1928 leis an alt ‘Beidh thír uasal againn’ nuair a rinne sé slad ar a ndúirt Príomhoifigeach Bhrainse an Bhunoideachais, Pádraig Ó Brocháin, ag Comhdháil na Múinteoirí. Mhaslaigh ‘Máire’ an obair a bhí déanta ag Pádraig Ó Brocháin agus ní raibh fírinne ná bunús sa mhéid a dúirt sé. Chríochnaigh ‘Máire’ leis an teachtaireacht a bhí aige i rith a thréimhse eagarthóireachta, ‘sé sin nach raibh Gaeilge ag oide ar bith sa thír ach amháin na cainteoirí dúchais.⁶

Cé gur chuir ‘Máire’ túis le díospóireachtaí agus le hargóintí eile go dtí seo agus go raibh eagla ar lucht ceannais Chonradh na Gaeilge faoin dochar a dhéanfadh sé don ghluaiseacht, thuig siad go ndeachaigh sé thar fóir an iaraidh seo. Ionsaí pearsanta iomarcach a bhí ann a sháraigh teorainn ról eagarthóra. Thuig conraitheoirí go raibh siad ag brath air, ar shlí, chun an *CS* a choinneáil beo mar pháipéar oifigiúil Chonradh na Gaeilge, ach bhí sé in am gníomh dearfach a dhéanamh chun creidiúint na heagraíochta a chur chun cinn arís. Ní hamháin sin ach ghoill an píosa go mór ar cheannairí an Chonartha toisc gur chara mór don

Ghaeilge a raibh sár-obair déanta aige le fada chun an córas oideachais a athghaelú ab ea Pádraig Ó Broicháin agus gur chuir sé roimhe i gcónaí a dhícheall a dhéanamh ar son na Gaeilge.⁷ Bhí achar na cainte críochnaithe, b'éigean dóibh anois gníomhartha in áit briathra a úsáid chun a gcuid tuairimíochta i leith eagarthóireacht ‘Máire’ a chur in iúl.

Chuir an Coiste Gnó méid a mhíshástachta in iúl an mhí dár gcionn nuair a scríobh Cormac Breathnach alt ag míniú do léitheoirí an *CS* nár aontaigh an Coiste Gnó le gach rud a scríobhadh ar an bpáipéar agus go háirithe lenar scríobhadh i mí na Bealtaine:

De bhrígh gurab é Fáinne an Lae páipéar oifigeamhail Chonradh na Gaedhilge, b'fhéidir go measfadh léightheoirí an pháipéir go mbíonn ughdasas an Choisde Gnotha le gach nídh dá bhfoillsightear ann. Is mian liom a chur i gcéill nach bhfuil sin amhlaidh; agus go háirithe nár tugadh an t-úghdarás sin le h-aiste darab teideal “Beidh Tír Uasal againn” a foillisgheadh ar uimhir na Bealtaine den bpáipéar. Dá luighead dá luadhfarr fén aiste sin iseadh is luaithe a Leighisfear an scéal, im thuairim agus ar an ádhbar sin ní abraím tuille faoi den dul so.

Cormac Breathnach.

(‘Aistí gan ughdarás’, *CS*, Meitheamh 1928, Ich. 7).

Lean ‘Máire’ ar aghaidh ach má lean b’achrannach an tréimhse eagarthóireachta í. Cé go raibh an-obair á déanamh aige ar son na nGaealtachtaí, bhí i bhfad níos mó dochair déanta aige i ngnéithe eile de Ghaelú na hÉireann. Chruthaigh an dearcadh diúltach i leith iarrachtaí ghnáthmhuintir na hÉireann ar son Ghaelú na hÉireann a lán naimhde dó agus i rith an ama braitear an t-uisce faoi thalamh i gcolúin an *CS*. Tugann colúin an pháipéir léargas dúinn ar an aighneas agus is foinse thábhachtach iad na hait agus na heagarfhocail a scríobh ‘Máire’ mar

léiriú ar intinn an scríbhneora féin. Faightear léargas ar mheon scríbhneora a bhí míshuaimhneach, feargach ann féin agus cé go raibh sé ag argóint ar son cúiseanna áirithe, is léir gurbh í an choimhlint a ba mó a bhí ar siúl aige ná a choimhlint phearsanta, inmheánach féin. Níor fhéad sé a bheith san áit a ba ghaire dá chroí agus fiú dá mbeadh sé in ann a bheith ann, is léir ónar scríobh sé sa *CS* nach dócha go sásódh saol na Gaeltachta é ach an oiread. Meon seachránach, colgach a bhí ar lorg bealach na firinne a fhaightear sa pháipéar agus b'í doimhneacht na feirge seo a spreag é chun iarracht a dhéanamh a chur ina luí ar léitheoirí an pháipéir gur chóir dóibh a bheith ar aon intinn leis i gcás bhealach macánta na Gaeilge. B' é croílár na faidhbe ná an fhaillí a bhí á déanamh sna Gaeltachtaí, dar leis, agus níor cheil sé an déistin a bhí air nuair nár shroich a chomhghleacaithe a chaighdeán ionraicis féin chun iarracht a dhéanamh le dul i ngleic le croílár fhadhb athbheochan na Gaeilge, 'sé sin, saol na Gaeltachta a athbheoú agus a forbairt ionas go mairfeadh na sean-nósanna litriochta agus teanga. Níor réitigh sé leis an tuairim go ndéanfadh Gaeilge na cathrach cúis agus cé go raibh guth aige mar eagarthóir ar an *CS*, uirlis oifigiúil Chonradh na Gaeilge a bhí ann agus bhí gluaiseacht na Gaeilge a raibh an *CS* ceangailte leis lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Níor thug sé a gcearta do chonraitheoirí agus bhain sé mí-úsáid as an nguth poiblí a bhí aige chun a theachtaireacht féin a chur os comhair an phobail.⁸ Ghoill sé go mór air nuair nár aontaigh léitheoirí lena chuid tuairimíochta, mar chreid sé go domhain sa mhéid a scríobh sé sa pháipéar.⁹ Bhí sé ag iaraidh an rud ceart a dhéanamh agus bhí sé ag baint úsáide as uirlis oifigiúil na gluaiseachta mar uirlis chun a chuid

fealsúnachta féin a chur os comhair mhuintir na hÉireann. Bhí a chroí san obair ach theip glan air an cuspóir a bhí aige a chomhlíonadh toisc é a bheith chomh tógtha suas sin le cirte a chuid tuairimíochta féin. Mar sin bhí sé dall ar an sárobair eile a bhí á déanamh ag lucht na galltachta chun constaicí córas gallda a bhí brúite isteach ar phobal cloíte Gaelach leis na céadta bliain anuas a shárú.

Is léir ó cholúin an *CS* go raibh sárthuiscent aige ar shaol na Gaeltachta ach nár bhí amhlaidh in aon chor dó i gcás Ghaeilgeoirí na gcathracha agus na mbailte móra.

I rith na mblianta 1927-1929 cruthaíonn na haitl, na heagarfhocail agus comhfhereagras an pháipéir gur thréimhse an-chorraitheach, chonspóideach a bhí ann i stair an *CS*.

Bhí formhór lucht an Chonartha i gcoinne na gconspóidí a bhí á dtabhairt aníos ag ‘Máire’ ach chreid siad sa mhéid a bhí á rá aige faoi dhul chun cinn na nGaeltachtaí agus bhí fhios acu gur scríbhneoir cumasach a bhí ann a d’fhéadfadh an-obair a dhéanamh i mbun an pháipéir dá gcloífeadh sé le bunphrionsabal an pháipéir, ‘sé sin an Ghaeilge a chur chun cinn agus feidhm bholscaireachta Chonradh na Gaeilge a chomhlíonadh. Ach d’fhág an míshuaimhneas a rian ar gluaiseacht na Gaeilge i gcoitinne agus chruthaigh sé easpa aontachta i measc na gconraitheoirí féin.

Cé gur socraíodh ag Comhdháil an Chonartha 1929 go leanfadh ‘Máire’ ar aghaidh mar eagarthóir uirlis oifigiúil an Chonartha, ní raibh deireadh leis an uisce faoi thalamh go fóill.¹⁰ Ba é bun agus barr an scéil ná nach raibh conraitheoirí sásta in aon chor le ábhar pháipéar oifigiúil na gluaiseachta agus bhí sé thar am dóibh a míshástacht a nochtadh. Faoi dheireadh, ag cruinniú an

Choiste Gnó ar an seachtú lá de mhí na Bealtaine 1929, d'fhiosraigh Mícheál Ó Loingsigh an polasaí a bhí ag an gCoiste Gnó i dtaoibh eagarthóireacht an CS. Cháin sé ábhar an pháipéir a rá nár foilsíodh tuairiscí na Comhdhála sa pháipéar agus nach ar leas Chonradh na Gaeilge a bhí na háistí a foilsíodh ann le tamall anuas. Bhí 'Máire' ar buile lena ndúirt sé agus d'fhág sé an cruinniú a rá nach leanfadh sé ar aghaidh leis an eagarthóireacht a thuilleadh.

Dá dhonacht cás na heagarthóireachta go dtí seo, ba mheasaanois é gan eagarthóir ar bith a ghlacfadh cúram ionlán na heagarthóireachta. Ag an gcéad chruinniú eile fiafraíodh de 'Mháire' cúram na heagarthóireachta a ghlacadh arís ach dhiúltaigh sé don tairscint.¹¹ Fágadh freagrácht na heagarthóireachta ar Roinn C agus D. Rinne rúnaí Chonradh na Gaeilge an eagarthóireacht idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair agus gheall Uachtaráin an Chonartha go ndéanfadh sé í nuair a bheadh an rúnaí ar saoire.¹²

Ní raibh an socrú seo sásúil, áfach, agus tugadh cuireadh do 'Máire' an eagarthóireacht a ghlacadh arís i mí Dheireadh Fómhair.¹³ Ghlac sé leis an gcuireadh ach níorbh fhada go raibh sé i mbun a sheanchleasaíochta arís! Idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag, d'éirigh leis léasadh teanga a thabhairt do Rialtas an tSaorstáit, do dhrámaíocht na Gaeilge (go háirithe an 'Comhar Drámaíochta') agus do Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge.¹⁴

De thoradh ábhar conspóideach na n-aistí, socraíodh ag cruinniú an Choiste Gnó i mí na Nollag 1929 go n-iarrfaí ar 'Máire' lámhscríbhinní gach eagrán a chur faoi bhráid 'Roinn C agus D' sula gcuirfí chuig an gclódóir iad.¹⁵ D'admhaigh 'Máire' ina leabhar dírbheatháisnéiseach *Saol Corrach* go raibh sé ar intinn aige

neamháird a thabhairt ar an gCoiste Gnó fhad is a bheadh sé ina eagarthóir ar an bpáipéar. (Feic nota 8). Mar sin, is cinnte nach n-aontódh sé leis an socrú seo agus de thoradh an tsocraithe nua, a d'éirigh sé as an eagarthóireacht. Ach, bhí eagrán amháin eile fágtha aige agus d'úsáid sé an deis chun an focal scoir a bheith aige féin.

San eagrán deireanach seo a raibh cúram na heagarthóireachta air scríobh sé ailt ar dhrámaí Gaeilge, ar rialtas an tSaorstáit, ar easpa saoirse eagarthóir an *CS* agus ar an bhfadhb a bhí aige leis an gCoiste Gnó i dtaobh a phoist mar eagarthóir.

(Feic nota 14). Mhaslaigh sé caighdeán na drámaíochta agus cháin sé na haistriúcháin ar dhrámaí. Dúirt sé gur chóir an rialtas a bhriseadh sa chéad toghchán eile agus ‘an gad atá a’teannadh ar an Ghaedhilg a ghearradh’ (‘An Gad is deise don sgórnaigh’, Eagarfhocal, *CS*, Nollaig 1929, lch. 4). Dúirt sé nach raibh sé de cheart ag an gCoiste Gnó eagarthóir nua a chur ina áit toisc gur toghadh go dtí an Cháisc ina dhiaidh sin é agus mhol sé don eagarthóir a thiocfadh ina dhiaidh a bheith ‘deas’, ‘ciúin’ agus ‘macánta’ agus a ligint air go raibh cursaí teanga, litríochta, oideachais agus polaitíochta na hÉireann go breá.

Teanga throdach atá in úsáid aige sna haitl chun a phointe a léiriú. Sleachta binibeacha, searbhásacha, pearsanta atá iontu agus tá siad ar na sleachta is géire dár scríobhadh i stair iomlán an nuachtáin:

Sgríobh cúpla duine chugam a rádh nach raibh siad sásta liom cionn is gur dhubháirt mé an rud a dubháirt mé fá’n ‘Chomhar Drámaidheachta’. Dúirt duine amháin go ndearna siad a ndícheall. Dúirt duine eile gur cheart suaimhneas a thabhairt do na mairbh. Aidmhíghim go rabh siad ar a ndícheall. Aidmhíghim go bhfuil cuid mhór daoine ar a ndícheall. Acht damnughadh ortha féin is ar a ndícheall beag claoídhte suarach. [...] Tá sé dona go leor againn an Ghaedhealtacht a bheith ag imtheacht agus gan scaifte de

yahoos mhantacha gan béal gan teangaídh a bheith a' snagarsaigh ar ardán agus ag iarraidh a chur i gcéill dúinn gur teanga ar sinnsear atá aca.

(‘Drámaí Gaedhilge’, *CS*, Nollaig 1929, Ich. 1).

Abair go bhfuil Éire saor ó chladach go cladach, gur liaspáin atá ar na súile ag an mhuintir a shíleas go bhfeiceann siad cabhláigh na Sasana ar Loch Súiligh agus sa Chóbh. Abair gur ar mire atá an té a shileas go bhfuil Éire rannta. Gur ar dearg – mhire atá an té a bhíos a ‘rádh go bhfuil an Ghaedhealtacht a’ bánughadh nó nach bhfuil an Ghaeilge ag ‘dul chun cinn’ ins na sgoltacha. Abair gur litridheacht den chuid is aoirde agus is uaisle agus is fearr an rud atá na Stát – Seirbhísigh a sgríobhadh don mhug.

(‘Do’n Eagarthóir a Thiocfas mo Dhiaidh’, *CS*, Nollaig 1929, Ich. 1).

Cé gur pléadh an eagarthóireacht ó mhí Eanair go mí an Mheithimh 1930, níor fostaíodh eagarthóir lánameartha ar tuarastal go mí an Mheithimh na bliana céanna. Faoin am seo, bhí ceist an pháipéir sheachtainiúil ag teacht chun cinn arís ach fágadh an cheist go dtí an Chomhdháil.¹⁶ Socraíodh ag an gComhdháil go n-athrófaí ainm an pháipéir go *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae* arís agus cé nach luaitear cúis áirithe leis an athrú, tugadh leideanna ag an gComhdháil gur athraíodh é chun tréimhse chonspóideach ‘Máire’ a chríochnú i gceart agus túis dearfach a chur le ré nua an pháipéir.¹⁷

Fuarhas iarrataisí ó Mhuiris Ó Catháin, Mhícheál Ó Lionáin, Mhaghnuis Ó Dómhnaill, Bhrian Ó Nualláin, ‘Máire’, Sheán Ó Cocláin, Mhícheál Ó Bheaglaoich agus Liam S. Gogan M.E. d’eagarthóireacht na ré nua ach b’é Maghnus Ó Domhnaill a toghadh don phost.¹⁸ Shocraigh cúrsaí an pháipéir síos le túis a ré eagarthóireachta. Feictear forbairt ar an ábhar agus réimse i bhfad níos

leithne agus níos cuimsithí le teacht Uí Dhomhnaill, réimse nach raibh ann ar chor ar bith sna blianta 1927–1929. Ocht leathanach a bhí sa pháipéar go deireadh na bliana 1930 ach athraíodh go sé leathanach é nuair a socraíodh ar pháipéar seachtainiúil a dhéanamh den pháipéar arís. Bhí cruth eagraithe ar an bpáipéar agus bhí na seancholúin ar nós ‘Leathanach na Mac Léighinn’, ‘Cúrsaí an tSaoghail’, ‘Cúrsaí na Seachtaine’ agus ‘Cúrsaí an Chonnartha’ mar ghnéithe rialta den pháipéar ó thús na bliana 1931 go deireadh mhí na Bealtaine 1932.

Socraíodh ag cruinniú an Choiste Gnó i mí na Nollag 1931 go bhfoilseofaí an *CS* mar pháipéar seachtainiúil ó mhí Eanair 1931 ar aghaidh.¹⁹ D’éisigh go maith leis an bpáipéar i rith na mblianta 1931–1932 agus léiríonn an fhianaise i gcolúin an *CS* gur thaitin an colún oideachais go mór le léitheoirí agus go ndearnadh sár-iarracht an páipéar a choinneáil suimiúil agus nua-aimseartha.²⁰

D’ainneoin an dul chun cinn áfach, ba léir go raibh na seanfhadhbanna ag teacht chun cinn arís – easpa léitheoirí a ba chúis le teip an pháipéir roimhe seo agus fós ní raibh ciorcláocht ná éileamh an pháipéir chomh maith agus a ba chóir dó ionas go leanfadh sé ar aghaidh mar pháipéar oifigiúil Chonradh na Gaeilge.

Tagraíodh d’iris nua Chumann Lúthchleas Gael -*An Camán* - ar an tríochadú lá de mhí na Bealtaine 1931 agus dúradh gur ‘páipéar míosamhail an Chonnartha agus lucht na Lúthchleas nGaedhealach’ bhí ann (*CS*, 30.5.1931, lch. 3). Pléadh dul chun cinn na hirise nua i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 1931 agus ar an naoú lá déag de mhí an Mhárta 1932 tugadh le fios go rabhthas chun deireadh a chur leis an *CS* mar uirlis oifigiúil an Chonnartha agus go ndéanfaí socruithe le

Coiste *An Camán* ionas gurbh fhéidir leis an dá eagraíocht a theacht le chéile chun iris amháin a sholáthar a sheasfadh do Ghaeil na hÉireann uile.²¹

San eagarrhocal ar an dara lá is fiche de mhí na Bealtaine 1932, fágadh slán ag léitheoirí an CS don iarraidh dheireanach agus dúradh gur cheart do Ghaeil na hÉireann a theacht le chéile ar son na Gaeilge. Cuireadh ré an pháipéir i gcomparáid le longa a theagmháíonn le chéile istoíche ach nuair a scarann siad ó theagmháil, nach ionann sin agus a rá go ndéanann siad dearmad dá chéile.

Dúradh nach dtráfadh na soilse a cruthaíodh le linn ré an CS choíche agus gur cheart go leanfadh an dea-obair ar aghaidh sa dóigh go mbeadh toradh a gcuid oibre le feiceáil i dtodhchaí na hÉireann – an Ghaeilge á labhairt ar fud na hÉireann arís.²²

Is dócha nuair a scríobhadh an t-eagarrhocal sin nach rabhthas ag súil go mbeadh an CS ina fhoinsí eolais do scoláirí breis agus céad bliain níos faide ar aghaidh. Níor thráigh na soilse agus tá loinnir an Chlaímh fós mar fhoinsí inspioráide sa lá atá inniu ann, nuair a chuirtear an t-eolas atá bainte uaidh le blianta anuas, an léargas beo a fhaightear uaidh ar cheann de na tréimhsí is bríomhaire, is cruthaithí agus is spreagúla i bhforbairt stair na Gaeilge san áireamh.

7.1.2 Ról an CS i bhforbairt iriseoireacht na Gaeilge

Ar an iomlán, ba thréimhse leamh iad na blianta 1926 go 1932 i gcás iriseoireacht na Gaeilge i gcoitinne. Thar aon rud eile sa tréimhse seo, feictear an streachailt a bhí ag an CS ag iarraidh iriseoireacht na Gaeilge a chur chun cinn agus tagraítear go minic do nuachtáin eile na hÉireann agus an seasamh a ghlac

siad ar Ghaelachas na tíre. Tugann colúin an *CS* léargas cuimsitheach dúinn ar sheasamh na nuachtán eile ar ról na Gaeilge i sochaí nua na hÉireann agus ar an tacaíocht nó an easpa tacaíochta a tugadh dí iontu. Más féidir glacadh leis gur fhreagair na nuachtáin a ndéantar tagairtí dóibh sa *CS* riachtanais agus éilimh phobal na hÉireann i leith stádas na Gaeilge, bhí todhchai dhuairc, ghruama os comhair na Gaeilge.

Ba mhinic a luaití nuachtán na hÉireann sa *CS* agus cé gur thacaigh mionlach áirithe le cúis na Gaeilge, ar an iomlán, ba iarracht an-lag í. Dá mbeadh iriseoireacht na Gaeilge ag brath ar thacaíocht an phreasa Éireannaigh, ní haon ionadh gur ghlaic sé an oiread sin ama chun stádas ceart a fháil dí. Cé gur luadh an *Connacht Tribune*, an *Mayo News*, an *Anglo – Celt*, an *Midland Tribune*, an *Westmeath Independent*, agus an *Meath Chronicle* mar nuachtán a bhí ar son chur chun cinn na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, bhí dhá nuachtán ar leith a léirigh go raibh siad iomlán dáiríre faoi fhorbairt iriseoireacht na Gaeilge – an *Dundalk Examiner* agus an *Enniscorthy Echo*. Chuir an dá nuachtán seo leathanach Gaeilge ar fáil agus rinneadh iarracht ailt suimiúla, toipiciúla a scríobh sna colúin Gaeilge iontu.²³ Ar ndóigh, ba cheann de na feachtas a chuir an Coiste Gnó ar bun i rith na tréimhse seo ná leathanach Gaeilge a chur ar fáil i nuachtán laethúla na hÉireann. Ag cruinniú an Choiste Gnó i mí Feabhra 1931 shocraigh an Coiste Gnó go gcuirfí toscaireacht chuig nuachtán laethúla na tíre chun leathanach Gaeilge a chur ar fáil sna páipéis. Ní bhfuarthas ach fiorbheagán tacaíochta áfach agus chuir páipéar amháin in iúl don toscaireacht, nach amháin go gcaillfeadh sé céad léitheoirí dá gcuirfeadh sé leathanach Gaeilge i gcló ach

fosta go raibh sé i gcoinne na Gaeilge agus gur chuir sé áthas air litreacha ina coinne a fhoilsiú.²⁴

Ach cén maiteas a bhí ann a bheith ag iaraidh ar ghnáthnuachtáin na Galltachta úsáid na Gaeilge a leathnú ina gcuid páipéar muna raibh nuachtáin na Gaeltachta, na mbreac-Ghaeltachta agus na gceantar a bhí cóngarach don Ghaeltacht ag déanamh amhlaidh agus deontas Rialtais curtha ar fáil dóibh fána choinne? I mí na Bealtaine 1931, scríobhadh tuairisc ar dhíospóireacht idir Liam Lemass agus Earnán de Blaghd ar an deontas seo sa Dáil agus cuireadh in iúl nach raibh ach dhá nuachtán – an *Connaught Tribune* agus an *Connaught Sentinel* ag fáil an deontais.²⁵

Tugadh fógraíocht agus aitheantas do na hirisí Gaeilge i gcoitinne i gcolúin an pháipéir ach de réir fhianaise an *CS*, cé go raibh iarracht á déanamh na hirisí Gaeilge a chur chun cinn, ní raibh mórán forbartha ná dul chun cinn sa ghné seo d'iriseoireacht na Gaeilge sna blianta 1926–1932.²⁶

I gcás cholúnaíocht na Gaeilge agus chur chun cinn na Gaeilge i ngnáthnuachtáin na hÉireann, léiríonn colúin an *CS* nach raibh suim dá laghad acu in athbheochan na Gaeilge. Nuair a bhí cruinniú poiblí ag ‘Cumann Cosanta na Gaedhealtachta’ ar an dara lá is fiche de mhí Dheireadh Fómhair 1929, tuairiscíodh sa *CS* nach raibh ach cúpla líne faoi ar an *Independent*. Gné rialta, leanúnach den pháipéar ab ea an cáineadh ar nuachtáin náisiúnta na hÉireann agus an easpa tacaíochta a bhí a léiriú ag an bpreas Éireannach don Ghaeilge. Ar na hábhair a luadh sa *CS* a raibh a gcás pléite san *Independent* ab ea an cáineadh a rinneadh ar an méid ama a caitheadh ar theagasc na Gaeilge sna scoileanna, an seasamh a ghlac sé ar

chúrsaí tráchtála, an tuairisceoirreacht a rinneadh ar chúrsaí iasachta, an tuairisc a rinneadh ar ath-chaidreamh scoláirí Scoil Éanna agus ailt ar chluichí gallda.

Nuair a foilsíodh ailt agus comhfhireagras sa nuachtán i mí Aibreáin agus i mí Bealtaine 1931 a bhí glan i gcoinne chur chun cinn na Gaeilge, chuir an Coiste Gnó méid a mhístachta in iúl le toscaireacht chuig an *Independent* ag iaraidh orthu an scéal a fheabhsú.²⁷

Níorbh é an *Independent* an t-aon nuachtán amháin a léirigh doicheall i leith na Gaeilge. Tagraíodh sa *CS* forsta, d'ócáidí a bhí cosúil leis na cinn atá luaite thusa sa *Star*, san *Irish Times* agus san *Irish Press*.²⁸ B'iad seo príomhnuachtáin na linne agus ní raibh siad sásta tacú leis an nGaeilge mar ghnáththeanga chumarsáide na hÉireann. B' é an preas an guth poiblí agus an t-ardán ab fhearr agus ab éifeachtaí a bhí ag muintir na hÉireann ag an am seo agus is scáthántacht é ar mheon na linne, meon a bhí réidh le túis nua i stair na tíre ach nach raibh sásta filleadh ar thraigisiún agus ar dhúchas an náisiúin chun Éire Ghaelach a bhunú. Bhí an pobal meallta le gealltanais agus le dóchas go seasfadh Éire ar a boinn féin arís ach an raibh áit don Ghaeilge sa náisiún nua seo? Bhí sé deacair go leor suim a mhúscailt agus a spreagadh sna daoine i nuachtán phríomhghluaiseacht na Gaeilge sa dóigh ar deireadh gur socraíodh go ndéanfaí iris amháin den dá iris a bhí ag na cumainn a ba ghaelaí sa tír – An Cumann Lúthchleas Gael agus Conradh na Gaeilge. Bhí an fhís tagtha chun críche don ré seo i gcás phreas na Gaeilge agus bhí gá le dearcadh nua ar an todhchaí agus le triail a bhaint as bealaí nua chun stádas agus seasamh na Gaeilge mar theanga náisiúnta na hÉireann a chinntiú.

7.2 Cúrsai Teanga

7.2.1 Troid na Gaeltachta

B' é tuairim ‘Máire’ gurb í an t-aon tslí réadúil chun an Ghaeilge a chur ar bhealach a leasa arís ná trí thraigisiún na Gaeltachta a choinneáil beo agus theanga na Gaeltachta a fhí isteach i ngnáthshaol na ndaoine. Foilsíodh tuairisc Choimisiún na Gaeltachta ag deireadh na bliana 1926 agus ba í bunús na teachtaireachta a bhí mar thoradh de, ná go raibh an rialtas sásta gur ‘fiú agus [gur] gádh an Ghaedhealtacht do tharrtháil, do bheathú agus do bhíodhgadh.’ (‘An Ghaedhealtacht úd’, Eagarfhocal, **CS**, Deireadh Fóghmhair 1926, Ich. 4). Bhí dhá mholadh is ochtó ar thuairisc an Choimisiúin agus ag deireadh na bliana 1926, léiríodh an dóchas a bhain leis na moltaí i gcolúin an **CS**. De réir an **CS** tuigeadh anois go raibh an Rialtas ag tacú go hiomlán le hathbheochan na Gaeilge sna Gaeltachtaí agus go raibh seans réadúil ar deireadh go mairfeadh an Ghaeilge.²⁹ Le tacaíocht an Rialtais, bheadh áiseanna ar fáil chun taighde ceart a dhéanamh i leith riachtanais mhuintir na Gaeltachta ionas go gcuirfí polasaithe agus scéimeanna fiúntacha i bhfeidhm:

Tugann cúnntas cruinn cóir an Choimisiúin teans [sic] don Chonnradh beart foghanta do dhéanamh ar son na Gaedhealtachta. Anuas go dtí seo ní raibh d'eolas ag an gConnradh i leith na Gaedhealtachta ach an méid a fuarthas ó thimthirí agus ó chairdíbh na teangan. Anois tá laistiar den Choiste Gnótha tuairimí deimhnightheacha Coiste Mhóir a cheap a Rialtas féin.
('Propaganda', Eagarfhocal, **CS**, Samhain 1926, Ich. 4).

Níor bhí fhada a mhair an dóchas, áfach, mar nuair a labhair Liam T. Mac Coscair, Uachtarán na hArd-Chomhairle go poiblí i Ros Óg Cairbre i gCorcaigh ar an

ochtú lá de mhí Dheireadh Fómhair 1926, chuir sé in iúl go nglacfadh sé cuid mhaith airgid chun na moltaí a chur i gcrích. Ba leor nod don eolach agus d'eagraigh Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge cruinniú chun feachtas a chur ar bun ionas go gcomhlíonfadh an Rialtas na geallúintí a rinneadh i dtuairisc an Choimisiúin. Cuireadh ábhar breise le heagrán na Nollag 1926 agus míniódh do léitheoirí an **CS** gur scríobhadh bunús an eagráin i mBéarla ionas go gcuirfí práinn chás na Gaeltachta ina luí ar mhuintir na hÉireann uile, idir Bhéarlóirí a raibh suim acu i slánú na Gaeltachta agus Ghaeilgeoirí a raibh neart Gaeilge acu chun tuairisci ar an gcruiinniú a thuiscint.³⁰ Ba thábhachtaí ná riamh feidhm bholscaireachta an **CS**anois. Bhí sé práinneach go scaipfí an teachtaireacht agus bhí an nuachtán ar cheann de na príomhuirilisí a bhí ag an gConradh chun muintir na hÉireann uile a chur ar an eolas faoi ról agus faoi thábhacht na Gaeltachta sa Stát nua. Ghlacfadh an **CS** páirt mhór i gcaomhnú na Gaeltachta agus chabhródh úsáid an Bhéarla le scaipeadh an eolais. Ba shocrú stuama, ciallmhar é seo agus léirigh sé an aontacht tuairimíochta a bhí i measc bhaill an Chonartha i dtaobh fheidhm an pháipéir. Ba cheist í a ardaíodh go minic i rith na mblianta a cuireadh an **CS** i gcló ach anois ba shoiléire ná riamh an géarghá a bhain le huirlis chumarsáide dá gcuid féin a bheith acu. Tugann colúin an **CS** tuiscint dúinn nár bh é am an ídealachais anois é. Bhí sé thar am a bheith réadúil i leith shlánú na Gaeilge agus gan Gaeltachtaí na tíre – croílár na Gaeilge – ba léir nár bh fhiú an iarracht. Anois an t-am chun an gníomh a chur i gcrích agus dá gcabhródh Béarla sa **CS** le cur i bhfeidhm na ngníomhartha, d'úsáidfí an modh sin chun aidhmeanna Chonradh na Gaeilge a chomhlíonadh.

D’imigh bliain eile thart sular cuireadh gníomh leis na briathra agus fiú nuair a foilsíodh an Páipéar Bán díreach roimh Nollaig 1927, ba léir nach raibh an Rialtas go hiomlán dáiríre faoi chur chun cinn na Gaeltachta. Níor ghlac an Rialtas ach le ceithre cinn déag den dá mholadh is ochtó.³¹ San eagarrfocal ‘An Páipéar Bán’, i mí Aibreán 1928, rinneadh cáineadh mór ar an Rialtas agus an neamhaird a bhí tugtha acu ar an nGaeltacht. Dúradh go raibh an – dóchas ann le bunú an Choimisiúin ach gur chuir foilsíú an Pháipéir Bhán deireadh leis sin.

Cuireadh i leith an Rialtais go mbeadh siad freagrach as bánú na Gaeltachta in áit slánú na Gaeltachta: ‘Páipéar bán é gan bhréag. Ins an Ghaedhealtacht bheirtear talamh bán ar thalamh nach mbíonn bárr ann.’ (‘An Páipéar Bán’, Eagarrfocal, *CS*, Aibreán 1928, lch. 4). I rith na mblianta 1927 go 1932 tagraíodh go rialta d’fhaillí an Rialtais i gcaomhnú shaibhreas agus chultúr na Gaeltachta. Cuireadh síomá Chonradh na Gaeilge le heaspa dúthrachta agus easpa suime an Rialtais i gcur chun cinn na Gaeltachta in iúl trí cholúin an *CS*.³² Thuig conraitheoirí nár bhí fhiú a bheith ag plé le polasaithe Rialtais chun an Ghaeilge a athbheochaint gan a dhul i ngleic le drochchoinníollacha eacnamaíochta na nGaeltachtaí agus slumanna na gcathracha.³³ Bhí réiteach fhadhbanna eacnamaíochta na Gaeltachta ar mholtáí Choimisiún na Gaeltachta agus dá nglacfaí leo, thabharfaí seans dearfach don Ghaeilge.

Faoin mbliain 1929, bhí foighne an Choiste Gnó briste. Samhlaíodh do bhaill áirithe an Choiste nach dtiocfadh feabhas choíche ar staid na Gaeilge sna Gaeltachtaí mura seasoidís le páirtí polaitíochta éigin. In alt sa *CS* a scríobh ‘M.’ (Máire?) i mí Aibreán 1929, pléadh ceist na polaitíochta i gcúrsaí Chonradh na

Gaeilge. B' é bunús ábhar an ailt ná gur chóir do Chonradh na Gaeilge taobhú le polaitíocht éigin agus cé gur mháigh siad nach eagraíocht pholaitíochta a bhí inti, go raibh ‘poilitidheacht ann faoi choim le tamall mhaith [agus] nach fearr í bheith ann go fosgailte?’(‘Bás nó Biseach? An Aicíd. Poilithidheacht sa Chonradh’ *CS*, Aibreán 1929, Ich. 8). Ag Ard-Fheis 1929, mholt Peadar Mac Phionnlaoich go ndéanfaí margadh le Fianna Fáil i dtaobh pholasaí na Gaeltachta agus go dtacódh Conradh na Gaeilge leis an bpáirtí sin dá léireoidís go raibh siad sásta cabhair a thabhairt chun staid na Gaeilge sna Gaeltachtaí a fheabhsú. Thuig leithéidí Chormaic Bhreathnaigh, Dhómhnall Mhic Giobúin agus Phádraig Aghais an chontúirt a bhainfeadh le socrú mar seo. Bhí polaitíocht na hÉireann an-ghéar agus an-chorraithe ag an am agus bhí baol ann go rachaidís síos an bóthar a bhí taistealaithe acu i 1915, bóthar a threoraidh Conradh na Gaeilge ar bhealach a aimhleasa ar feadh i bhfad. Bhí sé tábhachtach an bóthar sin a sheachaint ar ais nó ar éigin. Ar deireadh mholt Cormac Breathnach do Pheadar Mac Phionnlaoich an leasrún a tharraingt siar. Rinne sé amhlaidh.³⁴

De réir cholúin an *CS* tháinig ceist na polaitíochta aníos arís i rith na tréimhse seo ach i 1929, d’éisigh leo géarchéim mhór eile a sheachaint a chuidigh leo a dhul i mbun oibre ar na fadhbanna eile a bhí le réiteach.³⁵ Léiríonn an claonadh polaitíochta seo an frustrachas a bhain le heaspa dhul chun cinn na nGaeltachtaí agus as a bhfuil os ár gcomhair in uirlis oifigiúil an Chonartha – an *CS* – is ríléir go raibh easpa muiníne ag Gaeilgeoirí as an Rialtas mar shlí chun an Ghaeilge a chur in úsáid mar ghnáththeanga na hÉireann. Ní hamháin gur uirlis Chonradh na

Gaeilge a bhí sa *CS* ag an am seo ach uirlis ar son chearta na Gaeltachta a bhí inti chomh maith.

Braitear an streachailt mhór a bhain leis an gceist seo i rith na tréimhse seo sa *CS* agus mar a pléadh cheana sa chaibidil seo tá ard-mholadh tuillte ag ‘Máire’ as ucht na dea-oibre a rinne sé chun cás na nGaeltachtaí a thabhairt os comhair mhuintir na hÉireann. Bhí an cheist seo ar cheann de an díospóireachtaí a ba thábhachtaí a pléadh i gcolúin an pháipéir ó 1926–1930 agus gan na hiarrachtaí a rinneadh agus gan an phoiblíocht a tugadh di sa pháipéar, d’fhéadfaí scéal difriúil ar fad a insint sa lá atá inniu ann.

Ar ndóigh ní ró-shásta a bhí Gaeilgeoirí na Dála leis an droch-phoiblíocht seo agus chuir siad a míshástacht le Conradh na Gaeilge in iúl in uirlis oifigiúil an Rialtais *The Star (An Reult)*.³⁶ Ó mhí Eanair 1929 go deireadh na bliana 1930, a cuireadh iris oifigiúil pháirtí polaitíochta an Stáit amach agus i rith an ama sin níor stadadh den cháineadh ar mhodhanna oibre Chonradh na Gaeilge. Bhí cáineadh Chonradh na Gaeilge ar obair an Rialtais do shlánú na Gaeltachta, ar cheann de na hábhair a bhí á phlé go rialta acu agus b’í an phríomhtheachtaireacht a bhí ag an *Star* ar an ábhar seo ná go raibh Conradh na Gaeilge marbh agus gur chóir gluaiseacht nua a thógáil ina áit. (Feic nota 28).

Níor ghéill Conradh na Gaeilge do thuairimíocht an Rialtais in aon chor agus scríobh Cathal Ó Tuathail alt ar an ábhar sa *CS* i mí Aibreáin 1930. Phléigh sé fealsúnacht an Chonartha a rá go mbeadh an eagraíocht ann chun an Ghaeilge a chur chun cinn fhad is nach dtabharfaí seans don Rialtas cumann eile dá gcuid féin a bhunú. D’ainneoin na ndeacrachaí agus na gconstaicí, bhí Conradh na

Gaeilge ann anois le breis is tríocha bliain agus dar leo go raibh todhchaí bhríomhar roimhe. Tugann an t-alt léargas maith dúinn ar an drochmheas a bhí ag Conradh na Gaeilge ar an Rialtas ag an am seo agus feictear malairt dearcaidh Chonradh na Gaeilge i dtaobh pholasaithe an Rialtais chomh fada agus a bhain le cur chun cinn na Gaeilge. Roimhe seo ba léir ón bpáipéar gur ghlac conraitheoirí leis gurbh éigean dóibh a bheith foighneach agus go raibh an Rialtas ag déanamh a dhíchill ach faoin am seo bhí siad bréan de na gealltanais agus d'easpa gníomhartha agus bhí siad sásta úsáid a bhaint as uirlis oifigiúil na gluaiseachta chun seasamh a ghlacadh ar fhaillí an Rialtais sa Ghaeilge. Tuigtear as an alt fosta an mhuinín atá ag Conraitheoirí as todhchaí na heagraíochta féin agus an mhuinín atá acu astu féin mar ghluaiseacht go n-éireoidh leo a gcuspóirí a chur i bhfeidhm le tacaíocht an Rialtais nó gan í:

Is minic le bliadhain anuas rinne an páipéar leath-oifigeamhail an Riaghaltais a dhuhb-dhícheall chun dochar a dhéanamh do Chonradh na Gaedhilge. Rinne, ar an ádhbhar gurbh fhearr go mór i bhfad leis an dream daoine atá taobh thiar den pháipéar so agus atá ag gríosadh a chuid scríobhnoírí tabhairt faoi'n gConnradh le cúis nó gan chuíis, gurbh fhearr leo an Connradh as nó ann. [...] Fhad is tá an Connradh ann, ní thig leo Cumann eile do chur ar bun, cumann a bheadh i n-ainm a bheith Gaedhealach, cumann a mholfadh an Riaghaltas cibé uair bheadh moladh de dhíth ortha le cur i n-iúl don tsaoghal nach bhfuil Gaedhil eile i nÉirinn acht a bhfuil Riaghaltas agus a lucht leanamhna. Is é sin fáth na droch-oibre a bhí ar siubhal ag páipéar leath-oifigeamhail an Riaghaltais ó bhí an Chomhdháil dheireanach ann.

Ar buille

Dubhradh ar an bpáipéar úd go minic go raibh Connradh na Gaedhilge ag fagháil bháis, go raibh a ré thart, agus nár bh fhéidir leis aon obair fhóghanta a dhéanamh feasta. [...] Nil ní is mó chuirfeas áthas ar an muinntir atá taobh thiar do pháipéar leath-oifigeamhail an Riaghaltais ná bás an Chonartha, sin nó go gceanglóchar an Connradh le dream éigin poilitidheachta seachas

Cumann na nGaedheal. Dá mb' amhlaidh go gcuirfí deireadh leis an gConnradh, bhéadh an bealach ar oscailt don Riaghaltas agus dá lucht leanamhna Cumann nua do bhunughadh. Dá mbíodh baill an Chonnartha chomh dí-chéillidhe sin agus go mbrónnfaidís an Connradh mar earball ar dhream poilitidheachta, bheadh leith-scéal ag lucht leanamhna an Riaghaltais an Cumann atá uatha do chur ar bun. Dhéanfadh ceachtar den dá ní seo cúis dóibh, acht ní fhuaradar é, agus, dá chionn sin, tá siad ar buile amach is amach anois, mar is léir ón bpriomh-aiste gránna náirigh fhoillsigheadh ar an bpáipéar náimhdeamhail sin ar an 29adh lá den mhí seo caithte. [...] Teastuigheann go géar ón Riaghaltas agus ó n-a lucht leanamhna Cumann a bheith aca nach n-abróchadh focal dá laighead ina n-éadan am ar bith dár mhian leo gach cursa dá ghallda do chur chun cinn. Ba mhaith leo Cumann bheith umhal sásta ar glacadh le cibé a mheasfadh an Riaghaltas bheith náisiúnta. Thaisbeánadar a n-aigne go glan soiléir san aiste atá i gceist agam nuair a thugadar buille fealltach do gach cúram atá ar Ghaedhil san am i láthair agus iad ag iaraidh an tír do Ghaedhealughadh. le Cathal Ó Tuathail.

(‘Ní bhfaighidh an Connradh bás. Ar ordú an Riaghaltais.’, *CS*, Aibreán 1930, Ich. 1).

7.2.2 *Ceist an chló Ghælaigh*

Cuireadh an fhéin-mhuinín seo in iúl nuair a shocraigh an Rialtas ar úsáid an chló Rómhanaigh in ionad an chló Ghælaigh mar chló oifigiúil na hÉireann sa bhliain 1931.³⁷ Nuair a bunaíodh an Stát nua i 1922, bhí an claoadh ann, úsáid a bhaint as an gcló Rómhánach do ghnó oifigiúil na tíre ach tháinig buaic na díospóireachta nuair a d’fhógair an t-Aire Airgeadais, Eamán de Blaghd gurbh éigean an cló Rómhánach a úsáid ó 1932 ar aghaidh i dtuairisci oifigiúla, i scrúduithe agus a leithéid.³⁸ Ardaíodh ceist an chló sa *CS* sa bhliain 1928 ach i 1931 cruthaíonn treise na n-argóintí ar an bpáipéar go raibh Conradh na Gaeilge go hiomlán míshásta le polasaithe an Rialtais agus i ndairíre gur chuma cén comhghéilleadh a dhéanfaidís, ní ghlacfadhbh an Conradh leis.³⁹ Is féidir a rá ón bhfianaise i gcolúin an pháipéir go raibh Conradh na Gaeilge glan in aghaidh an

tsocraithe seo ach de bhrí nach raibh an Rialtas ag comhoibriú leo chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus go raibh neamhaird á tabhairt acu ar mholtáí na gluaiseachta i gcoitinne, gur buille na tubaiste a bhí ann don chaidreamh idir an dá ghrúpa.⁴⁰ Bhí an-obair déanta ag Earnán de Blaghd ar son na cúise agus chruthaigh méid a dhíograise ar son na teanga roimhe seo go raibh sé iomlán dáiríre faoi ról na Gaeilge sa Stát nua. Socrú eacnamaíochta a bhí ann ach mar a scriobhadh sa *CS*, bhí sé ró-luath chun athruithe mar seo a thabhairt isteach agus ba chóir fanacht le forbairt na teanga sula ndéanfaí socruithe móra, deimhnitheacha mar sin.⁴¹

Caithfear dearcadh Mhaghnuis Uí Dhomhnaill, mar eagarthóir ar an *CS* a chur san áireamh sa díospóireacht seo agus ar an iomlán, léirigh sé a chothroime agus a fhadbhreachtnaithí is a bhí sé i dtaobh cheist an chló. Chuir sé tuairimíocht Chonradh na Gaeilge in iúl ar bhealach réidh, ciallmhar agus níor ghéill sé don chathú a dhul thar fóir ar thaobh an chló Ghaelaigh toisc gur shoiléire ná riamh i stair bhunú an Stáit, míshástacht na gluaiseachta leis an Rialtas. Mar a pléadh agus a cruthaíodh ag Ard-fheis 1929, ba mhó an dochar ná an sochar a dhéanfadh sé do Chonradh na Gaeilge bóthar na polaitíochta a leanúint, socrú atá pléite sa chaibidil seo cheana. Ba í príomhaidhm na heagraíochta ná cur chun cinn na Gaeilge agus anois nuair a bhí a lán constaicí sáraithe acu cheana agus as an taithí a fuarthas i rith na mblianta, tuigeadh gur fearr i bhfad don chúis go gcloífi le bunphrionsabail na gluaiseachta. Mar eagarthóir ar ghuth poiblí Chonradh na Gaeilge, léirigh Maghnus Ó Domhnaill doimhneacht a thuisceana ar an ngné seo de fhorbairt na Gaeilge mar ghnáththeanga oifigiúil na hÉireann. Is

léir ón eagарfhocal a scríobh sé ar an gcúigiú lá is fiche de mhí Iúil 1925 gur thuig sé tábhacht an chló Ghaelaigh ach fost a go raibh dearcadh réadúil aige ina thaobh. Dúirt sé go raibh:

rudaí ann gur tábhachtaighe go mór iad ná an cló agus [gur] cheart féachaint chúa. [...] Níl sa chló ach ceist maisighthe, tar éis an tsaoghail, agus táimid go léir, idir chlódóirí Gaelacha agus chlódóirí Rómhánacha, ar nós beirt chailíní a bheadh sínte siar sa leaba, iad breoite go maith agus iad ag argóint i dtaobh cad é an saghas datháin a oriúnódh dóibh. Ba cheart an cló a fhágaint mar atá sé faoi láthair agus na fadhbanna eile a réiteach.
(‘An Cló’, Eagарfhocal, CS, 25.7.1931, Ich. 4).

Bhí ceisteanna práinneacha eile le réiteach agus ar dhóigh amháin cé gur shimplíú mór é dearcadh Uí Dhomhnaill ar cheist an chló, an féidir a rá go raibh an ceart aige? Bhí an cló Rómhánach in úsáid sna scoileanna le fada agus más í príomhaidhm Chonradh na Gaeilge agus más cuid lárnoch é de pholasáí an Stáit an Ghaeilge a úsáid mar phríomhtheanga oifigiúil na hÉireann, an raibh sé ró—ídealach ag an bpointe seo cló nach raibh taithí ag formhór mhuintir na hÉireann air a chur in úsáid mar phríomhchló oifigiúil na tíre? Diaidh ar ndiaidh a chuirfí na forbairtí agus na hathruithe i bhfeidhm. Má bhí sé i gceist go mbeadh an Ghaeilge ann do chách, chaithfí í a chur in oiriúint do chách, idir ghnáthmhuintir na gcathracha, na mbailte agus na tuaithe agus mhuintir na Gaeltachta. San eagарfhocal ar an ochtú lá de mhí Lúnasa 1931, rinneadh aistriúchán ar shliocht as an *Kerryman* inar moladh do na léitheoirí gan leabhair a raibh an cló Rómhánach orthu a cheannach. Díríodh an chomhairle ar dhaoine a raibh baint acu le hoideachas na tíre thar éinne eile. De bhrí go raibh an Rialtas ag brath ar cheannach na leabhar scoile chun Gaeilge a chur chun cinn sna scoileanna, ba í

seo an tstí ab éifeachtaí a bhí acu le cur ina luí ar an Rialtas go raibh siad dairíre faoi cheist an chló. Moladh an rún céanna cheana féin ag Ard-Fheis 1929, mar sin, is léir go raibh taithí acu ar thortháí gnímh dá leithéid.⁴²

Níorbh fhada go bhfuair conraitheoirí an seans chun a dtuairimí a nochtadh agus ghlac siad an deis chun a nguthanna a ardú i dtoghchán na bliana 1932. San Earrach 1932, ba é ceann de na chéad socruithe a rinne Rialtas nua Fhianna Fáil ná deireadh a chur le húsáid éigeantach an chló Rómhánaigh i ngnó oifigiúil na hÉireann. Fógraíodh deireadh an aighnis sa cholún ‘Nótaí na Seachtaine’ ar an naoú lá de mhí Aibreáin 1932 agus dúradh gur ‘amaideach an duine a cheapfadh gur bhféidir leis an dúthchas agus an oileamhaint, an tírghrádh agus an leanamhnachas a chlaoidh agus a shárú le scríb pínn nó le hiomarca an fhirlainne.’ (‘Nótaí na Seachtaine’, *CS*, 9.4.1932, Ich. 1).

Ach an amhlaidh gur bhain Fianna Fáil úsáid as ceist an chló nuair a d'aithin siad an tábhacht a bhain leis i gcur chun cinn na Gaeilge? Gan amhras, bhí suim an pháirtí i gcur chun cinn na Gaeilge cruthaithe ag Fianna Fáil roimhe seo ach ní féidir a shéanadh gur ghrúpa a raibh a gcumhacht curtha in iúl acu le fada an lá a bhí i gConradh na Gaeilge agus léiríonn an díospóireacht seo i gcolúin an *CS* gur bhain siad úsáid as an nguth a bhí acu chun cumhacht pholaitíochta a bheith acu. Cé nach cumann polaitíochta a bhí iontu is léir ón *CS* go raibh tuiscint domhain acu ar conas a d'oibrigh an córas agus conas an tairbhe ab'fhearr a bhaint aisti.

Mar a deir Brian Ó Cuív :

Strong opposition came from many quarters including the Gaelic League and this continued long after the setting up of the Irish State. For instance, in 1928 the League passed a resolution ‘That it is better for Irish that no great change be made in the type or the

spelling of Irish until the language is out of danger of death or destruction.' Reform was thus postponed. So powerful were the conservatives that in spite of the fact that Roman type and a more simplified form of spelling were already in use in parliamentary publications in Irish, the government decided to publish the new Irish Constitution in 1937 in Gaelic type and the outmoded spelling.

(Ó Cuív, 1969, 29-30).

Ba chineál suaitheantais é an cló Gaelach mar shéala go raibh an Rialtas nua dairíre faoi chur chun cinn na Gaeilge. Is léir ó thuairiscí an *CS* nár thug Cumann na nGaedheal sna blianta 1927–1932 an siombalachas a bhain leis an gcló agus nuair a theip orthu na treoracha a leanúint, ba chuma cén leithscéal a bhí acu, ní thabharfadh conraitheoirí an dara seans dóibh.

Ar a laghad, comhlíonadh an gealltanás seo agus tugadh spás do chonraitheoirí an Ghaeilge a neartú agus a chur ar aghaidh mar theanga oifigiúil na hÉireann – rud a bhí dodhánta roimhe seo toisc an bhéim a cuireadh ar ghnéithe eile d'atógáil na tíre. Chabhraigh an *CS* go mór le beocht na díospóireachta seo agus níl aon amhras ach go raibh tionchar mór ag an bhfocal clóite ar phobal na Gaeilge ag an am, go háirithe pobal Gaeilge Bhaile Átha Cliath. Tuigeadh dóibh gurbh fhiú an iarracht agus gur chéim mhór ar gcúl a bheadh ann dá nglacfaí leis an gcló Rómhánach ag an gcéim sin de chur chun cinn na Gaeilge. Bhí sé i bhfad ró-luath le géilleadh do ghné thábhachtach mar seo, gné den Ghaeilge a bhain go háirithe le caomhnú na Gaeilge sna cathracha agus sna bailte móra, áiteanna nach raibh saibhreas cainte na Gaeltachta le fáil iontu ach áit a raibh an cló Gaelach mar cheangal idir traidisiún Gaeilge bheo labhartha na Gaeltachta agus traidisiún Gaeilge scríofa agus clóite na gcathracha. Bhí an *CS* ar cheann de na foinsí clóite

a d'úsáidtí go rialta sna Gaeltachtaí mar fhoinse léitheoireachta agus sa tslí sin bhí ról ar leith aige sa díospóireacht seo mar dhroichead idir an dá thimpeallacht. Ar an lámh eile de áfach, ní féidir a shéanadh gur cuireadh a lán béime ar cheisteanna mar seo agus cé gur thaobhaigh an *CS* leis an gcló Gaelach, mar a léirigh Maghnus Ó Domhnaill, bhí ceisteanna eile tábhachtacha le réiteach agus in áit a bheith ag síorchlamhsán, chabhródh sé níos mó le cúis na teanga aird a dhíriú ar cheisteanna a raibh baint díreach acu le forbairt na Gaeilge i ngnáthshaol na ndaoine.⁴³ Anois, cé nach féidir a bheith go hiomlán cinnte nach raibh rian de bheart polaitíochta air, le toghadh Fhianna Fháil, bheadh seans go bhfeicfí na forbairtí a bhí i gceist acu le fada.

7.2.3 Oidhreacht na Teanga i gcúrsaí Litríochta

I rith na tréimhse seo i gcoitinne, cuireadh béim níos mó ar ról na nGaeltachtaí in úsáid na Gaeilge mar ghnáththeanga na hÉireann ná mar a cuireadh air ó bunaíodh an páipéar in 1899. B'amhlaidh an scéal i gcás litríocht na Gaeilge agus pléadh ról na gcainteoirí dúchais i bhforbairt na litríochta mar ghné lárnach de chaighdeán teanga na litríochta. Sna léirmheasanna a scríobh 'Máire' i rith na tréimhse seo, chuir sé béim ar leith ar ról an chainteora dhúchais ach bhí sé de nós aige a dhul thar fóir. Sa réamhrá ar an léirmheas a scríobh sé ar *Mheasgra Dánta* i mí Iúil 1927, dúirt sé nach raibh na leabhair a scríobh daoine a d'fhoghlaim a gcuid Gaeilge ar chomhchaighdeán le scríbhneoirí dúchais agus dá bhfaigheadh scríbhneoirí dúchais an seans le dul i mbun scríbhneoireachta go bhfágfaí scríbhneoirí eile díomhaoin. I mí na Samhna 1927, dúirt sé gur chóir do

scríbhneoir an leabhair *Cuirp – eolas* gach cóip dá leabhar a dhódh ach b’ é an léirmheas a ba mhaslaí a scríobh sé sa *CS* ná an léirmheas ar *Allagar na hInse* le Tomás Ó Criomhthain. Dúirt sé gur chóir don Rialtas a chur in iúl do léitheoirí an leabhair gur scríobhadh é ‘gheall ar chanamhaint bhríoghmhar an oileáin bhig sin a sholáthar do lucht foghluma nach bhfuil le fágháil aca an mó-r-chuid den am acht Gaedhilg leamh an Riaghaltais’ agus cheap sé ‘dá n-abradh siad sin, [go n]déarfadh duine go mb’fhiú an saothar é.’ (‘Leabhar na Míosa. Allagar na hInse le Tomás Ó Criomhthain’, *CS*, Feabhra 1929, Ich. 3). Dúradh go raibh an leabhar ar chomhchéim litríocht Wordsworth agus Pierre Loti nuair a foilsíodh é agus shéan ‘Máire’ go raibh cosúlachtaí ar bith idir an dá chineál scríbhneoireachta. Léirigh ‘Máire’ nár bh ‘ionann sgríbhneoir éifeachtach a d’fhág lorg a láimhe ar litridheacht na hEoraipe, [...] agus seanduine as na Blaisgéidí ag cainnt ar leasughadh phreataí nó ar luach unsa tobaca.’ (ibid.) Tugann na léirmheasanna seo léargas maith dúinn ar fhealsúnacht litríochta ‘Máire’ agus cé gur féidir a rá go ndeachaigh sé thar fóir in amanna agus gur léirigh sé an drochmheas a bhí aige ar scéim Rialtais – ‘An Gúm’, bhí tuiscint domhain aige ar luach na litríochta agus ar an ngéarghá a bhain le litríocht fhiúntach a sholáthar ag an am sin, litríocht a bheadh mar bhunchloch na nualitríochta. B’fhiú fréamhacha daingne na litríochta dúchasaí a chur síos ionas go dtiocfadh bláth ar a gcuid saothair le himeacht aimsire.⁴⁴

I mí an Mhárta 1929, scríobh ‘Coinneach’ alt san *Independent* a rá gur cuireadh an iomarca béime ar thábhacht na gcainteoirí dúchais in athbheochan na litríochta Gaeilge. Luáigh sé gluaiseacht litríochta sa Fhrainc ar daoine iasachta iad

formhór a scríbhneoirí. Bhí sé ag iarraidh a chruthú gurbh fhéidir le foghlaimeoirí teanga, litríocht fhiúntach a sholáthar a bheadh ar chomhchaighdeán le litríocht na gcainteoirí dúchais. D’fhreagair Donn Piatt é a rá gur thug sé dúshlán ‘Coinneach’ ‘chapter and verse’ a fháil uaidh i dtaobh na scoile litríochta a bhí i gceist aige. D’admhaigh ‘Coinneach’ an mhí dár gcionn go ndeachaigh sé beagainín thar an bhfírinne nuair a mhaígh sé nár bh iad cainteoirí dúchais formhór scríbhneoirí na gluaiseachta Fraincise. D’ainneoin sin, thug sé liosta fada de scríbhneoirí ar fud an domhain a raibh litríocht scríofa acu i dteanga nár bh í a dteanga dhúchais í. Bhí an focal scoir ag Donn Piatt i mí an Mheithimh 1929 nuair a dúirt sé gur aontaigh sé le ‘Coinneach’ ar cheist na scríbhneoirí a luagh sé ina alt ach gur eisceachtaí a bhí iontu agus gurbh é a bharúil go mbeadh an buntáiste i gcónaí ag an gcainteoir dúchais i gcás scríbhneoireacht na litríochta. Thug an díospóireacht seo seans eile do ‘Máire’ cás na Gaeltachta a chur chun cinn agus chuir sé a thuairimí ar an ábhar in iúl fhad is a bhí an díospóireacht ar siúl. Ní gó a rá cén taobh a ghlac sé sa chás seo.⁴⁵ Ar an ionlán is féidir imní ‘Coinneach’ a thuisint i rith na tréimhse seo nuair a léitear na haitl a scríobh ‘Máire’ ar chainteoirí dúchais sa CS. Bhí an ceart aige sa mhéid a scríobh sé i gcás na nGaeltachtaí ach bhí sé i bhfad ró-dhian ar fhoghlaimeoírí na Gaeilge. Ní hamháin gur mhaslaigh sé iad ach ní dhearna sé aon iarracht iad a spreagadh nó misneach a thabhairt dóibh agus é i mbun eagarthóireachta. A mhalaírt ar fad a bhí fior, i ndáiríre, ‘sé sin gur chuir sé drochmhisneach orthu agus gur ghlac sé gach seans agus gur úsáid sé an CS mar ardán, chun a gcuid iarrachtaí a cháineadh.

Cé gur cuireadh a lán litríochta i gcló sa pháipéar sna blianta 1927–1932, is léir ó cholúin an pháipéir nach ndearnadh mórán dul chun cinn i gcomhthéacs fhorbairt choinchéapanna, ábhar, stíl agus fhoirmeacha na nualitríochta. Mar a ba ghnách don *CS* ar ndóigh, bhí drámaíocht na Gaeilge ar cheann de na príomhghhnéithe de dhul chun cinn na litríochta a pléadh i rith na tréimhse ach bhí na hiarrachtaí drámaíochta ag dul i laghad. An-chéim chun tosaigh ab ea léiriú an dráma ‘Dorchadas’ le Liam Ó Flaithearta i 1926 agus bunú Thaidhbhearc na Gaillimhe i 1929, ach ní raibh mórán forbartha ar dhrámaíocht na Gaeilge i gcoitinne.⁴⁶ Ar ndóigh níor chabhraigh ‘Máire’ leis an easpa fáis nuair a rinne sé ionsaí ar an gComhar Drámaíochta i mí na Samhna agus i mí na Nollag 1929 á rá nár bh fhiú na hiarrachtaí de bhrí nach raibh Gaeilge ó dhúchas ag aisteoirí ná scríbhneoirí na drámaíochta Gaeilge. Níor tháinig na sluaite chuig na drámaí toisc nár bh fhiú dóibh an iarracht, a dúirt sé. (Feic 7.1.1)

Rinneadh tagairtí forsta don litríocht Angla-Éireannach, don ghearrscéal sa Ghaeilge, d’fhilí Chiarrai, do bhás Phádraig Uí Chonaire agus do fhoilsiú an leabhair *The Hidden Ireland* ach ar an ionlán, b’iad na príomhdhíospóireachtaí i gcúrsaí litríochta a pléadh i rith na tréimhse ná an dá cheann atá pléite cheana.⁴⁷ Bhí aird an eagarthóra dírithe don chuid is mó den tréimhse ar ról na nGaeltachtaí agus ar bhealach, ba mhór an gar é go raibh mar bhí géarchéim na nGaeltachtaí ar na constaicí a ba phráinní i gcruthú an Stáit Ghaelaigh agus d’oir sé do Chonradh na Gaeilge aird na léitheoirí a dhíriú ar an ngné seo d’athbheochan na Gaeilge.

7.3 Cúrsaí Tíre

Ní dearadh mórán tuairisceoirreachta i rith na tréimhse seo ar chúrsaí reatha na hÉireann nó ar chúrsaí domhanda go dtí gur thosaigh Maghnus Ó Domhnaill ar a thréimhse eagarthóireachta. Cé gur thréimhse ghearr a bhí i gceist, feictear dearcadh i bhfad níos cothromai agus níos forleithne ar chúrsaí teanga ach de bhri go raibh an oiread ‘polaitíochta faoi thalamh’ i gcúrsaí Chonradh na Gaeilge féin i rith an ama, faightear léargas ar eagarthóir a bhí cúramach, coimeádach i gcás cúrsaí reatha na hÉireann. I mí Iúil 1930, tosaíodh ar cholún rialta a chur i gcló in aghaidh na míosa faoin teideal ‘Nótaí na Míosa’ ar dtús nuair a tháinig an *CS* amach mar mhíosachán, agus nuair a athraíodh go seachtanán é, pléadh cúrsaí reatha faoin teideal ‘Nótaí na Seachtaine’. I 1931 agus 1932 pléadh cúrsaí domhanda sa cholún ‘Cúrsaí an tSaoghail’ agus bhí formhór na dtuairiscí faoin bhfo-theideal ‘Thar Lear’.

I rith na mblianta 1926–1932, feictear sochaí chaomhnaitheach, neamhfhorbartha agus bhí an chinsireacht a rinneadh ar ghnéithe forásacha éagsúla mar shainchomhartha de chuid na tréimhse sin.⁴⁸ I gcolúin an *CS*, tugadh fógraíocht rialta do nósanna siamsaíochta nár réitigh le teagasc na hEaglaise Caitlicí nó le cinsireacht an Rialtais. Seo mar a cuireadh síos ar na damhsaí gallda a bhí á gcleachtadh ar fud na hÉireann i mí Iúil 1928:

Chan fhaca mé féin iad ‘ghá gcleachtadh acht uair nó dhó le linn na gcúig mbliadhan seo thart – agus chan do mo thoil féin a d’fhan mé ag amharc ortha – acht i ndéidh a bhfaca mé tá mé ar aon intinn leis an duine a dubhaint ar an mallaibh “**nach fada a mhairfeas creideamh Chríosta agus náisiúntacht na hÉireann i gcuideachta na ndamhsaí seo.**” Is doiligh trácht ortha gan an seiseadh haithne a bhriseadh. Tá claoí ag cuid mhór aca le h-ainmhianta na colne agus is furas a thabhairt fá dtéar – na daoine a

bhíos ag cleachtughadh na ndamhsaí seo, go mór – mhór na cailíní, cha bhíonn uaisleacht inntinne fágtha acu i ndéidh tamall, nó aon chiall do náire, nó dúil ar bith i n-aon obair ar son creidimh nó náisiúntachta.

(‘Droch–Dhamhsaí agus Droch–Pháipéir’, *CS*, Iúil 1928, Ich. 3 (leis an Athair Lorcán Ua Muireadhaigh)).

Ar ndóigh, i gcoitinne i rith na tréimhse seo, ní dearnadh tagairtí fabhracha do mhná na hÉireann. Cáineadh iad de bharr earraí Gallda a cheannach i mí Eanáir 1931, dúradh gurbh iad na mná faoi deara rachmas dhaoine uaisle na hÉireann i mí Feabhra 1931 toisc go raibh siad toilteanach obair a dhéanamh ar bheagán tuarastail ach ansin i mí Aibreáin 1931, nuair a tháinig siad le chéile chun a gcomhdheirfiúracha a chur ar an eolas ar cheannach earraí Gaelacha, dúradh gur mhaith an gníomh é ach go raibh sé thar am dóibh a leithéid a dhéanamh. Ní bhuaufaidís, cuma cén beart a chuirfidís i gcrích! ⁴⁹

I gcás nósanna sóisialta a bhí ag forbairt i sochaí na hÉireann, is léir ó cholúin an pháipéir gur tuigeadh go millfeadh cluichí, pictiúir, damhsaí, ceol agus irisí tíortha eile an spiorad náisiúnta agus chabhráigh an *CS* le hiarracht an Rialtais chun iad a chur faoi chois. Usáideadh focal láidre chun an pointe a chur ina luí ar na léitheoirí. I ‘Nótaí na Seachtaine’ ar an tríú lá déag de mhí an Mheithimh, dúradh gur ‘plá’ nó ‘galar’ a bhí iontu. Sa bhliain 1931 agus 1932 rinneadh cáineadh mór ar na páipéir náisiúnta siocair gur fhoilsigh siad griangraif d’fhoirne rugbaí agus sacair agus gur tuairmíodh go raibh an iomarca poiblíochta á tabhairt acu do chluichí gallda i gcoitinne. Dúradh i mí Aibreáin 1931, gur chóir ‘saghais eile Censorship a chur ar siubhal seachas an saghas atá ann fé láthair’ (‘Nótaí na Seachtaine’, *CS*, 11.4.1931, Ich. 1). Ar an iomlán, cé go

gcaitear na haitl a shuíomh sa ré inar cuireadh i gcló iad, is dearcadh cúnageantach, coimeádach a fhaigheann léitheoir an lae inniu iontu a léiríonn sochaí neamhfhorbartha a bhí ag brath ar údarais na tíre chun treoir a thabhairt. Bhíothas ag iaraidh náisiún neamhspléach, oscailte a bhunú a mbeadh cothromaíocht le fail ann ach de réir cholúin an **CS**,ní raibh áit sa tsochaí nua seo do dhaoine a chleacht nósanna nár réitigh le fealsúnacht choimeádach na n-eagraíochtaí a raibh páirt le glacadh acu i rialú na tíre nó i gcruthú bhuneilimintí an Stáit nua.⁵⁰

Tuigtear ón **CS** nach aon fhoinsí inspioráide ab ea an stáisiún nua raidió ach an oiread i gcomhthéacs chur chun cinn na Gaeilge agus socraíodh ag cruinniú an Bhuan–Choiste i mí Eanair go gcuirfí rún i bhfeidhm go ndéanfaí iarracht an Gaelachas a chur chun cinn ar an stáisiún ach is léir nár éirigh go ró-mhaith lena n-iarrachtaí.⁵¹

I rith na mblianta 1926–1932 rinneadh sár-iarracht nósanna agus cleachtaí Gaelacha i sochaí na hÉireann a chothú sa **CS**. Ba é seo an t-am chun traidisiún Gaelach na tíre a chaomhnú agus bhain Conradh na Gaeilge úsáid as an meán cumarsáide a bhí acu féin chun a gcuid tuairimí a scaipeadh. Bhí saol nua ag borradh in Éirinn agus bhí an baol ann go gcaillfí luach chultúr na hÉireann ar mhaithe le nósanna nua–fhaiseanta agus nua–aimseartha. Bhí sé thar am íomha an chine chloíte, aineolaigh a dhíbirt agus saol na hÉireann a fhorbairt arís. Is léir gur thuig scríbhneoirí agus eagarthóirí an **CS** gurbh fhiú agus gur ghá traidisiún Gaelach na ndaoine a choinneáil beo ionas go méadófaí ar fhéiniúlacht agus ar sháiniúlacht na nGael mar chine a raibh a shéala féin acu. Seachas na nósanna

Gaelacha seo, ba chuid lárnach agus ba bhunfréamh an tséala seo an Ghaeilge féin. Mar a pléadh cheana, rinneadh an-iarracht Gaeilge na nGaeltachtaí a choinneáil beo agus iad a chur ar a boinn féin arís i rith na tréimhse seo ach níorbh le muintir na Gaeltachta amháin an Ghaeilge. Cuireadh ina luí ar léitheoirí an CS go raibh sé d'iachall orthu uile an Ghaeilge a fhí isteach i ngach gné de shochaí na hÉireann.⁵²

I dtreo dheireadh na tréimhse a fheictear an claoadh i dtreo theagasc na hEaglaise Caitlicí sna haitl a scríobhadh ar nósanna sóisialta na linne. Ní féidir gan dearcadh stuama, caomhnaitheach Mhaghnuis Uí Dhomhnaill a chur san áireamh i dtaobh chur i láthair an eolais a scaipeadh sa CS ag an am seo. Ba chomhtharlú é go raibh sé ina eagarthóir i rith an ama seo toisc, mar a insíonn J.H. Whyte dúinn, de réir fhianaise na staraithe go raibh muintir na hÉireann ar aon intinn faoi chaomhnú na luacha traidisiúnta Caitliceacha agus gur thoiligh muintir na hÉireann féin go gcloífidís le teagasc na hEaglaise i gcruthú na sochaí Gaelaí. Is gné shuimiúil de dheireadh na tréimhse seo an easpa cáinte a dhéantar ar úsáid na Gaeilge i gcúrsaí Eaglaise agus i measc chléir na hÉireann. An t-aon locht amháin a fhaightear ar chúrsaí eaglasta ná an easpa Gaeilge a úsáideadh don Toisceadal sa bhliain 1932. Seachas sin, faightear ardmholadh don chléir-rud nach raibh coitianta i gcolúin an CS. Gan aon amhras, cuireann an bhéim a cuireadh ar ghnéithe áirithe de chúrsaí sóisialta na hÉireann i gcolúin an CS le tuairimíocht Whyte, ‘sé sin go raibh muintir na hÉireann ag iarraidh sochaí thraigisiúnta, Chaitliceach a chruthú idir na blianta 1926 go 1932.⁵³

B' amhlaidh a bhí an scéal i gcás chúrsaí oideachais na hÉireann. Insíonn stair na hÉireann dúinn go ndearna cléir na tíre an-obair ar son oideachas na tíre anuas tríd na blianta. Ní haon ionadh, mar sin, go raibh siad níos dionghailte ná riagh go mbeadh an smacht céanna acu ar chúrsaí oideachais le bunú an Stáit nua agus ar an iomlán, is fóillseach nach bhfuair siad móráin cur i gcoinne ón Rialtas nua. A mhalaírt ar fad a bhí fíor i ndáiríre. Thuig an Rialtas nua an tuiscint agus an taithí a bhí ag an gcleir ar chúrsaí oideachais agus seachas an Gairmoideachas (a athainmníodh i 1930) fágadh an córas beagnach mar an gcéanna i rith na tréimhse seo:⁵⁴

Thus when native governments took over in Ireland they well knew that, of all subjects, the one on which the Catholic Hierarchy was most sensitive was education. It does not follow that they disagreed with these claims, and in fact successive Ministers for Education can be quoted as defending the merits of the *status quo*.
(Whyte, 1974, 19).

Maidir le forbairtí i gcur chun cinn na Gaeilge i gcúrsaí oideachais, ba thréimhse leamh i gcoitinne í ó thaobh chuntais oifigiúla na staire ach tugann an CS léargas dúinn ar thréimhse a raibh an-uisce faoi thalamh ag baint leis trí na mion-eachtraí a ndearnadh tuairisceoiréacht orthu sa pháipéar. Léiríonn na mion-eachtraí seo an cúlra a bhí taobh thiar de shocruithe i dtaobh theagasc na Gaeilge agus dá mbarr, is féidir patrún fhás na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann a leanúint. Bhí an páipéar ag roinnt le daoine a raibh tionchar díreach acu ar theagasc na Gaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais agus b'uirfis phoiblí í do na daoine seo chun a gcuid tuairimíochta a nochtadh. Tá dhá thaobh na ndíospóireachtaí pléite sa CS ach ritheann teagasc éigeantach na Gaeilge sna scoileanna mar chuid lárnach de

chur chun cinn na Gaeilge tríd na hait agus na heagarfhocail go léir a scríobhadh ar an ábhar. Feictear forbairt ar theagasc na Gaeilge sna bunscoileanna ach léiríonn colúin an *CS* gur fágadh formhór fhreagracht na hoibre ar inniúlacht na n-oidí féin.⁵⁵ Nuair a bhíothas ag fanacht le torthaí na Comhdhála 1926, bhí amhras na n-oidí soiléir sa *CS* ach nuair a cuireadh na moltaí i bhfeidhm, thacaigh siad go mór leis an obair. Is léir ó na tuairisci sa pháipéar go ndearna siad a ndícheall taobh istigh den ghnátham scoile ach chuir siad in iúl gurbh í an phríomhfhadhb a bhí acu ná na páistí a choinneáil ag labhairt na Gaeilge taobh amuigh den scoil, áit nach raibh smacht acu uirthi. Fadhb eile a tháinig chun cinn i rith na tréimhse seo i gcás na mbunscoileanna ná go raibh forualach cláir le múineadh, fadhb í seo a tháinig anuas go dtí an lá atá inniu ann fosta ar ndóigh. I mí Mheán Fómhair 1929, léiríodh an t-ardmheas a bhí ag múinteoirí Gaeilge ar an obair a bhí á déanamh ag Earnán de Blaghd mar Aire Airgeadais ar son na Gaeilge i gcúrsaí oideachais, nuair a thug sé cuairt ar chruinniú a bhí acu.

Eachtra beag suimiúil a tharla i mí Eanair 1931 ab ea an moladh a rinne Tomás Ó Criomhthain go n-ísleofaí tuarastal oidí nach raibh dúthracht á caitheamh acu i gcás mhúineadh na Gaeilge agus go bhfágfaí múineadh na Gaeilge faoi chúram na gcainteoirí dúchais. Ag freagairt d'argóint Thomáis, d'aithin Tadhg Mac Cáırthaigh dea-obair na múinteoirí Gaeltachta ach thug sé aitheantas fosta don suim a bhí léirithe ag múinteoirí náisiúnta uile na tíre sa Ghaeilge agus go háirithe don iarracht a bhí á déanamh acu chun Gaeilge bheo labhartha a chothú.⁵⁶ Chuir sé conclúid ghéar lena chuid cainte a rá : ‘Gach aon mhúinteoir náisiúnta, d’á olcas é, deineann sé a bheag nó a mhór de’n Ghaedhilg a labhairt,

rud ná deineann cuid mhaith dos na daoine as an nGaedhealtacht ag a bhfuil lán an mhála dhí.' ('Na hOidí Náisiúnta agus an Ghaedhilg', *CS*, 1.1.1931, Ich. 3).

Ardaíodh ceist níos achrannaí i mí na Bealtaine 1930 nuair a pléadh dul chun cinn teagasc na Gaeilge sna bunscoileanna agus sna meánscoileanna. I mí Iúil 1930, in alt a scríobh 'Cú Uladh' sa *CS*, chuir sé an milleán iomlán ar mhúinteoirí na tíre agus go háirithe ar na coláistí ullmhúcháin a d'ullmhaigh na múinteoirí úd as easpa dhul chun cinn sa Ghaeilge sna scoileanna. D'fhreagair an *Independent* á rá gur chóir deireadh a chur le teagasc trí Ghaeilge agus an cheist a fhágail faoi 'Bhord an Athgharma'. I mí Lúnasa na bliana céanna, chuir 'Oscar' méid a mhíshástachta leis an moladh seo in iúl i gcolúin an *CS*. Léiríonn an t-alt an drochmheas a bhí ag 'Oscar' (Gaeilgeoir a raibh an-obair déanta aige ar son mhúinteoirí na hÉireann agus ar son chur chun cinn na Gaeilge sa chóras oideachais) ar an mBord nua seo:⁵⁷

Agus moltar dúinn–molann an tuairisceoir agus na “leading teachers” - an cheist sin d’fhágaint fē Bhord an Athgharma! Dia go deo linn! Bhfuil fhios agat cé tá ar an mBórd so? Tá triúr–athmháistir scoile a chaith a shaoghal ag teagaisc i scoil naoidhneán i gcrioslach cathach agus go bhfuil sórt “compulsory Irish” aige; cigire scol nár chuala-sa riamh a bheith ‘na ughdar ar aon leabhar ná alt, ar mhúineadh ná teagasc aon ádhbhair tré aon teangain; cathaoirleach – chuala a ainm agus ní fios dom cé hé féin ach go bhfuil deimhin den mhéid seo, ní fear é go bhfuil “cáil i nÉirinn air ná ionrádh i n-Albain”. Sin an triúr anois agat go moltar dúinn bás nō eiséirghe Gaedheal d’fhágaint fúthá tar éis do’n Phiarsach bocht seasamh os cóir gunnáí Gall, tar éis dóibh an tAghasach a thachtadh agus tar éis dóibh an Suibhneadh a chur ‘na searghuighe go héag. ('Stocktaking', *CS*, Lúnasa 1930, Ich. 5).

San eagrán céanna, chuir Caitlín Ní Bhuachalla tuairimí Bhuan–Choiste Chumainn ollúna na gColáistí Ullmhúcháin in iúl ag cosaint obair na gcoláistí úd.

Dúirt sí nár ghá ach féachaint ar thorthaí na scrúduithe sna coláistí le feabhas a gcuid oibre a chruthú. (Feic nota 57)

I rith na tréimhse seo bhí foshruth an aighnis idir Conradh na Gaeilge agus an Rialtas ag rith tríd na haitl ar chúrsaí oideachais. Cé gur an-chéim ar aghaidh agus ábhar mórtais iad bunú na seacht gcoláistí ullmhúcháin i 1927 chun daltaí meánscoile a ullmhú mar mhúinteoirí lán-Ghaeilge agus an t-ardú deontais a thug Earnán de Blaghd do Choláiste na hOllscoile, Gaillimh chun cúrsa trí Ghaeilge a chur ar fáil, níor tugadh mórán aitheantais do na clochmhílte teanga seo i bpríomhnuachtán Gaeilge na linne – an *CS*- rud a chruthaíonn doimhneacht agus daille an easaontais a bhí idir an dá ghrúpa ag an am. Cé gur an-chéim ar aghaidh a bhí ann, tagraíodh do bhunú Scoil Mhuire agus bhunú scoil lán-Ghaeilge na mBráithre Críostaí sa *CS* ach i gcás teagasc na Gaeilge sna meánscoileanna go ginearálta agus caighdeán na gcoláistí ullmhúcháin cáineadh atá mar bhunábhar na n-alt. B’ amhlaidh an scéal i gcás chaighdeán na Gaeilge sna hollscoileanna.⁵⁸ Ach an féidir an milleán iomlán a chur ar an Rialtas agus ar shocruithe Rialtais de bharr easpa forbartha na Gaeilge sa chóras oideachais ag an am seo? Ar bhealach amháin, is féidir a rá go rabhthas ag brath an iomarca ar obair agus ar thoil mhúinteoirí, bhainisteoirí, thuismitheoirí agus scoláirí chun an Ghaeilge a fhí isteach i ngnáthshaol na ngnáthdhaoine, gné d’athbheochan na Gaeilge a phléigh an tOllamh Michael Tierney agus Osborn Bergin i *Studies* i mí an Mhárta 1927.⁵⁹

Bhí a lán oibre le déanamh i ngnó atógáil na tíre agus bhí páirt nach beag ag drochstaid eacnamaíochta na hÉireann in easpa dhul chun cinn na Gaeilge sa tír i

rith na mblianta seo. De thoradh na bhfadhbanna eacnamaíochta seo, samhlaíodh do Chonradh na Gaeilge, nach amháin nach raibh an Rialtas ag déanamh a dhícheall ar son na Gaeilge ach de bharr socruithe áirithe ar nós an chló Ghaelaigh, go raibh an Rialtas ag obair i gcoinne na Gaeilge, rud gur féidir a bhréagnú sa lá atá inniu ann agus sinn ag féachaint siar ar an iarracht a rinneadh ó bhunú an Stáit go 1932, chun an Ghaeilge a fhorbairt mar theanga oifigiúil na hÉireann.

Mar sin féin, ní féidir gan cuid den mhilleán a leagadh ar pholaitíocht inmheánach Chonradh na Gaeilge féin le Rialtas na hÉireann idir 1922–1932 mar bhac a chuir isteach go mór ar dhul chun cinn na Gluaiseachta agus dá bharr ar dhul chun cinn na Gaeilge. San eagarrhocal deireanach a scríobhadh ar an *CS*, rinneadh moltaí maithe chun feabhas a chur ar thodhchaí na gluaiseachta agus bhí an ‘síorchlamhsán’ ar cheann de na constaicí a luadh ann. Dúradh fostá san eagarrhocal ar an dara lá de mhí Aibreáin 1932 gur chuir tionchar na polaitíochta obair Ghaelú na tíre siar deich mbliana. Tar éis iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh ar imeachtaí na Gaeilge de réir mar a cuireadh i láthair i gcolúin an *CS* iad, ní féidir a shéanadh nach amháin go bhfuil rian na fírinne san eagarrhocal ach fostá gur chuir na fo-shruthanna go mór i gcoinne pé dul chun cinn a rinneadh. Ón bhfíanaise atá os ár gcomhair i gcolúin an pháipéir i rith na tréimhse, níl aon amhras ach gurbh fhearr leis an eagraíocht cloí le comhairle agus prionsabal Dhubhglais de hÍde i 1915 agus polaitíocht a choinneáil glan amach as gluaiseacht na Gaeilge.⁶⁰

Caibidil a hOcht : Conclúidí

Bhí cúig phríomhchsupóir ag an tráchtas seo :

1. *Cuspóir Staire a bhí dirithe ar chúrsaí teanga do léitheoir an lae inniu:*

Ról an **CS** mar fhoinse staireúil ar chéimeanna forbartha athbheochan na Gaeilge, na litríochta Gaeilge agus ar ról na Gaeilge sa chóras oideachais a léiriú.

2. *Cuspóir Tuairisceoireachta ar chúrsaí tire don ré inar cuireadh an CS i gcló agus don lá atá inniu ann:* Iniúchadh a dhéanamh ar an léargas

breise a fhaightear ar cheann de na tréimhsí ba ghníomhaí agus ba chorraithí i gcúrsaí staire na hÉireann trí bhuntuairimíocht agus bhunfhealsúnacht na tréimhse, mar a léirítear sa pháipéar í, a scrúdú.

3. *Cuspóir Iriseoireachta:* Líne forbartha na hiriseoireachta Gaeilge chomh

fada le bunú an **CS** a rianú agus tábhacht an pháipéir a mheas mar chuid d'iriseoireacht na Gaeilge mar nuachtán mionteangach. Thairis sin, an pháirt ghníomhach a ghlac an **CS** i dtuairisceoireacht agus i gcaomhnú chuntas bhunaidh eachtraí staireúla na hÉireann, mar aonad ann féin de phreas na hÉireann, sna blianta inar cuireadh i gcló é 1899-1932, a scrúdú.

4. *Cuspóir Teanga:* Ról an **CS** a mheas i gcur chun cinn na Gaeilge mar

theanga oifigiúil na hÉireann ina lán gnéithe de chruthú an náisiúin – i gcúrsaí polaitíochta, i gcúrsaí na Gaeilge féin, i gcúrsaí gnó, i gcúrsaí litríochta, i gcúrsaí oideachais agus i gcúrsaí litearthachta sa tstí gur líon

sé an bhearna idir bunábhar léitheoireachta a sholáthar do fhoghlaimeoirí na Gaeilge agus litríocht fhiúntach a sholáthar a mbeadh tóir uirthi ag daoine a raibh ardchaighdeán Gaeilge acu. Léargas a fháil ar na príomhghnéisithe d'athbheochan na Gaeilge a raibh tionchar an *CS* orthu trí iniúchadh a dhéanamh ar ábhar an pháipéir idir thuairisci ar chúrsaí thíre, ar ailt ar chúrsaí na Gaeilge féin agus ar na hathruithe a cuireadh i gcrích agus ar cuireadh túis leo ina lán gnéithe de chur chun cinn na Gaeilge sa tréimhse a cuireadh an *CS* i gcló 1899–1932.

5. *Clárú* : Clárú a dhéanamh ar ailt, eagairfhocail agus litríocht a cuireadh i gcló sa *CS* ó 1899–1932. (Tá an tréimhse 1903–1909 déanta cheana féin ag an údar seo in *Eagarthóireacht Phádraig Mhic Phiarais ar an gClaidheamh Soluis*.

8.1 Feidhm, Cúlra agus Forbairtí an CS

Ba í an phríomhaidhm a bhí ag an *CS* ná pobal léitheoireachta Gaeilge a chruthú ionas go mbeadh a háit féin ag an nGaeilge mar theanga bheo, labhartha a mbeadh bunús maith léitheoireachta agus scríbhneoireachta aici. Ní féidir a mhaíomh gur éirigh leis an bpáipéar pobal léitheoireachta iomlán Gaeilge a chruthú ach is cinnte go raibh ról tábhachtach aige mar bhunchloch na hiriseoireachta Gaeilge.

Don tráchtas seo, rinneadh tábhacht agus ról an *CS* a mheas in dhá tréimhse – an tréimhse inar cuireadh i gcló é agus an tréimhse nua-aimseartha, ‘sé sin sa lá atá inniu ann, tréimhse ina bhfeictear torthaí na ré inar cuireadh i gcló é.

Pléadh feidhm an *CS* mar *nuachtán* i ré thosaigh iriseoireacht na Gaeilge agus i suíomh nuachtán agus irisí i gcoitinne, agus mar *cháipéis staire* don lá atá inniu ann a bhfaightear breis sonraí, eolais agus tuisceana ar fhorbairtí teanga, litríochta, oideachais agus téacs sna blianta 1899–1932.

I gCaibidil a hAon léiríodh an tábhacht a bhain leis an *CS* i measc na nuachtán Éireannach agus rianaíodh an fhorbairt ó cholúnaíocht na Gaeilge i ngnáthnuachtáin na linne go bunú na n-irisí Gaeilge. Ar leibhéal níos leithne pléadh an dóigh gur chuidigh forbairt iriseoireacht mhionteangacha eile le cur chun cinn na mionteangacha féin, gné a chuidíonn leis an tuairimíocht gurbh fhiú nuachtán dá leithéid a bhunú chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar ghnáththeanga chumarsáide na hÉireann. Níl aon amhras áfach, ón bhfianaise atá os ár gcomhair sa *CS* gur chuir cúrsaí polaitíochta agus cúrsaí eacnamaíochta na hÉireann cosc mór leis an dul chun cinn.

Mar a insíonn Marie–Louise Legg dúinn, ba ghné thábhachtach eile a bhain le bunú nuachtán ag túis an chéid seo caite ná teideal an nuachtáin. Nuair a scrúdaítear na hathruithe agus na forbairtí a cuireadh i bhfeidhm ar an *CS* gach uair a athraíodh an teideal, tuigtear an éifeacht agus an siombalachas a bhain leis. Ní hamháin sin ach déantar cur síos ar mhiniú agus ar fháth an teidil nua sa

nuachtán féin nuair a athraíodh é le cur in iúl do léitheoirí an pháipéir a thábhachtaí is a bhí an teideal mar shuaitheantas do ghluaiseacht na Gaeilge. Is léir ón tú斯 nach socrú éasca a bhí ann i gcónaí ach an oiread, nuair a fheictear cuntas áirithe an Choiste Gnó agus na n-Ard-fheiseanna.

I gcomhthéacs mionchuntais agus eolas breise a fháil ar eachtraí stairiúla na ré inar cuireadh an *CS* i gcló, bhí tionchar ar leith ag scríbhneoirí, eagarthóirí agus ag coiste bainisteoireachta an pháipéir ar stair na hÉireann. Mar sin faightear léargas breise ar mheon agus ar fhealsúnacht na gceannairí a raibh baint mhór acu le atógáil sprid agus meanma chine cloíte agus a raibh páirt ghníomhach acu i gcruthú agus i mbunú an Stáit nua. Sa tstí sin cuireann an páipéar le tuiscint a léitheoirí ar eachtraí a tharla céad bliain ó shin ach go bhfuil a dtionchar fós le feiceáil ar shochaí, ar litríocht, ar chúrsaí oideachais agus ar chúrsaí teanga na tíre sa lá atá inniu ann.

B'íad na príomhghnéisithe a tháinig chun cinn sa *CS* i mblianta tosaigh an pháipéir ná na deacrachtaí agus na fadhbanna a bhain le bunú nuachtáin de chineál ar bith – deacrachtaí clódóireachta, fógraíochta agus ciorcláiochta. Cé go raibh méadú mór ar chiorcláiocht an pháipéir sa bhliain 1900, fós, bhí caillteanas ann. I mí Aibreáin 1901, cláraíodh an chiorcláiocht mar thrí mhíle, dhá chéad cóip. Tháinig feabhas mór air i 1902 nuair a méadaíodh an *CS* féin go ceithre leathanach is fiche. Ina theannta sin, bhí tionchar bhunú an Chló-Chumainn le

feiceáil go soiléir i 1903 le méadú fiche fán gcéad ar orduithe don chlódóir agus leis an bhfeabhas mór ar ioncam na bhfógraí.

Bhí constaic mhór le sárú sna blianta tosaigh gurbh é an Béarla príomhtheanga na ngnáthdhaoine agus dá bharr, go raibh caighdeán litearthachta an Bhéarla i bhfad níos fearr ná caighdeán litearthachta na Gaeilge.¹ Chun an fhadhb seo a réiteach, úsáideadh a lán Béarla sa *CS* chun teachtaireacht na gluaiseachta a scaipeadh ionas go dtuigfeadh pobal an Bhéarla a raibh suim acu sa Ghaeilge, gurbh fhiú an Ghaeilge a athbheochaint agus í a chur in úsáid mar ghnáththeanga na ndaoine arís. Ar an iomlán, i rith na tréimhse seo, bhí ábhar an pháipéir dírithe ar chur chun cinn na Gaeilge agus dá bhrí sin, ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge. Mar sin, cé gur tháinig feabhas ar chúrsaí díolacháin, ba ar phobal cathrach a bhí bunús an pháipéir dírithe. Ní dócha gur chabhraigh úsáid an Bhéarla go mór le díol an pháipéir taobh amuigh de na cathracha, ámh, mar, mar a phléann Dorothy Ní Uigín(1999), ní raibh mórán tionchair ag irisí Gaeilge na hAthbheochana ar chainteoirí dúchais na Gaeilge.²

Ar ndóigh, i rith na tréimhse tosaí seo, bhí tábhacht ar leith ag baint leis an bpreas mar uirlis chumarsáide agus ní hamháin go raibh sé riachtanach go mbeadh a fhoilseachán oifigiúil féin ag Conradh na Gaeilge ach bhí sé práinneach go mbeadh an foilseachán sin mar bhealach cumarsáide idir pobal na Gaeilge uile agus gluaiseachtaí mionteangacha eile. Sa tslí sin, saghas comhartha a bheadh ann d'athbheochan na Gaeilge.

Bhí an tréimhse 1909–1917 ar cheann de na tréimhsí a ba dheacra ó thaobh nuachtáin na hÉireann uile le cinsireacht agus le cíorthuathail na tíre i gcoitinne. Thit díol an pháipéir toisc go raibh an – tóir ar nuacht ar an iomlán agus theastaigh ó dhaoine a bheith ábalta an nuacht a léamh agus a thuiscint gan stró. Mar sin foilsíodh tuilleadh Béarla sa pháipéar arís chun cabhrú le díol an pháipéir. Rinne Pádraig Ó Riain, mar Bhainisteoir agus Seán Mac Giollarnáth mar Eagarthóir sár-obair chun an páipéar a fheabhsú i rith na tréimhse seo agus cé gur cuireadh athruithe móra i bhfeidhm ag deireadh na bliana 1913, níor tháinig mórán feabhas ar an scéal. Nuair a cuireadh na hathruithe i bhfeidhm ar dtús, méadaíodh ar dhíol an pháipéir go 7,000 cóip in aghaidh na seachtaíne ach níorbh fhada gur laghdaíodh ar dhíol an pháipéir arís go 3,000 cóip.

Tugann Hugh Oram le fios dúinn gurbh í an tréimhse tar éis Éirí Amach 1916 go deireadh an Chogaidh Chathartha an tréimhse ba chorraithí i stair nuachtáin na hÉireann agus tacáíonn fianaise dhul chun cinn an **CS** agus tuairisceoireacht an pháipéir gurbh amhlaidh a bhí sé sa tréimhse a bhí i gceist. Na nuachtáin nár cuireadh as cló de bharr fadhbanna cinsireachta, cuireadh as cló iad toisc fadhbanna airgeadais a bhí mar thoradh díreach ar dhrochstaid eacnamaíochta na linne. D'ainneoin na cinsireachta, na gcontúirtí agus na sciuirdeanna pólíní ar oifigí an **CS** féin agus ar oifigí Chonradh na Gaeilge, b'éachtach an obair a rinne bainisteoirí agus eagarthóirí an pháipéir i rith na mblianta 1916–1921. Seachas tréimhse an Éirí Amach féin, níor cailleadh eagrán seachtainiúil i rith na mblianta míshuaimhneacha seo ach amháin nuair a cuireadh cosc ar nuachtáin Ghaeilge

uile ón bhfichiú lá de mhí Mheán Fómhair 1919 go dtí an dara lá is fiche de mhí na Samhna 1919. Níl aon amhras ach go léiríonn leanúnachas an fhoilsithe an díograis a chaití leis an bpáipéar agus a thábhachtaí is a bhí sé uirlis chumarsáide Gaeilge a chur ar fáil i rith na tréimhse trodáí seo.

Tháinig feabhas ar éileamh an *CS* leis an méadú a rinneadh ar mhéid na Gaeilge sa pháipéar nuair a thosaigh Piaras Béaslaí ar a thréimhse eagarthóireachta i mí Dheireadh Fómhair 1917. Dhíol an páipéar as féin don tréimhse ghearr seo ach fós bhí a lán constaicí le sárú agus ba chonstaicí iad a mbeadh a rian le feiceáil ar Éirinn go ceann i bhfad. Ar ndóigh feictear tionchar díreach staid polaitíochta na hÉireann ar an bpáipéar sna blianta 1917–1919 toisc a mhéid ama a chaith Piaras Béaslaí féin i bpríosún agus é ina eagarthóir lánaimseartha ar an *CS*. Cé go gcaithfear fadhbanna clódóireachta a chur san áireamh festa, b’iad an dá chonstaic ba mhó a chuir isteach ar dhul chun cinn an pháipéir ó 1917 – 1921 ná ganntanas páipéir (mar thoradh ar Chogadh Domhanda a hAon) agus staid pholaitíochta na hÉireann. Nuair a chuirtear san áireamh gur laghdaíodh ar theideal an pháipéir fiú amháin chun tuilleadh spáis a dhéanamh d’ábhar an pháipéir, tuigtear an ghéarchéim a bhí ann.³ Tugann an tEagarfhocal ‘Fear Eagair i nGéibhinn’, ar an naoú lá de mhí an Mhárta 1918, léargas maith dúinn ar an bhfrustrachas a bhain leis na deacraíochtaí seo.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ábhar an *CS* féin agus ar na constaicí a sáraíodh i rith na tréimhse seo, tá sé ríléir go raibh a stádas agus a sheasamh féin ag an *CS* i bpreas uile na hÉireann a thugann tuilleadh eolais agus léargais dúinn ar

eachtraí stairiúla na linne. Ón bhfianaise atá os ár gcomhair sa pháipéar, ní féidir gan a bheith buíoch de leithéidí Phiarais Bhéaslaí agus Risteard Uí Fhoghluadh ('Fiachra Éilgeach') as an dea-obair a rinne siad chun ábhar an pháipéir a choinneáil suimiúil, tráthúil agus nua-aimseartha i rith an ama seo. Ró-mhinic a dhéantar dearmad de na daoine diograiseacha seo a d'oibrigh go dian dícheallach agus iad ag streachailt chun constaicí móra a shárú. Murach na h-iarrachtaí a rinne siad, ní dócha go mbeadh an *CS* ag léitheoirí an lae inniu mar cháipéis staire ar imeachtaí na linne. Le ceapadh Choilm Uí Mhurchú feictear na gnáthfhadhbanna – ceist an chló Rómhánaigh agus méadú an pháipéir mar shampla, ag teacht chun cinn arís. Ach ba chuma cé a bhí i mbun eagarthóireachta nó bainisteoireachta níor réitíodh fadhb bhunúsach an pháipéir 'sé sin, líon léitheoirí an pháipéir a mhéadú ionas go méadófaí ar chiorcláiocht phríomhnuachtán Gaeilge na linne. Mhéadófaí ar an gciорcláiocht dá méadófaí ar líon na bhfógraí ach nuair a chloiseadh lucht na bhfógraí nach raibh sé i gceist ach míle, ocht gcéad cóip den *CS* a chlóbhualadh, muna raibh fiorshuim acu sa Ghaeilge, cheap siad nár bhí fhiú an iarracht. Ba chonstaic mhór í seo i gcás líon léitheoirí an pháipéir sa tréimhse 1916–1921.

Caithfear tréimhse 1922–1926 an *CS* a mheas i gcúlra polaitíocha na hÉireann i rith na mblianta úd. Mar a dúradh san eagarrhocal 'Sinn Féin', ar an seachtú lá de mhí Eanair 1922 gur cheangal idir Gaeilgeoirí theas, thuaidh, thoir agus thiar a bhí sa pháipéar. Léiríonn ábhar an pháipéir gurbh amhlaidh a bhí sé.

Sáraíodh a lán deacrachtaí clódóireachta agus riarracháin ach d'inis corraíl na hÉireann i rith na tréimhse seo a scéal féin i gcomhthéacs dhul chun cinn an *CS* féin. Bhí tionchar dhrochstaid eacnamaíochta na hÉireann le brath go láidir ar an bpáipéar, ní hamháin ó thaobh dhíol an pháipéir féin de ach ó thaobh costais chlódóireachta agus easpa fógraíochta de chomh maith.

Ar an gcéad lá de mhí Iúil 1922, le cur i bhfeidhm crutha nua ar an bpáipéar, sonraíodh an dea-ghiúmar agus an dóchas go raibh an *CS* ar bhealach a leasa ar deireadh ach níor mhair an dóchas nua seo i bhfad. An tseachtain dár gcionn, bhí athrú scéil i gcolúin an pháipéir le gairmscoile bhriseadh amach an Chogaidh Chathartha.⁴ B'iad na gnéithe ar leith a chuir isteach ar dhul chun cinn an pháipéir i rith na tréimhse seo ná : cúrsaí cinsireachta arbh é a dtoradh ná gur shocraigh Conradh na Gaeilge cosc ionlán a chur ar fhoilsíú an nuachtáin ar feadh tréimhse gearr toisc go raibh an oiread sin spásanna folmha fágtha sa pháipéar; creachadóireacht an Chogaidh féin mar dódh innill an chlódóra; cúrsaí taistil mar bhí sé ró-dháinséarach agus d'fhág sé sin gur fágadh Cúige Mumhan agus Cúige Chonnachta go minic gan cóipeanna, gan trácht ar Chúige Uladh; cúrsaí tráchtála toisc nach raibh an t-airgead ag lucht gnó airgead a chaitheamh ar fhógraíocht i nuachtán nach raibh ciorclaíocht ard aige. Gan trácht ar ailt, eagarfhocail agus tuairisci reatha an *CS* tugann na coinníollacha seo léargas cuimsitheach dúinn ar na constaicí a bhí le sárú ag preas na hÉireann i gcoitinne i rith bhlianta an chogaidh sin.

Faoin mbliain 1924, ba ríléis do chonraitheoirí muna n-athróidís polasaí an pháipéir go mbeadh deireadh leis gan mhoill. Dá bharr, feictear claonadhbheocháin agus foghlamtha ar an *CS* ó 1924 go 1926, le méadú sa cholún oideachais. Ba ghníomh fadbhreatheannaitheach, forásach an beartú seo toisc go raibh géarghá le hábhar teagaisc sa Ghaeilge toisc an tseasaimh nua a bhí ag an nGaeilge sa chóras oideachais.

Léiríonn bunú ‘Cumann na nEagarthóir nGaedhealach’ i mí Aibreáin 1925 an t-athrú mór a bhí tagtha ar ról iriseoireacht na Gaeilge. Thuig lucht na hiriseoireachtaanois an tábhacht agus an ról a bhí acu i gcur chun cinn na Gaeilge. Sa lá atá inniu ann méadaíonn léirmheasanna na n-irisí Gaeilge sa *CS* an tuiscint atá againn ar chaighdeán iriseoireacht na Gaeilge agus ar an stádas a bhí ag irisí Gaeilge. Bhí iriseoireacht na Gaeilge ag briseadh amach mar aonad inti féin a raibh a lucht leanúna féin aici agus éileamh á chruthú aici i measc phobal na hÉireann.

Ar ndóigh, níor chabhraigh éiginnteacht chúrsaí airgeadais an Chonnartha féin le forbairt an pháipéir. Ceapadh na bainisteoirí ar bhonn sealadach i rith na tréimhse seo agus cé gur socraíodh ar thuarastal beag, bunúsach a thabhairt dóibh, bhí siad ag brath ar theacht isteach na bhfógraí chun breis a chur leis agus mar atá pléite cheana, níorbh fhiú an iarracht de bharr dhrochchoinníollacha eacnamaíochta na tíre. De thoradh na héiginnteachta seo, socraíodh go ndéanfaí páipéar deonach, míosúil den *CS* ar an aonú lá déag de mhí na Bealtaine 1926.

Cé go ndearnadh an-iarracht an *CS* a choinneáil ar an bhfód sa tréimhse dheireanach seo 1926–1932, ar dtús cuireadh béis ar athbheochan na nGaeltachtaí agus ina dhiaidh sin, cé gur éirigh leo páipéar seachtainiúil a chur ar fáil arís, ba léir go raibh gá le coincheap nua i gcomhthéacs na hiriseoireachta Gaeilge de. Bhí athrú mór tagtha ar éilimh agus ar riachtanais phobal na Gaeilge ó cuireadh an *CS* ar bun in 1899 go dtí lár na bhfichidí nuair a bhí stádas áirithe bainte amach ag an nGaeilge agus toisc obair Chonradh na Gaeilge go háirithe i mblianta tosaigh an chéid, bhí feabhas áirithe tagtha ar litearthacht phobal na Gaeilge.⁵ Ba ghá anois iris a sholáthar a shásódh éilimh phobal nua – aimseartha na Gaeilge, iris a mheallfadh daoine i ngach aoisréim. Bhí súil ag Conradh na Gaeilge agus an gCumann Lúthchleas Gael go gcomhlíonfadha *An Camán* riachtanais an phobail nua seo idir óg is aosta.

8.2 Dul chun cinn agus athruithe na Gaeilge

Níl aon amhras ach gur chomhlíon an *CS* an dualgas a bhí air mar shuaitheantas do Chonradh na Gaeilge, mar sa ré inar cuireadh i gcló é, tugadh cuntas agus tuairisci cruinne ar imeachtaí Chonradh na Gaeilge féin agus ar dhul chun cinn na teanga. Don lá atá inniu ann, is léargas cuimsitheach, cothrom iad na cuntas seo i gcolúin an pháipéir ar iarrachtaí, ar bhuananna agus ar laigí ceann de na heagraíochtaí a ba ghníomhaí ag tús an chéid seo caite. Ní gá ach féachaint ar na conspóidí a pléadh i gcolúin an pháipéir a líonann bearnaí éagsúla ar stair an Chonartha féin isteach dúinn – an tslí gur éirigh P.J. Keawell as an mbainisteoireacht agus Miss O’ Reilly as an gcoiste eagarthóireachta de bharr

chonspóid na bPan–Cheilteach sa bhliain 1899 agus an t-aighneas a cothaíodh i measc bhaill áirithe na gluaiseachta toisc an tseasaimh a ghlac Eoghan Ó Neachtain ar obair Father White agus Father Farragher ar son na Gaeilge in Árainn, ina measc, chun stair na gluaiseachta a ríomh.

Ní mór a choinneáil i gcuimhne gur phostanna iad seo a raibh an-tóir orthu ag an am seo. Tionscal é a bhí ag fás agus ag borradh ag túis na haoise seo caite agus bhí postanna dá leithéid tarraigteach toisc iad a bheith chomh nua- aimseartha sin. Chuir seacht nduine dhéag isteach ar bhainisteoireacht an CS nuair a d'éirigh P.J.Keawell as sa bhliain 1901. Nuair a chuirtear san áireamh gur pháipéar é a bhí ag iarraidh teanga neamhfhorleathan a chur chun cinn agus a raibh an teanga sin riachtanach le bheith mar eagarthóir air, is cinnte go rabhthas ag díriú ar mhionlach a raibh an Ghaeilge acu ó dhúchas nó a raibh a gcuid Gaeilge foghlamtha acu agus a bhí sásta cur futhu i mBaile Átha Cliath. D'ainneoin na srianta cúnga sin, chuir seacht nduine dhéag isteach ar an bpost. Chomh maith leis sin, léiríonn frithghníomhú an Choiste Gnó ar shleachta Eoghain Uí Neachtain sa pháipéar ar an gconspóid faoi Oileáin Arann an chumhacht agus an tionchar a bhí ag an bpáipéar ag an am mar mheán cumarsáide agus mar uirlis do ghluaiseacht na Gaeilge. Níor theastaigh ón gCoiste go gcaillfi an seasamh agus an clú a bhí bainte amach acu mar eagraíocht náisiúnta a raibh ionadaithe ann ó ghrúpaí cumhachtacha, creidiúnacha, uaisle na hÉireann. Bhí stádas agus seasamh ag an gConradh ag an am seo i measc mheánaicme na tíre go háirithe agus bhí sé riachtanach go dtuigfeadh eagarthóir uirlis oifigiúil na gluaiseachta an phribhléid a bhain leis an bpost sin. Nuair a chuaigh Eoghan Ó Neachtain thar

fóir leis an gcáineadh ar Father Farragher agus Father White, réitíodh an fhadhb láithreach nuair a tugadh le fios dó go raibh sé ar tí a bheith briste as a phost. Léiríonn an méid seo a dháiríre is a glacadh leis an bhfocal clóite agus leis na tuairimí a nochtadh sa *CS*. Ní rachfaí sa bhfiontar go ndéanfaí tuilleadh dochair don ghluaiseacht ná don teanga féin. Cé go raibh an ceart acu sa chás seo, ní féidir a shéanadh go ndearna Eoghan Ó Neachtain sár –obair ar son na Gaeilge agus gurbh inti a raibh a chroí agus é ag plé na conspóide seo.

Ba cheann de phríomhaidhmeanna na Chéad Dála ná an Ghaeilge a chur chun cinn agus baineadh úsáid as colúin an *CS* chun élimh na Gaeilge a chur ar aghaidh agus a choinneáil suas chun dáta. Ní féidir gan ról an *CS* mar uirlis chumarsáide Ghaeilge na linne a chur san áireamh nuair a phléitear ról daoine tábhachtacha Chonradh na Gaeilge sa Chéad Dáil – timirí , Leas–Uachtarán, Ard–Rúnaí an Chonartha agus Eagarthóir an *CS* ina measc. I rith na mblianta 1920–1921 phléítí easpa úsáid na Gaeilge i gcúrsaí na Dála go rialta sa *CS* agus ba mhinic a thagraíti do nuachtáin náisiúnta eile nach ndéarnadh iarracht ar bith óráidí na tuairisci Dála a chur i gcló i nGaeilge.

Is dócha, áfach gur ceann de na díospóireachtaí teanga ba thábhachtaí a pléadh i gcolúin an *CS* i rith na tréimhse 1916–1921 ná an díospóireacht ar an gcló Gaelach agus an cló Rómhánach. Is léiriú maith iad na haitl a scríobh Piaras Béasláí ag túis na bliana 1918 ar chaighdeán scríbhneoireachta na Gaeilge agus cuireann sé tuairimfacht phraiticiúil, réadúil os comhair léitheoirí an pháipéir.

Rinne Colm Ó Murchú iarracht mar eagarthóir ar an **CS** fiúntas an chló Rómhánaigh a chur ina luí ar léitheoirí an pháipéir forsta. Maidir le caighdeán na Gaeilge, cuireadh in iúl gur ghá foclóir ceart a chruthú chun caighdeán ceart a bhunú. I gcomhthéacs iasachtaí ó theangacha eile, dúradh go raibh gá lena leithéid ionas go dtabharfaí an Ghaeilge isteach san fhichiú haois. Ar an iomlán léirigh Piaras Béaslaí agus Colm Ó Murchú dearcadh réadúil, forásach, fadbhreatheannaitheach i gcúrsaí teanga agus sa tslí sin, don lá atá inniu ann, faightear léargas cruinn ar na céimeanna éagsúla a mhúnlaigh agus a chruthaigh caighdeán na Gaeilge mar a cuireadh i bhfeidhm ar deireadh é.

Dá mhéid oibre a bhí curtha i gcrích i gcás ról na Gaeilge i gcúrsaí oideachais faoin am seo, is ea is mó obair a bhí le déanamh air chun í a bhunú mar phríomhtheanga oifigiúil na hÉireann, gné a tháinig chun cinn le foilsíú cáipéisí Rialtais agus le cumadh Bhunreacht na hÉireann. Ar ndóigh, bhí i bhfad níos mó i gceist ná foilsíú cáipéisí. B'éigean do Rialtas na hÉireann meon na ndaoine a athrú i dtreo na Gaeilge ach munar chreid siad féin san obair a bhí le déanamh agus muna raibh siad sásta páipéir oifigiúla na Dála féin a fhoilsíú i nGaeilge, cén maitheas a dhéanfadh caint? Tugann colúin an **CS** le fios dúinn go raibh ré na cainte thart – gníomhartha dearfacha a bhí riachtanach anois agus lean an páipéar gach céim a ghlac an Rialtas ar son nó i gcoinne dhul chun cinn na Gaeilge.

Ar na príomhcheisteanna a pléadh i gcomhthéacs dhul chun cinn na Gaeilge bhí torthaí Choimisiún na Gaeltachta agus cruthú Chaighdeán na Gaeilge. B'é bunús

na bhfoinsí easaontais i gcomhthéacs chruthú Chaighdeán oifigiúil na Gaeilge ná úsáid na gcanúintí agus simpliú na teanga. Léiríonn an **CS** an deighilt mhór a bhí idir cainteoirí dúchais a raibh an Ghaeilge acu ó dhúchas agus na cainteoirí líofa a d'fhoghlaim a gcuid Gaeilge. Tugann dearcadh na n-alt sa pháipéar le tuiscint dúinn go raibh páirt ag muintir na Gaeltachta ar deireadh i ngné amháin de bhunú an Stáit agus go raibh an lámh in uachtar acu ar an gcuid eile den tir sa ghné sin.

Mar sin, ní ghéillfidís go héasca do mholtáí an Rialtais agus don chéad uair le fada i gcolúin an **CS**, braitear an bród a bhí ar mhuintir na Gaeltachta as luach na Gaeilge agus dá dheasca sin go raibh siad sásta troid ar a son. Murab ionann leis an lá atá inniu ann nuair a ghlactar leis gur chuid de Ghaeilge na nGaeltachtaí na téarmaí Béarla agus na hiasachtaí, bhí sé práinneach ag an am sin go bhforbrófaí Gaeilge ghlan na nGaeltachtaí a bheadh mar bhunfhréamh na n-athruithe teanga a bhfeicfí sna blianta le teacht.⁶ Bhí todhchaí na Gaeilge mar theanga shaibhir, dhúchais na hÉireann ag brath ar thacaíocht an Rialtais chun tábhacht agus tosaíocht an Bhéarla, a bhí curtha i bhfeidhm ar ghnáthmhuintir na hÉireann agus ar mhuintir na nGaeltachtaí le blianta anuas, a cheistiú.

D'fhreagair an **CS** éilimh mhuintir na nGaeltachtaí agus sna blianta 1927 go túis 1930, ba é príomhábhar an **CS** ná na Gaeltachtaí a chur chun cinn. Toisc na treorach nua seo is léir ó cholúin an pháipéir gurbh í feidhm bhunúsach an pháipéir ná feidhm bholscaireachta. Tréimhse ghéarchéime a bhí ann gan dabht agus ionas go ginnteofaí todhchaí an **CS**, bhí sé riachtanach béim mhór a chur ar athbheochan na Gaeilge go príomha agus neamhaird a dhéanamh de

ghnáthchúrsaí eile a bhí mar ghné rialta den pháipéar ó 1899 ar aghaidh. Athrú mór a bhí i gceist agus ba é ‘Máire’ an duine a chuir túis leis an gclaoanadh nua seo agus a chuir cás na nGaeltachtaí chun cinn. Ba léir faoin am seo go raibh an réamhobair curtha i gcrích ach anois bhí sé thar am don Rialtas gníomhartha a dhéanamh a léireodh do phobal na Gaeilge go raibh siad iomlán dáiríre faoi chur chun cinn na Gaeilge mar phríomhtheanga oifigiúil na hÉireann.

Foilsíodh tuairisc Choimisiún na Gaeltachta ag deireadh na bliana 1926 agus chuir conraitheoirí an dóchas a bhain leis an dá mholadh is ochtó in iúl i gcolúin an *CS*. Ach de réir mar a d’áirigh an Rialtas na fadhbanna agus na constaicí a bhain le cur i bhfeidhm na moltaí, sonraítear claoanadh drochmheasúil ag teacht ar ailt agus ar eagarrfocail an *CS* i leith pholasaithe an Rialtais nua. Nuair nár glacadh ach le ceithre mholadh déag de mholtáí an Choimisiúin sa Pháipéar Bán i 1927, ba shoiléire ná riagh feidhm bholscaireachta an *CS*. Rinneadh cáineadh mór ar an Rialtas san eagarrfocal ‘An Páipéar Bán’ *CS*, Aibreán 1929. Ba é guth poiblí Chonradh na Gaeilge an *CS* agus baineadh úsáid as chun tuairimí na gluaiseachta a chur os comhair an phobail ach sna tuairisci seo, cé gur cheann de na moltaí a rinne Coimisiún na Gaeltachta ná go réiteofaí na fadhbanna eacnamaíochta sula ndéanfaí dul chun cinn i gcúrsaí teanga, is léir gur tuigeadh gur chóir go bhfaigheadh fadhbanna na Gaeltachta túsaíte ar fhadhbanna eile na tíre. Ar ndóigh ‘Máire’ a bhí i mbun na hoibre seo agus cé go ndearna sé sár-obair ag plé cás na nGaeltachtaí, bhí sé de nós aige neamhaird iomlán a dhéanamh de na hiarrachtaí eile a bhí á ndéanamh in áiteanna eile ar fud na hÉireann chun cás na Gaeilge a chur chun cinn. Sa tsuí seo, ní raibh sé ar aon

intinn le tuairimíocht an Choiste Gnó i gcónaí agus is cinnte gur mhór an dochar ná sochar a rinne dearcadh conspóideach, achrannach ‘Máire’ don ghluaiseacht agus d’uirlis oifigiúil na gluaiseachta – an *CS*. Gné lárnach de thréimhse dheireanach an pháipéir ab ea an t-aighneas a chothaigh ‘Máire’ le grúpaí áirithe den tsochaí, - an Rialtas, an Comhar Drámaíochta agus Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge féin ina measc. Is léiriú suimiúil é a thréimhse eagarthóireachta ar mheon seachránach, corraithe, achrannach a bhí ag iaraidh cuspóirí arda a chomhlíonadh ach a raibh na modhanna a bhí in úsáid aige, go háirithe i gcolúin an *CS* chomh deighilte sin ó mhodhanna an tslua gur fágadh gan tacáiocht ar bith é ó phríomhghluaiseacht na Gaeilge. Ar an taobh eile de, is féidir a mhaíomh, tar éis scrúdú a dhéanamh ar na haitl agus na heagarfhocail, go raibh firinne sa mhéid a dúirt sé faoi Ghaeltachtaí na tíre agus go raibh an aonaracht aigne a léirigh sé sna haitl riachtanach ag an am. Ar an ábhar sin, thuig Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge an tábhacht a bhain leis mar eagarthóir agus gur dhuine cumasach a bhí ann a d’fhéadfadh an-obair a dhéanamh dá leanfadh sé treoracha na heagarthóireachta agus srian a chur ar an nguth pearsanta, searhasach a bhí ríleir ró-mhinic i gcolúin an *CS*. D’fhéadfaí a rá fostá, ar ndóigh gur oir fealsúnacht ‘Máire’ do Chonradh na Gaeilge ag an am toisc easpa tacáiochta an Rialtais dá bpolasaithe. Ar a laghad, bhí ardán dá gcuid féin acu sa *CS* chun aird an phobail a dhíriú ar chás na Gaeilge. I ndáiríre, ag déanamh léirmheasa ar na sleachta seo céad bliain ar aghaidh, ní féidir gan luach na n-alt agus na n-eagarfhocal a chur san áireamh i gcomhthéacs slánú na Gaeltachta. Bhí teachtaireacht bhunúsach na sleachta cruinn, ceart ach mhaslaigh sé an iomarca

daoine maithe, daoine ar nós Earnáin de Blaghd agus Phádraig Uí Bhrolcháin a raibh an-obair déanta acu ar son na Gaeilge cheana.

A mhalairt ar fad a bhí fíor i gcás eagarthóireacht Mhaghnuis Uí Dhomhnaill ach caithfear a admháil nach ndearnadh móran maitheasa i rith a thréimhse eagarthóireachta ach an oiread i gcomhthéacs dearcadh an Rialtais ar sheasamh na Gaeilge i sochaí nua na hÉireann. Léiríonn an chonspóid ar dheardadh Chonradh na Gaeilge i leith easpa dúthrachta an Rialtais a pléadh i gcolúin an *CS* agus in iris oifigiúil pháirtí pholaitíochta an Stáit -*An Reult* - an drochmheas a bhí ag Conradh na Gaeilge ar an Rialtas sna blianta 1929–1930. Is léir ón bpáipéar gurbh é buille na tubaiste ná ceist an chló Ghaelaigh nuair a d'fhógair Earnán de Blaghd (an tAire Airgeadais ag an am), go mbeadh an cló Rómhánach in úsáid mar chló oifigiúil na hÉireann ó 1932 amach, de bharr cúrsaí eacnamaíochta. As an díospóireacht a pléadh ar an ábhar seo i gcolúin an *CS*, tugtar le tuiscint gur ardaíodh an t-ábhar a bheadh mar cheann de na heochracha a d'osclódh doirse Theach Laighean do Fhianna Fáil. É sin ráite, léirigh Maghnus Ó Domhnaill dearcadh cothrom, ciallmhar i dtaobh na ceiste seo, mar eagarthóir ar an *CS*. Thuig sé a thábhachtaí is a bhí sé go réiteofaí ceisteanna eile a bhí níos práinní i gcomhthéacs dhul chun cinn na Gaeilge agus nocth sé a thuairim sa pháipéar. Níl aon amhras faoi fheidhm an *CS* i rith na díospóireachta seo mar dhroichead idir Gaeilgeoirí na gcathracha a bhí ag brath ar an bhfocal clóite agus cainteoirí dúchais na nGaeltachtaí a bhí ag brath ar lucht na gcathracha chun tacaíocht a thabhairt dá gcás.

Mar a léiríonn colúin an *CS* sa tréimhse 1926–1932, cén maitheas a bhí ann a bheith ag caint ar dhul chun cinn na Gaeilge agus ar thógáil stór litríochta na Gaeilge muna raibh gnáthnuachtáin na linne sásta tacú leis an nGaeilge trí cholún Gaeilge a chur sa pháipéar in aghaidh na seachtaine? Bhí dhá chineál léitheoireachta riachtanach faoin am seo, gnáthábhar rialta ar nós cúrsaí reatha agus a leithéid agus litríocht na Gaeilge mar chorpus litríochta inti féin. Muna bhforbrófaí scileanna léitheoireachta trí ghnáthábhar a sholáthar do ghnáthmhuintir na hÉireann, cén dóigh go ndéanfaí forbairt ar an nualitríocht?

Mar a pléadh i gcaibidil a Seacht, ní raibh ach dhá nuachtán – an *Dundalk Examiner* agus an *Enniscorthy Echo* sásta iarracht mar seo a dhéanamh agus i gcás nuachtáin na nGaeltachtaí, a raibh deontas ón Rialtas ar fáil acu chun a leithéid a dhéanamh, ní raibh ach dhá cheann ag fáil an deontais – an *Connaught Tribune* agus an *Connaught Sentinel*. Léiriú é seo ar an streachailt mhór, ar an gcaighdeán iriseoireachta Gaeilge agus ar an éileamh a bhí ar irisí na Gaeilge ag an am. Rinneadh cáineadh mór ar an *Independent*, ar an *Irish Press* agus ar an *Irish Times* sa *CS* i rith na tréimhse 1926–1932 siocair ní hamháin an easpa suime a léirigh siad sa Ghaeilge ach fost a toisc na neamhairde a léiriódh iontu chomh fada agus a bhain le himeachtaí éagsúla ghluaiseacht na Gaeilge. Más féidir glacadh leis go raibh na nuachtáin seo – príomhnuachtáin na linne – chomh mór sin i gcoinne na Gaeilge agus go raibh siad ag freagairt éilimh an ghnáthphobail léitheoireachta in Éirinn, bhí todhchaí dhoshonraithe, ghruama, éadóchasach i ndán don Ghaeilge. Ar ndóigh, níl móran feabhas tagtha ar cholúnaíocht na Gaeilge sa lá atá inniu ann ach tríd is tríd, tugann an *CS* léargas

cuimsitheach dúinn ar na hiarrachtaí tosaigh ar chur chun cinn na hiriseoireachta Gaeilge mar aonad inti féin agus mar chuid imeallach de phreas na hÉireann ó 1926–1932, ach a raibh an – tionchar aige mar uirlis chumarsáide Gaeilge mar fhoinsé léitheoireachta do phobal léitheoireachta na Gaeilge.⁷

8.3 Oideachas

Ní miste ról conraitheoirí áirithe (leithéidí Eoin Mhic Néill agus Dhubhglais de híde) i gcur chun cinn na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann a chur san áireamh nuair a chuimhnítear ar an sár-obair a rinneadh chun áit a fháil don Ghaeilge mar ábhar ar churaclam na scoileanna ag gach leibhéal den chóras, i rith blianta tosaigh an CS. Bhí páirt ghníomhach ag an bpáipéar i gcath an oideachais féin tríd an díospóireacht oscailte a rinneadh i gcolúin an pháipéir chun pobal na Gaeilge a chur ar an eolas faoi na céimeanna tosaigh agus faoi na deacrachtaí a bhí le sarú chun cearta Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann a éileamh agus a bhaint amach. Chomh maith leis sin, nuair a ceapadh Kuno Meyer mar scrúdaitheoir seachtrach ar an gclár meánoideachais, baineadh úsáid as colúin an CS chun an éagóir a rinneadh ar na scrúdaitheoirí eile a léiriú. Bhí an páipéar cothrom i dtuairisci mar seo agus tugadh aitheantas don obair a rinne Kuno Meyer don Ghaeilge ach tugtar le fios sna haitl ar an ábhar gur ghníomh fealltach a bhí ann agus gur socraíodh é d'éagmás plé oscailte leis na scrúdaitheoirí eile ar chaighdeán na scrúduithe.

Gan amhras, ba é ceann de na príomhfheidhmeanna a bhí ag an bpáipéar i mblianta tosaigh an CS ná cur chun cinn na Gaeilge i gcóras oideachais na

hÉireann agus chabhraigh colún oideachais an nuachtáin féin go mór le comhlíonadh an chuspóra seo.

Tháinig athrú mór i gcúrsaí oideachais na tíre le cur i bhfeidhm chlár nua na mbunscoileanna i 1922 agus le Acht an Tinrimh i 1926. Scríobhadh stór cuimsitheach alt ar riachtanais an oideachais Ghaelaigh agus socruthé Rialtais i gcás oideachas na tíre (cosúil leis an dá cheann atá luaite thuas) ó bhunú an Stáit nua i 1922 go 1926. Is cinnte gur thuig lucht bainisteoireachta an pháipéir an tábhacht a bhain le cur chun cinn na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann agus chreid siad gurbh fhiú aird a dhíriú air i gcolúin an pháipéir. Dá bharr, bhí sé ar na hábhair ba rialta agus ba thábhacthaí sa *CS* sna blianta seo. Is cruthú é an méid eagairfhocal a scríobhadh ar an toipic seo agus an spás a tugadh dó sa pháipéar féin ar an díograis a caitheadh leis agus is féidir céimeanna an oideachais Ghaelaigh agus conspóidí an oideachais Ghaelaigh a leanúint go héasca óna bhfuil os ár gcomhair sa *CS* ó bhunú an nuachtáin i 1899 anuas go 1926.

Níl aon amhras áfach go raibh rian den aighneas idir Conradh na Gaeilge agus Rialtas an Stáit ar an bpáipéar sna blianta 1926–1932. Cé gur baineadh amach clocha míle tábhachtacha ó thaobh sheasamh na Gaeilge sa chóras oideachais – bunú na gcoláistí ullmhúcháin i 1927 agus cúrsa Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe, níor tagraíodh do na céimeanna seo i gcolúin an pháipéir. I ndáiríre ba iad príomheilimintí bhlianta deireanacha an pháipéir ná an cáineadh a rinneadh ar chaighdeán na Gaeilge sna coláistí agus fadhbanna múinteoirí i gcoitinne. Fiú sa

ghné seo den pháipéar a raibh ceangal díreach aici le bunchuspóirí an Chonartha féin toisc na hoibre a bhí curtha i gcrích acu ar son seasamh na Gaeilge sa chórás oideachais, ligeadh don pholaitíocht an lámh in uachtar a fháil ar bhunriachtanas phobal na Gaeilge.

8.4 Litríocht

Léirigh an díospóireacht ar an ‘Irish Literary Theatre’ sa *CS* an drochmheas a bhí ag baill áirithe de Chonradh na Gaeilge ar an litríocht Angla-Éireannach.

Thosaigh an cáineadh i mí na Bealtaine 1899 le léiriú an *Countess Cathleen* le W.B.Yeats nuair a rinneadh slad ar an ngluaiseacht nua a rá gur ghluaiseacht Sasanach a bhí ann i ndáiríre toisc gur Shasanaigh formhór na ndaoine a bhí gníomhach ann. B’iomáí tuairim a nochtadh ina thaobh i rith na tréimhse tosaí ach ba é ceann de na guthanna a ba láidre ar an ábhar ná guth D.P.Moran. Chreid sé gur idirthréimhse litríochta a bhí ann ag an am agus gurbh ionann an Ghaeilge féin agus litríocht, i gcomparáid le ‘lingo’ na hÉireann uile, ‘sé sin an Béarla. Bhain sé úsáid as fealsúnacht Tolstoi chun a phointe a léiriú, ‘sé sin nach litríocht cheart a bhí ann mura dtuigfeadh tuataigh na tíre í. Toisc gurbh iad ‘the uneducated’, dar leis, a labhair an Ghaeilge ag an am sin, ba chruthú é sin gurbh ionann litríocht na hÉireann agus litríocht na Gaeilge.⁸ Ach, ar an iomlán, léirigh D.P.Moran cothromáiocht ina chuid tuairimíochta sa *CS* murab ionann leis an dearcadh a léiríodh i gcolúin an pháipéir ar Amharclann na Mainistreach. Níor tugadh cothrom na féinne do bhunaitheoirí na hAmharclainne agus dá dhéine iad na haitl ar fhás na drámaíochta Béarla, b’éadóchasaí ar fad na tuairisci ar dhul

chun cinn na drámaíochta Gaeilge. Ón bhfianaise a fhaightear sa *CS*, is léir gur thuig lucht an Chonartha lochtanna na drámaíochta Gaeilge go maith. Is cruthú maith iad na haitl a scríobhadh uirthi sa *CS* ar an easpa dul chun cinn a rinneadh ar chúrsaí drámaíochta i mblianta tosaigh na fichiú haoise. Tugtar le fios iontu nach raibh caighdeán na haisteoireachta, an léirithe ná caighdeán cumadóireachta na ndrámaí féin ar chomhchéim leis an drámaíocht Bhéarla.

Ní hamháin go raibh moill i gceist i gcás na ndrámaí féin ach chomh maith leis sin, ní raibh mórán éilimh ag muintir Bhaile Átha Cliath, áit a raibh priomháiseanna na tíre i gcomhair na drámaíochta, ar dhrámaíocht na Gaeilge.

B'fhiú go mór an obair a rinne Piaras Béasláí sa ghné seo de litríocht na Gaeilge agus cé nár éirigh leis mórán a dhéanamh ó thaobh dheardadh an phobail ar chúrsaí drámaíochta, le bunú chumann nua drámaíochta i 1913, d'fhorbair sé coincheap na drámaíochta mar genre litríochta inti féin. Feictear trí cholúin an *CS* an tstí gur chabhraigh easpa suime lucht na gCathracha i ndrámaíocht na Gaeilge le teip na drámaíochta Gaeilge i rith na tréimhse a cuireadh an nuachtán i gcló. Gan lucht éisteachta, gan seans beocht agus anamúlacht an dráma a fheiceáil ar an stáitse, chaillfi an draíocht a bhain le drámaíocht.

Tuigtear fáth na drochiarrachta chun drámaíocht na Gaeilge a chur chun cinn as na tuairisci agus as na haitl eile a scríobhadh sa *CS* a bhfuil cl aeradh difriúil orthu, 'sé sin na haitl a chuireann drochchaighdeán maireachtála na ngnáthdhaoine in iúl dúinn.

I gcás fhás na drámaíochta sna blianta 1922 - 1926, cuireadh béim ar an taitneamh a bhain an lucht éisteachta as na drámaí in áit fhiúntas na ndrámaí féin i gcolúin an **CS**.

Bunaíodh ‘An Ridireacht Liteartha’ ag túis 1917 agus ‘Cumann na Sgríbhneoirí’ ag Oireachtas 1920. Rinneadh iarracht trí cholúin an **CS** cuspóirí na gCumann seo a phorbairt agus a chur i gcrích. D’éisigh leo stór litríochta a chur i gcló sa **CS** féin ach siocair gur bunaíodh an dá chumann go príomha chun ábhar léitheoireachta a chur ar fáil, ón bhfianaise a fhaightear sa **CS**, feictear feabhas mór ar obair ‘Chumann na Sgríbhneoirí’ de bhrí go raibh tacáiocht á fáil acu ón Dáil.⁹ Faoin am gur bunaíodh an dara Cumann seo, bhí an Ghaeilge á teagasc ar bhonn dáiríre mar ábhar sna scoileanna agus chiallaigh sé sin go mbeadh éileamh ar leabhair scoile ar a laghad.

Ar ndóigh, bheadh cuid de na leabhair scoile bunaithe ar aistriúcháin agus pléadh díospóireacht ar luach an aistriúcháin nuair a thosaigh Feargus Ó Nualláin ar Ghaeilge a chur ar ‘Shakespeare’ i 1917. Tá sé suimiúil go raibh rian den bhfealsúnacht a léirigh Declan Kiberd ar an aistriúchán i 1998 ar an bhfealsúnacht a léirigh ‘Máire’ i gcolúin an **CS** i 1917, ‘sé sin go gcaithfear síceolaíocht na Gaeilge a thuiscint chun cumadóireacht cheart a dhéanamh i nGaeilge. Ar ndóigh, bhí sé ró-ídéalach a bheith ag caint ar chúrsaí litríochta gan an t-aistriúchán a chur san áireamh toisc na bearna móire a bhí le lónadh. Ach mar a léiríodh sa **CS**, tuigeadh gurbh í Gaeilge na Gaeltachta bunchloch na

litríochta ach go mbeadh gá le háistriúcháin sula mbunófaí stór na nualitríochta Gaeilge. Ó thaobh cúrsaí teanga de tugann na díospóireachtaí seo sa **CS** léargas dúinn ar cheann de na céimeanna a glacadh chun litríocht na Gaeilge agus teicníochtaí teanga a fhorbairt. Mar a deir Caoilfhionn Nic Pháidín i gcás na n-aistriúchán féin:

Is corps neamhchoitianta é, léargas annamh ar ghlúin scríbhneoirí oilte a shaothraigh ceird an aistriúcháin liteartha ar fónamh, taisce luachmhar ar na modhanna inar acláodh teanga go cruthaitheach i gcomhthéacs úr.
(Nic Pháidín, 1998, 157).

Thuig Piaras Béaslaí gur ghá teicníochtaí critice a fhorbairt fosta chun fealsúnacht na litríochta a thabhairt céim níos faide ar aghaidh. Faightear síolta tosaigh na ndíospóireachtaí ar léirmheatóireacht na litríochta Gaeilge i gcolúin tosaigh an **CS**. D'aithin an tAthair Ó Duinnín an géarghá a bhí ann chun foclóir léirmheatóireachta a chruthú ionas go ndéanfaí plé ceart ar litríocht na Gaeilge. Cabhraíonn na haitl seo i 1899-1903 linn, líne forbartha na léirmheatóireachta a rianú.

I rith na mblianta 1916-1921 agus Piaras Béaslaí ag plé le léirmheatóireacht na litríochta, tugann na haitl a scríobh sé ar an ábhar i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 1918 léargas don léitheoir sa lá atá inniu ann, ar chur i bhfeidhm choinchéap agus phrionsabal na léirmheatóireachta luithe sa Ghaeilge.¹⁰

Níor tháinig móran feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta na hÉireann sa tréimhse 1922-1926 ach an oiread. Mar sin, ní haon ionadh nach ndearnadh móran dul

chun cinn i bhforbairt na nualtríochta sna blianta seo nuair a chuirtear na drochchoinníollacha maireachtála san áireamh. Ceist an aistriúcháin an cheist a ba thábhactaí a chráigh scríbhneoirí na tréimhse ach arís, rialaigh fadhbanna eacnamaíochta na socruithe a rinne siad i gcomhthéacs chruthú na nualtríochta sa tréimhse 1922-1926. Nuair a bunaíodh scéim Rialtais ‘An Gúm’ i 1926 chun ábhar léitheoireachta Gaeilge agus téacsleabhair a sholáthar, bhí foinse tuarastail ag scríbhneoirí na Gaeilge don chéad uair riamh.

Sa tréimhse dheireanach, 1926–1932, faightear léargas maith i gcolúin an *CS* ar dhearcadh ‘Máire’ ar fhás na nualtríochta. Ba í bunchloch na litríochta ná teanga bheo na Gaeltachta agus cé go raibh sé ró-dhian ar scríbhneoirí nach raibh an Ghaeilge acu ó dhúchas, bhí bunús maith le bunsmaoineamh an choinchéapa, ‘sé sin, go dtóigfaí nualtríocht na Gaeilge ar bhunchloch daingean agus go gcruthófaí stór litríochta fiúntach ar an gcloch sin.

8.5 Cúrsaí Tíre

Níl aon amhras ach go ndearna an *CS* scáthántacht ar atmaisféar náisiúnach na hÉireann ag túis na fichiú haoise. Ní féidir gan an násc a rinneadh idir cúrsaí tíre agus cur chun cinn na Gaeilge a chur san áireamh ag tabhaint faoi scrúdú a dhéanamh ar ábhar an pháipéis ó thaobh cúrsaí tíre de.¹¹ Cuireadh an-bhéim ar chothú choinchéap na náisiúntachta agus na féiniúlachta i gcolúin an pháipéis sna blianta tosaigh.

Ó thaobh cúrsaí thíre de sa tréimhse seo, cuireadh béim ar leith ar ról na Gaeilge mar chuid lárnach de dhul chun cinn na thíre féin. Creideadh go mbeadh rath ar Éirinn mar náisiún dá n-éireodh le muintir na hÉireann an Ghaeilge a fhí isteach i ngnáthshaol na ndaoine mar ghné bhunúsach den saol Gaelach. Feabhas mór a pléadh i gcomhthéacs chur chun cinn na Gaeilge ar bhonn poiblí ab ea ainmchláir na sráideanna, obair ar cuireadh túis dearfach leis le hainmchlár ‘Sráid Enrí’ i mí Lúnasa 1901.

Feachtas eile ar tugadh a lán fógraíochta dó i gcolúin an pháipéir ab ea an feachtas a ritheadh ar son ainmneacha Gaeilge ar chairteacha. Níor réitíodh an fhadhb seo go dtí 1905 ach is cinnte gur chabhraigh tuairisceoiracht chás Phartoláin Uí Eidhin sa **CS** go mór leis na socruithe a rinneadh ag an deireadh. Socraíodh an t-aighneas le hOifig an Phoist faoin moill a cuireadh ar litreacha a raibh a seoltaí scríofa i nGaeilge acu i 1905. Rinneadh plé mór ar chásanna áirithe sa chomhthéacs seo sa **CS** agus cé léir ó cholúin an pháipéir go raibh a lán oibre le déanamh fós i gcomhthéacs dhearcadh oibrithe áirithe Oifig an Phoist, caithfidh gur chabhraigh an drochphoiblíocht le réiteach na faidhbe. B’annamh a d’fheictí moladh mór d’obair na mban ar son na Gaeilge i gcolúin an **CS** ach i 1901, tugadh aitheantas don obair a bhí ar siúl ag Máire de Buitléir chun mná na hÉireann agus go háirithe mná rialta na thíre a ghríosú chun oibre chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh sa chóras oideachais.

Léirigh ceann de na heagarfhocail a ba luaithe a scríobhadh i mí an Mhárta 1900 sa **CS**, ‘The Blind pelting the Blind’ – an phráinn a bhain le réiteach na

bhfadbanna eacnamaíochta ach ní féidir a shéanadh gur dheardadh caomhnaitheach, cúng a léirítear i gcás phríomhfhadhbanna sóisialta na linne.

Caithfear an dearcadh seo a mheas i gcúlra na ndrochchoinníollacha eacnamaíochta a bhí mar bhunús na sochaí.

I gcás chúrsaí eacnamaíochta na mblianta tosaigh i gcoitinne, pléitear na socruithe idir na Tiarnaí talún agus na tionsontáí ar Chogadh na Talún. Ar ndóigh, ceann de na paimfléidí a foilsíodh ag an ‘Irish Agricultural Society’ ab ea an paimfléid ‘Airgead Saor’, a foilsíodh sa **CS** ar dtús chun cabhrú le feirmeoirí conas a gcearta airgeadais sna bancanna a éileamh. Rinneadh díospóireacht ar na gnéithe de na heagraíochtaí éagsúla a bhí ag cur isteach ar ghnáthmhuintir na hÉireann ag an am ach i gcónaí tionsaíodh an cheist go húsáid na Gaeilge sna heagraíochtaí céanna. Cuid de na samplaí is fearr den chineál iriseoireachta seo i rith na mblianta tosaigh is ea Cogadh na Talún, cás na mBóithre Iarainn, cás na mBancanna, agus easpa úsáid na Gaeilge ag an Irish Parliamentary Party i 1901.

Sa tslí seo faightear léargas ar imeachtaí agus ar chlocha míle eagraíochtaí áirithe i stair ghinearálta na hÉireann ach leantar forbairt na teanga ina lán gnéithe den saol.

Ní raibh rian den pholaitíocht a mhillfeadh an dea-obair a bhí tosaithe sna blianta seo le feiceáil sa tréimhse tosaigh den **CS** agus cruthaíonn fianaise an pháipéir gur chinnte gur fearrde gluaiseacht na Gaeilge gan í.

8.5.1 Tionchar pholaitíocht na hÉireann ar chúrsaí Gaeilge

Tréimhse bhríomhar, fhuinniúil, réabhlóideach ab ea na blianta 1909 – 1917 i stair na hÉireann. Bhí tionchar na polaitíochta le brath go láidir ar Chonradh na Gaeilge féin agus dá bharr ar fhorbairt na Gaeilge. Tugann colúin an *CS* fianaise dúinn a léiríonn go ndearna claoadh polaitíochta Chonradh na Gaeilge ó 1913 ar aghaidh an–dochar do Għluuiseacht na Gaeilge. I ndáiríre as an bhfianaise os ár gcomhair sa pháipéar, ba ag an am seo a tháinig laghdú mór ar għniomhaíochtaí na teanga agus níl aon amhras ach go bhfuair cúrsaí polaitíochta na linne tosaíocht ar cheisteanna eile na tréimhse.

Feiectar rian na polaitíochta ar an ngluaiseacht ó 1910 ar aghaidh sna díospóireachtaí a pléadh ar Rialtas Dúchais sa *CS*. Cé gurbh é príomhábhar na n-alt ná seasamh na Gaeilge sa Rialtas Dúchais, ba léir ón túis gur sháraigh práinn fhadhbanna polaitíochta na linne na fadhbanna teanga. Tháinig an bile sa bhuaic ar ndóigh leis an alt a scríobh Eoin Mac Néill ‘The North Began’, ar an aonú lá de mhí na Samhna 1913. Dúradh gurbh é an t-alt seo faoi deara bhunú na n-Óglach. Bhí ré na cainte thart. Is féidir na céimeanna a glacadh sular bunaíodh Óglaigh na hÉireann a rianú go soiléir sna hailt a scríobhadh sa *CS* ag deireadh na bliana 1913. Léiríonn an spás a tugadh do chúrsaí polaitíochta i rith na tréimhse seo an t-athrú meoin a bhí tagtha ar cheannairí għluuiseacht na Gaeilge. De réir fhianaise an pháipéir creideadh gur ghá ceist pholaitíochta a dhéanamh den Ghaeilge ach d’athraigh treo iomlán na gluaiseachta ag an am seo agus ní hé go ndearnadh ceist pholaitíochta den Ghaeilge ach go ndearnadh an pholaitíocht

a fhí isteach go hiomlán i gcúrsaí teanga. Tháinig ceannairí na nÓglach amach lom díreach ag nochtadh a gcuid polasaithe i dtaobh pholaitíocht na hÉireann i gcolúin an CS agus oscalaíonn na hailt fuinneoga dúinn ar shainghnéithe stair na tíre toisc go gcloistear guth agus meon na gceannairí féin sa pháipéar. Ar na daoine a labhair amach i gcolúin an pháipéir ag an am seo, bhí pearsana ann a mbeadh a dtionchar ar bhunú náisiún na hÉireann le feiceáil i stair na hÉireann. Fós sa lá atá inniu ann, is daoine iad a dtugtar aitheantas dóibh as an sár –obair a rinne siad chun an tír a chur ar a boinn féin arís. Foinse bhunaidh atá sa CS sa chomhthéacs seo a bhfaightear sonraí cuimsitheacha ar stair cheann de na tréimhsí ba réabhlóidí agus ba mhó athrú i gcruthú an náisiúin.

Pléadh gnáthfhadhbanna na linne 1909–1917 sa CS fosta ach cé go dtugtar léiriú ar fhadhbanna sóisialta a bhain leis an gCéad Chogadh Domhanda, sonraítear an easpa tuisceana ar bhochtanas na tíre ag an am. Toisc gur díriodh formhór na n-alt ar chúrsaí polaitíocha agus ar fhadhbanna eacnamaíochta na gcathracha, braitear an easpa suime i gcúrsaí na nGaeltachtaí agus i gcur chun cinn na Gaeilge ar an iomlán, ‘sé sin -príomhaidhm an pháipéir nuair a bunaíodh é. Ghoill an dearcadh nua seo go mór ar bhaill áirithe – Dubhglas de hÍde ina measc agus ba é toradh an dearcaidh nua ná gur éirigh sé as Uachtaráin Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1915 nuair a cuireadh rún i bhfeidhm ag Ard–Fheis 1915 go mbeadh neamhspleáchas na hÉireann ar cheann de chuspóirí an Chonartha as sin amach. Ríomhann comhfhereagras an CS scéal Dhubhglais de hÍde agus is cúlra maith iad na litreacha agus na hailt ar na heachtraí a chuidigh leis an socrú a

rinne sé sa deireadh. Cuireadh túis leis an gceist seo sa bhliain 1913 agus líonann tuairisci an CS na bearnaí agus freagraíonn sé na ceisteanna ar an ngníomh tubaisteach seo i gcomhthéacs dhul chun cinn na Gaeilge.

Níor tháinig Seán Mac Giollarnáth (eagarthóir na tréimhse 1909–1917), slán ó na raflaí polaitíochta ach an oiread agus ar deireadh socraíodh go raibh an iomarca polaitíochta á plé sa CS. Nuair a D’éirigh Seán Mac Giollarnáth as an eagarthóireacht, bhíothas á rá gur de bharr na béime a cuireadh ar pholaitíocht i rith na mblianta 1913-1917 a d’éirigh sé as a phost.

8.5.2 Bunú Stát nua na hÉireann

De réir cholúin an CS, tréimhse challshaotha agus chruatain a bhí ann i gcás imeachtaí sóisialta na linne 1916-1921. Níor chabhraigh sé le híomhá phoiblí Chonradh na Gaeilge ach an oiread nuair a cuireadh i leith na gluaiseachta i mí Iúil 1918 gur ‘Cumann Dáinséarach’ a bhí ann agus gur cuireadh imeachtaí na heagraíochta faoi chois dá bharr. Faightear tuairisci cruinne, cuimsitheacha ar eachtraí tábhachtacha i stair na hÉireann don tréimhse 1916–1921. Don ré seo, caithfidh go raibh tábhacht agus ról ar leith ag na tuairisci seo nuair a cuireadh cuid mhaith nuachtán náisiúnach na linne faoi chois.

Scríobhadh stór maith tuairisci ar eachtraí an Chogaidh Chathartha i rith na mblianta 1922-1926. Nuair a chuirtear cinsireacht an phreasa san áireamh níl aon amhras ach go bhfaightear léargas leathan, leanúnach ar stair na tréimhse seo sa CS. Cuireadh an páipéar i gcló gach seachtain ach amháin ón séú lá is fiche de

mhí Lúnasa 1922 go dtí an ceathrú lá de mhí na Samhna 1922, agus sa tslí sin, don lá atá inniu ann fágadh cáipéis staire luachmhar ar cheann de na tréimhsí ba theannasaí agus ba chorraithí i stair na hÉireann. Seachas na buntuairiscí féin ar imeachaí an Chogaidh Chathartha, is gné shuimiúil den tréimhse seo an t-eolas a chuirtear os ár gcomhair ar chruthú theorainn Ulaidh agus an tionchar a bheadh ag méadú na teorann céanna ar chás na Gaeilge. Mínítear an staid seo go mion ag deireadh na bliana 1925.¹² Is léir ón sliocht a scriobhadh i ‘Nótaí’ ar an deichiú lá de mhí Aibreán 1926 an tuairim náisiúnach a bhí ag Conradh na Gaeilge sa chomhthéacs seo. D’ainneoin chíorthuathail na tíre, léirítear an mhuinín a bhí acu astu féin sa sliocht seo mar ghluaiseacht a bhí ag déanamh ionadaíochta ar fhealsúnacht náisiúnach na hÉireann nuair a dúradh, de réir na fianaise a bhí ar fáil i gcúrsaí na hÉireann le fiche bliain anuas, go mbeadh muintir na hÉireann uile ar aon intinn le tuairimíocht an Chonartha i gceann tamaill.¹³

Bhí foshruth thionchar na drochstaide eacnamaíochta mar phríomheilimint na tréimhse seo sa *CS* agus níl aon amhras ach go raibh a tionchar le brath in a lán gnéithe de riadar, de thuairisceoiréacht agus de fhealsúnacht dhul chun cinn an pháipéir i gcoitinne. Níorbh fhiú a bheith ag caint ar athbheochan na Gaeilge gan bunriachtanais na ngnáthdhaoine a bheith sásaithe. Sa tslí seo, is scáthántacht iad na haitl ar chúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta na linne seo 1922-1926 ach toisc chlaonadh na dtuairiscí, líon na staitisticí agus an ghrinneolais a cuireadh ar fáil sna haitl seo, mar a pléadh i gCaibidil a Sé, is dócha gur díríodh príomhábhar an pháipéir ar phobal meánaicmeach a raibh suim acu sna fadhbanna seo ach nach

raibh baint díreach acu leo. Is fianaise mhaith iad na haitl ar anró agus ar streachailt saol na gcathracha agus na tuaithe.

Bhí an tír ag teacht chuici féin agus a saoirse agus a neamhspleáchas féin aici chun a treo féin a roghnú agus i gcolúin an *CS* feictear fás agus forbairt ar mhúnlú aigne nua-aimseartha na hÉireann.

Do léitheoir an lae inniu is dearcadh cúnageantach, coimeádach a fhaightear sa *CS* i gcomhthéacs nósanna sóisialta na linne 1926-1932. Tuigtear ón bpáipéar go raibh an baol ann go gcaillfi traidisiúin na hÉireann ar mhaithe le nósanna nua – aimseartha, nua-fhaiseanta. Rinneadh iarracht na nósanna traidisiúnta a chaomhnú le cur le féiniúlacht na nGael mar shuaitheantas an náisiúin nua. Ba é bunfhréamh an tsuaitheantais, de réir cholúin an *CS* ná an Ghaeilge féin. Cuireann fianaise an pháipéir le dearcadh staraithe go raibh muintir na hÉireann ag iaraidh sochaí thraigisiúnta, Chaitliceach a chruthú ó bhunú an Stáit go 1932.

8.6 Críoch

Chabhraigh na tuairiscí tosaigh go mór le cur chun cinn na teanga agus thug an páipéar ardán do ghuth agus do dhearcadh na nGael. Scríobhadh cuid mhaith den pháipéar féin i mBéarla sna blianta tosaigh ach ba é príomhábhar an pháipéir ná cásanna Gaeilge nó scéalta a raibh cearta Gaeilge ag baint leo. Líon an *CS* an bhearna a bhí ann le fada ó thaobh phreas na hÉireann. Sainmheán cumarsáide a raibh gá leis le blianta anuas chun dearcadh Gaelach amháin a chur chun cinn ab

ea é. Ba é an cl aer agus an meon Gaelach a fuair tú sáite sa pháipéar agus ba ghné í seo nach bhfaighfí i bpáipéir eile de chuid na ré inar cuireadh i gcló é.

Don léitheoir sa lá atá inniu ann, tugann na miontuairiscí pictiúr agus scáthán ar shaol na linne ach chomh maith leis sin, tugann siad breis eolais dúinn ar an obair a bhí ar siúl ag grúpa de chuid mhionlach na tíre ag tú sáite fichiú haoise.

Nuachtán mionteangach a bhí ann ach mionlach a raibh an-obair ar siúl acu ar son cúise aonaraí, ídealaí, mar a ceapadh ag an am, a bhí taobh thiar den pháipéar. Nuair a chuirtear na mionsonraí seo go léir le chéile, faigheanann pictiúr leathan, mór, cuimsitheach ar an obair a rinneadh ina lán gnéithe den saol agus ag gach leibhéal de shaol na hÉireann ionas go mbeadh Gaeilge bheo chumarsáideach sa lá atá inniu ann. Is minic a thugtar aitheantas do na gníomhartha móra a rinneadh chun an Ghaeilge a athbheochaint agus pléitear na gníomhartha seo i gcolúin an **CS** ach is iad na mionsonraí agus na miondiospóireachtaí sa pháipéar a thugann le fios dúinn gur fhreagair an páipéar riachtanais phobal na Gaeilge trí ardán a chur ar fáil dóibh chun a gcuid tuairimí a nochtadh, a phlé agus trí mheán an fhocail chlóite, aitheantas a thabhairt do na hábhair seo ar bhonn a bhí ar chomhchéim le díospóireachtaí Béarla a pléadh i gcolúin nuachtán uile na hÉireann. B'fhiú go mór tuilleadh iniúchaidh a dhéanamh ar dhíospóireachtaí an **CS** i gcoitinne agus a ról i nuachtáin uile na hÉireann mar léiriú, ní hamháin ar na hábhair féin ach ar ról an fhocail chlóite i gcur i bhfeidhm polasaithe teanga, tíre, litríochta agus oideachais sa chéad leath den bhfichiú haois. Tugann an **CS** léargas ar leith dúinn ar fhuinneamh agus

inniúlacht pobail a chreid go daingean i gcúis agus i ról teanga dhúchais na hÉireann i sochaí nua na tíre, sochaí arbh í an bhunchloch ar a dtógfáí i ná an Ghaeilge féin, dar leo. Cé nár éirigh leo an aidhm seo a chomhlíonadh ina hiomláine, de réir fhianaise an **CS** ba iad na tionchair sheachtracha ar nós cúrsai polaitíochta a chuir isteach ar luas an dul chun cinn agus caithfear eachtraí polaitíochta inmheánacha Chonradh na Gaeilge a mheas sa tréimhse agus sa chúlra staire sin.

I mblianta tosaigh an **CS**, nuair a cuireadh an bhéim ar bhunú an pháipéir agus ar fhiúntas agus ar chlú na gluaiseachta a chur os comhair an phobail, léiríonn an **CS** an iarracht leanúnach, seasmhach a rinne daoine nach geloistear trácht orthu ach go fiorannamh sa lá atá inniu ann ach a d'oibrigh go dian, dícheallach ar son cúise dílse a raibh fíorshuim acu inti agus a raibh tuiscint acu uirthi i bhfad sular thuig ceannairí móra na hÉireann í. Glactar leis na céimeanna tábhachtacha a cuireadh i gcrích, ar nós ainmneacha sráideanna a ghaelú, cead a fháil ainmneacha agus seoltaí Gaeilge a chur ar litreacha, ainmneacha Gaeilge ar chairteacha, mar chearta bunúsacha ó thaobh teanga de. Léiríonn an **CS** dúinn trí na tuairisci agus na haitl a cuireadh i gcló ar na mioneachtraí seo go raibh gá le huirlis dá leithéid ag an am sin chun poiblíocht chothrom Ghaelach a thabhairt do na cásanna éagsúla a mhúnlaigh cur i bhfeidhm na gcéimeanna tábhachtacha seo in athbheochan na Gaeilge. Is é an **CS** an phríomhfhoinsé bhunaidh atá againn ar na céimeanna seo a raibh siombalachas ar leith ag baint leo in athbheochan na Gaeilge i sochaí nua na fichiú haoise agus faightear dearcadh

fadbhreatheannaitheach, forásach, neamhchlaonta, eolach orthu sa pháipéar sna blianta 1899–1903.

Braitear fuinneamh agus solas breise i gcolúin an pháipéir le linn eagarthóireacht an Phiarsaigh, fuinneamh a théann i dtreise le himeacht aimsire agus a shroicheann buaic sa tréimhse 1909–1917. I ndáiríre, níor tháinig laghdú ar an mbeocht sin go dtí 1926, nuair a rinneadh nuachtán míosúil den *CS*. Chuidigh an socrú ar nuachtán míosúil in áit nuachtáin seachtainiúil a chur amach, le heaspa leanúnachais an pháipéir ach léiríonn an nuachtán féin gurbh í easpa dúthrachta an Rialtais ar son chur chun cinn na Gaeilge faoi deara an frustrachas agus an easpa aontachta a sonraítear in ailt agus eagарfhocail an pháipéir. Ní féidir gan tionchar an Chogaidh Chathartha a chur san áireamh sa tréimhse seo fosta.

Faightear léargas ar leith ar mheon an Phiarsaigh i gcolúin an *CS* i rith a thréimhse eagarthóireachta agus sna sleachta a scríobh sé suas chomh fada le 1916. I rith a thréimhse eagarthóireachta faightear breis tuisceana ar mhúnlú aigne an Phiarsaigh agus is foinse eolais den scoth é an *CS* ar obair an Phiarsaigh ar son litríocht agus ar son oideachas na hÉireann agus ar son Ghaelú na tíre i gcoitinne. Ach níor stad sé den tsíoriarracht sa pháipéar ar thábhacht bhunú náisiúin Éireannaigh a chur ina luí ar léitheoirí an *CS*. Seachas na céadta alt agus eagарfhocail a scríobh sé sa pháipéar mar eagarthóir, ní féidir gan an dá phríomhadt 'The Coming Revolution' (*CS*, 8.11.1913) agus 'The Psychology of a

'Volunteer' (*CS*, 3.1.1914) a lua chun breis tuisceana a fháil ar fhealsúnacht náisiúnta an Phiarsaigh.

Bhí a lán deacrachartaí le sárú sa tréimhse 1909–1917 ach, sa lá atá inniu ann, is féidir glacadh le tuairisceoirreacht na tréimhse seo mar scáthántacht ar eachtraí na linne. De réir fhianaise an *CS* agus de réir na ndíospóireachtaí agus na gcásanna polaitíochta a pléadh ann ag an am, samhlaítear gur chabhraig eachtraí agus conspóidí Chonradh na Gaeilge féin go mór le titim agus le teip sheanchóras na gluaiseachta. Cé gur éirigh leo clocha míle oideachais a bhaint amach ag túis na tréimhse, ní féidir a shéanadh gur mhill an claonadh nua polaitíochta seo an spiorad neodrach, neamhchlaonta a bhí mar bhunchloch na gluaiseachta roimhe seo. Bhí an iomarca cúiseannaanois ag ceannairí na Gluaiseachta agus b'amhlaídhe an scéal don *CS* féin sa dóigh, ar deireadh, go ndeachaigh sé ar seachrán ar bhealach nach raibh taithí aige air agus a d'imigh chun dochair agus ní chun sochair na Gaeilge. An ghné ba mheasa faoi seo is dócha ná go raibh bóthar i bhfad níos corraithí le taistéal ag an bpáipéar fós sula gcuirfí ar bhealach a leasa arís é. Ach bheadh drochthionchar na gconspóidí seo mar shéala ar an bpáipéar as seo amach. Bhí an dochar déanta.

Tugann stáidéar ar ailt agus ábhar an nuachtáin i gcomhthéacs iriseoirreacht na hÉireann i rith na tréimhse 1917-1921 le fios dúinn gur thuiriscí luachmhara iad na haitl agus na heagarfhocail a scriobhadh sa pháipéar a chuaigh i ngleic le mórcheisteanna na linne ar leibhéal réadúil na ngnáthdhaoine. Iriseoirreacht

oscailte, dhána atá inti a bhfuil faobhar agus solas an Chaidhimh le brath uirthi gan amhras. Chomh maith leis sin, is cáipéis staire fhiúntach é an *CS* ar bhunpholasaithe an Chéad Rialtais i gcás na Gaeilge agus ar bhóthar na Gaeilge ón ré a fuair an pholaitíocht an lámh in uachtar ar chúrsaí teanga, go dtí an t-am inar cuireadh ar an mbóthar ceart arís í.

Don léitheoir i láthair na huaire is ceann de na foinsí bunaidh atá fágtha againn é chun léirmheas cothrom a thabhairt ar thréimhse chorraitheach, ghníomhach i stair na Gaeilge agus i Stair na hÉireann.

Ar an iomlán, bhí leanúnachas an pháipéir sna blianta 1922–1926 mar chomhartha ar iarrachtaí na gluaiseachta Gaeilge i gcur chun cinn na hÉireann Gaelaí agus is léargas iad na colúin sa pháipéar ar an ról a bhí ag nuachtáin na linne ar chlocha mhíle staire, oideachais agus teanga a baineadh amach i ré thosaigh Stát na hÉireann. Bhí an saol ag athrú agus dá mairfeadh an *CS* mar uirlis chumarsáide na linne, b'éigean dó bogadh ar aghaidh agus athruithe nua a fhí isteach mar chuid lárnach an pháipéir. I ndáiríre, sna blianta a bhí le teacht, theip glan ar an *CS* a dhul i ngleic leis an gcoincheap seo agus chruthaigh na fadhbanna airgeadais constaic mhór do na hiarrachtaí a rinneadh chun feabhas a chur ar an bpáipéar. Toisc nach raibh roghanna ag an gCoiste Gnóanois ina lán gnéithe de bhainisteoireacht, d'eagarthóireacht agus de chur i láthair an pháipéir de bhrí gur rialaigh cúrsaí airgeadais na socruithe a rinneadh, feictear cúnlaí mór ar chaighdeán phríomhábhar an nuachtáin. Ní nuachtán a bhí ann sa tréimhse 1926–1929, i ndáiríre ach páipéar bolscaireachta ar son Ghaeltachtaí na hÉireann. Cé

go raibh gá lena leithéid, bhí sé riachtanach forta, pobal Gaeilge ar fud na hÉireann a spreagadh agus ábhar léitheoireachta tráthúil a sholáthar dóibh. Fiú, nuair a d'éisigh leo na fadhbanna airgeadais a shárú, bhí an oiread sin ballaí tógha in aghaidh na gluaiseachta Gaeilge go raibh sé deacair aiséirí ón luaith.

Leis an túis deonach i 1926, tháinig athrú mór ar chlaonadh an CS ó pháipéar tráthúil, toipiciúil a raibh formhór an ábhair suimiúil, ilgħnéitħeach, go páipéar a raibh feidhm bholscaireachta aige go príomha agus a raibh formhór na n-alt dírithe ar mhionlach a bhí ag iaraidh cuspóirí arda a chomhlíonadh i sochaí a raibh drochchoinníollacha maireachtála mar phríomhfhadhb għnáthmhuintir na tir. Cé gur tháinig feabhas ar ábhar an CS i 1930 nuair a cuireadh i għol-arr bħonn seachtainiúil arís ē, ba léir go raibh sé ró-mhall a dhul ar ais. Má bhí todhchaí i ndán d'uirlis Chonradh na Gaeilge, ba ghá sochaí Ghelach, nua-aimseartha na fichiú haoise a fhí isteach mar għnē lärnach na huirlise. Nuair a socraíodh ar an iris *An Camán* a bhunú i għomhar leis an gCumann Lúthcleas Gael, glacadħ an chéim ar aghaidh. Trí bhunú na hirise nua seo, críochnaíodh ‘ré na hAħbheochana Iriseoireachta’ agus cuireadh tús le ré nua in iriseoireacht na Gaeilge. Bhí an bhunsraith curtha agus toisc fheabhas na hoibre a cuireadh i għrif le hiriseoireacht na hAħbheochana, bunsraith a raibh fréamhacha daingne aici a bhí inti. Ré bhisiúil, fhorbarthach a bhí i ndán don iriseoireacht dá leanfaí na treoracha a bhí leagħha amach ag ceannródaithe na hiriseoireachta agus de réir cholúin an CS, bhí eagarthóirí, bainisteoirí agus scríbhneoirí an CS ar na ceannródaithe a ba għniomhaí agus a ba dhúthrachtaí díobh siūd.

Ag féachaint siar sa lá atá inniu ann, tá stór eolais agus staitisticí le fáil sa *CS* ach thar aon rud eile, is í an ghné is luachmhaire ná na mionsonraí a fhaightear ar mhór agus ar mhiondíospóireachtaí na ré inar cuireadh i gcló é – díospóireachtaí litríochta, teanga, oideachais, polaitíochta, sóisialta agus eacnamaíochta. Ó thaobh cúrsaí tíre de, líonann na ceisteanna seo bearnaí móra a thugann breis tuisceana don léitheoir sa lá atá inniu ann ar mhúnlú chórais na tíre.

Tuigtear trí iniúchadh a dhéanamh ar ábhar an *CS* an ról agus an seasamh tábhachtach a bhí ag an bhfocal clóite i measc phobal na hÉireann ó 1899 –1932. Leanann an *CS* céimeanna forbartha na Gaeilge, ní hamháin ó thaobh sheasamh na Gaeilge mar theanga náisiúnta na hÉireann ach ó thaobh an ghrinneolaíais a fhaightear ar fhealsúnacht na n-athruithe a mhúnlaign Gaeilge an lae inniu. Níl aon amhras ach go léiríonn an stádas a bhí ag scríbhneoirí, eagarthóirí agus bainisteoirí an *CS* ina lán gnéithe de stair na hÉireann, an tábhacht a bhain leis an nuachtán mar uirlis chumarsáide. Faightear tuairisci agus cuntais ó phríomhphearsana na Chéad Dála, phríomhcheannairí na hÉireann anuas go dtí na seachtoidí, ó phríomhscríbhneoirí na litríochta Gaeilge a bhunaigh fréamhacha na nualitríochta agus foilsíodh tuairimíocht oideachasóirí na tíre sa dóigh go bhfuil cur síos cruinn, cuimsitheach, eolasach ar phríomhghnéisithe cheann de na tréimhsí a ba chorraithí agus a ba fhorásai ina lán gnéithe de bhunú agus de chruthú náisiún na hÉireann.

Ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge, cé nach féidir a mhaíomh gur chomhlíon an *CS* an bhunfheidhm chun pobal léitheoireachta a chruthú go hiomlán, is léir ó

ábhar agus ó chomhfhreagras an nuachtáin go raibh seasamh agus stádas dearfach, fiúntach ag an bpáipéar mar uirlis chumarsáide Ghaeilge na linne i measc mhuintir na hÉireann i gcoitinne. Tar éis ábhar an pháipéir a iniúchadh agus a scrúdú, is léir gur pháipéar toipiciúil, tarraingteach, ilgħnēitheach, bríomhar a bhí ann. I gcás stíl agus chur i láthair ábhar an pháipéir, rinneadh sáriarracht i gconaí caighdeán ard iriseoireachta a choinneáil os comhair an phobail léitheoireachta. Ba í príomhfhadhb an *CS* ná gur choincheap nua a bhí ann, nuachtán dáttheangach nó nuachtán Gaeilge a chur i gcló agus dá bharr sin, għlaç sé cuid mhaith ama do phobal na Gaeilge a dhul i dtaithí ar nuachtán a sholáthar i dteanga dhúchais na nÉireann. Ansin, nuair a bhí siad ag dul i ngleic leis na constaicí ciorclaíochta, léitheoireachta agus fógraíochta, ba léir go raibh ré nua ag tosú i stair na hÉireann agus méadaíodh go mór ar na fadhbanna a bhí le sárú acu.

Bhí príomhphearsana na gluaiseachta Gaeilge páirteach i réamhobair agus i gcéimeanna ullmhúcháin na ré úd agus dhealródh sé go raibh siad dall ar an dochar a bhí á dhéanamh ag cúrsaí polaitíochta na hÉireann ar chúrsaí teanga. Bhí sé ró – mhall an scrios a rinneadh a réiteach nuair a bunaíodh Stát nua na hÉireann. Bhí an *CS* ar a thuras deireanach ach bhí bunchloch dhaingean curtha aige i gcás litríocht na Gaeilge, litearthacht na Gaeilge agus cheisteanna tábhachtacha agus fhorbairtí fiúntacha na Gaeilge féin don ré inar cuireadh i gcló é. Do léitheoirí an lae inniu, mhairfeadh na gnéithe seo mar fhoinse eolais chuimsitheach, chruinn, a bhfuil beocht agus ról ar leith ag baint léi mar phríomhnuachtán Ré na hAthbheochana.

Dheimhnigh tréimhse fhoilsitheoiríreachta an *CS* firinne eagarrhocal an Athar Peadar sa chéad eagrán ar an ochtú lá déag de mhí an Mhárta 1899. Bhí ‘faobhar’ agus ‘solus’ an nuachtáin feicthe go soiléir sna blianta 1899–1932 ach níor thráigh an solas le himeacht aimsire sa tstí gur fágadh cáipéis luachmhar iriseoiríreachta, staire, litríochta agus teanga ar fáil breis agus céad bliain i ndiaidh do mhuintir an *CS* an chéad eagrán a chur i gcló.

Nótai

Caibidil a hAon:

1. 1 Feidhm an CS

1. Clár an **CS** 1899-1932: Cuid a hAon – Eagarfhocail.

Clár an **CS** 1899-1932: Cuid a Dó – Ailt.

Clár an **CS** 1899-1932: Cuid a Trí – Litríocht.

Tráchtas : Uí Chollataín, R., *Eagarthóireacht Phádraig Mhic Phiarais ar an gClaidheamh Soluis 1903-1909*, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, 1998.

2. Feic nóta 1

Aguisín a hAon : Eagarthóirí an **CS** 1899 –1932

3. Tráchtas : Uí Chollataín, R., *Eagarthóireachti Phádraig Mhic Phiarais ar an gClaidheamh Soluis 1903 –1909*, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, 1998.

4. Eagarfhocail : ‘Fear Eagair i nGéibhinn’, 9 Mártá 1918, lch. 2.

‘An Fear Eagair’, 8 Mártá 1919, lch. 2.

‘An Fear Eagair, 10 Bealtaine 1919, lch. 2.

Ailt : ‘Fear an Fháinne Fi Ghlas, 10 Aibreán 1918, lch. 1.

‘An Coiste Gnótha – 14.5.1919’, 24 Bealtaine 1919, lch. 3.

5. Webber, 1976, 1.

1.1.1 Stair na Nuachtán Éireannach

6. Oram, 1983, 21.
7. ‘Ceacht ó’n Ungair’, Eagarfhocal, **CS**, 3 Nollaig 1904, Ich. 6.
8. Oram, 1983, 21.
9. Munter, 1967, 1.
10. Madden, 1867, 5.
11. Munter, 1967, 2-4.
12. Munter, 1967, 4-5.
13. Oram, 1983, 22.
14. Oram, 1983, 31
Munter, 1967, 16-17.
15. Oram, 1983, 22-28.

1.1.2 Claonadh Náisiúnta agus Colúnaíocht Ghaeilge

16. www.nli.ie - A history of newspaper publishing in Ireland.
17. Feic Aguisín a Dó.
18. Ní Uigín, 1999.
Nic Phaidín, 1998.
Ní Uigín, 1998, 28 –40.
Hayley, Mc Kay - Nic Phaidin, 1987, 71.

Ui Fhlannagáin, 1990.

O Ciosáin, 1993.

19. Oram, 1983, 78.

20. Williams agus Ní Mhuiriosa, 1985, 344 – 345.

1.1.3 Gluaiseachtaí Mionteangacha agus forbairt Nuachtán

21. Stephens, 1978, 26.

22. *Baner AC Amserau Cymru* 1859 – 1971

Baner Cymru 1857 – 1859

Cymro 1848 – 1866

Cymro 1890 – 1909

Cymro 1914 –

Faner: Baner AC Amseran

Cymru 1871 –

(Webber, 1976)

1. 2 Stair agus Bunú an CS

1.2.1 Fáinne an Lae agus an Claidheamh Soluis – An Claidheamh Soluis

23. NLI 9,799 CG 6.10.1897.

24. NLI 9,799, CG 22.12.1897; 29.7.1898.

Nic Pháidín, 1998, 111 –136.

Tierney, 1980, 45 – 55.

25. NLI 9,800, CG 21.12.1898; 4.1.1899; 8.2.1899; 24.2.1899.

1.2.2 *Teidil*

26. Legg, 1999, 18 –19.

27. Litir Phóil chuig na hEifisigh 6:13; Litir Phóil chuig na Rómhánaigh

13:12

28.

Title	FAINNE AN LAE
Title Variation and Notes	Jan. 1898 – 1899. Fáinne an Lae and Claidheamh Soluis ran simultaneously 1899 – 1900 and amalgamated in July 1900. Cont. as Claidheamh Soluis Aug. 1900 – 1917. Cont. as Fáinne an Lae Jan. 1918 – 20 Sept. 1919. Cont. as Misneach 22 Nov. 1919 – 1 July 1922. Cont. as Fáinne an Lae 8 July 1922 – May 1930. Cont. as Claidheamh Soluis June 1930 – 28 May 1931. Cont. as Camán 1932 – 4. Cont. as Gaedheal June 1934 – May 1938.

(www.nli.ie. Newsplan)

Nic Pháidín, 1998, 207.

North, 1986.

29. NLI 9,800 CG 27.3.1900; 10.4.1900.

30. NLI 9,800 CG 19.11.1901.

An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae

31. NLI 9,800 CG 24.7.1900

Eagarfhocal, ‘Fáinne an Lae’, *CS* 12. Eanáir 1918, Ich 4.

Tierney, 1980, 54-55.

Nic Pháidín, 1998, Caibidil a Sé : Conspóid Athbheochana, 111-136.

Ó Droighneáin, 1937, 45.

32. NLI 9,700 – 9,800, CG, 9.10.1900; 6.11.1900; 27.11.1900; 1.4.1901;
30.7.1901; 29.10.1901; 28.1.1902; 11.2.1902; 4.3.1902.

Uí Chollatáin, 1998, Caibidil a Dó.

Fáinne an Lae agus An Claidheamh Soluis

33. Eagarfhocal, ‘Fáinne an Lae’, *CS*, 12. Eanáir 1918.

34. Oram, 1983, Chapter 5 : Closed by Proclamation.

Fáinne an Lae agus An Claidheamh Soluis

35. NLI 9,811, CG – Coiste an Fhoillsighthe : Tuairisc bhliana ar *Fáinne an Lae* 29.1.1923.

36. Oram, 1983, 148 – 9.

37. NLI 9,811 CG 22.5.1922.

38. NLI 9,772 CG 26.7.1923; 22.1.1924; 14.7.1924; 11.10.1924; Eanáir 1925; 10.2.1925; 10.3.1925; 29.5.1925; Eanáir 1926; 11.5.1926.

NLI 9,776 Buan Choiste, 27.1.1925; CG 10.2.1925

An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae

39. Deir Aindrias Ó Muimhneacháin in *Dóchas agus Duainéis: scéal Chonradh na Gaedhilge 1922 – 1932* gur chun cibé olc a bhí curtha ag Fáinne an Lae ar dhaoine faoi eagarthóireacht Shéamuis Uí Ghrianna, a chur i ndearmad a cinneadh ar an teideal a athrú.

(Breathnach, Ní Mhurchú, 1997, Ich. 155).

Caibidil a Dó:

2.1 Forbairt

2.1.1 Clódóirí, Ciorclaiocht, Cúrsai Airgeadais

1. NLI 9799, CG, 4.1.1899
2. NLI 9799, CG 17.12.1898; 21.12.1898; 4.1.1899; 11.1.1899; 25.1.1899; 1.2.1899; 24.2.1899.
NLI 9799, CG 8.2.1899; 14.2.1899 (Clódóirí ‘Messrs Falconers and Co.’)
3. Clárú an CS : Cuid a hAon -Eagarfhocail; Cuid a Dó: Ailt; Cuid a Trí : Litríocht.
4. NLI 9799, CG 5.12.1899.
5. Report of the Gaelic League 1899 – 1900, Ich. 3.
6. NLI 9799, CG 3.7.1900; 6.11.1900.
7. NLI 9799, CG 19.3.1901; 24.3.1901; 1.4.1901; 16.4.1901.
8. NLI 9799, CG 1.4.1901.
9. Annual Report of the Gaelic League 1901–2, Reports re An Claidheamh Soluis agus Irisleabhar na Gaedhilge, Manager’s Report to the Executive Committee of Gaelic League.
10. ‘Mr Mac Neill continuing [...] said that in Mr Keawell’s absence he thought it incumbent on him to give the delegates some information respecting *An Claidheamh Soluis*. It cost about £15 a week to produce and the weekly loss was from £8 to £10. The charges for printing in Dublin were notoriously excessive and, considering the amount of printing the League had to do, he would be inclined to advocate the forming of a limited company to start a small printing office. [...] Father Quinn advocated the forming of a company; he would take ten shares. Dr Hyde said that a Liverpool solicitor told him the solicitors there had saved 30% by a private printing office. Mr O Neill said the saving would be much more here’. (NLI 9,799 – 9,800, Oireachtas Committee, 8.6.1899).

11. Tierney, 1980, 73-75.

Ó Súilleabháin, D., 1998, 90 – 92.

12. Tierney, 1980, 75.

2.1.2 Riaradh an CS: Bainisteoirí agus Eagarthóiri

13. NLI 9,799–9,800, CG 28.2.1899.

14. NLI 9,800, CG 28.3.1899.

15. ‘The Committee resumed the consideration of steps to be taken to secure advertisements for *An Claidheamh Soluis* which had been adjourned at last meeting. On Mr Keawell’s proposal it was agreed that he, Mr Casey and Mr Archer, members of the original Managing Committee with some others whom they should select in place of Mr Moonan resigned, should be the Managing Committee of *An Claidheamh Soluis* and deal with this question. Mr Archer explained that he was not aware until now that he had been put on the original committee.”(NLI 9,800, CG, 11.7.1899).

16. ‘Mr John Mac Neill brought up the articles and comments on the Pan – Celtic Congress appearing in last week’s issue of *An Claidheamh Soluis* and the following communications were read : a telegram from M.P.H Pearse and letters from Messrs J. A. Moonan and C. J. Murphy deprecating the publication of these articles &c.. also a letter from Miss O Reilly defending the publication enclosing a copy of a letter of repudiation sent by Mr John Mac Neill to the Dublin Press and withdrawing from editorial connection with *An Claidheamh Soluis*. She requested her letter and Mr Mac Neill’s to be entered on the minutes; also a letter from Mr. P.J.Keawell tendering his resignation of his position as member of the Executive Committee and Manager of *An Claidheamh Soluis*. ’ (NLI 9,799 - 9,800, CG, 15.8.1899)

‘Mr Keawell’s letter resigning his position as member of the Executive and Manager of *An Claidheamh Soluis* , Miss O Reilly’s resignation of her position on the editorial staff and Mr John Mac Neill’s letter to the city papers were next read. Letters bearing on these matters were also read from Dr. Hickey, Father O’Leary and Mr P.J.Lawless and after some discussion Mr Hogan moved, Mr Barrett seconded and it was carried ‘that the consideration of Mr Keawell’s resignation be postponed for three months : Mr Keawell’s resignation of the manager of *An Claidheamh*

Soluis and Miss O' Reilly's resignation of her position on the editorial staff were accepted with regret.' (NLI 9,799–9,800, CG, 22.8.1899).

Nic Pháidín, 1998, 130–131.

Conspóid na bPan - Cheilteach

17. Ó Glaisne, R., 1990, 58.

18. de hÍde, 1938, 167.

Edwards, 1990, 31.

19. 'Nótaí', *CS* 17.6.1899, Ich. 11 (219).

20. 'Connradh na Gaedhilge', *CS*, 15.7.1899, Ich. 279.

21. Ó Súilleabhaín, 1981, 63–64.

Edwards, 1990, 33–36.

22. 'The Pan-Celtic Congress and the Welsh Gorsedd – Pan-Celtic Jottings', *CS* 12.8.1899, Ich. 12 (348).

23. NLI 9,799–9,800, CG 29.8.1899.

24. 'Notes' *CS* 9.9.1899, Ich. 8 (408).

'Conradh na Gaedhilge – The Executive Committee', *CS* 9.9.1899, Ich. 6 (406).

'Notes – London Notes', *CS* 19.1.1901, Ich. 10 (714).

Eagarfhocal, *CS* 31.8.1901, Ich. 8.

NLI 9,799–9,800, CG, 9.7.1901.

2.1.3 Bainisteoir agus Eagarthóir nua

25. NLI 9,799–9,800, CG, 24.10.1899.

26. Ó Súilleabháin, D., 1998, 85.

Annual Report of the Gaelic League 1901-2 and Proceedings of Ard-

Fheis 1902, Ich. 10.

27. NLI 9,799–9,800, CG, 25.6.1901, 9.7.1901.

‘Mr Archer was transferred by his department to England, the loss of his assistance being very much regretted by his colleagues. A temporary manager, Mr Jennings, was appointed. Under the circumstances it is impossible for the Committee to give such detailed information as to the business concerns of the paper in respect of the period up to Mr Shanley’s appointment as they would desire. The report and balance sheet presented by Mr Shanley deal exclusively with his own period of managership. The paper is now both in the department of manager and editor and manager, upon an ordinary business footing, no longer relying on mainly voluntary work’

(Annual Report of the Gaelic League 1901-2, and Proceedings of Ard-Fheis 1902, Ich. 10).

28. NLI 9,799–9,800, CG, 3.9.1901.

29. ‘That the breakdown was serious enough we may learn from contemporary photographs and from letters expressing solicitude about his health which he received from Hyde and others. It was at its worst in March 1899, just when the first number of the *Claidheamh Soluis* was about to appear. [...] He never recovered all his earlier energy and became subject to bouts of lassitude which caused him in later times to be criticized for indolence. The impression is summed up by the emphatic characterization which was given of him by Páidín O’ Keeffe, the secretary of Sinn Féin in later days: “the best bloody head in Ireland if he would only keep awake!”’.

(Tierney, 1980, 55)

NLI 9,799–9,800, CG, 17.9.1901.

‘The Executive Committee’, *CS*, 28.9.1901, Ich. 459

30. *ibid.*

‘It has also been found impossible to continue indefinitely the publication of this paper under voluntary editorship’. (*Eagarfhocal*, *CS*, 12.10.1901, Ich. 8)

31. NLI 9,799–9,800, CG, 24.9.1901, 8.10.1901.

‘Notes – The Executive Committee’, *CS*, 5.10.1901, lch. 470;
19.10.1901, lch. 502.

Conspóid Oileáin Árann

32. Eagarfhocal, ‘The Aran Islands’, *CS*, 21.12.1901, lch. 8.
33. ‘Notes’, *CS*, 28.12.1901.
34. ‘Comhairle’, *CS*, 25.10.1902, lch. 554.
